



Terms and Conditions of Use of Digitised Theses from Trinity College Library Dublin

Copyright statement

All material supplied by Trinity College Library is protected by copyright (under the Copyright and Related Rights Act, 2000 as amended) and other relevant Intellectual Property Rights. By accessing and using a Digitised Thesis from Trinity College Library you acknowledge that all Intellectual Property Rights in any Works supplied are the sole and exclusive property of the copyright and/or other IPR holder. Specific copyright holders may not be explicitly identified. Use of materials from other sources within a thesis should not be construed as a claim over them.

A non-exclusive, non-transferable licence is hereby granted to those using or reproducing, in whole or in part, the material for valid purposes, providing the copyright owners are acknowledged using the normal conventions. Where specific permission to use material is required, this is identified and such permission must be sought from the copyright holder or agency cited.

Liability statement

By using a Digitised Thesis, I accept that Trinity College Dublin bears no legal responsibility for the accuracy, legality or comprehensiveness of materials contained within the thesis, and that Trinity College Dublin accepts no liability for indirect, consequential, or incidental, damages or losses arising from use of the thesis for whatever reason. Information located in a thesis may be subject to specific use constraints, details of which may not be explicitly described. It is the responsibility of potential and actual users to be aware of such constraints and to abide by them. By making use of material from a digitised thesis, you accept these copyright and disclaimer provisions. Where it is brought to the attention of Trinity College Library that there may be a breach of copyright or other restraint, it is the policy to withdraw or take down access to a thesis while the issue is being resolved.

Access Agreement

By using a Digitised Thesis from Trinity College Library you are bound by the following Terms & Conditions. Please read them carefully.

I have read and I understand the following statement: All material supplied via a Digitised Thesis from Trinity College Library is protected by copyright and other intellectual property rights, and duplication or sale of all or part of any of a thesis is not permitted, except that material may be duplicated by you for your research use or for educational purposes in electronic or print form providing the copyright owners are acknowledged using the normal conventions. You must obtain permission for any other use. Electronic or print copies may not be offered, whether for sale or otherwise to anyone. This copy has been supplied on the understanding that it is copyright material and that no quotation from the thesis may be published without proper acknowledgement.

Tráchtas

dar teideal:

Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe
agus a mhuintir

atá á leagan isteach ag

Ciarán Seosamh Mac Muirí


don chéim Ph. D.

i gCOLÁISTE na TRÍONÓIDE,

OLLSCOIL ÁTHA CLIATH

sa bhliain 2003.

Imleabhar a hAon.



THESIS
7709.1

Deimhniú :

Deimhním le seo gurb é mo shaothar féin atá sa tráchtas seo agus deimhním leis nár cuireadh faoi bhráid san ollscoil seo, ná in aon institiúid eile cheana é, ná aon chuid de, le haghaidh aon ghradam acadúil.

Síniú: Seosb Mac Muirí

Ceadaím le seo, freisin, do fhoireann na leabharlainne an tráchtas seo, ina iomláine nó aon chuid de, a chóipeáil mar is cuí, nó a thabhairt ar iasacht.

Síniú: Seosb Mac Muirí

Buíochas

Tá mé faoi chomaoin mhór ag an Ollamh Cathal Ó Háinle ar an gcéad dul síos as ucht mo stiúradh ar feadh an achair agus cúram Roinn na Gaeilge faoina lámh aige ag an am céanna, gan trácht ar altanna tábhachtacha agus obair throm eagarthóireachta le cois an mhéid sin le hiompar aige cuid den am. Is mór an chomaoin orm aige thairis sin as an modh oibre a d'fhoghlaimíos le linn dom a bheith faoina stiúir chomh maith le focail aduana na Gaeilge Clasaicí, fothuisintí na n-aibhle nduadha agus as na meafair fhilíochta go léir a roinn sé liom ó thús go deireadh na hoibre. Gura fada buan é.

Gabhaim buíochas leis an Dr. Máirtín Ó Briain, Gaillimh, a mhúscail mo spéis i bhfilí agus i scoláirí íochtar Chonnacht achar blianta ó shin, Seán Ó Gadhra agus Tadhg Ó Rodaighe ina measc go háirithe.

Gabhaim buíochas leis an Dr. John Logan, Ollscoil Luimnigh agus iarscoláire de chuid na hOllscoile seo, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Is as Liatroim ó thús é an Dr. Logan, an té a bhronn orm toradh iomlán a thaighde féin ar Thadhg Ó Rodaighe agus a chóip de Leabhar Chaillín (Hennessy & Kelly, 1885).

Gabhaim buíochas le foireann Leabharlann na Lámhscríbhinní, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, a chuidigh go mór liom ón tús. Luaim Stuart Ó Seanóir, Felicity O Mahony agus Jane Maxwell go háirithe, a chabhraigh liom go mion is go minic.

Gabhaim buíochas le foireann Leabharlann Acadamh Ríoga Éireann a bhfuilim go mór faoi chomaoin acu agus luaim Siobhán O Rafferty go háirithe ansin.

Gabhaim buíochas le foireann Leabharlann Uí Argadáin, Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus luaim Marie Reddan i Roinn na mBailiúchán Speisialta go háirithe as an deis a thabhairt dom amharc ar ghrafchóipeanna de lámhscríbhinní éagsúla.

Gabhaim buíochas leis an Athair Tom Murray, Coláiste Mel i ndeoise Ardachaidh, as mo cheadú chuig lámhscríbhinní Uí Néill atá anois ar coimeád, faoin teideal 'volume v', sa chlochar in Ardachadh, Co. an Longfoirt. Luaim na Síuracha Eileen, Gertrude agus Rosaleen sa chlochar sin a bhfuil mo bhuíochas ag dul dóibh as cuidiú liom ansin.

Gabhaim buíochas leis an Athair Roberts, Uachtarán Choláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí, as ucht mo cheadú chuig an lámhscríbhinn CF 23.

Gabhaim buíochas le foireann Leabharlann an Ruiséalaiigh, Ollscoil Mhá Nuat, as mé a cheadú chuig ls. C47 (j) go háirithe agus roinnt lámhscríbhinní eile lena cois sin. Tá mo bhuíochas ag gabháil do fhoireann Leabharlann Eoin Pól II san ollscoil chéanna as an deis a thabhairt dom amharc ar mhicreascannáin de roinnt mhaith lámhscríbhinní.

Gabhaim buíochas le Camilla Mac Aleese, leabharlann Óstaí an Rí, Baile Átha Cliath, as mé a cheadú chuig lámhscríbhinn uimhir 19 sa leabharlann ansiúd.

Gabhaim buíochas le foireann Leabharlann Ollscoil Luimnigh agus leis an Uasal Mícheál Ó hAodha agus Pattie Punch go háirithe. Tá mé faoi chomaoin ag foireann Leabharlann Choláiste Mhuire gan Smál, Luimneach, as a gcuidiú le leabhair éagsúla i rith na mblianta agus luaim an tUasal John Eustace na leabharlainne sin go háirithe.

Gabhaim buíochas leis an Dr. Nollaig Ó Muraíle, Béal Feirste, agus le William O Sullivan, beirt a sheol alt an duine chugam sular foilsíodh iad, altanna a bhain le hábhar. Tá mé faoi chomaoin acu beirt araon.

Ní mór dom mo bhuíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas a d'oil ar shlí amháin nó eile mé i modhanna teanga, éigse agus oibre :

An tUasal Liam Ó Dochartaigh, Ollscoil Luimnigh,
An Dr. Lillis Ó Laoire, Ollscoil Luimnigh,
An Dr. Tadhg Ó hÍfearnáin, Ollscoil Luimnigh,
An Dr. Ríona Ní Fhrighil, Ollscoil Luimnigh & Coláiste Pádraig,
Deirdre Ní Loingsigh, MA, Stiúrthóir na Gaeilge, Ollscoil Luimnigh,
Aisling Ní Bheacháin, MA, Rannóg na Gaeilge, Ollscoil Luimnigh,
An tUasal Martin Chappell, Ceann LCS, Ollscoil Luimnigh,
Marie Kirwan & Claire Ryan, Roinn LCS, Ollscoil Luimnigh,
Foireann Oideas Gael, Tír Chonaill,
An tUasal Harry Getlevog a cheangail clúdach ar an saothar seo dom.

Is mithid dom mo bhuíochas lem' athair Seosamh, nach maireann, a lua as siocair a chur ar mo shúile agus ar mo chluasa dom i dtosach mo shaoil gur mhair an Ghaeilg, gur mhaith a bhí sí aige féin, suaimhneas na bhFlaitheas ar a anam dílis. Gabhaim buíochas le mo mháthair, Íde, a raibh sé de mhodhúlacht inti glacadh le mo mhístuaim agus gáire faoi m'éagúaim scaití, nuair a theastaigh sin. Gur fada buan í.

‘Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe agus a mhuintir’

le

Ciarán Seosamh Mac Muirí

Achoimre

Rinneadh an taighde ar an teidil réamhluaithe trí mhórán lámhscríbhinní sna hinstiúidí éagsúla, ls. TCD H. 6. 15. go príomha, a chóipeáil, de scríobh láimhe agus a iniúchadh go mion le linn na hoibre sin féin agus ina dhiaidh. Iniúchadh mar a chéile leaganacha foilsithe de na dánta agus léadh go mion na haltanna a bhain, ar aon bhealach, le Tadhg Ó Rodaighe agus lena mhuintir. Tugtar cuntas ar Thadhg mac Gearóid Uí Rodaighe ag tús an tráchtais agus dealaítear é ó fhear eile den ainm céanna, Tadhg (Óg) mac Taidhg mhic Bhriain Bhuidhe Uí Rodaighe. Déantar cur síos orthu beirt san ord céanna sin. Breathnaítear ar Fhionnghuala Nic Con Mara, bean chéile Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe, ar a muintir agus tagraítear do Ruaidhrí Ó Seachnasaigh Ghuaire, fear láidir sa chomharsanacht inar lonnaigh Tadhg agus Fionnghuala seal de bhlianta. Roinntear chomh maith eolas ar Chomharbaí Chaillín, is é sin, muintir Uí Rodaighe.

Tugtar tuairisc ar na lámhscríbhinní ar scríobh Tadhg Ó Rodaighe sliocht amháin nó breis iontu, ar na lámhscríbhinní ar cóipeáladh codanna díobh as lámhscríbhinn a scríobh Tadhg agus ar lámhscríbhinní a mheastar a bheith tamall i seilbh Thaidhg Uí Rodaighe. Cuirtear eagar ar na dánta agus cíoradh go mion iad, gach ceann díobh as féin ar leithligh. Soláthraíodh aistriú Béarla le gach dán agus cuireadh gluais le focail. Tugadh treoir ainm agus treoir logainm na ndánta ag ceann deiridh na hoibre.

Is féidir a bheith níos muiníní tar éis an taighde seo as an tuairim aoise a bhí ar Thadhg Ó Rodaighe agus táthar in ann a rá anois gur fhág sé sliocht ina dhiaidh. Tuigfear níos fearr an tábhacht a bhain le Tadhg mar sprioc na filíochta molta ina cheantar féin lena linn as siocair a spéis sa pholaitíocht, a shuim san éigse agus mar gheall, is cosúil, ar a shaibhreas measartha le hais chuid na comharsan, saibhreas a bhí ag sciorradh uaidh lena linn.

Is fearr a thuigfear i ndiaidh an taighde seo an Tadhg Ó Rodaighe eile a mbítear ag trácht air scaití, Tadhg mac Taidhg mhic Bhriain Bhuidhe, a bhuí sin go léir don lámhscríbhinn C 74 (j) in Ollscoil Mhaigh Nuat. Tuigimid anois gur chol naonúr a bhí sa bheirt Tadhg, Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe agus Tadhg (Óg) mac Taidhg mhic Bhriain Bhuidhe Uí Rodaighe.

Clár an Tráchtais

Imleabhar a hAon

	Lch.
An Leathanach Teidil.	i
An Deimhniú.	ii
Buíochas	iii
An Achoimre.	v
An Clár.	1
An Réamhrá.	4
Giorrúcháin.	6
1. Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe, ‘an scoluidhe tréitheach’.	7
2. Fionnghuala Nic Con Mara, Bean Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe.	31
3. An ‘Treas’ Tadhg nó Tadhg Óg Ó Rodaighe, mac Taidhg.	35
4. Tuairisc lámhscríbhinní a bhain le Tadhg (mac Gearóid) Uí Rodaighe agus lena mhuintir: Leabhair Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe.	44
5. Ré na hIarphátrúnachta agus Nótaí Eagarthóireachta	73
6. Eagar ar na duanta seo a leanas gona gcuid nótaí téacs agus leagain lámhscríbhinne.	
(A) Péire a chum Tadhg :	
(i) Tugas tuile tromghráidh duit, (ina lámh féin) ls. 24 P 33, lch. 239; 15 rann deibhí.	79
(ii) Binn le neach a mholadh féin, ls. TCDH. 6. 15, 310 v.; 14 rann deibhí.	91

(B) Duanta a mholann Tadhg agus a mhuintir, as TCD H. 6. 15. agus eile :

	lch.
(iii) Beannacht uaim ó rún croidhe, lch. 297 v.; seacht rann deibhí.	106
(iv) Niamhadh na huaisle an eagna, lgh. 273 - 278; 52 rann deibhí.	117
A niamhadh in uaisle gan oil, lgh. 278 - 279; ceithre rann deibhí.	
(v) A fhir thaistil chríche Cuinn, lgh. 279, 289, 290 - 292; 34 rann deibhí.	142
(vi) Truagh an mhaidhmsi ar mhaicne hÍr, lgh. 292 - 293; 22 rann deibhí.	157
Oighre Gearóid Dia dhá dhíon, lch. 293 v.; trí rann deibhí.	
(vii) Barr orchra ar fhréimh Rosa, lgh. 294 r.- 294 v.; 17 rann deibhí.	170
(viii) Barr orchra aicme Rosa, lgh. 295 r.- 296 r.; 20 rann deibhí.	181
A dearmad ní dleaghtar dhín, lch. 296 r.; rann amháin deibhí.	
(ix) Lúiríoch Chríost fá chosaibh Thaidhg, lgh. 296 v. - 297 r.; 15 rann deibhí.	194
Inghion Donnchaidh an ghlóir ghlé, lch. 297 r.; dhá rann deibhí.	

Imleabhar a Dó

	lch.
(x) A mhic Gearóid an ghlóir ghloin, lch. 297 v.; trí rann deibhí.	206
Triath Mhaigh Réin na mbratach ngeal, lch. 297 v.; rann ógláchais.	
(xi) Fíorchrádh d'Éirinn turus Taidhg, lgh. 298 r.- 299 v.; 35 rann deibhí.	213
Inghion Donnchaidh an ghlóir ghlain, lch. 299 v.; dhá rann deibhí.	
(xii) Cá dream is fearr ná sliocht Ír, lgh. 299 v.- 300 r.; 12 rann deibhí.	233
A ghaol na gcuradh nár bhfurus ar táin do chlódh, lch. 300 v.; dhá rann amhráin.	
(xiii) In ainm Chríost an ceangalso, lgh. 300 v.- 301 v.; 18 rann ae freislí.	243
(xiv) Cinnim comhairle le Dia, lgh. 301 v.- 303 r.; 26 rann deibhí & amhrán.	253
(xv) An chraobh chumhra uaim don tsaoi, lch. 304 r.; trí rann deibhí.	269
A shaoi le scaoiltear gach nod, lch. 304 r.; rann ógláchais.	
A chuid ronna de na mnáibh ar leith, lch. 304 v.; rann ógláchais.	
(xvi) Deirbhshiúr don uaisle an eagna, lch. 304 v.; 20 rann deibhí.	276
Go mba buan bail a bhfuil inghean dil déidgheal Donnchuidh, lch. 306 r.	
An screaptra fa ttáirim tugthar uaidhim re deagthoil, lch. 306 r.; trí rann.	
(xvii) Slán fa éirghe Eilíse, lch. 307 r.; trí rann & amhrán.	297
(xviii) Mó ná mionca triall go Tadhg, lgh. 308 r.- 309 v.; 30 rann & amhrán.	301
(xix) Uaibh mo théarnódh, a Thaidhg chroidhe, lch. 311 r.; dhá rann séadna.	318
(xx) Is gnáth dhá naomhadh Síol Róigh, lch. 311 v.; ceithre rann deibhí.	320

(C)	Ábhar ar léirigh Tadhg spéis ar leith ann :	lch.
	(xxi) Laoi na mBuadh, (ina láimh féin) TCD H. 5. 19, 77.	327
	(xxii) Suaitheantas Chlann Iosrael : Aithne dhamh gach meirge mór (ina láimh féin) ibid., 139 et seq.	338
(D)	Dánta a bhain le Tadhg mac Taidhg Uí Rodaighe, TCD H. 6. 15. :	
	(xxiii) Maith tráth do thoigheacht, a Thaidhg, 303 r.- 304 r.; 12 rann deibhí.	351
	(xxiv) Aoinsciath chosnaimh na cceall, 304 r.; trí rann deibhí.	361
	Aguisíní :	
	(A) Donnchadh Mac Con Mara (mac Donnchaidh mhic Sheáin Riabhaigh)	367
	(B) Ruaidhrí Ó Seachnasaigh	369
	(C) Eolas ar Mhuintir Rodaighe, nó Rodacháin: Comharba Chaillín	372
	(D) - (F) Trí alt Laidine a leagaim ar Thadhg	380-381
	Clár na bhFoinsí.	382
	Treoir na Sleachta Filíochta :	
	(A) An Ghluais.	390
	(B) Clár Ainmneacha (daoine, leabhar, déithe srl.)	407
	(C) Clár Logainmneacha.	413
	Clár na Línte Tosaigh.	414
	Clár na bhFilí.	415

Réamhrá

Thosaigh an trácht ar an scoláire Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe lena linn féin agus uaidh sin anuas, scríobh tuairim is trí dhuine dhéag air féin nó ar an bhfilíocht mholta a cumadh ina thaobh. Bhí an t-eolas ar Thadhg Ó Rodaighe ag druidim chun cruinnis, níos mó ná a mhalairt, le dhá chéad bliain anuas. Thit corrbhlúire mí-eolais chugainn ó am go chéile, d'ainneoin díograis lucht an phinn agus má calcadh a leithéid thall is abhus, bhí duine éigin ina dhiaidh sin leis an scéal a ghrinneadh tuilleadh. Is aisteach fós féin nár scríobh aon duine riamh mórán thar roinnt leathanach ar Ó Rodaighe in am ar bith. Táimid faoi chomaoin ag James Hardiman, J. H. Todd, Mairghréd Níc Philipín, Tomás Ó Raghallaigh, Pól Breathnach, James Carney, John Logan, Pádhraic P. Ó Ciardha agus ag William O Sullivan as na haltanna a scríobhadar siúd air, mar is iad a bhí ag grinneadh scéal Thaidhg níos mó agus níos mine le himeacht ama.

Tuairim is ocht mbliana i ndiaidh a bháis bhí Muiris Ó Nuabha gnóthach i mBÁC ag cóipeáil an bhailiúcháin dánta is mó a bhfuilimid ag tarraingt eolais as ar Thadhg Ó Rodaighe ó shin i leith. Thug fear de mhuintir Uí Ruairc cuntas gairid ar dhearcadh Thaidhg ar an sloinne Ó Rodaighe ag tús an 18ú aois déag freisin (RIA C IV I, 211 v.). Scríobh Cathal Ó Conchobhair roinnt bheag i dtaobh Thaidhg (TCD H. 2. 16., 122) agus rinne Edward O Reilly trácht ceithre líne air ina dhiaidh siúd (1970 [1820], ccvi, ccvii). Tá de bhuntáiste ag Seán Ó Donnabháin ar an gcuid eile den aos léinn gur shiúil sé ceantar Fhiodhnaigh, gur labhair sé le muintir na háite agus gur theagmhaigh sé chomh maith le roinnt de na lámhscríbhinní ar bhain Tadhg Ó Rodaighe féin leo. Is ar Ó Donnabháin a bhí J. H. Todd ag brath mar mhéar ar eolas nuair a thug sé faoi réamhrá a chur leis an litir a scríobh Tadhg go Edward Llwyd (Todd, J. H., 1846, 112 - 119). Faraor nár fágadh faoin Donnabhánach an t-alt úd a scríobh, mar creidim gurbh é a bheadh go maith chuige.

Is é alt seo Todd an chéad alt ceart leathfhada ar Thadhg Ó Rodaighe. Is beag a scríobhadh san iomlán ar Thadhg Ó Rodaighe agus ní soiléire ár n-eolas mórán ina thaobh mar níor cuireadh in aon bhailiúchán amháin é lena ghrinniú ceart agus lena mheas mar ba chuí. Cuireadh an t-amháibhar eolais is mó os comhair an phobail in aon chnap amháin filíochta amach as lámhscríbhinn, TCD H. 6. 15, faoi láimh Thomáis Uí Raghallaigh. Sholáthair Ó Raghallaigh dhá leathanach de chuntas ar Thadhg Ó Rodaighe agus a 'sgoil'. Chuir sé treoir focal leis na dánta, treoir a bhfuil gluais le roinnt focal ann (Ó Raghallaigh, T., 1938). Dá mbeifí ag iarraidh eolas a chrú, áfach, as an dalladh filíochta seo a d'fhoilsigh Tomás Ó Raghallaigh as Is. TCD H. 6. 15 le gabháil i dtuiscint ar an saol a chaith Tadhg Ó Rodaighe agus a mhuintir, is eagal liom nach beag a d'éalódh ar dhuine a rachadh ina bhun. Is filíocht sách doiléir í seo. An

dán is ‘cirte’ ar bhun na filíochta, ach an dán is doiléire de phéire díobh, ‘Barr orchra aicme Rosa’, thugas faoi deara nárbh é a foilsíodh. Foilsíodh an ceann is fusa den phéire, is é sin, ‘Barr orchra ar fhréimh Rosa’. Is iomaí focail i ngluais Uí Raghallaigh nach dtugtar aon mhíniú leis. Is iondúil gurb é an focal deacair an ceann nach mbíonn aon ghluais leis i leabhar Uí Raghallaigh, *Filí agus Filidheacht Chonnacht*, rud a thabharfadh le fios gurb é a chuir Ó Raghallaigh roimhe, an fhilíocht a fhoilsíú ar mhaithe le ceart an phobail dá raibh ceilte orthu le rófhada roimhe sin i dtaisce na lámhscríbhinní. Tá Ó Raghallaigh le moladh as gan a ghabháil i mbun na tuairimíochta i gcás na bhfocal seo nárbh fhurasta a mhíniú. Is fusa ag muintir na linne seo aghaidh a thabhairt ar chuid acu seo agus *DIL* Acadaimh Ríoga Éireann, ina iomláine, faoina láimh acu anois chomh maith le háiseanna ar nós CELT a bheith in aice láimhe (www.ucc.ie/celt). Is cosúil ar rann deiridh an dáin ‘Cinnim comhairle le Dia’ go raibh comhoibriú idir an tOllamh Ó Raghallaigh agus an scoláire Mairghréd Níc Philibín, údair dá leabhar a foilsíodh sa bhliain 1938, *Filí agus Filidheacht Chonnacht* agus *Na Caisidigh agus a gcuid Filidheachta*. Rinne Níc Philibín iarracht Gaeilge shimplí a chur ar na dánta a chum Éamonn Ó Caiside do Thadhg Ó Rodaighe agus dá dheirfiúr Eilís. Ní mheasaim go dtagann na leaganacha simplithe seo go maith leis na bundánta, ar bhun ealaíne. Bheartaigh mé leagan Béarla a sholáthar leis na dánta thíos, obair a chuir stró nach beag orm, ach sílim gurbh fhiú an duais an doghrainn.

Bhain éiginnteacht le roinnt de mhuintir Rodaighe i roinnt de na haltanna a scríobhadh cheana. Ba mhearadh do roinnt tráchtairí Tadhg mac Uilliam thar a mhac, Tadhg mac Taidhg mhic Uilliam, an té a d’ordaigh Leabhar Caillín a athnuachan sa bhliain 1516.

Bhain éiginnteacht mar a chéile le Tadhg mac Gearóid sa seachtú aois déag agus a fhear gaoil, Tadhg mac Taidhg mhic Bhriain Bhuidhe. Nuair nár meascadh lena chéile iad, tharlódh sé nár tuigeadh cén gaol a bhí eatarthu agus measadh scaití gaol ní ba dhlúithe acu lena chéile ná mar a bhí. Tá a fhios againn anois thíos, a bhuí d’aon lámhscríbhinn amháin, cén gaol ceart a bhí ag na daoine seo lena chéile.

Tá tuairisc againn thíos, don chéad uair, ar mhac a bheith ag Tadhg Ó Rodaighe agus a bhean Fionnghuala. Seán ab ainm dó. Tá tuairisc againn chomh maith ar iníon a bheith ag Seán Ó Rodaighe. Sláine (Ní Rodaighe) O Brien ab ainm di.

Tá súil agam go gcuirfidh pobal na linne seo tuiscint níos fearr ar Thadhg agus ar an saol lena linn trí bhlaiseadh den taighde agus den scagadh ar na dánta thíos. Tabharfaidh an ghluais thíos cuidiú don té a rachfas ina mbun. Níor fhágas gan mhíniú ach na cumaisc shimplí a thuigfí go furasta ar na saolta seo. Is é is fáth leo a bheith ann in aon chor, gur gné ar leith iad nach dtarlaíonn ach san fhilíocht amháin agus is ceart aird a tharraingt orthu sa treo don té a bheadh á dtóraíocht in obair den chineál seo. Míneofear sa scríobh, de cheal *macron* ar an gcóras ríomhaireachta agam, guta a bheith fada i gcás amhrais.

Giorrúcháin

Ardclon : *Irisleabhar Chumann Seandálaíochta agus Staire Ardachaidh agus Chluain Mac Nóis.*

C. : Caibidil

CF : Coláiste Cholmáin, Mainistir Fhear Maí

CSPI : *Calendar of State Papers relating to Ireland*

CPR Js I : *Irish Patent Rolls of James I*

Eg. : Egerton

fasc. : Fascúl

FFÉ : *Foras Feasa ar Éirinn*

gin. : ginideach

iml. : imleabhar

iol. : iolra

lch. : leathanach

lgh. : leathanaigh

ls(í). : lámhscríbhinn(í)

OED : *Oxford English Dictionary*

OSL : Ordnance Survey Letters

r. : retro

RIA : Acadamh Ríoga Éireann

TCD : Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

tuis. : tuiseal

uimh. : uimhir

u. u. : uimhir uatha

v. : verso

Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe

TADHG mac Gearóid UÍ RODAIGHE

'An scoluidhe tréitheach'

'Scoluidhe tréitheach' agus fear polaitíochta a linne a 'd'fhan mar Oisín d'éis na bhFian' ab ea Tadhg Ó Rodaighe. Tá bearnaí inár gcuid eolais ar bheatha Thaidhg Uí Rodaighe. Níl a fhios againn cad a bhí ar bun aige idir an t-am a rugadh é, 1614, agus Meitheamh na bliana 1671 (O Donovan, J., OSL C.-Leitrim, 101). Níl a fhios againn ach an oiread, cén fáth gur cumadh a oiread dánta molta ina ómós idir an bhliain sin, 1671, agus am a bháis, 1706. Moladh a bhean, Fionnghuala Nic Con Mara, le rann iarchomhairc, chomh maith leis féin, agus a dheirfiúr, Eilís Ní Rodaighe, ní tháinig sí gan moladh.

Thagair roinnt daoine do Thadhg Ó Rodaighe in imeacht na mblianta ó Edward O Reilly anuas (O Reilly, E., 1820, ccvi, ccvii). Bhí an chuid is mó acu ceart, ach bhí roinnt acu contráilte, go fiú ar an Tadhg Ó Rodaighe áirithe a bhí i gceist. Gabhaim féin i mbun ríomh a scéil agus rian a leabhar, lena rá ina fhocail féin, ar 'omhan éccirt' (TCD H. 6. 15, 310 r., rann 9).

'Beannacht led' anam, a Thaidhg Uí Rodaighe' a bhreac Cathal Ó Conchobhair in Áth Cliath ar an 29-1-1770. Nocht an Conchobharach a thuairim ar laigí Thaidhg, freisin :

Beannacht led' anam, a Thaidhg Uí Rodaighe. An trácht beag sin ár ndiaidh do scríobhadh le Tadhg Ua Rodaighe A.T. 1700; agus fíor agus anfhíor fuaite trína chéile ann; óir b'údar sochreidhteach Tadhg, gan coimhead idirdhealú mar ba chúil ó naíonacht go foirfeacht seanchasa na hinsí seo Éireann. Mise Cathal Ua Conchabhair anois in Áth Cliath Duibhlinne, January 29, 1770

(TCD H.2.16., 122, ach gur liom mionathruithe).

Is deas mar a samhlaíodh tús agus deireadh an tseanchais le haois an linbh agus an duine, tharla gur leanbaíocht na haoise ab údar na díchuimhne ar Thadhg bocht faoin am seo, mheasfá. Tharraing J. H. Todd aird ar ghluais ghairid Uí Chonchobhair (Todd, J. H., 1846, 117). Mar mhír eolais a scríobh an scoláire cruthanta Cathal Ó Conchobhair an méid thuas (H. 2. 16, 122). Is é an chaoi gur scríobh 'Thady Roddy, of Crossfield, in the province of Conaught, and county of Leytrim' litir chuig Edward Llwyd sa bhliain 1700 A. D. Mar fhreagra ar fhiosrú de chuid Llwyd a thug Tadhg faoi scríobh na litreach, ní foláir, mar gur bhreac sé 'For the Queries....' ag pointe amháin sa litir (Todd, J. H., *op. cit.*). Thóg Seán Ó Donnabháin maide as uisce do Thadhg Ó Rodaighe, mí Iúil na bliana 1845, á chosaint ar an gcáineadh a rinne Ó Conchobhair air, más maol féin an chosaint é :

Teige was a remarkable man, and a great linguist, but he was in the aeis leanbaidh, or second childhood, when he wrote his letter to Lhwyd. He wrote Latin as well as O’Flaherty, and seems to have been educated abroad. I have read several of them [= his Latin hexameters], and they evince considerable knowledge of that language (ibid. 117, 118).

Nuair a thagair Cathal Ó Conchobhair don ‘naíonacht’ agus do ‘fhoirfeacht seanchais na hinse seo Éireann’ thuas, is cinnte gur mheafair a bhí i gceist aige don chlaochlú sochaí a bhí faoi lán seoil ag an am. Chonacthas dó gur deireadh ré a bhí tagtha. Bhain Tadhg Ó Rodaighe le dúchas na linne sin a chuaigh thart. Níorbh éan corr ar fad é mar Thadhg. Léirigh John Roche na bliana 1631 amhras i leith shaothar an Chéitinnigh agus chuir Donnchadh Ó Corráin leis an méid sin :

One Dr. Keating laboureth much in copiling Irish notes towards a history in Irish. The man is very studious, and yet I fear that if his work come to light it will need an amendment of ill-warranted narrations : he could help you to many curiosities of which you can make better use than himself. . . .

Bhí bun maith le tuairim an Róistigh. Duine neamhchriticiúil ar fad ab ea Céitinn. Glacann sé leis, mar shampla, go bhfuair Conchobhar mac Nessa, a mhair in aimsir na Tána, in aimsir págántachta, scéala páise agus báis Chríost óna dhraoi (Ó Corráin, D., 1986, 63 - 64).

Thacaigh údar amháin go láidir le Tadhg, James Hardiman. Ní mó ná sásta a bhí sé leis an gcaitheamh anuas a bhí tosaithe ar Thadhg Ó Rodaighe :

Thaddeus Ruddy, or O’ Rody
1623 - 1706

The author of the ‘Curiosities of Literature’ represents this learned Irish gentleman, as one ‘scarcely knowing his own language, and totally ignorant of all others.’ In every direction the Irish have been misrepresented by prejudiced and ignorant English writers. But that so respectable an author should join the throng, and, by sanction of his name, give the appearance of truth to the unfounded assertions of party, is a matter of just regret

(Hardiman, J., 1831, 429).

Is cosúil ar an bhfad saoil a leag Hardiman amach do Thadhg, le bliain a bhreithe ag 1623, nárbh é Ó Donnabháin a bhí mar fhoinsé aige. Feicfimid ar a chuntas seisean ar

ball beag agus é ag scríobh chuig J. H. Todd, go raibh Tadhg i ngar don cheithre scór go leith sa bhliain 1702 A. D. Chuaigh Tadhg Ó Donnchadha leis an leagan atá ag Hardiman thuas, gur rugadh Tadhg Ó Rodaighe sa bhliain 1623 agus go bhfuair sé bás sa bhliain 1706 (Ó Donnchadha, T., 1931, xxix). Lean H. R. Mc Adoo an tuairim chéanna (Mc Adoo, H. R., 1939, 161). Tá údair *Beathaisnéis 1560-1781* tar éis roinnt blianta a bhaint dá aois ar an mbun gur leag Pádhraic P. Ó Ciardha béim ar an aidiacht ‘óg’ a bheith le hainm athar Thaidhg nuair a shíothlaigh sé sa bhliain 1680 (Ní Mhurchú, M. & Breathnach, D., 2001, 167). Is é ba bhun leis an aidiacht a shiúl leis, dar liom, lena dhealú ceart óna athair mór, Tadhg mac Gearóid, mhic Thaidhg mac **Gearóid**, mhic Thaidhg, mhic Thaidhg, mhic Uilliam áin Uí Rodaighe, mar a léireofar thíos. Ní chiallódh ‘úirfhear’ a luadh leis (sa dán ‘Truagh an mhaidhmsi ar mhaicne hÍr’ 22c) gur úire aoise a bhí i gceist ag an bhfile, ar an gcaoi chéanna (TCD H. 6. 15., 293 v.).

Is fearr, mar thús, cuntas gairid ar a shaol ina iomláine a roinnt láithreach agus tabhairt faoina chíoradh ar ball thíos. Mar chroinic ghearr ar Thaidhg mac Gearóid Óig níor mhiste an t-eolas seo a leanas a áireamh.

ca. 1614 : Rugadh Tadhg.

1671 : ‘Thady Reddy’ ina fhinné ar ghníomhas le beirt ‘John M’Namara’ sa Chlár (Frost, J., 1973, 573).

13/ 6/1671 : Cheap Tadhg epitaphium sé líne Laidine do Bhrian Ó Ruairc.
(TCD H. 6. 15, 307 r.).

1677 : Thug ‘Thady Redahon’, Crossfield (= Achadh na Croise), teist ar shagart, ‘Bryan Donagher’, 52 bl. d’aois, as ‘Clogherici’, roimh Oliver Plunkett i nDún Dealgan (Donohoe, P. M., 1929, 98).

1679 : Thug ‘Thady Roddy’ as ‘Kiltoghert’ teist ar shagart, ‘Charles Rodaghan’, as Drumcroman, roimh Oliver Plunkett i nDún Dealgan (ibid. 99).

2/ 8/1680 : Bhásaigh Gearóid Ó Rodaighe, athair Thaidhg. Cheap Seán Ó Duinnín marbhna ina ómós (TCD H. 6. 15, 293 v.).

1683 : Scríobh Tadhg cuntas ar Liatroim do William Sheridan, easpag na Cille Móire agus Ardachaidh (Logan, J., 1971, 322).

1683 : Thug ‘Thady Roddy of Crossfield’ teist ar ábhar sagairt, ‘Patrick Currin’ (recte Curnin), don ‘Most Rev. Thady Keogh’ ag Áth Cinn na Gaillimhe (Ó Duígeannáin, P., 1990, 72).

1687 : Leabhar Chlainne Suibhne (RIA 24 P 25, 25 v.) i seilbh Thaidhg. Bhreac sé gluaiseanna ann.

- 1688 : Leabhar Caillín; bhreac Tadhg a ghinealach féin ann
(Macalister, R. A. S., 1939, 95).
- 1689 : Gaireadh Tadhg ina fhear cánach don rialtas Seacaibíteach.
(Preston, C., 1950, 151).
- 1689 : Thriall Tadhg go Tuamhain (TCD H. 6. 15, 298 r.).
- 11/ 7/1690 : Cheap Tadhg epitaphium Laidine agus marbhna fada Béarla ar Ruaidhrí Ó Seachnasaigh (ibid. 271 - 273). Bhí Tadhg ag ‘Derrada’, Co. an Chláir, in aice le Gort Inse Guaire (ibid. 271).
- 16/ 6/1692 : Bhásaigh Donnchadh Mac Con Mara, cleamhnaí Thaidhg, agus cheap Tadhg epitaphium gearr Laidine agus marbhna fada Béarla air (ibid. 269).
- 1692 : Chuaigh Máire Nic Con Mara a chónaí tigh Thaidhg. Iníon do Mhathghamhain, deartháir a chéile í (ibid. 300 v.- 301 v.). Cumadh an duan ‘In ainm Chríost an ceangal so’ di sa bhliain 1701. Féach thíos.
- 8/ 8/1693 : Bhreac Tadhg Ó Rodaighe nóta ar Dhearbhorgaill, bean Thighearnáin Uí Ruairc i Leabhar Caillín.
(Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1939, 64 - 65).
- 1694 : Glacadh seilbh ar theach úr Thaidhg i gCarraig an tSleabháin, i ngan fhios dó féin (TCD H. 6. 15, 294 r.).
- 4/ 2/1696 : Bhásaigh athair a mhná, Donnchadh Mac Con Mara, in Achadh na Croise. Bhí sé thart ar cheithre fichid bliain d’aois (ibid. 311 v.).
- 1/ 3/1696 : Tinneas an ghúta ar Thaidhg (ibid. 296 v.).
- / 9/1697 : Bhásaigh Seán Mac Con Mara, deartháir cleamhnaí Thaidhg, sa Chlár
(ibid. 311 v.).
- 14/11/1697 : Leabhar Chlainne Suibhne fós i seilbh Thaidhg Uí Rodaighe
(RIA 24 P 25, 73 v.).
- / 5/1700 : Scríobh Tadhg litir fhada Bhéarla chuig Edward Llwyd (TCD H. 2. 16.).
- 1701 : Phós Máire Nic Con Mara as teach Thaidhg (TCD H. 6. 15, 301 v.).
- 19/ 5/1702 : Chuir Tadhg gluais le Leabhar Caillín (Macalister, R. A. S., 1939, 107).
- 31/ 5/1702 : Chuir Tadhg gluais le Leabhar Caillín (ibid. 110).
- 1702 : Chum Séafraidh Ó Ruairc dán, ‘Bronntanas na Bliana Nuaidhe’, in ómós do Thaidhg (TCD H. 6. 15, 304 r.).
- / 6/1704 : Deirfiúr Thaidhg, Eilis, tinn. Ceapadh dán á mórath (ibid. 307 r.).
- 1706 : D’éag Tadhg in aois 92 bliain (O Donovan, J., OSL Cavan-Leit., 101).

Tá cúpla ní suntais i scéal Thaidhg Uí Rodaighe. Níl a fhios againn, mar shampla, cén fáth gur cumadh a oiread dánta molta ina ómós féin agus in ómós Fhionnghuala Nic Con Mara, a bhean chéile, ná in ómós a mhuintire idir ghaolta fola is ghaolta cleamhnais. Áirím trí dhán déag cumtha dósan agus rannta iarchomhairc dá réir dá

mhnaoi. Níor chum Tadhg é féin ach péire, ach is liosta le háireamh na filí a cheap dán, nó breis, ina ómós, nó do dhuine éigin dá chuid gaolta :

Peadar Ó Maoil Chonaire (dánta iv, ix, x, xiii thíos),
Pádraig Óg Mac an Bhaird (dán v thíos),
Seán Ó Duinnín (dán vi thíos),
Seán Ballach Ó Duibhgeannáin (dán iii thíos),
Diarmaid mac Laoiseach Mhic an Bhaird (dán xi thíos),
Éamonn Ó Caiside (dánta xii, xiv, xviii thíos),
Fearghal Muimhneach Ó Duibhgeannáin (dán xxiii thíos),
Cú Coigríche Ó Duibhgeannáin (dán xxiv thíos),
Seáfraidh Ó Ruairc (dán xv thíos),
An tAthair Pádraig (nó, Cornán Óg) mac Cornáin Uí Choirnín (dán xvi thíos).

Níor fágadh an moladh ar Thadhg amháin, ach moladh a bhean, Fionnghuala, leis. Ba í Fionnghuala ba sprioc do na rainn seo a leanas. Is rannta iarchomhairc iad le duanta molta ar Thadhg :

‘A Niamhadh in uaisle gan oil’; (ibid. 278)
‘A dhearmad ní dhlítear dhín’; (ibid. 296 r.)
‘Inghion Donnchaidh an ghlóir ghlé’; (ibid. 297 r.)
‘Inghion Donnchaidh an ghlóir ghlain’; (ibid. 299 v.)
‘Bánsruth finne is siolla do ainm na mná’; (ibid. 303 r.)
‘A chuid ronna do na mnáibh ar leith’; (ibid. 304 v.)
‘Go madh buan bail a bhfuil inghean dil déidgheal Donnchuidh’ (ibid. 306 r.).

Mar is nós leis an bhfile, scríobh cuid acu sin go formholtach faoi. Más ea, is léir go raibh meas aosa léinn a linne féin ar Thadhg Ó Rodaighe. Is cinnte go raibh níos mó ná smearadh beag den léann air. Mhol file an Chnoic Ramhair i gContae Shligigh, Seán Ó Gadhra, Tadhg as a chumas éigse sa dán fada ‘Tuireamh na hÉireann’ :

Is i gConnachta a bhí an chuideachta dhéanach
bhí cumasach i dtuigse na Gaeilge,
do chruinnigh gan tuirse gach saothar,
is do scrúdadh na húdair go fréamha :

Ruaidhrí Ó Flaithbheartaigh scafaire an léinn,
Tadhg Ó Rodaighe, scoluidhe tréitheach,
is Seán Ó Gadhra nár sháraigh éanstair
i Laidin, i Scoitic ioná i mBéarla;

raibín ceanntrom ná meamram aosta,
ná litir láimhe dar tairngeadh i n-éan-bhoth,
cros ná nod ná locht uirléighe,
ceann fá eite do cheileadh an cléireach,

ná córughadh litre ar son a chéile,
sithrann gan mhaill i gceann a chéile
dubhtháin Fiontáin is féineachas;
do bhí a bhforas focal ag scoradh gach téarma,

más Gréigis theann nó Eabhrais a fhréamha,
Béarla teibidhe filí is féine,
is Béarla gnáthach atá ar fuid chlár na hÉireann

(Mac Domhnaill, An tAth., 1955, 14).

Is cosúil mar sin, gurbh fhear sách ilteangach ab ea Tadhg, má bhí tuiscint aige ar na cúig theanga a luadh sa méid sin. Is léir ar an trácht sin freisin go raibh eolas maith aige ar nósanna na lámhscríbhneoireachta.

Cad chuige a spreagfaí lucht a chomhaimsire le bheith á mholadh an oiread is go bhfuil liosta díobh le háireamh againn sa lá inniu? Arbh í a dhílseacht dá dhúchas, tábhacht na lámhscríbhinní a luaitear seal ina sheilbh mar a mhíneod ar ball, nó cén fáth eile gur moladh é?

Níor mhiste an Tadhg seo againne a dheimhniú i gceart i dtosach agus sinn ag dul ag trácht air. Lena rá ar mhalairt slí, cén Mac Uí Rodaí go baileach an Tadhg seo, mar is cinnte gur tharla iomrall aithne ina thaobh níos mó ná uair amháin cheana? Ba iomaí Tadhg Ó Rodaighe eile ar an saol, fear díobh faoi iomrá i lár na 17ú haoise. Nuair a chuaigh J. H. Todd ar lorg an eolais ba i muinín an mhórscoláire, Seán Ó Donnabháin, a chuaigh sé (Todd, J. H., 1846, 117). Baineadh tuisle as siúd, faraor, rud ab annamh leis. Lean go leor an chonair chéanna ó shin. Ghlac Ó Donnabháin leis gurbh aon Tadhg amháin an ‘great linguist’ a raibh leanbaíocht na haoise air nuair a scríobh sé litir chuig Edward Llwyd, is é sin, ‘Thady Roddy of Crossfield’, agus an té eile a shaothraigh cáil an dlí dó féin, Tadhg Óg. Deir sé :

Teige was a remarkable man, and a great linguist, but he was in the *aéis leanbaidh*, or second childhood, when he wrote his letter to Lhwyd. He wrote Latin as well as O’Flaherty, and seems to have been educated abroad. He was certainly a *fear dlí*, or lawyer, and practised in the reign of James II., but whether as an attorney or barrister I have not been able to determine. He went to England in 1688, on legal business, and returned home via Scotland. He seems to have lost all his property at the Revolution. The O’Roddys were Coarbs, not princes, as O’Reilly calls them; and this Teige seems to have farmed the monastic lands of Fenagh under the Protestant bishop, as O’Meehan and O’Fergus do still at Rossinver. I examined his house at Fenagh in 1837, but found not a stone of it remaining; even the name Crossfield (so called from an old stone cross, which was destroyed by the Cromwellians), is forgotten. His reply to Shane Ballagh O’Duigenan, which I have read, is very curious, and written in the true spirit of the Irish language. I have no specimen of his Latin hexameters, but I have read several of them, and they evince considerable knowledge of that language. In 1702, when he was nearly ninety years old, he wrote the following note, on a difficult passage, in the Book of Fenagh :

‘Lege hoc modo rem difficilem hanc :

‘Feacht naoin dia raibhi ag ceileabhradh do Chaillin iar ndilgan .i. iar maitheamhnas a chionnta .i. a pheacadh .i. post confessionem : Quia Columba pius venit ad S. Kilianum et ei confessus est peccata sua ut patet hic et alibi hoc in libro. T. R. Maij 19. 1702.’

His ancestor Tadhg, son of William...

(*ibid.* 117 - 118).

D’fhoilsigh Tomás Ó Raghallaigh an-lear as lámhscríbhinn H. 6. 15. de chuid Choláiste na Tríonóide (Ó Raghallaigh, T., 1938). Is iontach an trácht é le méid. Thug sé an dá líne seo a leanas dúinn :

Tadhg Ó Rodaighe

mhac Gearóid

mic Taidhg

meic Gearóid

meic Taidhg

meic Taidhg

mic Uilliam áin (*ibid.* 353)

Tadhg Óg Ó Rodoighe

mac Taidhg

mhic Bhriain Bhuidhe (*ibid.* 354)

Luaitear seisear Tadhg sa dá chraobh sin, dá ghiorra iad mar chraobhacha. B'fhiú dúinn a bheith cáiréiseach. Mar ghluais le ceann de na dánta a scaoiltear an méidín beag bídeach thuas de chraobh Thaidhg Óig linn. Anuas trí dhá dhán eile a scaoiltear craobh Thaidhg mhic Ghearóid linn i leabhar Uí Raghallaigh. Is chuig lámhscríbhinní eile a chaithimid dul le teacht ar a chraobh siúd ina cruth ceart féin in áit a leanacht anuas mar chuid de dhán. Roinneann trí cinn de lámhscríbhinní an t-eolas céanna linn nach mór. Ní raibh an líne ghinealaigh mar atá foilsithe ag Todd agus líne Thaidhg mhic Ghearóid mar atá anseo thuas ag teacht lena chéile, ní miste a rá, ach drannfaimid leis an ngné sin ar ball.

D'fhoilsigh Ó Raghallaigh aistriúchán Gaeilge ar shliocht gearr as trácht Uí Dhonnabháin ar an bhfear, Tadhg Ó Rodaighe, as an alt thuasluaite le Todd, is dócha :

Is cosúil gur thar lear a fuair sé a chuid oideachais, go raibh sé ina aighne in aimsir an dara rí Séamas, agus go ndeachaigh sé go Sasana sa bhliain 1688 ar ghnótha dlí, agus gur abhaile trí Albain a tháinig sé. (ibid. 350).

Níor chuir Ó Raghallaigh leis an eolas sin ná níor bhain uaidh.

D'fhoilsigh Maighréad Nic Philipín *Na Caisidigh agus a gCuid Filidheachta* an bhliain chéanna a d'fhoilsigh Ó Raghallaigh a chuntas ar Thadhg Ó Rodaighe, 1938, ach d'ob sí go soiléir do leagan Todd/Uí Dhonnabháin .i. gurbh aon Tadhg amháin seachas beirt a bhí i gceist. Níor ghrinnigh sí an scéal go bundún mar go raibh cúram Mhuintir Chaiside idir lámha aici, ach murar ghrinnigh, thuig sí go paiteanta gur bheirt Thadhg ar leith a bhí i gceist agus dhealaigh dá réir :

Ag moladh an Taidhg seo (mac Gearóid óig)

(Nic Philipín, M., 1938, 94).

Tugann sí droim láimhe do bharúil Todd/Uí Dhonnabháin gurbh aon Tadhg amháin a bhí i gceist leis na dánta go léir :

ach tá chuile chosamhlacht nach é an tuairim ceart é. Ní féidir a chreidint gur seanfhear atá i gceist is na duanta eile, ... (ibid.).

Níorbh iad Tadhg mac Gearóid agus Tadhg Óg an t-aon bheirt 'Tadhg Ó Rodaighe' a rinne siún sincín de lucht tráchta agus taighde i rith na mblianta. Tharla míthuiscint den chineál céanna i dtaca le céad fhear Leabhar Caillín, Tadhg Ó Rodaighe. Ríomh an

tAthair Pól Breathnach scéal na dTadhg go mion ina aiste ‘The Book of Fenagh’ (Walsh P., 1947, 51, 53, 60, 67-69). Léirigh an Breathnach go ríghlinn gur thuig sé féin céir dó go baileach a scríobh Muirghius mac Páidín Uí Mhaoil Chonaire an Leabhar Caillín céanna, lena ainm ceart a thabhairt don bhunleabhar Gaeilge, sa 15ú céad, .i. Tadhg mac Briain Buidhe Uí Rodacháin. Tosaíonn Breathnach ag beachtú ar an eolas a sholáthraigh Macalister (Macalister, R. A. S., 1939, 12) i dtaobh chéad fhear an leabhair (Walsh, P., 1947, 68). Bhí Tadhg mac Taidhg mhic Uilliam agus a athair, Tadhg mac Uilliam Uí Rodaighe ina gcamstáca ag foireann nach beag a d’fhéach le trácht a dhéanamh ar Leabhar Caillín agus ar a chúlra. Mheas roinnt acu gurbh é Tadhg mac Uilliam fear an leabhair, an fear faoi deara athchóiriú agus leasú Leabhair Chaillín, rud nárbh fhíor. Tharla nárbh é ach a mhac, is é sin, Tadhg mac Taidhg mhic Uilliam, fear an leabhair. Aontaíonn an tAthair Breathnach agus Leabhar Caillín féin gurbh é siúd an fear ceart (ibid. 68).

Is spéisiúil ó thaobh na dTadhg an t-eolas a roinn Fiant Eilise 4786 na bliana 1585 linn (*PRI*, 1883, 134, 135). Taispeántar sa cháipéis sin, ‘Gerald O Roddechan, of Fynaugh, Brian boy O Roddechan, Teige oge O Roddechan, Morish O Roddechan, Wm. oge O Roddechan, of the same’ (Fynaugh). Is é tuairim an Athar Breathnach ar an bhfiant sin :

Gerald and Teige oge here appear to have been respectively son and grandson of Tadhg who caused the Book of Fenagh to be put together

(Walsh, P., 1947, 51).

Is é sin, Gearóid mac Taidhg mhic Thaidhg mhic Uilliam mhic Mhatha, agus a mhac, Tadhg mac Gearóid (mhic Thaidhg mhic Taidhg mhic Uilliam mhic Mhatha, a bhí ar an bhfód sa bhliain 1585).

An féidir glacadh leis an leideadh gurbh ionann seanathair Thaidhg mhic Thaidhg, is é sin, Brian Buidhe, agus Brian boy na bliana 1585 (ibid. 51, fonóta 8)? Fágann tuairim an Athar Breathnach le fios gur mheas seisean gurbh ionann :

Brian Buidhe may have been the ‘Brian buoy’ (sic) pardoned in 1585

(ibid. 67, fonóta 59).

Ní gnách an tAthair Breathnach mícheart.

D’fheilfeadh sé craobh a dhearadh anseo as na lámhscríbhinní agus aidiacht nó dáta a shnaidhmeadh, dá mb’fhéidir é, le cuid de na hainmneacha ar mhaithe le soiléire sula mbreacfaínn aon bhreis eile.

<p>Tadhg /Thady + 1706 mhac Gearóid Óig mic Taidhg Thréanmhair /Teige oge 1585? meic Gearóid /Gerald 1585? meic Taidhg fl. 1516 meic Taidhg + 1497 mic Uilliam áin</p>		<p>Tadhg Óg Ó Rodoighe mac Taidhg /Teige oge 1585? mhic Bhriain Bhuidhe /Brian boy 1585?</p>
--	--	--

Caithfear an dá chraobh thuas a cheangal dá chéile fós mar ní cinnte go snaidhmeadh gaoil. Ní fheicim ach aon scaoileadh amháin ar an gceist go dtí seo. Níl ach aon lámhscríbhinn amháin a thugann tarrtháil leis an lúb ar lár a sholáthar. Dúradh faoi chuid di gur chosúil go raibh baint aici le ‘scoil Uí Rodaighe’ (Ó Ciardha, P., 1977-78, 270). Is aisti, ls. Mhaigh Nuad C 74, j, a leagaim amach mar seo romhainn :

Tadhg Óg
 mac Taidhg
 mhic Bhriain Bhuidhe
 mhic Uilliam
 mhic Thaidhg
 mhic Uilliam
 mhic Mhatha srl (lch. 29).

Tig linn tarraingt as an iomlán inár ndiaidh anois agus a bheith ag snaidhmeadh linn :

Tadhg/Thady +1706

mac Gearóid Óig + 1680	Tadhg Óg fl. 1641	
mhic Thaidhg Thr. 1585?	mac Taidhg 1585?	
mhic Ghearóid 1585?	mhic Bhriain Bhuidhe ’85?	fear gan ainm
mhic Thaidhg fl. 1516	mhic Uilliam Óg	mac Briain + 1532

clann mhac Thaidhg + 1497
 mhic Uilliam áin
 mhic Mhatha + 1447 srl.

Is léir anois gur chol naonúir ba ea an bheirt, Tadhg mac Gearóid agus Tadhg mac Taidhg Uí Rodaighe. Is leor an méid sin de dhealú idir ‘an treas Tadhg’ (Tadhg Óg

mac Taidhg mhic Bhriain Bhuidhe), agus Tadhg mac Gearóid Óig. Níorbh shin a dheireadh. Bhí ‘Teige O Roddy’ eile fós ag Corimleach i bparóiste Chill Mhór Muaidhe in iarthar Shligigh sa bhliain 1665 (Co. Mhaigh Eo na linne seo), ach is féidir gur fear ar leith eile é sin. (Mac Lysaght, E., 1967, 80). Bhí drong eile Rodaighe thiar, ní foláir, tharla gur fhágadar Tubber Roddy mar logainm againn ag Áth an Chláir in iarthar Shligigh agus is ann atá nead bheag den sloinne Roddy ar Liosta na Vótóirí na linne seo. Ní iontas gur nath cainte ‘Tadhg Ó Rudaí/Rodaí’ a thabhairt i gcás mearbhaill nó díchuimhne ainm duine i ngach cearn d’Éirinn (Ó Dónaill, N., 1977, 1191, Rodaí, 813 Mac uí Rudaigh; cf. Ó Luínse, A., 1980, 355-356).

Glactar leis as seo síos gur Tadhg mac Gearóid Óig is ciall d’aon tagairt do ‘Tadhg’ (Ó Rodaighe) nó ‘Thady’ agus gur Tadhg Óg mac Taidhg Uí Rodaighe a bheas i gceist in aon chás a luafaidh mé ‘Tadhg Óg’ ina dhiaidh seo síos.

.....

Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe

Is dall sinn ar bhreis is leath de shaol Thaidhg Uí Rodaighe. Níl aon trácht mórán ar Thadhg mac Gearóid go scoitheann sé an leathcéad bliain d’aois. Níl ach cúpla leideadh le fáil againn thall is abhus. Tacaíonn na tuairiscí éagsúla linn an bhearna a líonadh ar bhealach éigin. Tabharfad an chéad cheann as an duan ‘Barr orchra Aicme Rosa’ le file gan aithne (TCD H. 6. 15., 295 v.) :

8

Do scaoilíodh (donas don dáimh)
iad ó hÉiríonn go hEaspáin,
fian dhian ar fhoghlaigh gan acht
nár mhian anmhain fo annsmacht.

.....

10

D’fhan mar Oisín d’éis na bhFian,
mac Gearóid, an fhlaith fhírfhial,
fíormhaith d’Éirinn anmhain do,
comhraid tréinghinn gach teangtha. (duan VIII thíos)

Má cheadaímid lena bhfuil le tuiscint as an dá shliocht sin, glacaimid leis nach ndeachaigh Tadhg don Spáinn agus gur áit éigin in Éirinn a chaith sé a shaol. Mura

raibh sé i mbéal an phobail le linn a óige as a bheith ag tacú le cléir na filíochta, is féidir nach raibh sé d'acmhainn aige, ná d'am, a dhéanamh amhlaidh.

Tá tagairt amháin againn do 'Thady Reddy' a bheith i gCo. an Chláir sa bhliain 1671 agus is in éineacht le beirt 'John M'Namara' a bhí sé (Frost, J., 1973, 573). Bhí 'John M'Namara of Limerick, merchant' i mbun gníomhais talún a chuimsigh dátaí idir 1660 agus 1676 A. D. Ba é 'James M'Namara, merchant of Ennis, the father of the petitioner.' Ba iad lucht finné san obair faoin mbliain 1671, 'Henry Hickman, John M'Namara, Michael Adam, John M'Namara and Thady Reddy' (ibid.). Bhí dream ar leith darb ainm Ruddane agus Reddan lonnaithe ag 'Clonmunnia and Ballysheen' i gContae an Chláir (ibid. 400, 406).

The *tuath* of the Reddan family is further south near Sixmilebridge, and their ancient tomb is in Ballysheen (Gleeson, D., 1962, 204).

Luaitear 'John, son of Teige Reddan' sa bhliain 1641 (ibid. 413). Bhí an Teige Reddan sin de chuid an Chláir ar shlí na fírinne faoin am sin is cosúil ar thrácht eile ina thaobh, mar fuair 'Thadeus, son of Mahone O'Ruddan' bás ar an 12/5/1618, fada go leor roimh an am a bhfuilimid ag trácht air (ibid. 62).

Scríobhadh gluais bheag Bhéarla le marbhna Dhonnchaidh mhic Dhonnchaidh Mhic Con Mara nuair a cuireadh é i Mainistir Chuinche sa bhliain 1692 A. D. Tugtar le fios gur le Tadhg Ó Rodaighe a oileadh Donnchadh :

this Said Gentleman died at Mureske in the County of Clare on Thursday June 16. 1692. was buried in Quinn Abbey, was bred *with one* Thady Roddy from a Virgilian, acquired all the above languages by his indefatigable Studies *and* profound wits, spoke french *and* Spanish, read Greek *and* Hebrew, most perfect in Latin, Complete *Master* of the Irish. *et cetera*.

the Said Epitaph was composed by ye *Said Mr* Roddy
(TCDH. 6. 15., 270).

Ní gá gur i bhFiodhnach a tógadh an Donnchadh Mac Con Mara seo. Is féidir go raibh Tadhg ina Thady Reddy i dTuamhain i bhfad roimh am a theite ó dheas sa bhliain 1689 A. D. (ibid. 271, 298). Is féidir leis gur ina ghlais-stócach le bunús Laidine a tháinig Donnchadh Mac Con Mara chuig Tadhg. Ní raibh sé róshean, is léir :

He only was the Youth from vines free, (ibid. 268).

Ní foláir go raibh an Donnchadh seo tagtha i mbun a mhéid ceart lena raibh de theangacha sealbhaithe aige. Más ‘a oileadh’ is ciall do ‘was bred’, is féidir go ndeachaigh sé a chónaí tigh Thaidhg tuairim na bliana 1665, má dhlímid bbreis is scór go leith bliain dó, tráth a bháis mí Iúil na bliana 1692 (TCD H. 6. 15., 311 r.). Thabharfadh an tomhas sin leideadh dúinn ar shnaidhmeadh Thaidhg agus Fhionnghuala sa phósadh, cé nach bhfuil ann ach tomhas.

Níorbh í an domhnaíocht Béarla, Gaeilge nó Laidine a scríobh ná a cheap Tadhg mac Gearóid Óig. Cad chuige mar sin a tharraingeodh seisean agus a bhean, Fionnghuala Nic Con Mara, breis is scór dánta molta ó fhilí aithnidiúla a linne? Gainne pátrúntachta an ama sin nó téagar a leabharlainne, nó bá na bhfilí leis an lánúin as a ndíshealbhú?

Arbh é an chaoi gur lean iarmhar cáile ‘an treas Taidhg’ é, nó iarmhar cáile Taidhg Óig, mar Thadhg mac Gearóid Óig? Cíorfear scéal an ‘treas Tadhg’ thíos, fear a raibh tábhacht nach beag ag roinnt leis. D’fhéadfadh muintir an ama sin a bheith measctha idir an bheirt a bhí ar aon ainm agus ar aon sloinne lena chéile, mar Thadhg Ó Rodaighe. San am a raibh Tadhg Óg ag dul ar lár i ndiaidh Éirí Amach Uladh, 1641-1651, bhí Tadhg mac Gearóid le theacht i dtreis, 1671 A. D. Chuirfí le cáil an té sin gur samhlaíodh cumas dlí leis.

Cheap Tadhg sé líne Laidine do Bhrían Ó Ruairc i lár na bliana 1671 (TCD H. 6. 15., 307 r.). Ba fhear óg é an Ruarcach a fuair bás ‘of ye smallpox at Leytrim’ (ibid.). Baile Liatroma a bheadh i gceist leis an tagairt, is dócha. Tá mé ag leagan amach gurbh é sin an chéad trácht ar bhaint Thaidhg mhic Gearóid leis an bhfilíocht agus comharthaíonn sé, dar liom, go raibh Tadhg i ndeisceart Liatroma tuairim an ama sin, lár na bliana 1671:

Conditur exigua Rourk hac Bernardus in urnai
(‘i’ os cionn na líne),

Stirpe perillustri, mente, Lipaq Linus.

Hic pudor Hippoliti, Paridis gena, pectus Ulyssis.

Aenea pietas, Hectoris ira jaieth.

Hos juvenum, splendor prouvum Juni Jdibus eheu!

interijt, rutilus vectos ad usqus polos. -----

Chronostiion. [-icon?]

In Christo Divo semper sit gloria viva

I I I III I I I I I III

this hopeful youth died of ye small pox at Leytrim ye 13th of June 1671. about 18 years old, as by ye chronostiion [*sic*] ye See iF ye understand to whom Thady Roddy composed them Elegies. (TCD H. 6. 15., 307 r.).

Pléifear thíos cairdeas Thaidhg le fear eile de Ruarcach, Séafraidh, an té a chum dán beag molta do Thadhg faoin teideal, ‘An chraobh chumhra uaim don saoi’ (duan XV thíos).

Shílí nach raibh baint ag Tadhg le Leabhar Caillín go dtí am éigin in éis 1685, nár tháinig sé ina sheilbh, mar is í an bhliain sin a scríobh lámh anaithnid, Anon. XIV, gluais sa leabhar (Macalister, R. A. S., 1939, 111). D’fhág Tadhg a chraobh ghinealaigh againn ann achar gairid ina dhiaidh sin, sa bhliain 1688 (ibid.).

‘Kiltoghert’ an seoladh a tugadh do Thadhg mac Gearóid sa bhliain 1679. Is féidir, mar sin, go raibh an teach i gCarraig an tSleabháin ina sheilbh aige faoin am seo. Is i bparóiste Chill Tachairt atá Carraig an tSleabháin. Is é seo an teach úr a tógadh uaidh go ‘misdeúrtha’ sa bhliain 1694 (ibid. 294 r.).

Fuair athair Thaidhg, Gearóid, bás sa bhliain 1680 (ibid. 293 v.). Cheap Seán Ó Duinnín marbhna air (ibid. 292). Is féidir gur fhill Tadhg deich mbliana roimhe sin le haire a dhéanamh de ghnóthaí a athar agus le theacht ina oidhreacht. Is é seo an chéad duan a cumadh do bhall dá theaghlach, is cosúil. Chum Seán trí rann iarchomhaire do Thadhg (ibid. 293 v.). Ní fheadar nach gcomharthaíonn an méid seo go raibh airgead ag Tadhg agus é sásta a chaitheamh.

Bhí eascara anaithnid amháin ag feidhmiú tríd an mBéarla, más aon leideadh an chosaint Bhéarla a scríobh Tadhg dar teideal ‘To ye Reader’ (RIA 23 M 23, 27). Thagair Pádraig Óg Mac an Bhaird do Thadhg mar ‘sdúai ghroidheach is léire gan locht’ sa duan molta, ‘A fhir thaistil chríche Cuinn’, (TCD H. 6. 15., 291) :

26

Do thionnluigh Triath na n-Uile,
do Thadhg réidh Ó Rodaighe,
stúai ghroidheach is léire **gan locht**,
d’oineach, tréighe, agus tábhacht. (duan V thíos).

D’fhéadfaí a mheas gur roghnaíodh an focal ‘locht’ le comhardadh le ‘tábhacht’. Ní fios dúinn arbh ea, ná ní fios nár droim ar ais a roghnaíodh iad. Más ag tagairt don chonspóid Bhéarla atáthar sa líne sin, 26 c, is ar lucht na Gaeilge a dhírigh an file Mac

an Bhaird a aird, is léir, leis an dán Gaeilge. Ós rud gur chosaint Bhéarla a rinne Tadhg air féin, ní miste a shamhlú nár Ghael a thug faoi-sean, Tadhg, i dtosach báire. Is féidir gur dhuine éigin gan Ghaeilge a bhí i mbun na mioscaise ina éadan, sin, nó duine a bhí ag iarraidh aird agus doicheadh mhuintir na cumhachta a tharraingt anuas ar Thadhg. Is i RIA 23 M 23, i láimh Aoidh Uí Mhaoil Mhuaidh i bhfíorthuaisceart Ros Comáin, a fhaighimid an chosaint a rinne Tadhg air féin. Is costúil gurbh ar an gcúlraíid a rinne an duine, nó an dream seo, feall ar Thadhg. Ní thugtar leideadh ainm dúinn.

To ye Reader

Reader whether friend or foe, if ye love truth, & Lyes, I care not *which*, If Such *you* will grant me that, Self-defence, is both natural & justifiable in all Creatures, but more peculiarly in MAN, a rational creature partaking of ye Sublime Nature of his omnipotent Creator, by participation : Specialty *when* his name or reputation is touched by lyes, or impositions *which need* be a nice & tender point to be omitted, If ye *person* concerned be able in justice, verity, or honour & Conscience to clear ye imputation AND in stead of palpable lyes, & Old wives romantick fictions and invented Storyes (which among ye Ignorant, & undercerving mob, often passes for recorded verity & current coin) to leave truth & the currant sterling coin) in its glittering feathers of recorded & verity, & Sincerity, to posterity *which* to do, was ye grand concern of all our ancestors of Ireland, leaving no room for idle prattlers whose impertinence (if valuble, as indeed, it is not) might reach to questioning & doubting ye Trinity, unity, ye Divinity, Nay the very being of a God at all; *which* this vindication, is my case as *you* will See by the Sequel. I Spontaneously ye Author of ye Libell all ye nas[t]iest names imaginable (tho ye worst Epitheth, is too good. for such an imposter) purposely to provoke him to appear to his roguery, & villainy, but I find, *yet* its But wounding ye dead, his *feeling* is lost, his groundless lyes, & forgeryes have benumbed his vital animal facultyes. non est inventus. I'm still in being, a friend to truth only, and so will continue to the end of ye taper, if ye forgerer *had* not made use of my name, They'd not troubled my Self at all, but being named, must be Satisfied to lie under a misrepresentation or vindicate my Self and ye truth.

Thadaeus Roddy.
(RIA 23 M 23, 27 - 28).

Faighimid spléachadh de chineál ar Thadhg i gceann de na cáipéisí fada Béarla a scríobh sé. Litir chuig an scoláire Breathnach, Edward Llwyd atá ann. Ní cheileann sé na giotaí Laidine orainn, ar ndóigh, mar scaoileann sé cúpla líne de sin linn ag tús an

tsleachta. Is ríchosúil gur fiafraíodh roinnt ceisteanna de roimhré, tharla gur scríobh sé féin anonn sa litir chuig Llwyd, ‘For the Queryes.’ Is faoi chúram Ollscoil na Tríonóide Átha Cliath anois í, faoin uimhir H. 2. 16. D’fhoilsigh J. H. Todd í in alt dar teideal ‘Autograph Letter of Thady O’Roddy’ (Todd, J. H., 1846, 112-125). Tá de chuma ar an tús, ‘Brionta Maol ón ...’, go bhféadfadh sé go mbíodh leathanach eile roimhe am éigin. Is é is fearr an litir a thabhairt ina hiomláine mar atá :

Brionta Maol

ón ainmnioghtar Bhreátain,
 mac fhearguis, leithdearg,
 mic Neimhigh,
 mic Adhnamain,
 mic Paimp,
 mic Tait,
 mic Seara,
 mic Sru,
 mic Easru,
 mic Braimeint,
 mic Aitheachta,
 mic Magog,
 mic Iapeith,
 mic Naoi, *et cetera*

Britannus Calvus

a quo Britannia nominatur,
 filius fuit Fergusij semirubri,
 is, filius Nemethi,
 is, Adhnamanni,
 is, Pampei,
 is, Tatei,
 is, Searae,
 is, Sruei,
 is, Assruei,
 is, Bramenti,
 is, Aiaghtei,
 is, Magogi,
 is, Japheti,
 is, Noemi, *et cetera*

Haec Genealogia, ex antiquitatibus Hiberniae queis nullae aequales, quarum est infantia totum, respectu Europae, quod dicitur esse vetustas. Vide Brit. Camdeni de antiquitatibus Hiberniae, &c. Vide Doct. Keatingum.

If any (as I know many upstarts will) will admire that the Irish chronologers should preserve their antiquities and genealogies beyond other nations, it proceeds from not duly weighing the reasons, which are these :

The sons of Milesius Hispanus, Heber, Hirus, and Herimon, and their greates uncle’s Ithus’s son, called Lugad, came into Ireland anno Mundi 3500 : before the birth of *Christ* 1699 yeares, computeing from the creation of Adam to the birth of *Christ*, 5199 yeares, according to Eusebius, Orosius, the Septuagint, etc., with whom our chronologers of Ireland do concurre, viz. :

From Adam to the Deluge,	2242	yeares.
From the Deluge to Abraham,	0942	yres.
From Abraham to David,	0940	
From David to the Captivity,	0485	
From ye Captivity to ye birth of <i>Christ</i>	<u>0590</u>	
	5199	

They understood the Hebrean calculation of 1656, to the Flood, as well as any chronologers on the earth, and the difference of the Hebrean, Grecian, and Latine Authors in their calculations of time, but have taken the above calculation of 5199, to *Christ*'s birth, ab Adamo condito, for their standard, as the Church did, according [to] the above warrantable authors.

From the birth of *Christ* to this May, 1700, we live still in Ireland, so that since the Milesians coming into Ireland, *Anno Mundi* 3500, to this May, 1700 : We, the antient Irish, have been in Ireland 3399 yeares, had of our own blood, of the race of Heber, Hirus, Herimon, and Ithus, 193 kings, never conquered, or subiectioned to any foreigne power (tho' disturbd by the Danes for many yeares, but never conquered, or banished, by them, or any other nation, before the English) coming into Ireland. We were the race of kings, Milesius being King of Spaine then, and his predecessors kings of Spaine, of Scythia, &c. For Fenius Farseus fitz Baath, fitz Magog, fitz Japhet, our predecessor, was King of Scythia the time of building the town of Nembroth, and chiefe promoter and superintendent thereof. Vid. Antiq. Hib. Doct. Keting [sic], etc. When our Milesian race came into Ireland they brought their chronologers, their antiquaries, their musicians, etc., along, and all ornaments becoming princes (the preservation of blood being the chief care of all the world, but of those that sprung from the dunghill, or from some meane mechanicke, who never love, or desire to be knowne, nor can be knowne by man). When the said princes got the kingdome into their hands, they assigned large territories to their antiquaries, and their posterity, to preserve their pedigree, exploits, actions, etc.; and so very strict they were in this pointe, that they assigned a triennial convention at Tara (where the chiefe kings of Ireland dwelt) where all the antiquaries of the nation met every third yeare, to have their chronicles and antiquities examined before the King of Ireland, the four provincial kings the king's antiquary royal, etc.; the least forgery in the antiquary punished with death, and losse of estate in his posterity, for ever, so very exact they were in preserving those honorable monuments, and leaving them to posterity truly and candidly; so that this day (though our nation lost estate, and all almost) there is not an antient name of Ireland, of the blood royal thereof descended, but we can

bring from father to father, from the present man in being to Adam, and I Thady Roddy, that writes this, have written all the families of the Milesian race, from this present age to Adam, tho' none of the race of the antiquaries, but a gent. that has more antient bookes of Ireland, and that learned, and understands them as well at least, as any now in Ireland, or any where, all which paines I take for my countrye's sake, for my owne satisfaction, and to preserve so noble and singular a monument of honor and antiquity, &c.

The very bookes that the Milesian antiquaries brought into Ireland, tho' transcribed since by other able hands, wee have, and I have the Chronicle of Ireland continued from Parhalan's [sic] coming into Ireland, 300 yeares after the Flood, to this present age, of the several invasions, colonyes, warres, kings, genealogys, descents, etc. of the nation :

Milesius Hispanus was the 26th descent from Japhet inclusively, and the 36th off Adam, so that it was easy to preserve so many descents. Thus

Milidh Easpainne	Milesius Hispanus (vulgo vocatus Gathelus)
mac Bile,	filius fuit Bilei,
mhic Breogain,	is Brigantii,
mhic Bratha,	is Brathae,
mhic Deaghfhatha,	is Deathae,
mhic Archadha,	is Archadae,
mhic Alloid,	is Allodij,
mhic Nuadhad,	is Nuadae,
mhic Nionuail,	is Ninualli,
mhic Feimhbhrig ghlais,	is Fembrigii,
mhic Adhnoin fhinn,	is Adhnoni Albi,
mhic Eimhirglúin finn,	is Heberi Albigenu,
mhic Laimhfinn,	is Lamhfinni,
mhic Adhnamoin,	is Adhnomonis,
mhic Tait,	is Tatei,
mhic Oghamoin,	is Ogamonis,
mhic Beoghamuin,	is Baegomonis,
mhic Eibhir scuit,	is Heberi Scoti,
mhic Srú,	is Sruei,
mhic Eassru,	is Assruei,
mhic Gaoidhil ghlais, a quo clanna	is Gadheli, a quo Hiberni dicuntur clanna gaoidhil sc. the race or posterity of

Ghaoidhil,	Gadhel,
mhic Niuil,	is Niuli,
mhic Feniusa Farsaigh,	is Feniusi Farsaei,
mhic Baath,	is Baathae,
mhic Magog,	is Magogi,
mhic Iapheth,	is Japheti,
mhic Naoi,	is Noes &c.
mhic Laimhfhiach,	
<i>et cetera.</i>	

So that you see how easy it was to preserve so many descents from Noe, or Adam, to the Milesian invasion, they being the greatest lovers of learning in the world, their predecessor, Niulus fitz Fenius Farsaeus, being borne at the Tower When a building, and a little before, the confusion, and the onely man in the world that learned the 72 languages, and taught them, etc., as our chronicles sette forth at large. Then when the Milesians came into Ireland, they had along with them their antiquaryes, bard, Druides, men of extraordinary learning, who sett up publique schools, taught publicly without sallary, having large estates from the kings, princes, and nobility in every parte of the kingdome to maintaine them, and enable them to discharge that function, whereby Ireland formerly was called Sophiae Magistra, Insula Sanctorum, genetrix Sophiaeque Magistra, et Hibernia: this estate from the Milesian invasion to the present age, was continued to the said Antiquaryes, Druides, Bards, etc. till our nobility lost all their estates to a few; but at this day, as poore as wee are, wee have a greate value for those descended from the said antiquaryes etc., who preserved and recorded our descents, feates, relation, titles, etc. and left it to us in weather-beaten parchments standing for thousands of yeares. Other countryes being totally subdued, enslaved, banished, or killed by other barbarous nations, could not preserve their monumental records, as England, Wales etc., for the invaders made it their business to destroy the honorable records of the nations they conquered, and to bring them all into ignorance and oblivion, a piece of policy: but our country of Ireland was never subdued till the present age, nor have we lost any of our records a principio; tho' the Cromwellians out of zeale to God, and for tender feare of tolerataing or conniving at any superstition, forsooth, destroyed allmost all our crosses standing in rodes, churches, churchyardes, etc., all our inscriptions, on tombes, stones, etc., to a few that escaped the poore zelots, etc.

For the Queryes. I have seen and had several pieces of silver coine for our Irish kings and princes, with their names, but have none now in hand, and am

in hopes to get some of the coine very soone. For our last Irish monarch, Rodericke O'Connor (in whose reigne Hen. *ye 2d* came into Ireland), had silver and gold coined for him at Cloonmac-cnos, and so had his father, Tordelvacbus O'Connor, King of Ireland, and several of our kings, as our records attest.

For old Irish manuscripts, I, Thady Roddy, of Crossefield, in the province of Conaught, and county of Leytrim, Esquire, have as many Irish books of Philosophy, Physicke, Poetry, Genealogys, Mathematicke, Invasions, Law, Romances, etc., and as ancient as any in Ireland, and so has several others in all partes of the kingdome. My honored friend, Mr. Roger Flaherty, lost a curious volume of the Mathematics the last warre, in Gallway, which I lent him, the losse whereof he wonderfully condoles in a letter to me; that greate man's sense of the losse of so rare a piece piercing his noble vitals, for being the instrument thereof, and blaming me in his letter for lending him the booke (tho' nothing in the world was more wellcome to him than the same, nor more ardently courted), etc. Some of the said bookes written *anno Christi 15th*, in the reigne of Feragh Fion Feaghtnagh, who reigned then; some in the reign of Carbry Liffeagher, who began his reign *anno Christi 268*; some in the reign of Cormac mac Art, who began his reign *anno Christi 227*; and the booke continued from generacion to generacion from three hundred yeares after the Flood, to the present age I have, etc. I have several volumes that none in the world now can peruse, though within 20 yeares there lived three or four that could read and understand them all, but left none behinde absolutely perfect in all them bookes, by reason that they lost the estates they had to uphold their publique teaching, and that the nobility of the Irish line, who would encourage and support their posterity, lost all their estates too, so that the antiquaryes posterity were forced to follow husbandry, etc., to get their bread, for want of patrons to support them. *Honos alit artes*. Also the Irish being the most difficult and copious language in the world, having five dialects, viz., the common Irish, the poetic, the law or lawyers dialect, the abstractive, and separative dialects, each of them five dialects being as copious as any other language, so that a man may be perfect in one, two, three, or foure of them dialects, and not understand almost a word in the other, contrary to all other languages, so that there are now severall in Ireland, perfect in two or three of those dialects, but none in all, being uselesse in those times, etc. I have Irish bookes of all those five dialects; I have the bookes of our Law, being 30 in number (though my honored friend, Sir Richard Cox, was once of opinion that our law was arbitrary, and not fixed nor written, till I satisfied him to the contrary in summer, 1699, by shewing him some of the said lawe bookes). We find some of our law ordained by Olimfadius (Ollamh Fodhla), King of Ireland, who began his reigne *anno*

Mundi, 3883, before Christ, 1316, according to our 5199 from Adam to Christ, ut supra : and so continued and augmented as causes required, in the reigns of the succeeding kings, to the English invasion *anno Christi*, 1169.

For Welsh Manuscripts I saw none, but had eighteen letters in my custody before the last warre of 1688, being letters from the kings of Ireland to the princes of Wales, and from the said princes to our kings and nobility at several times, and upon several occasions, etc. I hope to get them into my hands againe.

For writing on boards, we have none extant now, was common in former times, and with the Romans too. *Dare jura tabellis*.

For the Druides, we have enough of their bookes and discipline, being nothing else but a sect of those we call the Irish Antiquaries, who in the Pagan's time professed the art of Divination, etc. Men very learned they were.

For the Carnes, or heaps of stones, in several parts of Ireland, some of them were heaped as monuments in memory of battles fought in such a place, some made in memory of some eminent persons buried in such a place, some of them layed over some corps, as the Romans did. *Aggere cinctus*.

For the forts called the Danes forts, its a mere vulgar error. For these forts (called Rathes) were entrenchments made by the Irish about their houses. For we never had any stone worke in Ireland till after St. Patricke's coming, *anno Christi* 432, the 5th yeare of the reign of Laogary Mac Neill. And then we began to build churches, &c., of stone. So that all our kings, gentry, &c., had such raths or forts about their houses, witness [sic] Tara forts, where the kings of Ireland lived, Rathcroghan in Connaught, etc.

For the stones supported by pillars; they were the heathen priests' altars, though vulgarly called Dermot and Grany's bed, &c.

Observe that Nemethus Britan's grandfather came into Ireland *Anno Mundi* 2850. Britan, his grandson, went for Wales out of Ireland, *Anno Mundi* 3066. That all the Irish of the true blood and he are descended of two brothers in his predecessor, viz., Britan descended from Aiaghty fitz Magog, and the Milesians from Boath fitz Magog, etc.

Thadeus Roddy.
(*ibid.*).

D'ainneoin cuid den bhuaileam sciath a léirigh sé thall is abhus le hEdward Llwyd, is í an umhlaíocht is mó a léirigh Tadhg agus é ag freagairt Sheáin Bhallaigh Uí Dhuibhgeannáin sa dán 'Binn le neach a mholadh féin' (TCD H. 6. 15, 310 r. - 310 v.). Ba é an t-aon fhear é a 'd'fhan mar Oisín d'éis na bhfian, mac Gearóid an fhlaith

fhírfhial' mar a dúirt file 'iolldánach óg' gan ainm (ibid. 295 v.). Deir Éamonn Ó Caiside linn go gcoinníodh sé scoil filíochta :

17

Fuaras Tadhg ag teagasg druadh
a measc na sluagh *sin* go ceart,
iomad saothiodh sean is suadh
ag scaoilíodh uadh 'sa cur cheast.

18

Eisiomh ag fuascladh na cceast,
'na bhreithiomh cheart ann gach cás (dán II thíos).

Ba iontuigthe aos filíochta a linne a bheith mór leis agus lena bhean i ngeall ar an oiread sin díobh isteach chucu ar a gcamchuairt 'scolaíochta'. Rinne sé an oiread cúraim dá dhúchas oidhreachta mar 'aon Oisín i ndiaidh na Féinne' nárbh aon iontas dúinn go dtarraingeodh sé iúl filí an ama. Ní raibh ann ach é. Má bhí pátrúin gann, níorbh amhlaidh an scéal ag an éigse ar fad :

Má ba í aois treascairt agus scaipeadh na nGael an seachtú haois déag, ba í an tréimhse freisin inar tháinig na seanGhaeil go mór chun cinn i gcúrsaí oideachais agus léinn, sa bhaile agus i gcéin, ag múineadh agus ag scríobh. Tháinig toradh chomh trom sin ar a gcuid saothair go gcoinneodh sé foireann scoláirí gnóthach go ceann leathchéad bliain nó níos mó, á scrúdú agus á iniúchadh, á eagrú agus ag cur nótaí leis, á thabhairt chun soiléire agus ag baint sochair iomláin as don teangeolaíocht agus don fhocleolaíocht, do stair litríochta agus seanchais na tíre.

(Ó Maonaigh, C., 1962, 202).

Caithfidh sé gurbh fhear de ghustal éigin é Tadhg Ó Rodaighe, nuair a theann sé amach in earr a shaoil, i leaba na Ruarcach agus Clann Ír a chaill mórán dá raibh acu i leath tosaigh an 17ú aois (Mac Cuarta, B., 1999, 114 & Mac an Ghallóglai, D., 1966, 58 - 59). Bhí an chosúlacht sin air sa mhéid gur aistrigh Clann Mhic Con Mara aneas in éineacht leis as Tuamhain san am agus gur thóg Tadhg teach úr ar a chuid talún i gCarraig an tSleabháin, 1694 (TCD H. 6. 15., 294 r.). Bhí talamh eile aige fós in Achadh na Croise, 1696 (ibid. 311 v.). Bhí an t-athrú saoil le brath go láidir sa chuntas a scríobh Tadhg chuig William Sheridan, tuairim na bliana 1683 :

... Dromaheir Bar, is named from *ye* towne of Dromaheir formerly one of oRorks Manners the sd Drom : being alwayes one of the chiefe seates of the great oRorkes, when Kings of all Conaught whereof foure of the name (Rorke) have been, vizt. Art, oRorke, farroll, hugh, & Daniel, or

when Kings of Brefny or Meate onely. here oRorke had a very strong old Castle on the rapid River Bonad, and a very large Hall for his dineing Roome, annexed to ye Castle, w[ith]e seates of stone about ye Hall. The Layde Villiers (after the County was lost in Sr. Teig oRorkes Sons ut supra) had this Mannor given her, where Shee built a very large house of the Stones of the sd old Castle, (RIA 12 W 22, 2 v.).

Ní raibh sa timpeall le meas ar dhán, ná le sláimín a cheannaithe, ach é féin amháin. Ní fheadar nach é an ghéarchéim seo a thiomáin Peadar Ó Maoil Chonaire a bheith ag bagairt a aortha, mar a fheicfimid á phlé thíos faoi theideal ‘A mhic Gearóid an ghlóir ghloin’ (TCD H. 6. 15, 298 r.).

Is cosúil ar dhuan amháin, gur d’aon oghaim le sciath thar lorg a dhéanamh do Thadhg a cumadh é (ibid. 298 r.). Cíorfear an cheist thíos faoin duan dar teideal ‘Fíorchradh d’Éirinn turas Taidhg’. Is féidir gurbh é taobhú seo an tSeacaibíteachais an ghné is mó a tharraing aird agus bá aos léinn is filí anuas ar Thadhg. Nuair nach fáidh fear ina dhúchas féin, níorbh aon dochar an seal deoraíochta a chaith sé i dTuamhain. Easpa pátrún eile na linne, maoin éigin de chineál a bheith cnuasaithe aige agus a luí le polaitíocht mhóramh a linne, is dócha, a d’fhág Tadhg ina cheap filíochta i ndeireadh a ré.

**Fionnghuala Nic Con Mara,
Bean Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe.**

Maidir le Fionnghuala Nic Con Mara, bean Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe, ní miste cuimhneamh gur de shliocht Sheáin na nGeimhleach Mhic Con Mara í :

*Fionnguala ní Con Mara
inghean Donnchaidh
mhic Seáin Riabhaigh
mhic Sheáin na nGeimhlioch (TCD H. 6. 15, 278).*

Ba de Shíol Aodha an Seáin na nGeimhleach seo :

Seaain na ngeimhlioch mhic Con mara mhic Mathghamhna mhic Aodha mhic Philip mhic Con mara mhic Lochluinn mhic Meiccon mhic Lochluinn mhic Con mheadha mhóir, ceap Shíol aodha uile mhic Seaain mhic Meiccon mhic Lochluinn mhic Con mheadha mhic Neill mhic Conmara mhic Domhnuill mhic Con mara a quo an sloinneadh (ibid. 311 r.).

Bhí a bhfonn oidhreachta i gcompall Chuinche tráth dá raibh. Bhí ‘Cuherbally-mullrony’ ina sheilbh ag Seán na nGeimhleach agus fágadh trian de Bhallykelly ag a mhac, Shane (= Seán Riabhach) le gabháil chine, nó ‘Gavelkind’ mar a thugtar ar an nós thíos :

... taken at the town of Sixmilebridge, ... the tenth day of January, in the first year of the reign of King Charles, to inquire ... what lands and what holdings Shane ne Gilliagh MacNemarra, lately of Cuherbally-mullrony, ... gentleman deceased, hath held on the day he died. ... And what time the same Sheane ne Gilliagh Macnemarra died. ... Which jurors ... declare that .. Shane MacNemarra was seized in his demesne as well as in his leased land and in a third part of one quarter of land in Ballymullrone. And being thus seized, he then died, on the last day of March 1587. And that all, and the several premises descended to certain persons,

Donnogh, Maccon, **Shane**, Hugh, and Daniel Mac Nemarra, his sons and coheirs, according to a custom called Gavelkind, in use from ancient times in the said county. And from the day of the death of the said Shane ne Gilliagh MacNemarra, these remain seized of the premisses, in the following mode and from - viz., the aforesaid

Donnogh remains siezed of and in a third part of a quarter land in Bally rully.
And that the aforementioned
Shane Mac Nemarra is similarly seized in half of one quarter of land in
Ballykelly aforesaid. And that the said
Hugh MacNemarra is seized of and in half of a quarter of land in the aforesaid
Carrowcore. And that the aforesaid
Donnell MacNemarra is likewise seized of and in a quarter metre of land in the
aforesaid Carrowcore. In Testimony of which affair, the Commisioners, as
well as the jurors, ... place their seals, ... 24 th July 1626.

(Mac Namara, N. C., 1896, 187).

Bhí talamh ag Seán Riabhach Mac Con Mara fós, scathamh de bhlianta ina dhiaidh
sin. Tugadh le fios go raibh ‘John reagh mac Shaen naginelagh’ sa cheantar sa bhliain
1641 A. D. (Simington, R. C. & Mac Giolla Coille, B., 1967, 46).

Níorbh aon dream cosmhuintire iad seo dar leat. Is é is dóichí gur chleamhnas a
tharraing Tadhg agus Fionnghuala i snaidhm an phósta. Sílim gurbh ea, mar go raibh
Tadhg Ó Rodaighe dhá bhliain níos sine ná athair Fhionnghuala! Fuair seisean,
Donnchadh mac Sheáin Riabhaigh Mhic Con Mara, bás sa bhliain 1696 agus é tuairim
is ceithre scór bliain d’aois :

.... déug Anachadh na Croise dieardaoin 4 February *anno Domini* 1696. circa
horam 11 ante meridian circa *aetatum* 80 *annum*. Ní bhfuair bás ariammh duine
ba measadha (ibid. 311 v.).
(= ba mheasta, nó ‘Ba mhó faoi mheas daoine’, ní foláir.)


Bhí triúr deartháireacha ag Fionnghuala. Fear díobh darb ainm ‘*Seán*’ a fuair bás i
gCo. an Chláir an tríú lá de mhí na Samhna, ní féidir a bheith cinnte faoi léamh ceart na
huimhreach deiridh le salachar na lámhscríbhinne :

A mhac oighreachta Sean d’éug i cconndae an chláir *october* 23 169[?]
(TCD H. 6. 15., 311 r.).

Ní thugtar le fios cén aois a bhí aige, ná cár adhlaiceadh é, ach ba é Cuinche áit
adhlaictha Dhonnchaidh mhic Dhonnchaidh, deartháir eile de chuid Fhionnghuala, mar a
fheicfimid thíos (ibid. 270). Déanaim amach go raibh Tadhg scór go leith nó breis is dá
scór níos sine ná Fionnghuala, má mheáimid a haois sise ó aois a dearthár, Donnchadh
mac Donnchaidh mhic Con Mara. Fuair sé bás sách óg. Cuireadh é roimh a athair,
Donnchadh mac Seáin Riabhaigh. Ní raibh ach 35 bliain slán ag Donnchadh mac
Donnchaidh nuair a fuair sé bás sa bhliain 1692 :

..... A mhac oile Donnchadh óg príomhshaoi gaoidhlice, Laidne, Greigise, Abhruise, Fraincise, ceoil *et cetera* déug san Múiriasc i cconndae an Chláir. 16 July 1692 *anno aetatis* 35. Níor fhág a aithgin beó san ríoghacht. (ibid.).

A bhuí do Sheán Ó Donnabháin, is dóigh liom, a bhreac an chraobh ghinealaigh seo a leanas taobh istigh de chlúdach lámhscríbhinn Mhuiris Uí Nuabha (ibid.). Ní miste má leagam roinnt dátaí báis idir lúibíní leis an gcráobh d'fhonn soiléire :



Is eol dúinn, dá thairbhe seo amháin, gur fhág Tadhg agus Fionnghuala mac agus ua ina ndiaidh. Tugann líne as duan Dhiarmada Mhic an Bhaire, ‘Fíorchrádh d’Éirinn turas Taidhg’, le fios nárbh i dtaobh le haon duine amháin clainne a bhí an bheirt acu :

37
A slán a aithghin oile
d’fhagháil don **chloinn** chumhraidhe, ... (TCD H. 5. 16., 299 v.).

Maidir le hionad curtha na beirte, shamhlófaí gur i bhFíodhnach a adhlacadh iad. Tá aon seanleac uaighe amháin i gcuimhne Mhuintir Rodaighe laistigh den tseanmhainistir i bhFíodhnach. Is féidir gur ar ionad adhlactha an chomharba é. Bhí an leac ina seasamh le balla trí fhicead bliain ó shin (Ardclon. 1937, 66 - 67). Ní le balla a thuilleadh é ach ar a droim i ngar do staighre na seanmhainistreach. Is féidir gur faoin gcompal áirithe sin a bheadh Tadhg agus Fionnghuala lena ndeachaigh i gcré ina ndiaidh. Is inléite fós a bhfuil ar an leac ón armas anuas :

Entombed here all virtue lies.

Sacred to the memory of the

Rev. Bernard Rodaug, Pr. of Fenagh 1760 - 80.

Rev. Farrell Rodaug, O. S. F., 1742 - 70.

Rev. Peter Rodang, (sic) Pr. of Fenagh 1810 - 13.

Also to the memory of John Rodaughan,

Nephew of the above B. O. F., 1707 -70,

Erected by his son, Rev. Bernard Rodaughan, Pr. of Fenagh.

Pray (for them).

Hail Sacred Church, parent of pious dread

Once nurse of science, still virtue's best defence

Here while with awe in reverence I read

I view with apathy the joys of sence

Here sleep the checkered sons of tempting Eve

In sable silence here their souls repose

The Prince, priest, monarch, peasant, and the slave

Who, when living were determined foes.

So the vindictive sons of dire affray

Into time's vast ocean rolling past.

What do avail your ceaseless broils to-day? (Mainistir Fhiodhnaigh).

Bhí cuid de Mhuintir Rodaighe fós ag teacht salach ar an stáitchóras ag tús an ochtú haois déag. Bhí cuid de chomhlúadar na leice sin thuas, más iad a bhí i gceist, ag na Seisiúin Speisialta i gCora Droma Rúisc, an 27ú d'Iúil na bliana 1714 :

Whereas the Grand Jury then and there impannelled and sworn present that . . . and that Farrell Rodaghan, a Franciscan friar in the parish of Fenagh; and that another Rodaghan, a young priest newly ordained, whose Christian name they know not, that frequents the parish of Fenagh; . . . : do all frequently say Mass, and have not taken the oath; . . . and that one Bernard Rodaghan, a young priest, lately ordained, says Mass in the parish of Fenagh, and elsewhere. All of which said priests and friars do frequently say Mass, and exercise their priestly functions, not having taken the Oath of Abjuration : but act in publick defiance and contempt of the laws of this Kingdom. . . . to be dealt with according to law
(Ardclon. 1935, 14, 15, 16).

**An 'Treas' Tadhg, nó
Tadhg Óg Ó Rodaighe, mac Taidhg.**

**An ‘Treas’ Tadhg, nó
Tadhg Óg Ó Rodaighe, mac Taidhg.**

Thug Pádraig Óg Mac an Bhaird ‘an treas Tadhg’ ar gharmhac Bhriain Bhuidhe Uí Rodaighe agus thagair don chainean a thionscain an Tadhg sin ‘iar mbeith cúig bhliadhain i sibhte’ i Londain (TCD H. 6. 15, 304 r.). Thagair sé amhlaidh dó, ‘an treas Tadhg’, sa dán ‘A fhir thaistil chríche Cuinn’ agus an tréimhse go díreach roimh Éirí Amach na bliana 1641 faoi thrácht aige :

23

An treas Tadhg ní cían ód chear
ar ccur a anma os gort Gaoidheal,
’s do chuir seal a cceisd go cruinn,
a theisd air lea a Lúnaind. (dán V thíos).

Is é mo bharúil gurbh é an fáth ar tugadh ‘an treas Tadhg’ ar an bhfear céanna, go raibh seisear Tadhg Ó Rodaighe in achar sé ghlúin ar an gceann acu, idir chraobh Thaidhg Óg mhic Thaidhg ar láimh amháin agus chraobh Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe chomh maith leis. D’fhéadfadh ceachtar de dhá mhíniú a bheith leis an ‘treas.’ Is é an chaoi go bhfuil triúr Tadhg in áireamh siar díreach sé ghlúin ar a líne féin amháin. Sin, nó go raibh triúr Tadhg comhaimseartha le háireamh sular rugadh Tadhg mac Gearóid tuairim na bliana 1614. Orthu bheadh col seachtair do Thaidhg Óg é féin. Ba é sin Tadhg ‘tréanmhar’ mac Gearóid mhic Thaidhg mhic Thaidhg Uí Rodaighe a bheadh le háireamh i dtosach. Bheadh a athair féin, Tadhg mac Brian Buidhe sa dara háit, agus d’fhágfadh an bheirt Tadhg úd Tadhg Óg le háireamh mar ‘an treas Tadhg.’ (Féach freisin dán V ‘A fhir thaistil Chríche Cuinn’, nóta 11.)

Is í an cháil is mó a bhain an fear seo amach dó féin, gur tharraing sé easpag Ardachaidh, John Richardson chun caingne mar gheall ar thailte a shinsir, talamh chomharbacht Chaillín. Tá gach cosúlacht ar an scéal chomh maith leis sin, gur fhág sé lámhscríbhinn sách glan againn ina lámh féin. Is í roinn ‘j’ de Is. Mhaigh Nuad C 74 atá i gceist agam. Níl sa lámhscríbhinn seo, is é sin, cuid j, ach ábhar a bhaineann le Conmhaicne agus seanchas a mhuintire, cuid de gar do chuntas Leabhar Caillín (Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1875, 390) :

do muinntir Rodachain rathmhair
do rad Adamhnán seach cach,
as oighreacht ar nach biaidh diombladh,
tigheartas (sic) Fiadhnoch (Maigh Nuad, C 74, j, 29).

Is í an lámhscríbhinn seo an t-aon áit a bhfuil ginealach Thaidhg Óig Uí Rodaighe. Rianaítear siar go hAdhamh é, seachas seacht nglúin atá bailithe le himeall leathanach 29. Aon lámh amháin a scríobh cuid ‘j’ den lámhscríbhinn seo ach amháin deich líne rúnscriofo a scríobh Tadhg mac Gearóid ar lch. 31. Níl ach aon ghinealach amháin ar an sciar seo, ‘j,’ den lámhscríbhinn, an chraobh atá luaite agam anois díreach, ginealach Thaidhg Óig. D’fhéadfaí gurbh é Tadhg Óig féin údar na coda seo den lámhscríbhinn.

Nílimid i dtaobh le ginealach an athar amháin i ngeall ar bhlúirín eolais a roinntear linn ag deireadh na dtrí rann de chuid Con Coigríche Uí Dhuibhgeannáin. Scríobhadh ansin gurbh í Nuadhlaith Ní Ruairc a mháthair, is é sin, máthair Thaidhg Óig Uí Rodaighe :

Nuadhlaith Ní Ruairc,
inghean Tigearnáin
mhic Aodha a mháthair mhaith, et cetera (TCD H. 6. 15., 304 r.).

Chríochnaigh gabhal ginealaigh Shliocht Thaidhg na gCaor Uí Ruairc leis an dá ainm baiste úd Tighearnán mac Aedha, ach tá fáitíos de chineál orm go raibh an bheirt sin an-déanach ar an bhfód (RIA 23 D 17, 134). Nuair a áirítear na glúnta siar ar comhchéim, oibríonn sé amach go mbeadh Nuadhlaith, máthair Thaidhg Óig Uí Rodaighe, trí ghlún níos óige ná Brian (Óg) na Samhthach Ó Ruairc (RIA 23 D 17, 133), an té a bhásaigh i ndiaidh Chogadh an Dá Aodh sa bhliain 1604 (Casway, J., 1988, 560). Fós féin, bíodh gur tharla roinnt Ruarcach eile liom sna Fiantas gosan ainm baiste ‘Tighearnán’ orthu, níor theagmhaigh mé le héinne de na Tighearnáin seo a raibh ‘Aodh’ mar ainm ar an athair acu. Tá sé le rá ar son na líne sin, gur Ruarcaigh dheiscirt Chontae Liatroma is ea Ruarcaigh seo Shliocht Thaidhg na gCaor. Is é sin, gurbh iad na Ruairc ba foisce do Mhuintir Rodaighe iad. Áiríodh an sliocht sin mar ‘Sleuight Teg ne Geyrr’ i gCowlovlyn (= Cúil Ó bhFloinn) sa cháipéis ‘The county of Leitrim limited and appointed A.D. 1583’ (Hardiman, J. 1846, 347). Is le taobh Ffyenaghe (= Fiodhnach) agus Killfover (= Coill Fobhair) ‘all belonging to the bishoprick of Ardagh’ a cuireadh ‘Sleight Teig ne Gier O’Royrke’ sa Composition of Connaught, áit a mbíodh ‘Sleight Cahall Ballaghe’ lonnaithe (ibid. 349). Ba intuigthe a bpósadh ar mhuintir Rodaighe as Fiodhnach ina gcompall féin tíre. Is féidir mar sin, gurb í an líne Ruarcach seo a leanas ginealach athar móir Thaidhg Óig Uí Rodaighe, taobh na máthar. Tabharfar faoi deara gur tharla Seán mac Uaithne ar an líne ghinealaigh seo faoi thrí. Ní miste cuimhneamh ar an méid sin agus sinn ag meá ceist an ama a réiteach le himeacht na nglúnta :

Tighearnán

mac Aedha

mhic Sheáin

mhic Uaithne

mhic Sheáin

mhic Uaithne

mhic Sheáin

mhic Uaithne

mhic Chathail Bhallaigh

mhic Airt,

mhic Thaidhg na gCaor srl.

(RIA 23 D 17, 134).

Ghlac cuid de na Gaeil leis gurbh é Tadhg a bhain cás caingne seo na gceall. Bhain an cás seo le héileamh Thaidhg ar thailte a mhuintire, arbh ionann agus talamh na comharbachta, ar an mbun gur leosan, muintir Rodaighe agus nár leis an Eaglais Chaitliceach ná le hEaglais na hÉireann ina diaidh iad. Shílfeá ar an dán is faide a scríobhadh in ómós Thaidhg Óig, ‘Maith, thráth do thoigheacht, a Thaidhg’, le Fearghal Muimhneach Ó Duibhgeannáin, gur bhain Tadhg gach ceart comharbachta ar ais leis as Londain :

4

Oidhre Fiodhnach fuair anóir,
'na scríbhinn leis ó Lonndoin,
dá dtug síos go teann teangaidh,
cíos seang ar na seincheallaibh.

5

Tadhg, mac Taidhg, *mhic* Bhriain Bhuidhe
de fhréimh ríoga Rudhraighe,
béaraidh a oirbheart inn tar ais,
go hoirdhearc 'nár gcill chádhaís.

6

Buain d'oidhreacht an fhuinn scathaigh,
má smuain Easpag Ardachaidh,
cuirfidh sé síos a shochar,
gan chíos, ós é a n-ordachadh.

.....

.....

8

Cuirfidh sé sa riocht roimhe
cealla mhuidhe Maonmuidhe,
gan scís 'na suidhe go sáimh,
arís ón uile éagáir.

(TCD H. 6. 15., 303 v.).

Tá gluais le deireadh an dáin a thugann le fios go bhfuair Tadhg an ceann is fearr ar an easpag sa chás dlí :

As Ionndinn do tháinic Tadhg fán amsa, iar mbeith chuig bhliadhain a sibhte dho ann, ris na heaspucaibh, fá chealluibh Eireann. da mbuain dona heaspucaibh gallda *et deighrigh sin* leis, go ttainic go héirinn tré Alboin, i ttós an chogúigh. 1641. ní raibh in eirinn duine dab fhogluma, ina dob fhearr dhfhear dlighigh ina é.

Is don Tadhg *ceadhna* do righne Cú choiccchriche *mhic* tuathail bhuídhe uí Dhuibhgeannain an dán órdha dirioch, fón am ann ar ghlac an sibhte *reimhráidhte* do láimh, a naighe ghailleaspuc Eireann (ibid. 304 r.).

Scéal eile is ea fíric na staire áfach. Caoga sé bliain roimhe sin, 29/9/1585, áiríodh ‘also fiennagh 9 quarters’ talún ‘belonging to the said Bishop’ (of Ardagh) sa ‘Compossicion Booke of Conought’ (Freeman, A., 1936, 141). Tuigimid ó Fianta Eilise dhá mhí ina dhiaidh sin arís (18/11/1585) gur maitheadh do ‘Gerald ó Roddechan, of Fynaugh, Brian Boy O Roddechan, Morish Oroddechan, Wm. oge O Roddechan, of the same,’ as cibé ní as alt a bhí déanta acu. Ba le Brian na Múrtha Ó Ruairc, ‘of Dromaher, co. Leitrim, knight,’ agus muintir na Bréifne Thiar a áiríodh iad. Bhí Brian le crochadh ag Tyburn sa bhliain 1592 as Spáinnigh a chothú agus léimid ag Sir Richard Bingham dá dheasca sin :

So that as her majesty is duly answered Her Composition for the whole shire, and is entitled to the aforesaid seignory and the lands of the traitor, which properly were O’Rourke’s, and besides, to such spiritual livings as are lying in the country and are at present kept by divers ‘churchmen termed **Corbes**’ there cannot be any other division of the country upon the present execution of the traitor O’Rourke, (CSPI, 1591, 469).

Agus i litir eile uaidh :

... send in a surveyor to see what lands of O’Rourke are there - they now belong to the Queen ‘together with such spiritual livings as the **Coherbes** and other do wrongfully withhold from her Majesty (CSPI, 1591, 666)).

Shantaigh Bingham na tailte úd a bhaint don bhanríon, is léir, ach ní raibh tuairisc dá gcuid féin a rinneadh ag tús an 17ú céad ag teacht leo. Ní bheadh coigistiú na dtailte bailí :

But he (= an t-easpag) cannot remove him [= an t-airchinneach] at his will, nor alter or increase his anuall rent or pension, nor take any part [f. 36 v.] of the lands or tithes from him or his sept and yf the Herenaghe and his whole sept

were extinguished then the Bishoppe might ransome [.i. lease] the Herenagh[cy] unto another sept by his own decision but under the same rent and conditions as the former Herenaghes were *intracuit* unto.

(Jeffries, H. A., 1999, 18).

Thosaigh Plándáil Liatroma mí na Nollag 1620 cé go raibh sí ar na bacáin le blianta roimhe sin. Tugadh 140 acra talún do Thadhg Ó Rodaighe áirithe i mbarúntacht Mhaothail sa bhliain 1621/22 agus luaitear na bailte fearainn a bhain leis :

To Teige O'Rody, gent. - Leitrim co. 100 acres arable land and 40 acres bog and wood in Lissegeerovane, Dromline, Lisgillag, Mahanahmore, Mahanahbegg, Dromlagh, Dromne, Melcha, Dromgon, Clonsaran, Cooh and Kilfey, parcel of Ballyhillyfehy next adjoining Lissegeerovne, in the barony of Mohill; rent for the arble land £1-0-10 and for the bog and wood 3s.

(CPR Js. I, 530).

Cén Tadhg Ó Rodaighe é? Arbh é Tadhg Óg, a athair, nó col seisir a athar Teige O'Rody seo na bliana 1621/22 (ibid.)? Ghníomhaigh Tadhg Óg scór bliain ina dhiaidh sin. Fuair an Irish House of Lords litir ó urlabhraí The House of Commons i Londan, Dé Luain, an dara lá de Mhárta na bliana 1640/41 (JHLI, 1634-98). Bhíothas ag cuardach John Anderson, easpag Ardachaidh i Londain. Ordaíodh abhus i mBaile Átha Cliath go mbreathnódh an Lords of the Committee of Privileges i mBaile Átha Cliath ar an iarratas anoir (ibid.). An lá céanna mheasadar gur chóir a chur ar shúile an easpaig 'that his Lordship should have license to go to England if he please' (ibid.).

An lá dar gcionn tuairiscíodh 'that the committee have considered Ardagh's petition' faoi dul anonn go Sasain agus moladh go gcuirfí ar shúile do Urlabhraí na Commons cuid 'privileges' easpaig Ardachaidh. Chuathas i mbun litreach 'commanded by the Lords house of Parliment here' an chéad lá de Mhárta 1641 :

..... to give you to understand that a petition is exhibited by the Right Reverend Father in God John Lord Bishop of Ardagh, a Member of this house, that his Lordship hath received Summons or notice in Writing whereby he is required if he please by himself, his Counsel Attornies or Solicitors, to appear in the house of Comons now assembled in the Parliment of England on the fourth day of this instant march, to attend the hearing of a case, upon a complaint there exhibited by one Teige O'Rody Gentleman, at which Hearing (in case the same should proceed) (ibid. 3/3/1641).

Níor cheadaigh an teach abhus é a ghabháil anonn le teann cruóige orthu. Chonacthas dóibh :

....(that) it cannot well consist with his Majestys Service, and the great affairs of this kingdom, now in agitation in this Parliment, ... the Lords think not fit to licence his departure into England being confident, that the House of Commons in England will not proceed to any determination of the House, wherein a member of the Lord's here is concerned; ... (ibid.).

D'iarradar an cás a phlé abhus :

..... but will rather incline to remit the seme to the Parliment here, where the Complaints mey receive Justice according to the merits of his case; (ibid.).

Tháinig an scéal faoi mheas na Parlaiminte arís 25 Meitheamh 1641 agus thuigeadar go raibh iarratas sa teach acu ón 21 lá de mhí Eanáir in ainm 'Teige O'Rody vs. John Anderson' :

..... which matter should several months since have received a hearing.
(ibid. 25/6/1641).

D'ordaigh siad :

It is ordered for the care of the Charge and Attendance of the said parties by themselves, or their Agents, here in England that the Petition shall be remitted to the Parliment in Ireland with effect for the Relief of the Petition and others concerned therein. (ibid.).

Cuireadh aguisín tábhachtach leis cúig lá ina dhiaidh sin, iarnóin an 30^ú lá Meithimh 1641 :

Ordered that TOR Who has his petition recommended from this house[,] the parliment of Ireland is now ordered that if the Parliment shall be risen before his petition comes thither that it shall be recommended to the chancery to be there proceeded in with effect, for the relief of the parties concerned. (ibid.).

Tuigimid nár chun sochair Thaidhg Óig a chuaigh cúrsaí ar ball nó bheadh athrach scéil ar shealbhas na dtailte eaglasta idir an dá linn. Dheimhnigh Pádraig Óg Mac an Bhairead cheana dúinn ar aon bhealach, nach raibh ann ach 'thuas seal' :

's do chuir **seal** a cceisd go cruinn,
a theisd air leat Lúnaind (TCD H. 6. 15, 291).

Baineann tábhacht ar leith leis an ngluais a chuaigh leis an dá dhán ina ómós. Tuigtear dúinn go raibh Tadhg Óg cúig bliana thall i mbun na sibhte ach insíodh dúinn freisin i dtaobh an dara dán, 'Aoinsciath chosnaimh na cceall,' an t-am ar ceapadh é :

fón am ann ar ghlac an sibhte reimhráidhte do láimh, a naighe
ghaillaspúic Eireann (ibid. 304 r.).

Is féidir gur idir 1636 agus 1641 a chum Cú Coigríche mac Tuathail Buidhe Uí Dhuibhgeannáin an dán a mhaireann ar éigean mar 'Aoinsciath chosnaimh na cceall.' Ba fhear an-cháile an Cú Choigríche céanna. Bhí ar dhuine den cheathrar cáiliúil a scríobh Annála Rioghachta Éireann. Thugtaí Peregrine air mar leagan Béarla. Más é an fear céanna agus a athair leis a bhí faoi thrácht i gceann de Fianta Eilise, 5439, 10/7/1590 A. D., bhí cónaí orthu i nDroim Colpach/Dromcalpe, paróiste Fhiodhnaigh, mar is ann a bhí :

Cogorie, Farfasse, **Toell**, Richard, Fartasse, Moylemorre, Kirrew, Dalvay,
Donnagh, Cahell ro agus Coaghe O Dowgenan
(de Búrca, É., 1994, iml. 3, 107).

Is é an chaoi gur maitheadh dóibh in éineacht le Ruarcaigh agus le Muintir Eolais an bhliain sin. Rinne an tAthair Pól Breathnach iarracht an leathcheal a rinneadh i gCú Coigríche/Peregrine a chúiteamh le trácht go leor air san alt 'The Learned Family of O Duigenan.'

Luadh le Fearghal Muimhneach Ó Duibhgeannáin thuas cheana an chaingean faoi na tailte eaglasta :

Oidhre Fiodhnach fuair anóir,
'na scríbhinn leis ó Lonndoin, srl.
(TCD H. 6. 15, 303 v.).

Measaim gur idir mí Márta na bliana 1640 agus mí Meithimh na bliana 1641 a ceapadh é i ngeall ar an dearfach uile atá ann, agus go háirithe lua na scríbhinne 'leis ó Lonndoin.' Is é Fearghal an dara fear de mhuintir Dhuibhgeannáin a chum dán do Thadhg Óg Ó Rodaighe. Tá a fhios againn gur bhain Feargal le hUí Dhuibhgeannáin Chille Rónáin mar is faoin teideal úd 'Genealach Uí Dhuibhgeannáin Cille Rónáin ardollamh Clainne Maolruanaigh' a fhaighimid a ghinealach (RIA E iv 4, 12).

Bhraití an sliocht Duibhgeannán seo Chille Rónáin níos sinsearthaí ná muintir Dhuibhgeannáin Coilleadh Fobhair, Contae Liatroma. Leagtar leabhair go leor orthu (Walsh, P. 1947, 13-33). Tuairiscíodh maithiúnas ‘Ferrall Moynagh O Doygenan, gent. of Tullynehaghadegenan’ (ibid. 11). Deir an tAthair Walsh linn gur baile fearainn i bparóiste Chill Rónáin is ea an áit chéanna (ibid.). Is dócha gurb é ‘Tullynaha’ in Airgnigh é.

Níor tháinig a dhath de shaothar Thaidhg Óig Uí Rodaighe i gcúirt dlí Shasana, tráth an éirí amach 1641, agus mheasfaí ar an timpeall a thug sé air féin an bhliain sin go raibh sé ag filleadh faoi choim :

... go dtainic go hÉirinn trí Albain, i dtús an chogaidh. 1641 ...

(TCD H. 6. 15, 304 r.).

Scríobh John Logan faoi mar seo a leanas :

Attempts were made during the 1630s by the then head of the family, also called Tadhg, to have the hereditary holdings of his family, returned to him. His lawsuit with the anglican bishop of Ardagh, John Richardson, in which he hoped to prove that the Fenagh coarb lands were family property and completely independent of any ecclesiastical demands, was unsuccessful.

(Logan, J., 1971, 32).

Luaitear go minic é féin, nó a chol seisir, Tadhg ‘tréanmhar,’ san fhiosrúchán a lean an t-éirí amach. Tá cuid de scríbhneoireacht na cáipéise seo de réir an mhicreascannáin, ls. TCD 831, an-doiléir, ach tig linn eolas go leor a chrú aisti. Thug John Stevenson ráiteas sa bhliain 1643 mar ‘pawson of ye pawwish of o whwa’ (= Uachtarachadh?) go raibh Teige O’Roddy of ‘Pfonah’ (=Fiodhnach), páirteach san éirí amach (TCD micreascannán 831, 2). Dúirt Gilbert Corbin agus John Winder, ‘yoeman’ as paróiste Cill Tachairt, go raibh ‘Teige O’Ruddy of the pawwish of ffenan’ ann (ibid.). Dúirt George Gonne go raibh John o Rodie, Doneill o Rodie, Brian Boy o Rody, agus Thomas o Ruiddaghan páirteach san obair (ibid.). Dúirt Thomas Waller go raibh Shane O Ruddy of Pfennah, gent. ann (ibid.). Chuaigh Tadhg Óg Ó Rodaighe ar thriogh gan tuairisc as sin amach agus ní thig liom a rá cérbh é fód nó trúig a bháis.

Leabhair Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe.

Leabhair Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe

Scríobh Cainneach Ó Maonaigh mar seo a leanas agus é i mbun scoláirí Gaeilge an seachtú haois déag a mholadh, Tadhg Ó Rodaighe ina measc :

De cheal fháisceán clódóireachta agus foireann litreacha Gaeilge is mó go mór a bhí Gaeil le ceithre chéad bliain anuas ag brath ar na scríobhaithe agus ar na graifneoirí leis an tseanlitríocht a chaomhnú agus a chur ar fáil dóibh ná mar a bhí náisiúin eile iarthar na hEorpa. Murach iad, níl insint scéil ar an méid seoda liteartha a mbeimis dall anois orthu. Cuimhnigh ar ar scríobh Mícheál Ó Cléirigh, Dáibhí Ó Duibhgeannáin, Niall Gruama Ó Catháin, Aodh Ó Dochartaigh, Fearghal Ó Gadhra, Diarmuid Ó hEidirsceoil, Antaine Ó Conchobhair, Críostóir Mac Gearailt, Conall Mac Eochagáin, Pól Ó Colla, Tadhg Ó Rodaighe, an scríobhaí anaithnid a bhfuilimid ina chleithiúnas le haghaidh dhánta diaga Bhathmaic mhic Chon Brettan, file a mhair chomh fada siar le lár an ochtú haois agus a lán eile a bhí ag saothrú go dúthrachtach lena bpinn i gcaitheamh na haoise corraithe seo. (Ó Maonaigh, C., 1962, 202).

Níl aon lámhscríbhinn iomlán mór amháin a scríobh Tadhg Ó Rodaighe ar marthain. Is féidir a bhfuil fanta againn de na lámhscríbhinní a raibh baint ag Tadhg leo a roinnt ina dtrí aicme. :

- (i) Lámhscríbhinní ar scríobh Tadhg Ó Rodaighe sliocht amháin nó breis iontu;
- (ii) Lámhscríbhinní ar cóipeáladh codanna díobh as lámhscríbhinní a scríobh Tadhg Ó Rodaighe;
- (iii) Lámhscríbhinní a mheastar a bheith tamall i seilbh Thaidhg Uí Rodaighe, sin, nó gur bhain Tadhg leo ar mhodh teagmhaiseach eile.

Is san ord sin a dhéanfar trácht orthu uaidh seo síos. Níl ach aon leathanach amháin i gceist le cuid den chéad aicme thuas. Ar an láimh eile, is lámhscríbhinní sách toirtíúla iad cuid díobh siúd sa tríú haicme.

.....

1.

TCD H. 5. 19. (=1391)

Triúr a scríobh an lámhscríbhinn seo, Tadhg Ó Rodaighe ina measc. In éineacht leis duine éigin a thug ábhar a bhain go dlúth leis an gClár agus bhí Muiris Ó Gormáin. An blogh is mó a mhaireann dar scríobh Tadhg Ó Rodaighe in aon lámhscríbhinn amháin, go bhfios dom, is ea na trí chuid seo a leanas den lámhscríbhinn seo :

lch. 77, ‘Colum Cille cecinit agus Laigh na mBuadh a hainm’. Naoi rann.

lch. 139 - 142, Suaithcionntas cloinne Israel.

lgh. 143 - 161, Gluais Ghaeilge - Béarla de leabhar cráifeach a raibh 428 lch. ann de réir a cuntais féin. Faighimid uimhir an leathanaigh dheiridh scríofa ar bharr lch. 178 na lámhscríbhinne seo. Níl aon amhras orm ach gur gluais é seo don leabhar *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe*, a foilsíodh sa Lóbhán 1618. Tagann sí an-chruinn le heagrán nuafhoilsithe Chainnigh Uí Mhaonaigh.

lgh. 167 - 178, Clár focal agus clár caibidleach.

An chéad mhír thuas ar ‘Laigh na mBuadh a hainm’, baineann sí go dlúth le Colm Cille agus cíorfar thíos ar ball é faoin teideal ‘Laoi na mBuadh’ (TCD H. 5. 19., 77). Is follasach ar Leabhar Caillín dlúthbhaint a bheith ag Cineál Chonaill agus ag Colm Cille le Comharba Caillín (Hennessy, W. M., & Kelly, D. H., 1875, 96 srl.). Ní hionadh mar sin go mbeadh Tadhg Ó Rodaighe ag cóipeáil a leithéid d’urnaí. Cúig cinn de lámhscríbhinní de chuid Acadamh Ríoga Éireann a bhfuil teacht ar an laoi seo iontu (Ó Muirgheasa, É., 1936, 183). Tá sí le fáil fosta i bpéire de chuid Choláiste Mhaigh Nuad, ls. M 8, lch. 334 agus ls. M 72, lch. 50. Beidh trácht ar an lámhscríbhinn M 8 sin thíos.

Níl a fhios agam cé scríobh an chéad chuid den lámhscríbhinn seo, lch. 1 - 76, ach baineann sí le Clann Mhic Con Mara, le Sliocht Sheáin na nGeimhleach Mhic Con Mara go háirithe, an sliocht céanna ónar shíolraigh bean Thaidhg Uí Rodaighe, is í sin, Fionnghuala Nic Con Mara.

A bhfuil idir leathanach 79 agus 138, maítear gurbh í lámh Mhuiris Uí Ghormáin a bhreac an sciar seo den lámhscríbhinn. Is ábhar é a bhain le Tadhg Ó Rodaighe, *Udhacht Morainn* agus *Teagasc Chormaic*, fágaim (TCD H. 5. 19., 83 & 97). I measc na dtéacsanna eile a léadh sé, luaigh Tadhg ‘*Udhacht Morainn, treisceann Breatha, teagasc rígh Chormuic árdfhilatha*’ sa dán a chum sé, ‘Binn le neach a mholadh féin’,

dán uimhir II thíos (TCD H. 6. 15., 310r.). Scríobh Muiris cuid den ábhar céanna ar lámhscríbhinn eile de chuid Leabharlann na Breataine, Egerton 127, agus ábhar eile leis a bhain ar bhealach amháin nó eile le Tadhg Ó Rodaighe :

lch. 11 ‘An chraobh chumhra úaim don tsaol’;

lch. 64 : ‘Each ina sheasamh fo neart’ (.i. Armas Uí Rodaighe);

lch. 69 : ‘Fuair Breifne a díol do shaoghland’ le Seaan mac Torna Uí Mhaol Conaire agus gluais Thaidhg Uí Rodaighe anuas tríd ‘agus anos iarna athscríobh re Muiris Ó Gorman in Áth Cliath 1774’;

lch. 101 : Sliocht gramadaí a bhfuil an síniú leis : Misi Tadhg Ó Rodaighe.

Is í lámh Thaidhg Uí Rodaighe féin arís a bhreac gach a bhfuil ar an lámhscríbhinn seo, TCD H. 5. 19., idir leathanach 139 agus an leathanach deiridh, 178. Is éard atá i gcuid deiridh na lámhscríbhinne seo :

The coats of arms of y^e 12 tribes of Israel, ar pháipéar ar leith arís (lch. 139 - 142);

Gluais Gaeilge - Béarla don leabhar *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe*; (lch. 143 - 161);

bearna bhán anseo; (lch. 162 - 166)

Leath deiridh, ón litir ‘M’ go dtí ‘T’, de ‘Clár na Neithi’ sa leabhar céanna *SSA*; (TCD H. 5. 19., 167 - 173; Ó Maonaigh, C. 1952, 209-212)

‘Clár na gCaibidleach’ as an leabhar céanna *SSA*; (TCD H. 5. 19., 173 - 178; Ó Maonaigh, C. 1952, 213-216).

Maidir leis an mbearna bhán idir lch. 162 - 166, is féidir go raibh ar intinn ag Ó Rodaighe filleadh uirthi nuair a bheadh deis aige an clár ó thús na haibítire go dtí an litir ‘M’ a líonadh isteach, mar a bhí sé i gcló ag Mac Aingil. (Ó Maonaigh, C. 1952, 201-209).

Is spéisiúil an ghluais Ghaeilge - Béarla seo a chóipeáil Tadhg mar go mbraithim nach go díreach mar a chéile a chuimhneoinn féin ar roinnt de na focail Bhéarla a thugann Tadhg dúinn, nó le ceart, an scríbhneoir a chuaigh roimhe (TCD H. 5. 19., 143 - 161). Tuigimid gur chóipeáil Tadhg Ó Rodaighe céad chuid an tsleachta seo ón scríobhaí, Dáuidh Ó Mulláin, is cosúil, ar an ábhar go bhfaightear ainm Dháuidh ar dheireadh na coda roimh ‘Clár an Leabhair’ sa lámhscríbhinn, rud ba chomhionann agus leathanach 200 an eagraín nuafhoilsithe. :

Laus Deo Soli.

Ad majorem Dei gloriam.

Guidhe ar anam a Sgríobhnóir .i. Dháuidh Ó Mullán.

Go ndeanadh DÍA trócaire air. Amén. (TCD H. 5. 19., 161).

Mheasas go raibh ‘col uisce’ ar ‘cara as Críost’ an-spéisiúil (ibid., 152). Tá sé sin agus go leor eile díobh thíos ar fáil i bhFoclóir Uí Dhónaill, ach ní rómhinic a chastar roinnt eile díobh linn, ‘broide neamhdha’, fágaim.

bruide *næmhdha*, divine Inspiration, Compun[c]tion (ibid., 147).

Ní hé an chéad chiall is túisce a chuirfínn féin leis an bhfocal ‘caismirt’ a cuireadh le ceann amháin de na gluaiseanna seo ar a laghad :

‘a ccaismíorta catha .. } Banner, signall, alarm.’ (ibid., 150).

Béimníonn ceann eile ciall Ghaeilge na hAlban :

Gan tabhacht } without profit (ibid., 145)

neamhthabhacht } unprofitableness, disadvantage (ibid., 147)

Is ar línte 421 agus 935 an leagain nuafhoilsithe a fheicfear na focail seo agus focail eile i gcomhréir na gluaise thart orthu, ‘do bharr ar a hainnisi’, fágaim ar líne 938 (Ó Maonaigh, C., 1952, 31 & TCD H. 5. 19., 145, 147).

Is féidir gurbh áis foghlama Béarla í an ghluais seo, mar soláthraíodh roinnt focal Gaeilge ann nach rabhtas in ann, is cosúil, Béarla a chur orthu. Fágadh na focail seo a leanas bán gan chéile Béarla ag freagairt dóibh ar aon leathanach amháin. Ní in aon bhall amháin ar an leathanach atáid, ach is amhlaidh atáid scaipithe ar fud an leathanaigh. Tá lúibíní le feiceáil thall is abhus tríd ag comharthú i dtreo bearnaí bána nár líonadh. :

n *eagmuis*

comh dhían

a spreagadh

a néul spioradálta }

dalta diomhaoin

crádh
soirsi
a mhionca
uathbhás adhbhal (TCD H. 5. 19., 154).

Níorbh aon eisceacht an leathanach sin maidir le báine ar thaobh an leagain Bhéarla. Tá bearnaí go leor mar sin sa ghluais síos tríd. Níl a fhios agam ar ag múineadh Béarla do dhuine nó do dhaoine eile a bhí Tadhg, nó arbh é an scríbhneoir ‘Dáuidh Ó Mulláin’ a chuaigh roimhe agus a bhreac roinnt de na focail Bhéarla? Ní mé an méar ar eolas ciall Ghaeilge na hAlban thuasluaite le go ndearcaimis soir go hUltaibh le haghaidh údar na bhfocal Béarla. Is féidir gurbh é Ó Mullán ab údar leis ar fad agus nach raibh ar bun ag Tadhg Ó Rodaighe ach cóipeáil gan chur leis.

Tosaíonn an ghluais seo ar leathanach 143 na lámhscríbhinne leis an bhfocal ‘dithchill Dispatch’ agus is é ‘an ullmhuighthi preparation’ a leanann é. Tá an dá fhocal seo, ‘[an] dithchill’, ‘an ullmhuighthi’ le hais a chéile ar líne 4, lch. 1, sa leabhar *Scáthán Shacramuinte na hAithridhe* le hAodh Mhac Aingil a foilsíodh sa Loháin sa bhliain 1618. Críochnaíodh ar leathanach 143 sa lámhscríbhinn an ghluais a luífeadh le ‘Chum an Léaghtóra’ san eagrán nuafhoilsithe (Ó Maonaigh, C., 1952, 3 - 6) agus tugadh teideal feiceálach don chuid ina dhiaidh ag bun an leathanaigh :

An Chéud Rann. Caibidil . 1.
1 tuirsi. Melancholly, tired, weary, grief, woe.
Doilgheas Sorrow.
gráin agus fuath detestation, and hatred.
dobrón. grief.
Maille ré rún. with an Intention.
móid, a vow
sgríos, blot out.
rún follas a visible Intention (TCD H. 5. 19., 143).

Is léir ar leathanach 7 an leabhair nuafhoilsithe cé na línte a bhí faoina shúil ag an scríobhaí (Ó Maonaigh, C., 1952, 7, línte 125, 128, 131 agus 132). Is léir ina dhiaidh ar leathanach 160 na lámhscríbhinne TCD H. 5. 19. leis na focail ‘luaidheachta, Reward. go sonradhach, particularly’ gur línte 6544 agus 6545 ar leathanach 198 a bhí i gceist.

Roinntear teideal eile linn ansin agus clár nach dtugaim anseo ach a thús. :

An Clár. The Table.	
haibidili	agus line
400. ní dulta	1
aicídí	7
ainmhíán	end 6

(TCD H. 5. 19., 167).

Is léir gur leathanach 201 an leabhair nuafhoilsithe a bhí i gceist, ach níor leagadh amach an t-ábhar sa lámhscríbhinn ar bhonn aibítire mar a foilsíodh an téacs. Tá bearna sa chuntas lámhscríbhinne anseo a líonfadh leathanaigh 203 - 208 san eagrán nuafhoilsithe, amach go dtí an litir M, mar a bhfuil sí leath bealaigh síos ar leathanach 209 an eagráin nuafhoilsithe. Is mar a chéile clabhsúr an leabhair fhoilsithe agus clabhsúr na lámhscríbhinne, ach amháin an cheannlitir C agus uimhir na caibidle áirithe a bheith chun tosaigh ar an eolas i gcás an chuntais ar chaibidlí an cúigiú cuid sa lámhscríbhinn, áit ar chun deiridh a bhí siad sin sa leabhar foilsithe. :

.....

C. 7. *leantar ar an ní ccéadna ag dearbhadh gurab é an creideamh do sheanmóir Pádrúig dhúinn atá a nois aguinn, agus dá réir sin nách éidir ar mbeith ar seachrán. } 365*

C. 8. *Freagartha aithghearra ar mhinchasduibh fán loghadh. } 381 srl.*

(TCD H. 5. 19., 178; cf. Ó Maonaigh, C., 1952, 216).

2.

RIA (475) 24 P 25

‘Leabhar Chlainne Suibhne.’

Ba é an tAthair Pól Breathnach a bhaist an t-ainm ‘Leabhar Chlainne Suibhne’ ar an lámhscríbhinn seo (Williams, J. E. Caerwyn & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 112). Is léir gur scríobh Cithruadh Mag Fhindghaill ó Oileán Toraigh cuid a haon na lámhscríbhinne seo sa bliain 1513/14 A. D. do Mháire iníon Eoghain Uí Mháille, bean chéile Mhic Shuibhne Fanada. Scríobh Tadhg mac Fithil cuid a dó na lámhscríbhinne sa tréimhse 1532 - 44 A. D. agus chuidigh Torna mac Torna agus scríbhneoir éigin, gan ainm, leis an méid sin. Chomhoibrigh Tadhg mac Fithil agus Feargal mac Uilliam Óig agus tuilleadh nach iad le cuid a trí a bhreacadh (*Clár Isí. an RIA fasc. X, lch.*

1242). ‘Mealladh Maigine’ a bhfuil d’ainm againn ar an scríbhneoir deiridh (ibid., 1254).

Ba é Tadhg Ó Rodaighe a bhreac cuid de leathanaigh 73, 75 agus 81. Thug sé a ghinealach, dhá ghluais fhada, agus ba é Tadhg a scríobh ‘Mar shuchaid ós na sleibtibh’ i mBéarla na bhFileadh le gluaiseanna. Is cuid den dán ‘Fuair Bréifne a díol do shaoghlond’ an sliocht sin. Cumadh do Bhrian na Múrtha Ó Ruairc é. Bhí an leabhar seo scathamh maith i seilbh Thaidhg. Shínigh sé a ainm ar leathanach 25(b) sa bhliain 1687 A. D. D’athshínigh sé deich mbliana ina dhiaidh sin é in éis dó ceann de na gluaiseanna ba troime cumha a scríobh, mar atá tugtha thuas cheana faoin trácht ar Thadhg Ó Rodaighe é féin (RIA 24 P 25, 73 v.). Mhol sé Clann tSuibhne go hard ann agus chaoin sé a n-imeacht ar lár, ‘do dhíosc agus do dhul ar ccúl go léir’ (ibid.).

Scríobh Tadhg scata beag línte sa lámhscríbhinn seo, as dán a leagtar ar Fhlann Mainistreach a fuair bás sa bhliain 1056 A. D. :

Flann Mainistreach cecinit.

As an duain darab tosach,
Rígh *teamhra* dia tteasbann tnú.
Ad feasam an aidheadha. *ibidem*.

Osse

Ro sgaith Nin, Cir dair dia seis.
Ro fhaith Solamh, Samh, Exerces

Alaxandar glordha glan.
Octavin crodha, is Caesar

Suthain flaith fil for nelluibh
Biothbhui, bithbeo, bithbhéraidh.

ni *neart* ní *acht neart* de (dhe)
Ná rí, ná reacht na righe. (ibid., 75 r.).

Chuir Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe a ghinealach féin ina dhiaidh sin ag bun an leathanaigh agus thug dhá thagairt don leabhar Ultach agus don leabhar Connachtach :

vide lib. Oltonia pagine 8^r Lib. Connacie pagina 12/a 8 fo. (ibid.).

Scríobh Seán Ó Donnabháin nóta i dtaca leis an lámhscríbhinn seo, RIA 24 P 25, don *Ulster Journal of Archaeology* (O Donovan, J., 1861, 21). Tá an nóta seo scríofa agus greamaithe laistigh de chlúdach tosaigh na lámhscríbhinne féin anois agus tá tagairt don fhoinsé as a dtáinig an t-eolas leis :

Of all the Mss. which belonged to O' Rody, only two are known to the writer as now extant, namely the Book of Fenagh, now in private hands, and a parchment Ms., containing lives of Saints viz. Patrick and Colum Kille, and a curious history of the family of Mac Suibhne (Mac Sweeny), a branch of the northern Hy-Niall, viz. who emigrated to Scotland in the eleventh century and afterwards returned to Ireland in the fourteenth. This latter M.S., which contains many marginal memoranda, in O Rody's handwriting, in Irish and Latin, is in the possession of the proprietor and editor of this Journal. All O' Rody's other MSS. have either perished or are now entirely unknown.

(O Donovan, J., 1861, 21).

3.

RIA (1076) 24 P 33

Leabhar Cloinne Aodha Buidhe.

Glactar leis gurbh é Tadhg a cheap 'Tugas tuile tromghrai(dh) duit' atá ar leathanach 239 na lámhscríbhinne seo. Is cinnte gurbh é a bhreac agus a shínigh é. Le barr measa ar Chormac Ó Néill a cheap Tadhg an dán seo. Is do Chormac a breacadh an lámhscríbhinn seo. Cumadh an chuid is mó d'fhilíocht an leabhair seo roimh 1680 AD.

Measaim féin nach raibh an leabhar seo i seilbh Thaidhg Uí Rodaighe. Is é is údar leis an tuairim sin, páipéar na leathanach 235 - 239 a bheith difriúil ó pháipéar na lámhscríbhinne ar fad. Aonad ceart iomlán is ea na leathanaigh eile ar fad ar gach aon bhealach. Ní thugann an uimhríocht leathanaigh aon suntas do na trí dhuilleog eachtracha agus áiríodh iad sa chomhaireamh, rud a chiallaíonn gur uimhríodh an lámhscríbhinn i ndiaidh iad a ionsá inti. Bhí sí i seilbh fear darbh ainm Brownlow a scríobh ar an gcéad leathanach (RIA 24 P 33, 1).

Tagrófar do Sir Arthur Brownlow agus do Chlainn Aodha Bhuidhe Uí Néill arís thíos faoin duan a chum Tadhg Ó Rodaighe, 'Tugas tuile tromghráidh duit', an chéad dán a chíorfar anseo thíos.

4.

TCD H. 2. 16.

Leabhar Buidhe Leacáin

Is litir fhada Bhéarla atá i gceist anseo. Tháinig sí faoi thrácht sa chéad chaibidil thuas. Sádhdh an litir isteach sa lámhscríbhinn cháiliúil seo. Is amhlaidh a sheol Tadhg Ó Rodaighe an litir chuig duine éigin agus glactar leis gurbh é Edward Llwyd a sprioc (Todd, J. H., 1846, 112). D'fhoilsigh J. H. Todd an litir agus thug cuntas ina taobh (ibid., 112 - 125). Ba le Edward Llwyd an lámhscríbhinn tráth (TCD H. 2. 16., 368). Is bailiúchán lámhscríbhinní é Leabhar Buidhe Leacáin. Tá cuntas cuimsitheach ar an lámhscríbhinn sa leabhar *'The Celebrated Antiquary Dubhaltach Mac Fhirbhisigh (Ó Muraíle, N., 1996, 420, 427).*

5.

Maigh Nuad B 8, lch. 1

le

Éinrí mac Carraic, Ó Carraic

nó mac Carrtha

Tá tábhacht nach beag ag roinnt leis an lámhscríbhinn seo, Maigh Nuad B 8, ó thaobh Thaidhg Uí Rodaighe, mar gur inti atá aiste ghairid ar shloinnnte i lámh Thaidhg é féin. Cuireadh mar leathanach breise leis an lámhscríbhinn é. Is leathanach isteach é agus scríobhadh an méid seo ina dheireadt :

'ráithe Thaidhg Uí Roduighe sin' (Maigh Nuad B 8, 1).

Tá nóta ar bhrollach maisithe na lámhscríbhinne a mhaíonn gur le Tomas O henegan an leabhar. Ba chuntasóir é an fear seo a bhí ina chónaí in Urlár, Droim Cliabh, Co. Shligigh mar tá a fhios againn gur cháiligh sé mar chuntasóir i Sligeach, Lúnasa na bliana 1779 de réir na Catholic Qualification Rolls (Ó Mórdha, S. P., 1961, 183) :

Tomas O henegan

his Book, Written Anno Dom. 1765

being an Irish Abridgement of the

Chronicle of The Miletian Race of Ireland

and Scotland etc.

With Severall Poem's of Dáns. etc

(Maigh Nuad B 8, brollach).

Tugann an fear céanna a shíniú faoin mbliain 1765 agus a sheoladh mar ‘Sligíoch’ ar an gcéad leathanach, ach níorbh é Tomás a scríobh áfach (ibid., 1). Fear eile a scríobh í sula dtáinig Tomás Ó heneagan uirthi (Maigh Nuad B 8, brollach). Ba é sin Henrí Ó Carric :

Henrí mac Murchaidh mic Murchaidh mic an Giolla Dhuibh mic Henrí mic
Carraic alias Ó Carraic (Maigh Nuad, B 8, 99).

Scríobh sé an lámhscríbhinn sin sa bhliain 1700, ‘an gach eidirsgíth’, mar a mhínigh sé dúinn, idir 1700/1 A. D. agus 1708, rud a chiallaíonn go raibh an scríobhaí seo, Henri mac /Ó Carraic, comhaimseartha le Tadhg Ó Rodaighe (ibid.). Tugtar cuntas fada ar ‘Henry Mac Carrick’ in Ó Muraíle (1996, 304-305). D’fhan an lámhscríbhinn sna bólaí sin scathamh i seilbh Thomáis Uí Éineacháin, as Urlár, Droim Cliabh. Ba le Tomás Ó hÉineacháin lámhscríbhinn III de chuid Choláiste Pádraig Dhroim Conrach (Ó Mórdha, S. P., 1961, 182 - 190).

6.

RIA 12 W 22, 1 - 3 v.

le

Tadhg Ó Rodaighe

Dréacht fada Béarla a scríobh Tadhg Ó Rodaighe é féin ar Chontae Liatroma is ea an chéad alt de lámhscríbhinn RIA 12 W 22 (Logan, J., 1971, 325). Ba chuig easpag na Cille Móire agus Ardachaidh, William Sheridan, a scríobh Tadhg an cuntas seo ar Chontae Liatroma (ibid., 331). Bhí William Molyneux ag bailiú eolais an tráth sin ar chontaetha éagsula le haghaidh leabhar tíreolais a bhí ar intinn aige a fhoilsiú (ibid., 325). D’fhoilsigh John Logan leagan bunaithe ar an lámhscríbhinn seo RIA 12 W 22, 1 - 3 v., agus alt breá leis, móide ábhar eile, in irisleabhar Chumann Seanchais na Bréifne (Logan, J., 1971, 325).

7.

Maigh Nuad C 74, j

le

Tadhg mac Taidhg Uí Rodaighe

Ní foláir an lámhscríbhinn seo a lua leis an aicme seo ar scríobh Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe ábhar éigin iontu. Is fíorbheagán a scríobh sé sa cheann seo agus níl sé furasta an beagán sin féin a léamh.

Is é tábhacht na lámhscríbhinne seo, an t-aon dréacht amháin atá againn leis an mbeirt Tadhg Ó Rodaighe, is iad sin, Tadhg mac Gearóid agus Tadhg mac Taidhg, a dhealú glan ceart óna chéile, is anseo atá sé (Maigh Nuad C 74, j, 29). Tá 34 leathanach sa chuid seo den lámhscríbhinn. Níl aon leideadh againn cén chaoi a dtáinig cuid j na lámhscríbhinne seo i seilbh Eoghain Uí Chomhraidhe. Níl a fhios agam cén fáth gur cuireadh leis na codanna eile í, ach tá mé ag leagan amach gurb é Tadhg mac Taidhg Uí Rodaighe a scríobh an chuid seo, tharla go dtugtar ginealach Thaidhg dúinn anseo, siar uilig, agus ginealach Chonmhaicne araon leis. Is é seo an Tadhg ‘Óg’ Ó Rodaighe ar cumadh an dá dhuan ina ómós i ndiaidh dó filleadh as Londain, ‘Aoinsgiath cosnaimh na gceall’ agus ‘Maith tráth do thoigheacht, a Thaidhg’ (TCD H. 6. 15., 303 r. - 304 r.).

Is dócha gur tháinig an lámhscríbhinn i seilbh Thaidhg mhic Gearóid Uí Rodaighe am éigin, mar scríobh seisean, Tadhg mac Gearóid, glac rann i ngearrscríobh nach léir dom ach a leath. ‘Scribeáil’ atá sa chlár ag Pádraig Ó Fiannachta dó (Ó Fiannachta, P., 1969, 9) :

1

Tar ang. . . do Riogan na
Is do thar +3, a g foinun
uaisle naomh go ngrine Muire
amn gan inginn.

2

Inghean Ano mathar Crísd
gan colg ionad a cuirim m’anam
Is tar inginn docht
gan mathar Muire.

3

Beonughadh bihjin mathar sant
veantus re Fem mæ iomgi oneus vibirt
inginn uosal vollo mo annts muire
anigear do Rugelibeach gfid uda
grinn mathar oann baide beulbin. (Maigh Nuad C 74, j, 31).

Tá ginealach Conmaicne Réin ar fáil sa lámhscríbhinn seo. Ní hamháin nach bhfuil sé ag teacht cruinn baileach le leagan Leabhar Caillín, ach tá an litriú an-chontráilte. :

Se mic Naradaigh .i. Rodachae, oculus Ailbhi; aonmathair occa .i. Bebhinn ingen Cernachain, mic Duibhdothra, srl.

(Hennessy, W. M. & D. H. Kelly, 1875, 390).

Cóig *mhac* ag Naradhach néartmhar Rodachán failbhth nar lghuill luan inghean do *cearneachan amathair* Bebhinn do ghnatht gac gears Do cros Adhamhnáin go bfeile clannuigh re ceile dofc. (Maigh Nuad C 74, j, 29).

Bíodh go bhfuil téacs Mhaigh Nuad trína chéile go mór, tá le léamh as nach n-aontaíonn sé le líon mac Naradaig de réir Leabhar Caillín, mar a bhfuil seisear san áireamh sin. Tharla nach bhfuil an dá leagan ag teacht lena chéile, b'fhéidir go gcomharthaíonn leagan Mhaigh Nuad C 74, j, nach raibh Leabhar Caillín ag Tadhg mac Taidhg Uí Rodaighe in am a scríofa, más é a scríobh.

.....

.....

Is cuí lámhscríbhinní an dara haicme a chíoradh anois, is é sin, na lámhscríbhinní inar cóipeáladh ábhar a bhain go dlúth le Tadhg Ó Rodaighe.

.....

.....

8.

TCD H. 6. 15

le

Muiris Ó Nuabha

'Maurice Newby' a scríobh i mBaile Átha Cliath i rith na mblianta 1714 1715 go háirithe, cé go bhfuil alt amháin inti ar tugadh síniú Newby agus an bhliain 1704 leis. (Scríobhadh sé 'Muiris Ó Nuabha' leis scaití.) Is í an lámhscríbhinn seo an fhoinse is fearr eolas i dtaobh Thaidhg Uí Rodaighe agus a mhuintire agus ina dtaobh siúd a cheap duanta molta dó. Pléifear an lámhscríbhinn faoi lámhscríbhinn uimhir a naoi go díreach ina dhiaidh seo mar gur dhá chuid d'aon lámhscríbhinn amháin iad tráth. D'fhoilsigh Tomás Ó Raghallaigh an chuid is mó den lámhscríbhinn seo. D'fhoilsigh Maighréad Níc Philibín ceithre dhán eile aisti gona gcuid gluaiseanna. D'fhoilsigh Pádraic Ó Ciardha dán fada agus trí dhán ghearra aisti. Foilsíodh trí cinn eile a chum Peadar Ó Maoil Chonaire in *Éigse* 1 (McAdoo, H. R., 1939, 160 - 166). Chonacthas do McAdoo gurbh ionann agus duanaire mhuintir Uí Rodaighe an lámhscríbhinn TCD H. 6. 15. :

The three poems printed here are from H. 6. 15, which is virtually a poem-book of the O'Rody family. (ibid., 161).

Ní beag a bhfuil déanta ag scríobhaí na lámhscríbhinne seo, Maurice Newby, agus meas dá réir air ag Tadhg Ó Neachtain, sa chás seo, fágaim. :

Muiris mórdha, an mhéin gan mheing,
ó Mhír Mumhan chímse chugainn;
ba Gaedhul an gaoiseach, an Laition glic,
Ó Nuabha úr álainn ionraic. (Flower, R., [1992], 142).

Tá roinnt d'ábhar na lámhscríbhinne seo scríofa ag Ó Nuabha i lámhscríbhinn eile dá chuid, G 47, sa Leabharlann Náisiúnta. Tuairim is deichniúr san iomlán a scríobh í seo, G 47, sa 19ú haois. Tá dhá rann agus ceithre dhuan ann a raibh cóip déanta ag M[aurice]N[ewby] díobh cheana féin in éineacht le dánta a bhain le Tadhg Ó Rodaighe. (TCD H. 6. 15. = H) Tháinig dánta molta na Bréifne agus na Ruarcach roimh na dánta a mhol Tadhg Ó Rodaighe agus a mhuintir i ls. H. Ní san ord díreach céanna a bhíodar i lámhscríbhinn Choláiste na Tríonóide :

- lch. 23 : Ní bhfuair cliar iarrata a n-eoluis glic (= H 265)
- lch. 23 : Tangadar na tarrngaire (= H 265)
- lch. 23 : Sluagh seisir thainic (= H 256)
- lch. 24 : Mac Coisi : Brónach ollomh d'éis a rí (= H 253)
- lch. 26 : Cia so bhearras an Bhréifne (= H 255)
- lch. 26 : Ca líon triucha a nEirinn (= H 257)

9.

(1007) RIA 23 L 34

le

Muiris Ó Nuabha

Tuigeadh i gcónaí ar a bhfuil de ghluaiseanna leis an lámhscríbhinn RIA (1007) 23 L 34 gurbh é Maurice Newby a bhreac cuid a hAon di. Is féidir dul níos faide fós agus a mhaíomh gur dhá chuid d'aon lámhscríbhinn amháin is ea RIA 23 L 34 agus TCD H. 6. 15. Ba eol do William O Sullivan an méid sin (O Sullivan, W., 1999, 280) Athuimhríodh an chuid seo den lámhscríbhinn a tháinig i seilbh an Acadaimh, RIA 23 L 34, ach tá an seanchóras uimhríochta inléite go breá fós féin. Is léir gur aon pháipéar amháin a úsáideadh le haghaidh an dá lámhscríbhinn, RIA 23 L 34 agus TCD H. 6. 15. San áit ar chríochnaigh RIA 23 L 34 ar leathanach 250 is ea a thosaigh TCD H. 6. 15. ar leathanach 251. Socraíonn an dá shraith ghluaiseanna, nó cholafan, cruinn baileach lena chéile tríd an dá lámhscríbhinn anuas. Dhá shraith a deirim, mar is é an dóigh gur scríobhadh seancholafain a thrácht ar Thadhg Ó Rodaighe, ar a mhuintir agus ar chúrsaí

aimsire ag deireadh na 17ú aoise déag. Scríobh Maurice Newby gluaiseanna go leor ina dhiaidh sin idir 15/10/1711 agus 9/11/1715 A.D.

Cuirfead an tseanghluais ar chlé agus an ghluais úr ar dheis. (Ní miste a lua gur uimhríodh gach leathanach ar aon taobh amháin amach go dtí leathanach 292. Uimhríodh gach duilleog ina dhiaidh sin, rud a fhágann i dtuilleamaí recto agus verso as sin síos sinn. Tagraíonn an uimhir leathanaigh don leathanach áirithe a síníodh agus ní do thús an ábhair a cóipeáladh mar a luaitear in innéacs Acadaimh Ríoga Éireann é.)

An tseanghluais

Uimhir leathanaigh

An ghluais Úr

RIA 23 L 34		
TR (?) = Thady Roddy?	lch. 147	ar na sgríobhadh an cuiga lá déag don mhí <i>ochtobr</i> 15/10/1711
rann ar Iarla thriath	lch. 154	
Bhunraite sa chlár & síniú T(hady) R(oddy)	lch. 158	4/8/1714 ora pro Mauricis Newby
	lch. 165	5/8/1714
	lch. 173	9/8/1714
cuid de Chomhairle Cható	lch. 185	14/9/1714 M. N(ewby)
Agallamh an chuirp et ...	lch. 193	?/9/1714 p(er) M. N(ewby)
	lch. 195	23/9/1714
	lch. 196	25/7/1714 an Ath clíath
	lch. 204	4/11/1714 Maurice Newby
	lch. 214	25/1/1714 (!) Mau. Newby
	lch. 216	Mauricus Newby
	lch. 217	26/1/1714 (!)
	lch. 220	26/1/1714(!)
as leabhar uí Duibgennan .. anno Domini 1585	lch. 223	27/1/1714 (!)
Genelach Mheag Raghnuill as leabhar uí Duibgennan anao Domini 1585	lch. 230	28/1/1714 (!)
Genealach Thaidhg Uí Rodaighe	lch. 233	
	lch. 237	17/2/1714 (!)
Aimsir na bl. 1683 A. D.	lch. 249	

TCD H. 6. 15.

	lch. 252	22/2/1714 (!)
6/2/ 1684	lch. 260		
Tadhg luaite (lámh M. N.)	lch. 265	14/6/1715
Trácht ar dheartháir céile	lch. 270		
Thaidhg. 16/6/1692			
Feb/Jan na bl. 1694, cúrsaí aimsire.	lch. 270		
Thady Roddy & bás R. Uí Sheachnasaigh, 11/7/1690	lch. 271		
	lch. 296 v.	10/10/1715
gúta ar Thadhg 1/3/1696	lch. 296 v.		
Tagairt siar do Thadhg a bheith sa Chlár 1689 A. D.	lch. 298 v.		
	lch. 300 v.	28/10/1715
Do Mháire ní <i>Con</i> mhara 7/7/1701	lch. 300 v.		
Máire, 1692 - 1701.	lch. 301 v.	M. Newby
Tadhg Óg na bl. 1641.	lch. 304 r.		
Tadhg mac Gearóid 1702	lch. 304 r.		
Chum Tadhg 13/6/1671	lch. 307 r.		
Elís ní Rodaighe 1704	lch. 307 r.		
	lch. 308 r.	M. Newby 25/6/1704
D. Mac Con Mara 4/2/1696	lch. 311 v.		

Is léir go bhfuil rithim mhaith ama leis an dá shraith gluaiseanna anuas go dtí 1690 AD. ar leathanach 271. B'fhéidir go raibh deireadh na bunlámhscríbhinne sroichte ag Newby agus gur bhreac sé as roinnt leathanach scaoilte a casadh ina bhealach.

Scríobh Newby uimhir na seanbhliana seacht mbabhta idir leathanach 214 agus 252, nuair a thug sé aghaidh ar an gcóipeáil idir an 25ú lá mí Eanáir agus an 22 lá mí Feabhra. Creidim gur scaradh ina dhá leath, nó ina trí chuid, lámhscríbhinn seo Uí Nuabha, am éigin idir mí Feabhra na bliana 1714/15 agus mí Meithimh, mar ba ghluais ar leathanach 264 na coda i gColáiste na Tríonóide a sheol mé chuig RIA 23 L 34, 231. Chonaic mé leideadh d'aoir áirithe, ach bhí ionad uimhreach an leathanaigh fágtha bán (TCD H. 6. 15., 264). Tagairt don chéad aoir a canadh in Éirinn riamh, ag Cairbre mac Ethna, a bhí i gceist. Mar ghluais ar an líne 'go dtullfeadh sé aoir mbreisi' a scríobhadh é, i dtaobh féile 'righ Breifne, an tí is feile a n-iath Oillill':

Do *Breas mac ealatháin rígh Eireann* do thuath de *danann* : do roinne an file *eadhon Cairbre mac Ethna an chéad aoir riamh a neirinn*. ata *si* san *leabharsa pagina* [*.. ball bán anseo ..*] agus thuill *breas í, acht ní hé sin* do bhrian ní tuillfeadh a leitheid do féin. (TCD H. 6. 15., 264).

Is iontuigthe ceachtar de dhá ní mar údar ar bhall bán uimhir an leathanaigh a bhí faoi thrácht ann :

(a) Bhí céadchuid na lámhscríbhíne ina sheilbh aige go fóill ach go mba fhogas na méire fada aige é.

(b) Bhí an chéad chuid seolta ar ais, nó ar aghaidh aige, cheana féin chuig duine éigin, sin, nó go raibh sí tugtha ar iasacht aige.

Níor cheart dúinn aon fhreagra acu a roghnú thar a chéile ar a bhfuil d'eolas againn i dtaobh na lámhscríbhíne. Thuig William O Sullivan romham, mar atá ráite thuas, gur chodanna d'aon lámhscríbhíne amháin a bhí sa dá lámhscríbhíne RIA 23 L 34 agus TCD H. 6. 15 (O Sullivan, W., 1999, 280).

Ba de réir a chéile a fuair Maurice Newby spleáchadh ar ghiotaí éagsúla a fhoinsé is cosúil ar an méid a deir sé ar lámhscríbhíne Choláiste na Tríonóide faoi cheann de dhánta Sheáin Bhallaigh Uí Dhuibhgeannáin :

Pagina [*.. ball bán ..*] .i. san leathanach gheubha tu litir Et dán Sheáin Bhallaigh Uí Dhuibhgeannáin chum Tadhg Uí Rodaighe. So romhad freagra Thaidhg air, ní raibh an freagra agum an nuair do scríobhadh dán Sheáin.

(TCD H. 6. 15., 309 v.).

Pagina 297 a bhí i gceist. Tá sé anois leis an gcuid den lámhscríbhíne atá i gColáiste na Tríonóide. Is é sin, TCD H. 6. 15. D'fhan Maurice tuairim is coicís leis an bhfreagra sin, is léir ó ghluaiseanna lgh. 300 agus 303. Más fíor an méid sin, caithfear glacadh leis nach bhfuil ord lámhscríbhíne Maurice ag teacht le hord leathanach na bunlámhscríbhíne glan beann. Fós féin, ar bhonn ábhair agus ar bhonn gluaiseanna ní dochar a mhaíomh gur bunaíodh an dá lámhscríbhíne seo a leanas ar bhloghanna de lámhscríbhíne a scríobh Tadhg Ó Rodaighe. :

cuid a haon de RIA 23 L 34, .i. lch. 107 - 250

TCD H. 6. 15., lgh. 251 - 311

Tá mé ag leagan amach go bhféadfadh Leabhar Thaidhg Uí Rodaighe (uimhir 12 thíos) a bheith i gceist mar bhunlámhscríbhinn ag Maurice Newby. Más ea, tá gach cosúlacht ar an scéal leis, gur mar dhuilleoga scaoilte a bhí fáil ar Leabhar Thaidhg Uí Rodaighe sula raibh sé deich mbliana faoin bhfód.

10.

RIA (340) 23 M 23

le

hAodh Ó Maoil Mhuaidh

Luann Aodh Ó Maoil Mhuaidh mar fhoinse aige ‘Liber Ultoniae Thady Roddy’ ar leathanach 13 agus é ag trácht ar ‘shliocht IR’, an bunadh ónar shíolraigh Tadhg agus Muintir Eolais gona craobha coibhneasa. Lámh níos lú, dar liom, a scríobh a bhfuil idir leathanach 13 agus leathanach 24. Is é sin, an chuid is mó den lámhscríbhinn a bhaineann le hábhar Thaidhg Uí Rodaighe.

Is sa lámhscríbhinn seo a fhaighimid aiste ghairid chosanta Bhéarla i láimh Thaidhg Uí Rodaighe féin (RIA 23 M 23, 27). Tugadh ginealach bean chéile Thaidhg ansin, roinnt leathanach roimh a cheann féin agus ríomhtar scéal a muintire go ceann ceithre leathanach :

Fhionnghuala ni conmara, inghean Donnchaidh, *mhic Seáin Riabhaigh*, *mhic Seáin* na ngeimhlioch, *mhic conmara* . . .

Mac *Conmara* nár mhuidh míonn,

a shlán fa uaislibh Erionn,

neamhumhla ríodh *acht* d’ua mBriain,

ritheach (?) is fleidheamhla i bhFinn Ghliaidh (ibid., 19 - 22).

Bhain scríobhaí na lámhscríbhinne seo, Aodh Ó Maoil Mhuaidh, le Cros Snámha, i dtuaisceart Ros Comáin agus bhí sé ag gabháil don lámhscríbhinn seo idir 1718 agus 1731 A. D. (ibid., 23, 115).

.....

.....

Is ar na lámhscríbhinní ar bhain Tadhg Ó Rodaighe leo is mian liom trácht anois. Bhí cuid díobh seo ina sheilbh aige féin agus cuid eile díobh nach raibh ach an bhaint is teagmhasaí aige leo.

.....

11.

RIA (479) 23 P 26

.i. Leabhar Caillín

Tá gluaiseanna Thaidhg mhic Ghearóid Uí Rodaighe go barra bachall sa lámhscríbhinn seo. Scríobh Muirgius mac Páidín Uí Mhaoil Chonaire í sa bhliain 1516 (Macalister, R. A. S., 1939, 5 - 6). Ba ‘saoí lé seanchus agus lé filidheacht’ é Muirgius, ‘lasar sgríobhadh liubhair iomdha’ sular éag sé ‘iar mbreith buadha ó dhemhan agus ó dhomhan’ sa bhliain 1543 (F. M. sub anno, alt 12). Is cosúil gur athuimhrigh Tadhg mac Gearóid Uí Rodaighe leathanaigh na lámhscríbhinne, de réir innéacs Acadaimh Ríoga na hÉireann. :

‘vellum, ... a later foliation apparently in the hand of Tadhg Ó Rodaighe (of Crossefield, Co. Leitrim)’ (fasc. X, lch. 1284).

Bhreac Tadhg Ó Rodaighe gluaiseanna go leor tríthí agus tugadh na dátaí 1685, 1688, 8-8-1693, 31-5-1702, agus 19-5-1702 faoina láimh siúd (Macalister, R. A. S., 1939, 94 - 112). D’athscríobh John O Donovan an leabhar do Mhaol Mórdha Ó Raghallaigh, nó ‘O’Reilly of the Heath’, sa bhliain 1828 agus tugtar RIA 23 P 8 ar an lámhscríbhinn seo anois (Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1875, v). Is ar chóip Uí Dhonnabháin a bunaíodh an leagan a foilsíodh faoin ainm ‘The Book of Fenagh’ sa bhliain 1875. Fuarthas locht ar chóip Uí Dhonnabháin agus locht dá réir ar an leagan foilsithe (Macalister, R. A. S., 1939, 4). Chuir R. A. S. Macalister imleabhar eile leis nuair a tuigeadh nach raibh an leagan a d’fhoilsigh Hennessy agus Kelly beacht ar aon bhealach. D’fhoilsigh Macalister gach gluais de chuid na lámhscríbhinne ina chóip siúd agus rinne sé iarracht na gluaiseanna éagsúla a leagan ar dhaoine ar leith. (ibid., 94 - 112). Thug Pól Breathnach cuntas cuimsitheach ar Leabhar Caillín (Walsh, P., 1947, lgh. 49-73).

12.

Leabhar Thaidhg Uí Rodaighe

Luadh ‘leabhar Thaidhg Uí Rodaighe’ agus bailiúchán leabhar Thaidhg Uí Rodaighe i gcuntais ó am go chéile. Luadh an ‘leabhar’ seo mar fhoinse ag RIA (156) 23 D 5. :

‘Fear dána an gille so thiar’, Céad rann Thaidhg Dhaill Ui Uiginn fuareas as leabhar T. Ó R. (RIA 23 D 5, 281).

Luadh a bhailiúchán mar fhoinse do ‘Etach Agallmha an Dá Shuadh’ beagán amach ina dhiaidh sin :

Ex libris Thadei Roddij. (*ibid.*, 297).

Ba é Seón Mac Solaidh, Co. na Mí, a scríobh cuid a haon de RIA 23 D 5, sa bhliain 1715 A. D. Risdard Tiuper (.i. Tipper) a scríobh cuid a dó (= lgh. 254 - 413).

Luadh an leabhar mar fhoinse freisin i lámhscríbhinn de chuid Chathail Uí Chonchobhair, RIA (935) C i I. :

As leabhar Thaidhg Uí Roduighe sin Octobris 15, 1731 (RIA C i I, 90).

An duan ‘Ceand Eirend Árd Macha’, a bhfuil tuairim is 64 rann ann, an t-ábhar a bhí i gceist. Scríobh Ó Conchobhair a chuid siúd den lámhscríbhinn sna blianta 1728 - 29 agus 1731 - 33 A. D (*Clár Isí. an RIA*, fasc. XXI - XXV, 2691). Scríobh ‘Corrnan Óg Ó Corrnín’ na leathanaigh 95 - 97 sa bhliain 1734 A. D. (*ibid.*).

Is fúinn féin ábhar leabhair seo Thaidhg Uí Rodaighe a thomhas. Féach lámhscríbhinn uimhir 1 thuas.

13.

‘Liber Ultoniae Thady Roddy’

Luaigh scríobhaí ‘Liber Ultoniae Thady Roddy’ mar fhoinse go gairid i ndiaidh an Thaidhg é féin. Aodh Ó Maoil Mhuaidh as Cros Snámha, Co. Ros Comáin, an scríobhaí a bhí i gceist agus bhí sé i mbun na lámhscríbhinne seo, RIA (340) 23 M 23, idir na blianta 1718 agus 1731 :

Andrias mac Cruitín. Sliocht Ir, Eibhir, agus Eireamhóin : Rudhruaighe mhac Sithrigh mhic Duibh mhic Fómhoir do bhídh na rígh Eirionn, *Genelach* Thaidhg Uí Chonchobhair Corco M'ruadh (ó Liber Ultoniae Thaddy Roddy).

(RIA 23 M 23, 13).

Is féidir glacadh leis gur lámhscríbhinn ghinealais a rianaigh craobha na nUladh an Liber Ultoniae seo. Féach gur 'Leabhar Connachtach' a rianaigh na Connachtaigh, 'Leabhar Fiachrach' a rianaigh Uí Fiachrach, 'Leabhar Oirghiallach' a rianaigh na hOirghialla, 'Leabhar Bretnach' a rianaigh na Breatnaigh agus gur rianaigh an 'Leabhar Muimhneach' na Muimhnigh go bunúsach. Mar a chéile nuair a phléitear ginealas mhuintir Chineáil Eoghain i lámhscríbhinn eile, Leabhar Chlainne Aodha Bhuidhe, mar 'thractus ar réim ríoch sleachta Eoghain mhic Néill Naoighiallaigh' dar tús 'Cuiccear mac bhadur acc Eochaidh Muidhmeadhoin', is faoin teideal : 'An leabhar Eócchanach' a fhaighimid é (RIA 24 P 33, 101). Caithfidh sé go raibh leabhar ginealaigh éigin ar na hUltaigh i seilbh Thaidhg ar a dtugtaí an Leabhar Ultach nó Liber Ultoniae. Címid tagairt den chineál céanna i gcás Thaidhg freisin :

Genealach Uí Rodaighe. xx. do chlainn Rudhrighe annso .i. ó Rodaighe fiadhnach, as an leabhar uí Maílchonaire, agus as an **leabhar ulltach**. pagina octava.

Tadhg ó Rodaighe mac Gearoid, *mhic* taidhg, *mhic gearóid*, *mhic* Taid[h]g, *mhic* Taidhg, *mhic* Uilliam, *mhic* Matha, *mhic* Roibeird, *mhic* Seaáin

(RIA 23 L 34, 233).

Mar a chonaiceamar faoi Leabhar Chlainne Suibhne, lámhscríbhinn uimhir 2 thuas, le linn do Thadhg trácht ar a ghinealach, thagair sé don fhoinsé seo faoin ainm Laidine 'lib. Oltonia' (RIA 24 P 25, 75 r.). Thagair Tadhg mac Seaáin mhic Thaidhg Uí Neachtuin don fhoinsé mar údar aige le ginealach Thaidhg Uí Rodaighe a scríobh i lámhscríbhinn Acadamh Ríoga Éireann 24 P 41, b, 45, 'do réir an Leabhair Ultaidh' (*Clár Isí. an RIA*, fasc. XXVI - XXVIII, 3616).

14.

'bookes of our Law, ... 30 in number'

(= TCD H. 3. 18?)

Luaigh Tadhg na leabhair seo ina lámh féin sa litir chuig Llwyd atá anois i lámhscríbhinn i gColáiste na Tríonóide faoin uimhir H. 2. 16. Is amhlaidh a bhain an bailiúchán lámhscríbhinní seo le Sligeach, áfach, agus a ainm féin air mar leabhar :

Búidhe Leacain ainm an leabhair so. Meisi Cirruaid mac Taidhg ruaidh
(TCDH. 2. 16., 1).

Níl ann, ar ndóigh, ach gur sádh litir a scríobh Tadhg Ó Rodaighe chuig Edward Llwyd isteach leis an lámhscríbhinn seo. Is mar fhreagra ar cheisteanna de chuid Llwyd a scríobh Tadhg an litir.

.... I have Irish bookes of all those five dialects; I have the bookes of our Law, being 30 in number (though my honored friend, Sir Richard Cox, was once of opinion that our law was arbitrary, and not fixed nor written, till I satisfied him to the contrary in summer, 1699, by shewing him some of the said lawe bookes). ...
(TCDH. 2. 16., 368).

Tá barúil ag William O Sullivan gur lámhscríbhinní éagsúla atá scaipthe idir Acadamh Ríoga Éireann, Leabharlann na Breataine agus an Kongelige Bibliotek i gCopenhagen sa lá inniu a bhí i gceist leis an scór go leith lámhscríbhinní a luaigh Tadhg ina litir chuig Llwyd (O Sullivan, W., 1999, 278). Is é a thuairim nach gcruthaíonn a dhath dá bhfuil i leabharlann Choláiste na Tríonóide go bhfuair Edward Llwyd greim ar lámhscríbhinní Thaidhg Uí Rodaighe.

Tadhg Ó Rodaighe of Crossfield in County Leitrim, whom Lhuyd met, boasted in a letter of having thirty manuscripts, but there is nothing in the Trinity manuscripts that would indicate that he parted with any of them to Lhuyd. (ibid.).

Tugann William O Sullivan cuntas fada casta ar scaipeadh na lámhscríbhinní éagsúla seo sna ceithre hairde (ibid., 278 - 282). I measc na lámhscríbhinní sa chuntas sin luann sé na cinn seo a leanas :

BL ls. Egerton 88; Kongelige Bibliotek ls. 261B; RIA 1243, lch. 33 - 52;
BL ls. Egerton 90, móide RIA 1243 lch. 7 - 30 agus RIA 670; RIA 1243, lch.
53 - 55 agus RIA 1236; (ibid., 278).

B'fhéidir gur cheart BL ls. Harley 432 a lua leis na lámhscríbhinní thuas, dar leis (ibid.). Is cuntas an-mhion é, ach is fiú cuimhneamh nach maíonn O Sullivan gur cinnte aon ní dá ríomhann sé, má amharcaimid ar fhriotal a chuntais :

... a third of the *Corpus* that did not belong to Lhuyd and the ladder to which we owe our knowledge of Irish law must have a second, though equally frail, seventeenth-century rung if we are to account for the considerable body of lawyers' books, now divided between the British Library and the Royal Irish Academy, (ibid.).

... (Harley 432) ... could also have belonged to him. (ibid.).

... It seems most likely that these last (Egerton nos. 97 - 9) may also derive from the Mahon collection and so ultimately, as I suspect, from Tadhg Ó Rodaighe. (ibid., 279).

Níl aon chinnteacht sa scéal, ach is é mo bharúil nach raibh na mílte leathanach i gceist leis an scór go leith lámhscríbhinní seo a luaigh Tadhg. Tá claonadh beag agam féin leis an tuairim a nocht Pádraig Ó Ciardha a mheas gur i measc cnap lámhscríbhinní Mhuintir Chuirín, a cheannaigh Llwyd, atá cuid den scór go leith lámhscríbhinní úd ar thagair Tadhg Ó Rodaighe dóibh (Ó Ciardha, P., 1977-78, 270). Scríobh Tadhg chuig Llwyd, Mí Bealtaine na bliana 1700. Mhínigh Llwyd gurbh ó 'Cornán O Cornin' a cheannaigh sé rann éigin den leabhar seo, .i. H. 3. 18 (=1337). le linn dó fanacht i Sligeach an bhliain sin :

'Dr Lhwyd a brynodh u lhyvyr ymma gan Gornán o Cornin wrth yn Steydh : Slego. yn Honacht Anno 1700' (TCD H. 3. 18., 459).

= An Dr. Llwyd a cheannaigh an leabhar seo de chuid Chornáin Uí Choirín le linn dó fanacht (stay ?) i Sligeach. I gConnachta 1700 A. D.

Bolg an tsoláthair ar fad is ea an lámhscríbhinn áirithe seo, TCD H. 3. 18. Chun cuidiú le caomhnú na lámhscríbhinne, bheartaigh Seomra na Lámhscríbhinní ar na saolta deireanacha seo an lámhscríbhinn a roinnt ina codanna agus is amhlaidh a gheobhaidh gach léitheoir a rachaidh ina cionn feasta í. Beidh gach cuid den lámhscríbhinn ina chlúdach ar leithligh le léamh as féin feasta. Ba léir do T. K. Abbott, a chláraigh an lámhscríbhinn, gur bholg an tsoláthair a bhí ann :

'Though bound in *quarto* form, this volume includes fragments of books of various sizes and different ages. (Abbott, T. K., 1900, 140).

Thug Edward Llwyd le fios gur cheannaigh sé méid áirithe den lámhscríbhinn seo ó Owen Agniu. Scríobh sé an t-eolas sin ar thríú leathanach na lámhscríbhinne, i ngeall

an chéad dá leathanach a bheith chomh modartha lena linn féin, mar táid in aice a bheith dubh uile anois. Breathnaíonn cuid bheag Owen Agniu, lgh. 1 - 7 (nó 1 - 13, b'fhéidir), as alt nuair a áirítear na lámhscríbhinní (dlí), mar dhea, nach mbíonn ach fad roinnt leathanach i ngach ceann acu. Níl i gceann Owen ach roinnt leathanach ar nós na gcinn eile uile go léir. Is cosúil le tuairim is dhá scór lámhscríbhinn éagsúla atá ann. Shamhlófaí nár bhain le hOwen Agniu ach an chuid bheag sin ag an tús a bhfuil a ainm féin air. Is de bhunadh éigse Chlainne Aodha Bhuidhe, dála an scéil, an fear céanna de réir a shloinne, Ó Gnímh. Cuimhnimis gur chum Tadhg Ó Rodaighe duan do fhear ceannais Chlann Aodha Bhuidhe Uí Néill lena linn féin, Cormac mac Airt mhic Sheáin Uí Néill, an duan dar teideal 'Tugas tuile tromghráidh duit'. (RIA 23 P 33, 239).

D'fhéadfadh an scéal a bheith amhlaidh i dtaca le cuid Chornáin Uí Chuirnín den lámhscríbhinn. Is é sin, nár bhain leis ach an chuid sin ar a bhfuil a ainm luaite ag Llwyd (TCD H. 3. 18., 459). Nuair a mheastar an lámhscríbhinn seo ar an gcaoi sin, is féidir a rá go bhfuil cuma éigin ar H. 3. 18. mar chnap de 30 lámhscríbhinní Thaidhg Uí Rodaighe, nó 'bookes of our Law, ..30 in number.' Is féidir gurbh iad seo a bhí ar intinn Thaidhg nuair a bhreac sé na focail agus é i mbun pinn ar 'Leabhar Chlainne Suibhne' :

'.. óir atáid na cartacha agumsa agus (ag mórán eile ar ndoigh) ...'
(RIA 24 P 25, 73 v.).

Caithfear blaiseadh de chlár na lámhscríbhinne seo leis an scéal a mheas agus féachaint an bhfuil mórán an uimhir sin, scór go leith, de chodanna dlí le fáil ann :

lch. 1 'A law tract containing regulations regarding the degrees of chieftains'.

Mír den Crith Gablach is ea lgh. 1 - 7;

lch. 7b, Cáin an a dno la fene;

lch. 8 'Fir elgair ag emaoth cen comairle';

lch. 10b Bretha comaitchetainnd;

lch. 14 sliocht dlí 'entitled Bretha Comaitchesa, a collection of rural and pastoral regulations';

lch. 15 sliocht dlí 'giving regulations for the Church and the laity. The fines to be paid for killing or wounding persons of various positions in Church and State are enumerated';

lch. 19 sliocht dlí 'treating of treaties, covenants, witnesses, pledges, etc';

lch. 26 leabhar ogaim (atá an-soiléir);

lch. 34 traigh sruth feirceirtni so;

- lch. 35 trefocla inso;
 lch. 35 'A mo choimdiu nell, cid do dén fri Firu Arda' (70 rann);
 lch. 37 'Dobhérainn comairle dom charait' (dán);
 lch. 37 'Eochair céille cloisteacht' (dán);
 lch. 38 Céad dream in Éirinn le Tuan mac Cairill;
 lch. 39 nótaí ceoil;
 lch. 40 mír ar Bhrénainn;
 lch. 40 alt as an 'Apgither Cráibid';
 lch. 40 dán do 'Cormac', 'hí gua mé';
 lch. 41 'Dia mbad mese bad righ réil' (dán);
 lch. 42 alt ar Cormac Gaileng;
 lch. 42 scéal na Caillí Beire;
 lch. 43 'Carpait laath agus eich do bertí buaidh' (dán)
 lch. 44 mír réalteolaíochta;
 lch. 44 ocht n-uair na beatha eaglasta;
 lch. 44 na seacht bhFlaitheas;
 lch. 44 na plainéid agus an cholainn;
 lch. 45 dán Fionntain ar thríocha céad Éireann;
 lch. 45 ábhar cráifeach;
 lch. 46 Gabháil Pharthaláin;
 lch. 47 baile mac Buain;
 lch. 48 Compert Conchobair mhic Nessa;
 lch. 48 scéal ar Ghuaire;
 lch. 49 'Ní hada do m'anmuin', dán le Feirceirtne ag moladh Chon Roí;
 lch. 53 'Mo coire coir goiriath' le hAemergin;
 lch. 57 sliocht dlí 'Cisliir cenela airechtair';
 lch. 59 Tús dlí na Gréige agus na Róimhe;
 lch. 60 míreanna;
 lch. 60 Toghail Trítha Truim innso;
 lch. 60 Toghmarc Báise bandruadh indsa;
 lch. 60 Bruigen séinbic hdbric; (?)
 lch. 60 Táin Bhó Ruanaid;
 lch. 60 Aisling Con Chulainn;
 lch. 60 Cath Sléiphe Cáin;
 lgh. 61 - 62 mír ghluaise;
 lch. 63 gluais de réir aibítire;
 lch. 76 mír ghluaise;
 lch. 84 ar ghalra capail;

lch. 86 gluais ar chruafhocail Féilire Oengusa;
 lch. 88 Uraiceacht Bheag;
 lch. 112 sliocht dlí;
 lch. 152 Agallamh an dá thuaradh;
 lch. 157 gluais ar théarmaí dlí, le Giolla na Naomh mac Donnshléibhe Mhic Aodhagáin;
 lch. 167 sliocht dlí sa láimh chéanna;
 lgh. 173 - 184 dhá shliocht dlí i láimh eile;
 lch. 185 sliocht dlí agus roinnt gluaiseanna;
 lch. 196 tús Feis Tigh Canain;
 lgh. 197 - 202 sliocht Ogaim Consaine;
 lgh. 203 - 206 sliocht Ogaim;
 lgh. 207 - 209 sliocht dlí;
 lgh. 210 - 213 tús ‘Aithne damh homa re haei’;
 lgh. 214 - 256 sliocht dlí;
 lgh. 257 - 260 mír de sliocht dlí;
 lgh. 261 - 268 sliocht eile dlí;
 lgh. 269 - 284 mír eile de shliocht dlí;
 lgh. 284 - 303 sliocht dlí agus gluais ar théarmaí dlí agus ar nathanna a scríobhadh ar ghiotaí éagsúla páir;
 lgh. 331 - 352 sliocht eile dlí a mb’fhéidir a scríobhadh sa láimh chéanna;
 lgh. 353 sliocht dlí le gluais idirlíne;
 lgh. 358 - 398 giota den Senchus Mór;
 lgh. 399 - 412 Lebor Aicill, .i. dlí Cairbre Lifechair, ‘containing laws promulgated by King Cairbre Lifechair’;
 lch. 413, 414 sliocht dlí;
 lch. 417 Aisling Baithine;
 lgh. 419 - 422 sliocht dlí;
 lgh. 423 - 437 sliocht dlí;
 lgh. 437 - 439 dhá shliocht dlí;
 lgh. 440 - 454 sliocht dlí ‘containing ancient maxims and phrases, with gloss and commentary’;
 lch. 455 sliocht dlí : ‘A decision made by the O Dorans in a dispute about land ...’ agus an bhliain tugtha 1561 leis;
 lch.456 sliocht dlí;
 lch. 457 cúig chasán breithe;
 lgh. 458 - 466 sliocht dlí (agus ar lch. 459, nóta Ed. Llwyd mar le Cornán Ó Cuirnín sa bhliain 1700);

lgh. 469 - 492 mír de shliocht dlí;
 lgh. 493 - 506 sliocht dlí. What follows is commentary;
 lgh. 507 - 515 sliocht dlí ‘containing explanation of terms, with occasional interlined gloss’;
 lch. 519 Uraicept na nEces;
 lch. 528 Togail Bruidne dá Derga;
 lgh. 539 - 541 Gluaiseanna do Thecosc Chormaic,
 lch. 542 ‘is the verso of what was formerly the cover of the collection 543 - 564’;
 lgh. 543 - 555 Agallamh an dá thuaradh;
 lgh. 565 - 660 ‘is a collection, the folios of which are separately numbered (the third, however being passed over), and at the top of p. 565, a Welsh note by Edw. Lhwyd, stating that he purchased this from Eoin Agniu, of Larne, Co. Antrim, in the year 1700’;
 lch. 630 téarmaí dlí;
 lch. 638 téarmaí dlí;
 lgh. 641- 654 sliocht mínithe cruafhocail;
 lch. 766 ‘Fuair Breifne a díol do shaoghland’ (dán do Bhrian na Múrtha Ó Ruairc).

Luann Tadhg Ó Rodaighe é féin cuid díobh seo sa dán ‘Binn le neach a mholadh féin’ a cheap sé mar fhreagra ar dhán Sheáin Bhallaigh Uí Dhuibhgeannáin. Mar shampla, rann 7, líne b ‘Uraicept’, líne c ‘na Bretha Neimigh’, rann 8, líne b ‘Teagasc Rígh Chormaic’, rann 9, líne a ‘Agallmha na Suadh’ (TCD H. 6. 15., 310 v.). Leagadh an ceann deiridh seo, nó ‘Etach Agallmha an dá shuadh’ ar leabharlann Thaidhg, nó ar Thadei Roddij, i lámhscríbhinn an RIA 23 D 5, mar a luaitear thuas faoi ‘Leabhar Thaidhg Uí Rodaighe’. Baineann roinnt eile de na nithe thuas le hábhar Uí Rodaighe freisin, lch. 210 agus 766, fágaim. Ag brath ar a n-áireofa mar ‘leabhar’ dlí, nó ‘book of law’, caithfear glacadh leis go bhfuil suas is anuas leis an scór go leith sleachta dlí ann. Caithfear a mheá in éadan sin, áfach, tuairim William O Sullivan atá bunaithe ar shaineolas na mblianta fada a caitheadh i mbun chúram na lámhscríbhinní seo i gColáiste na Tríonóide.

Leabhar Leathaoín?

Is é an leabhar seo, ‘Leabhar Leathaoín’, a luaigh Tadhg Ó Rodaighe mar fhoínse aige leis an dán ‘Aithne dhamh gach meirge mór’, dán uimhir xxii thíos, agus mar fhoínse aige leis an liosta treabhanna a tháinig roimh an dán :

Ag seo síos, suíomh an *tseanchaidh ar Shuaitheantais Chloinne Israel*,
amhail a léitear as an *Leabhar Leathaoín in Urmhumhain*

(TCD H. 5. 19., 139).

‘Leabhar Leacaoín’ a thugann *FFÉ* air ina thrácht sin air (Dinneen, P., 1906b, 126). Is cinnte as léamh na leaganacha a tháinig roimh am Thaidhg nárbh é RIA 23 P 16, ‘An Leabhar Breac’, a bhí i gceist. Bhí gaol le brath níos mó ag leagan Thaidhg le leagan Fhoras Feasa ar Éirinn, ach má bhí féin, bhí nithe eile fós a dhealaigh le *FFÉ* é (Dinneen, P., 1906b, 124 - 128). Cíorfair gné seo an scéil go mion thíos faoin dán féin, ‘Aithne dhamh gach meirge mór’. Scríobh Murchadh Ó Cuinnlis An Leabhar Breac ag tús an chúigiú haois déag (Ó Muraíle, N., 1996, 31). Cuireadh le chéile é, i 1411 nó roimhe, sa taobh tíre céanna le Leabhar Leathaoín, is é sin, in Urmhumhain :

‘sleachta a breacadh síos timpeall na bliana 1237 i dtigh Chéin Mhic an Ghabhann in Urmhumhain’ (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 105).

Tháinig lámhscríbhinní eile ina ndiaidh a bhfuil cóipeanna den dán seo iontu (Ó Muirgheasa, É., 1936, 183). Ar lucht a scríofa sin bhí Mícheál Óg Ó Longáin (fl. 1766-1837), Seán Mac an tSaoir a scríobh tuairim na bliana 1770 agus Mícheál Mac an Bhaird a scríobh ina dhiaidh sin arís faoin mbliain 1825 (ibid. & Williams, J. E. Caerwyn & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 308). Scríobh John O Daly an chuid de RIA 12 F 3, (lch. 3) a bhfuil an dán céanna ann. Is suntasach a dhlúithe a lean a leagan seisean leagan an Leabhair Bhric, fear nár tháinig ar an saol go dtí breis is scór go leith bliain i ndiaidh bhás Thaidhg Uí Rodaighe (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 321).

.....

Peannaireacht Thaidhg Uí Rodaighe.

Is furasta go leor lámh Thaidhg Uí Rodaighe a aithint mar gur bhreac sé gluaiseanna thall is abhus ar lámscríbhinní eile, Leabhar Caillín (RIA 23 P 26), Leabhar Clainne Suibhne (RIA 24 P 25), áirímis, agus shínigh a ainm leo. Is suntasaí, thar aon ní, méid agus leithead na litreach ag Tadhg. Lean Muiris Ó Gormáin, shílfeá, peannaireacht Thaidhg ach go ndéarfá gur lú faoi dhó a scríobh siúd ná lámh Thaidhg. Litir an-tiubh a scríobhadh Tadhg. Ba nós le Tadhg an litir ‘a’ folíne an ghearrscríofa a scríobh an-ghéar, rud a chuidíonn lena lámh a aithint. Is cosúil an bheirt, Ó Rodaighe agus Ó Gormáin, ina gcuid ‘g’anna ar an alt géar a dhéanaid tar éis teagmháil anuas leis an gcasadh ar chlé. Stopaid leis an alt géar seo agus casaid suas a bheagán arís roimh tabhairt faoin gcuid íochtair agus faoin gcasadh deiseal síos.

**Ré na hIarphátrúnachta
agus
Nótaí Eagarthóireachta**

Ré na hIarphátrúnachta

Níorbh 'fhile' chaon duine den slua sin a chum dán do Thadhg mac Gearóid Uí Rodaighe, nó dá ghaolta. Thug beirt de chuid an liosta sin ar leathanach 11 an tráchtais seo thuas le fios dúinn nárbh fhilí mar fhilí iad. Séafraidh Ó Ruairc a chum dán uimhir XV thíos agus Seán Ballach Ó Duibhgeannáin a chum dán III an bheirt atá i gceist. Is cosúil gur mar dhochtúir Uí Rodaighe ba cheart dúinn Ó Duibhgeannáin a mheas. Is mar leathmhagadh orthu féin a scríobh an bheirt seo. Ba mhó leo aoibh an ghéire a chur ar a gcara Ó Rodaighe ná aon ní.

Thug beirt eile le fios go raibh meas file acu orthu féin. Is iad Peadar Ó Maoil Chonaire agus Éamonn Ó Caiside an bheirt áirithe sin. Ní beag an saothar a chuir Ó Maoil Chonaire air féin agus é i mbun Tadhg Ó Rodaighe a mholadh. Scagfar cumas na bhfilí éagsúla thíos, ach is fiú beirt a lua as méid a saothair ag móradh Taidhg. Chum Peadar Ó Maoil Chonaire ceithre dhuan dó a bhfuil suim 95 rann ar fad iontu. Chum Éamonn Ó Caiside trí dhuan á mhóradh. Luadh na dánta seo cheana ar leathanach an tráchtais thuas.

Is féidir gurbh aidhmeanna polaitiúla na linne a thug ar roinnt de na filí an dán díreach a bheith ina sprioc acu sa mhéid go mbeadh caitheamh siar ar na seanchruthanna filíochta ag cur leis an gcaitheamh siar ar an seanreacht a mbeifí ag iarraidh a athréimniú faoi Rí Séamas II. Bhíothas ag moladh go fial feisirí de chuid Pharlaimint na bliana 1689 in Íochtar Chonnacht agus i mBréifne san am, i ndán díreach, in ógláchas nó i meadaracht an amhráin :

Toirdhealbhadh Mac Donnchadha / Terence Mac Donogh Esq. Borough of Sligo ar mhol Seán Ó Gadhra é sna dánta 'Tá Fódla go brónach is osna n-a láir' agus 'Siúd é an flaith nár spailp aríomh an t-é'ach'

(Mac Domhnaill, Ath., 1955, 38-39 & Simms, J. G., 1974, 25);

Gordon Ó Néill / Col. Gordon O'Neill, feisire Thír Eoghain, ar mhol Diarmuid Ruadh Mac Muireadhaigh as Abhainn an Chartúin, Co. Liatroma é sa dán 'Gluaisigh ribh a ghlac rannsa' (TCD H. 5. 9., h, & féach Walsh, P., eág. 1933, 88-91, & Simms, J. G., 1974, 25);

Cormac Ó Néill / Cormac O'Neill Esq., feisire Aontroma ar mhol Tádhg Ó Rodaighe é sa dán 'Tugas tuile tromghráidh dhuit', céad dán an tráchtais seo thíos (Ó Donnchadha, Tadhg, 1931, 279, Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 395 & Simms, J. G., 1974, 21);

Luafar sa chuntas ar an dán céanna sin, uimhir I thíos, feisire eile de chuid na Parlaiminte, Arthur Brownlow Esq. an té a mbíodh Leaabhar Chloinne Aodha Bhuidhe' agus lámhscríbhinní eile ina sheilbh aige (Simms, J. G., 1974, 21);

Francis Leigh Esq., feisire Chill Dara ar mhol Shéan Ó Gadhra é sa dán 'Mór mheasaid deilbh an dána' (Mac Domhnaill, Ath., 1955, 43 - 46 & Simms, J. G., 1974, 23);

Pilib Óg Ó Raghallaigh / 'Philip Og O'Reilly Esq. Borough of Cavan' ar mhol an tAth. Tomás Ó Cléirigh é sa dán 'As tuirseach gan dáil chbhra' i mbliain a bháis.1703 (Carney, J., 1950, 111 - 113 & Simms, J. G., 1974, 21);

Aodh Ó Raghallaigh / 'Hugh O'Reilly Esq. of Lara', feisire eile an 'Borough of Cavan' ar mhol Tomás Mac (= Ó) Cléirigh é tráth a bháis sa bhliain 1715 leis an dán 'Do chaill an Cabhán a bhláth' (Carney, J., 1950, 147 - 149 & Simms, J. G., 1974, 210).

Uaillmhian an tseanreachta agus a ngabhadh leis mar uaillmhian cheapadóireachta a bheith ann nó as, is iontach an fíúntas a shiúl le hiarrachtaí filíochta deibhí roinnt de shaothar na bhfilí seo thíos, - ach Peadar Ó Maoil Chonaire as an áireamh - dream nach raibh cuimhne acu ar íocaíocht lena linn.

.....

Nótaí Eagarthóireachta

Glacadh le caighdeán na ndánta féin san eagar a cuireadh orthu anseo thíos ach sa mhéid gur mheasas nár mhiste roinnt athruithe a cheadú ar mhaithe le léamh na linne seo againn féin leis. Is é sin, leagan a bheadh ag teacht roinnt mhaith le foclóir an Duinnínigh. Cheadaíos na hathruithe seo a leanas:

a : Fágadh an réamhfhocal ‘a’ (= as) gan athrú agus fágadh an réamhfhocal ‘a’ móide urú (= istigh) mar a chéile i roinnt cásanna : a lé a n-uair I 15c; a mórdháil II 5b; a cclár a gClár II 5c; a bhfód III 4c; an aoinfheacht V 30d; an Éirinn V 31b;

air > ar V, 22d, 23d;

cc > gc : Athraíodh an t-urú :

ccaomhlus > gcaomhlus I 7d; cclár > gClár II 5c; cclann > glann VI 5d & ccraobhruaidh gCraobhruaidh VI 5d;

do > d’ : Le líon siollaí a laghdú a ciorraíodh an guta : d’ ghéisibh V 4c;
don > den V 21a;

fa, fo & fó > faoi V 13a, 20d & 34c; VI 2d; VII 3c, 7d & 17d; VIII 8d; X 9c;
ach fágadh ‘fa’ sa dán ‘Slán fa éirghe Eilíse’, uimhir XVII thíos.

gé > cé: V 31a;

gi / gidh > cé: II 2c; II 8c; II 9c; ach níor athraíodh ‘gibé’ IV 2b;

Is / Ba, An Chopail : Fágadh an consan lom i ndiaidh na Copaile san Aimsir Chaite :
Ba mórdha, IV 13a & VI 4d; ba frosghlan IV 15c; ba fraochdha IV 21a; ba cuim IV 28c; Ba gaoth IV 33a; ba dlúigh VI 9c; ba buan VIII 6a;

mh’ : Fágadh an aidiacht shealbhach faoi shéimhiú : mh’aigneadh I 8a & 8c;

re : Fágadh an réamhfhocal ‘re’ mar a bhí sa lámhscríbhinn.

san > sa roimh chonsan :

sa mhúr VII 11d; sa bhruigh VII 12d; sa chuid VII 13d;

sb > sp :

Easbáinn > Easpáinn IV 42d;

sblangc > splanc VI 14c;

sd > st : ceasd > ceast XII 9d;

rósdaraigh > róstaraigh II 2b;
snasda > snasta III 2a; forasda > furasta III 2b;
róghasda > róghasta IV 56c; forusda > furasta IV 56d;
inmheasda > inmheasta > V 1c; iosd > iost V 19c; ceisd > ceist V 2b & 23c;
theisd > theist V 23d;
Críosd > Críost VI 24b; gasdacht > gastacht VI 25a;
solasda > sholasta VII, 14b;
mheasda > mheasta > IX 9a;

sg > sc :

teagaisg > teagaisc III 1d;
sgaith > scaith IV 7c; sgoile > scoile IV 6a; sgaith > scaith IV 7c; dhíosg > dhíosca IV 21d; sgáth > scáth IV 35a;
d'fhuasgladh > d'fhuascladh V 2b; sgotha > scotha V 6b; fhasgadh > fhoscadh V 13a; trasgradh > trascradh V 13c; sgoiloíge > scoiloíge V 30b; sgéula > scéala V 32d; sgeula > scéala V 32d;
dhíosg > dhíosca VI 20d; fuasgladh > fuascladh VI 25b;
sgaoileadh > scaoileadh VII 7a;
sgéal > scéal X 27a; sgaithfios > scaithfios X 27b
measg > measc XII 9c;
aoinsgiath > aoinsciath XXIV 1a.

tt > dt : Athraíodh an t-urú : i ttreas > i dtreas XII 5c;

Athraíodh gutaí nó baineadh síneadh fada de ghuta :

aoí > aoi : saoi III 1c;


ea > io : leam > liom IX 8a;

éu > éa : bréuga > bréaga II 2b;

ía > ia : fial I 3d & 14d; sáirmhian IV 34b;

io > ea :

shuaimhnicht > shuaimhneach III 1c; ghroighioch > ghroigheach IV 21c;
oinioch > oineach IV 21d; léidmhioch > léidmheach IV 27d; einioch > eineach VIII 11c; bleidhioch > bleidheach VIII 11d; hairioch > haireach VIII 13c & 15c; gComhhaicnioch > gComhhaicneach VIII 13d; deagh-aithnioch > deagh-



aithneach VIII 15d; coitchionn > coitcheann IX 8b; saoidhiocht > saoidheacht IX 8d;

úa(i) > ua(i) : uaim I 8c; dual 13b & uair 15c;

ui > ai, nó, ui > oi :

dalluibh > dallaibh II 4a; ruindhearcuigh > ruindhearcnaigh III 4b;
Chormuic > Chormaic Measuim III 3a; bhfuigheadh > bhfaigheadh III 3a;
chuirp > choirp IX 8b;

Péire a chum Tadhg mac Gearóid

(i)

Tugas tuile tromghráidh duit

RIA 24 P 33, 239

Ó Donnchadha, Tadhg, 1931, 279-281.

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 395.

Tadhg Ó Rodaighe a chum.

Is i lámhscríbhinn a bhain le hoirthear Uladh atá an duan dar tús ‘Tugas tuile tromghráidh duit.’ Is é ‘Leabhar Cloinne Aodha Buidhe’ a thugtar mar ainm ar an lámhscríbhinn chéanna, RIA 24 P 33, cionn is gur duanaire é an leabhar seo agus gur ar Chlann Aodha Buidhe Uí Néill, a díriodh na duanta ann. D’fhoilsigh Coimisiún na Lámhscríbhinní eagrán Thaidhg Uí Dhonnchadha de sa bhliain 1931. ‘Clann Aeda Buide Uí Néill’ le Loch nEachach anoir, is ea a thug Edmund Hogan mar chur síos dúinn ar ionad an tsleachta (Hogan, E., 1910, 236).

Is duan molta 15 rann a chum Tadhg Ó Rodaighe do fhear darb ainm Cormac mac Airt, mhic Sheáin, Uí Néill an duan seo, ‘Tugas tuile tromghráidh duit’ agus ’sí lámh Thaidhg Uí Rodaighe féin a bhreac i Leabhar Cloinne Aodha Buidhe é. Shínigh Tadhg a ainm leis an duan sa lámhscríbhinn anseo, ach ní hionann an cás seo agus na leabhair eile. Deirim an méid sin mar is léir gur ar pháipéar ar leith atá duan Uí Rodaighe againn anseo, páipéar nár bhain ón tús leis an lámhscríbhinn. Is ríshoiléir nach mbaineadh lch. 239, lch. Uí Rodaighe, leis na duilleoga roimhe ná ina dhiaidh. Is cosúil, áfach, go raibh an dá dhuilleog atá roimhe, lgh. 235 - 238, ina theannta achar maith, bíodh nach mbainid siúd, de réir cosúlachta, leis an lámhscríbhinn ó thús ama ach an oiread.

Is ináireamh seangaol an fhile lena fhlaith sa chás seo. Is chuige sin rann 15 go sonrath, mar a dtugann Tadhg ‘a leannáin Leasa Luirc’ ar Chormac. Ní móide, áfach, gur as a chumas filíochta atá Tadhg á chruthú féin anseo. Is féidir gurb é an gaol polaitíochta an fuinneamh is mó atá ag séideadh tríd an duan seo aige do Chormac Ó Néill. Luadh ‘Regiment de Cormack Oneil’ in ‘Négociations de M. le Comte D’Avaux en Irlande 1689 - 90’ (Hogan, J. & Tate, L., 1958, 17). Tá tuairisc againn ar Chormac O’Neill a bheith i gceannas le fear de Chlann Chárthaigh nuair a sheas Seacaibítigh an fód ag Carraig Fhearghusa :

Schomberg made it his first business to take Carrickfergus, which was held for James by Munster and Ulster troops, commanded respectively by Mac Carthy More and Cormac O’Neill. (Simms, J. G., 1969, 122 - 123)

Chruthaíodar go maith, mar chosantóirí, ach níor tugadh an-mhórán airde ar na forálacha réitithe nuair a ghéilleadar, cé nár maraíodh iad (ibid.). Tá a fhios againn gurbh oifigeach ceannais Seacaibíteach é ‘Cormack Oneil’ áirithe a bhí ag léigear Dhoire (Hogan, J. & Tate, L., 1958, 17). Tharla gurbh oifigeach ceannais a bhí i gceist, glacaim leis gurbh é an Cormac céanna a bhí ann. Chomh maith le sin, ba fheisirí i bParlaimint an Rí Shéamas II an bheirt a bhain go dlúth leis an duan (Simms, J. G., 1974, 21) agus leis an lámhscríbhinn araon. Ba iad sin, Cormac Ó Néill, sprioc an duain arbh fheisire do Chontae Aontroma é, agus Sir Arthur Brownlow, sealbhóir Leabhair Chloinne Aodha Bhuidhe arbh fheisire do Chontae Ard Mhacha é (ibid.). Is le taobh na máthar a tháinig an lámhscríbhinn seo chuig Arthur Brownlow, scéal atá ríofa san alt tráchtá ar Thadhg Ó Rodaighe agus a mhuintir thuas. Is é is dóichí gurbh ag ceann éigin de chruinnithe na pairliminte in Óstaí an Rí, nó sa chomharsanacht sin, a bhronn Tadhg, bailitheoir cánach na pairliminte, an duan óna láimh féin, ar Chormac Ó Néill. D’fhéadfaí a shamhlú go mbeadh fear muinteartha Chormaic, is é sin, ‘Arthur Brownlow nó *mac Ar[túir]*’ i láthair an lá céanna. Scríobh seisean, Arthur Brownlow, an nóta seo a leanas ar chéad leathanach na lámhscríbhinne seo RIA 24 P 33 :

Ag so leabhar *Art=uir Bhrounló no mach Ar[....]* an céud la do mhí na lughnasa an bhliaghain d’aos an [.....] 1689.

Bhí dáimh ag fear de mhuintir Mhaol Chonaire le sprioc an duain seo, Cormac Ó Néill, agus leis an bhfile, Tadhg Ó Rodaighe. Chum Peadar Ó Maol Conaire, mac Fir Feasa, duan molta 42 rann dar deideal ‘Díol toile caoinmheas Cormaic’ do Chormac mac Airt Uí Néill (Ó Raghallaigh, T., 1938, 398). Rianaítear líne Chormaic suas go dtí Niall Naoighiallach sa dán sin. A fhad le Míl Easbáin a chuaigh Peadar nuair a d’imir sé an cleas céanna ginealaigh i gcás ceann eile dá chuid duanta a chum sé do Thadhg Ó Rodaighe, ‘Niamhadh na huaisle an eagna’, duan uimhir IV thíos. Ní fheicim aon róchósúlacht ag saothar Thaidhg Uí Rodaighe anseo thíos agus é ag móradh Chormaic Uí Néill leis an duan a chum Peadar Ó Maol Conaire don fhear céanna.

Bhí file eile as Magork, taobh le Loch an Dúin i dtuaisceart Liatroma ag imirt tionchar beag ar éigin ar Thadhg, nó bhí Tadhg ag imirt tionchair airsean. Is é sin, Diarmuid Mac Muireadhaigh, an té a chum ‘Tugas toil do Mháol Mhórdha.’ Ag móradh sagairt darbh ainm Máol Mórdha Ó Raghallaigh a bhí seisean. Tá an dán sin i geló sa leabhar *Poems on the O’Reillys* as lámhscríbhinn TCD H. 5. 9., 115 (Carney, J., 1950, 128 - 135)

RIA 24 P 33, 239 Tugas tuile tromghráidh dhuit 4 Mar do líonas lán d'annsa, 11 A oighre dílios Néill Náraigh, a ghein oirdheirc ioldhánaigh, ghéill Banbha ó dhligheadh dhuit, 'Uí Néill chalma, a Chormuic,	Carney, J., 130 : Tugas toil do Mháol Mhórdha 2 Do líonus linn do bhannaibh 10 A eigne ó Loch Uachtair anfaidh, a ghein ríoghda Raghallaigh, is mór ndámh ndaghaolta dhuit a cClár chladháolta Cormuic.
--	---

Ní haon iontas línte filíochta ag snámh thart ó shaothar go chéile, ar ndóigh, ach cruthaíonn sé ar a laghad ar bith nach rabhadar, filí, nó fir pinn na comhaimsire, dall ar fad ar a chéile.

Ní cheileadh Tadhg Ó Rodaighe an caitheamh i ndiaidh na hársaíochta a bhí ann féin. A shliocht ar an duan seo, is sofheicthe an caitheamh seo ann tríd síos le foirmeacha ar nós 'do shoich' 4c, 'Tárfas' 5a/6a agus leis an iliomad tagairtí do phearsana na staire agus na miotaseolaíochta, leithéidí :

Conn Céadchathach 3b, Lughaidh Lámhfhada 5b, Sanbh 6b, Fionnbharr 6c, Síodhmhall 6d, Aonghus 7c, Adhbharthach mac Ioldhathain 8b.

Bhain Tadhg feidhm as an luí leis an ársaíocht seo aige chun an dáimh idir é féin agus Cormac Ó Néill a chur in iúl. Ní fheadar nach anuas as an Rúraíocht a tharraing sé an tinfthead éigin chuige féin lena thiomáint trí rann 12. Braithim féin, fiú más maol féin é, an iomarbhá úd a tharla idir Chonall Cernach agus Cet mac Mágach i Scéla Mucce Meic Dathó ar na gaobhair. :

... , err trén tressa, trethan ágach, caíntarb tnúthach, Cet mac Mágach!	12 a ua Seán, a shéigh sealga, a leomhuin rátha righChearmna, a thairbh tána , a threatan tuile, a chailg námha neartmhuire.
--	--

Ní dócha áfach, gur bhraith Tadhg go raibh sé ag déanamh Conaill Cearnaigh de féin ar láimh amháin agus ag ceapadh Chormaic ina Chet mac Mágach ar thaobh eile an agallaimh, cé go mbeadh na ginealaigh ag teacht leis sa mhéid gur de Chonnachta iad muintir Uí Néill agus gur de Chlanna Ruaráí iad a mhuintir féin, Conmhacne Mhaigh Réin.

1

Tugas tuile tromghráidh duit,
a mheic Airt Óig, a Chormuic;
mór mo mhíchúis¹ óm' chridhe
dod' ríghnúis óig² ainglidhe

2

Mo ghrádh dhuitse aomhaim uaim,
go crích an bheatha bhiothbhuaín;
³ní doiligh an chairt do chluine,⁴
a oighir Airt⁵ 's Úghaine.⁶

5

3

Atá agat re hathaidh,⁷
a Chormaic⁸ uí Chuinn Chéadchathaigh,⁹
mo ghrádh, mo mhian, mo mheama,
a bhláth fial na fíneamhna.

10

4

Mar do líonas lán d'anrsa,
do bhí amhras agamsa,
an bile suaire do shoich¹⁰ ann,
gur d'fhine Thuaithe Dé Danann.

15

5

Tárfas¹¹ damh, a chraobh chara¹²,
gur tú Lughaidh Lámhfhada¹³
táinig re bréagaibh binne
ó bhántigh thréadaigh thairngire.¹⁴

20

6

Tárfas damhsa uair oile
gur tú Sanbh¹⁵ an síodhoidhe,
¹⁶nó Fionnbharr¹⁷ na dtreabh dtais,
nó Síodhmall¹⁸ na sleagh solais.

7

Ar an treas feacht do smuain sinn,
a dheaghfhlaith uasail inghill,¹⁹
ar Aonghus²⁰ dhéadla dhána
go gcaomhlus²¹ bréagtha bandála.

25

8

Do thorn²² fós mh'aigneadh athaidh
ar Adhbhartach mhac Ioldhathain²³
gurb é do bhréag uaim mh'anrsa,
'sé tré chluain do chonchlannsa.²⁴

30

9

Más deimhin nach díobh thusa,
 na Tuatha Dé²⁵ a dubhrussa,
 do dháil²⁶ siad a ndíchealtair dhuít,
 a fhír Eachtair²⁷ chláir Chormuic.²⁸ 35

10

Sgoith dána, diamhair cleasa,
 briocht seirce,²⁹ iúl áineasa,
 do mhúin siadsoin dot dhreich dhil,
 a mheic fhialbhoig³⁰ úir Airt Aoinfhir.³¹ 40

11

A oighre dílios³² Néill náraigh,³³
 a ghein oirdheirc ioldhánaigh,
 géill Banbha ó dhligheadh dhuít,
 [a] Uí Néill chalma, a Chormuic,

12

a ua Seaain, a shéigh sealga, 45
 a leomhuin rátha ríghChearmna,³⁴
 a thairbh tána, a threatan³⁵ tuile,
 a chailg námha neartmhuire.

13³⁶

A onchoin chlanna Aodha Buidhe,³⁷
 dhuitse is dual a n-ionghuire, ³⁸ 50
 tréad Banbha fód' dhíon ag dol,
 a ghríobh chalma gan chogal.

14

A iarua³⁹ Briain ó bhruagh Banna,
 leat is suirghioch saorchlanna,
 mionn na naoimhchliar dhá rádh ribh, 55
 aoimhian na bhfádh⁴⁰ 's na bhfilidh⁴¹.

15

Cuirim, a leannáin⁴² Leasa Luirc,
 mo bheannacht chugaibh, a Chormuic,
 is gabh a lé⁴³ a nuair airce
 uaim mé ar char⁴⁴ comairce. 60

lé .i. ga....⁴⁵

Tugas .7c: TADHG ó Rodaighe

.....

Foinse : RIA 24 P 33, 239.

Teideal : Gan aon teideal.

An Mheadaracht

Deibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$

Rinn is Airdrinn : Cuibheas ceart a/b agus c/d, seachas na hionaid bhriste seo a leanas.

Comhardadh briste : seoladh 2, seoladh agus comhad 5.

Cuibheas Inmheánach : Déanann dhá fhocal comhardadh slán an chuid is mó den am.

Comhardadh briste : 1c/d mór : óig; míchúis : ríghnúis; 3c/d ghrádh : bhláth; 4 c/d suairc : Thuaithe; 5 c/d táinig : báintigh; 10 c/d siadsoin : fhialbhoig; 15c/d uair : uaim.

Tá barraíocht siollaí ar roinnt línte: 5d, 7d, 9c, 11a agus 13a. (Féach nóta 3 thíos.)

Léamh na lámhscríbhíne

1a: tromghrai; 1b: Oig; 1c: mhíchuis; 1d: Anglidhe; 2a: dhuitsi, uaím; 2b: bhiothbhúain; 2c: ni; 2d: Úgaine; 3a: Ata, hathaidh; 3b: Uí, chéudchathaigh; 3c: mian; 3d: fíal; 4a dannsa; 4c: súairc; 4d: dfine thúaithe dé danand; 5a Tárffás; 5b: Lúghaidh Lámhfhada; 5c: ré brégaibh; 5d: báintigh thrédaigh tharrngire; 6a: Tárffás, úair oile; 6b: síodhaidhe; 6c: ttreabh ttais; 6d: no, Síodhmall; 7a: smúain; 7b: dheighfhlaith; 7c: Aóngus dhéudhla; 7d: ccaomhlus bréugtha; 8a: mhaigheadh; 8b: mhac; 8c: bhrég úaim mhanntsa; 8d: chlúain; 9b: tuatha dé; 9c: síad a ndichealdair; 9d: a fhir eactair, chormuic; 10d: aoinfhir; 11a: dílios, náraigh; 11c geill; 11d: Neill; 12a: shéig; 12b: ráta; 13b: dúal a nionghuire; 13c: tréd banbha; 14a: iarúa, Bríain, brúagh; 14b: saórchlanna; 14c: Míon, naoimhchlíar, rhádh; 14d: aoinmhíán, bfádh sna bfilidh; 15c: alé, anúair; 15d: me, comairce.

Nótaí

1. míchúis : Ag *ÓDónaill* amháin a fheicim ‘míchúis,’ = evil cause, ach is cinnte nach ‘evil cause’ anseo é. An buaireamh a d’eascródh as gean, nó grá atá i gceist, b’fhéidir.
2. Bheifí ag súil le ‘ógh’ seachas ‘óg’, ach is é ‘óig’/Oig leagan na lámhscríbhíne. Dhéanfadh ‘ógh’ ar líne d comhardadh slán le ‘mór’ ar líne c.
3. Tá ocht siolla ar an líne 2c. Tá ocht siolla ar an líne ina diaidh, 2d, ach gurbh fhéidir a leasú le bá guta ansiúd (Ní Dhomhnaill, C., 1973, 32). Tarlaíonn barraíocht siollaí ar

línte eile. Is féidir 11a agus 13a a leasú le bá. Níl 5d, 7d, 8b, 9c, 10d, 12b ná 12c inleigheasta.

4. do chluine : 2 p. u. Aim. Láith.

5. Art : Art Aoinfhear, mac le Conn Céadchathach agus athair Chormaic Ulfhada. (Dinneen, P., 1914, iv, 171).

6. Úghaine : Úghaine Mór mac Eochadha Bhuadhaigh, Rí Éireann. Iníon le Rí na Fraince í a bhean, Ceasair Chruthach. Cuireadh i gCruachain é. (ibid., 470)

7. athaidh : ‘athaig’ *DIL*; ‘atha’ 5ú díochlaonadh ag *Dinn*.

8. Cormac : Comhshamlú Chormaic Uí Néill le Cormac mac Airt. (Dinneen, P. 1914, iv, 235).

9. Conn Céadchathach : athair Airt agus ba mhac le Feidhlimidh Reachtmhar é (ibid., 229).

10. do shoich : 3ú p. u. u. Aimsir Chaite an bhriathair ‘saigid.’ ‘Ní shaigitt ’sa righe réil/ Raghallaigh will not attain the kingship’ atá ag *DIL* faoin iontráil ‘1 saigid II’ i ndiaidh an réamhfhocail ‘i.’

11. Tárfas : Br. saor A. Ch. Fhoirfe an bhriathair ‘do-adbat’ = taispeáin.

12. chraobh-.... : Is féidir gur maíomh gaoil é an tagairt do ‘chraobh chara’ 5a, ach is minic go samhlaítear an duine le craobh. Níl *DIL* balbh ar an gceist seo i dtaca le tagairt don duine mar chraobh : craeb a-tamhan ... (c) In a wide variety of transfd. meanings. Of persons : in chróib co mblátib (of Brigit), Áed ... c. chomlán do thennad túath, a chraobh bhíthe bhanda ...

13. Lughaidh Lámhfhada : Lughaidh ‘Samhioldánach’ mac Céin de Thuatha Dé Danann. Is é dia na gealaí go bunúsach. (Dinneen, P., 1914, iv, 361).

14. Tír Tairngire is ea ‘Flaithis’ na nGael, nó le teacht na Críostaíochta, an tír a gealladh sa Bhíobla. (Hogan, E. [1993], 638)

15. Sanbh : Iníon Ghuil (Ó hÓgáin, D., 1991, 199) nó Sanb *mac Ceitt mic Magach* (O'Brien, M. A., 1976, 190)? Bhí cáil an deisbhéil ar Shanbh agus ar Ghul araon (Ó hÓgáin, D., 1991, 199). Fuair sí an lámh is fearr ar Fheidhlimidh mac Criomhthainn. Is í a d’fhág Sid Sainbh againn. Tugtar Gulaidhe Áth Lóiche ar a hathair chomh maith. (ibid.)

16. Caithfear guta cúnata a thabhairt idir ‘Fionn’ agus ‘bharr’ leis an easpa siolla ar an líne seo a leigheas, nuair nach bhfuil ann ach sé shiolla.

17. Fionnbharr : Fionnabhair (Ó Corráin, D. & Maguire, F., 1981, 101). Is é Finnbheara, fear ceannais Aos Sí Chnoc Meadha é. (Ó hÓgáin, D., 1991, 212).

18. Síodhmhall : Den lucht sí, is cosúil. Is féidir gur Siugmhall as Sídh Neanta (Ó hÓgáin, D., 1991, 179) a bhí i gceist anseo, seachas Síodhmhall mac Cairbre chruim, mic Ealcmhair, mic Dealbaoith, an té a mharaigh Eochaid Airiomh i bhFréamuinn Teathbha (Dinneen, P., 1914, iv, 443; ibid., ii, 228)

19. inghill : tuis. gin. an ainmfhocail ‘ingell’ ag *DIL*, .i. in+gell.
20. Aonghus : Aongus mac an Daghdha (Dinneen, P., 1914, iv, 167)
21. Méar ar eolas dúinn an líne seo le ‘caomhlus bréagtha bandála’ a thugann le fios gur Aonghus mac an Daghdha, dia na seirce, an té atá i gceist. An drualus a bheadh i gceist leis-sean.
22. Do thornn : Measaim gur ‘turn’ an Bhéarla an focal seo.
23. Adhbhartach mac Ioldathain : Adhbhartach mac Ioldathaigh, rí Tíre Tairngire (Ó Cadhlaigh, C., 1947, 132) a mbíodh cluainíocht an athchló ar bun aige (Ó hÓgáin, D., 1991, 207).
24. do chonchlannta : do leathbhreac, do mhacasamhail. Chuir Tadhg Ó Rodaighe an ghluais ‘compráid,’ leis an bhfocal seo, ‘conchlannta’, sa duan ‘Fuair Bréifne a díol do shaoghland,’ ar an lámhscríbhinn TCD H. 6. 15, 264. “As leabruidh oile le saothar mór’, a fuair sé é, de réir a chuntais ar na gluaiseanna a scríobh sé leis an duan úd.
25. na Tuatha Dé : aistagairt do rann 4, líne d, ‘fine Thuaithe Dé Danann.’
26. Cruthaíonn an rann seo foirmle rainn don dá rann ina dhiaidh, 10 agus 11, mar a bhfuil ‘do mhúin’ agus ‘géill’ mar bhriathra ag tús líne ‘c’ leath bealaigh thíos gach rann acu. Maidir le rann 12, is feidir gur le rann 11 a ghabhann sé. D’fhéadfaí gur cheart ligean don ruthag ruaigeadh amach go deireadh rann 13 (.. gan chogal) ach braithim an dá rann, 13 & 14, staidéartha agus ar aon dul gona gcopail ar líne b acu araon.
27. fír Eachtair : an t-ainm pearsanta, Eachtar/Hector. Tá an chuma ar an lámhscríbhinn gur scartha a scríobhadh ‘fhir’ agus ‘eachtair’. Eachtar Íliad Hóiméir, atá i gceist, ní foláir.
28. cláir Chormaic : ... cláir Chormaic mhic Airt, Éire.
29. briocht seirce : ortha seirce. 1 bricht *DIL* Tá cúrsaí drualusa mhic an Daghdha ag nóta 19 thuas, fós linn anseo.
30. fhialbhoig : ‘fhialbho’ mar ghluais leis taobh dheis an leathanaigh. Tá gluais, luaite faoi nóta 46, nár líonadh amach ar fad. Is féidir gur fágadh gann sinn ar eolas éigin anseo chomh maith.
31. Airt Aoinfhear : luaite faoi nótaí 4, 7, agus 8 thuas, mac Choimn Chéadchathaigh.
32. dílios : S leathan mar atá linn fós ó thuaidh agus in Albain.
33. Néill náraigh : Niall nárach ‘noble.’ *DIL*
34. rígh-Chearmhna : i mBreagha/Co. na Mí (& Cill Mantáin, & Dún Cermna = Cinn tSáile/Old Head.) (Hogan, E., 1910, 229).
35. threaten : Bheifí ag súil le séimhiú ar an ‘t’ láir, ach is é -t- lom leagan na lámhscríbhinne. Is é ‘trethan’ foirm *DIL* agus foirm na cainte a thug Conall Cernach. (Henry, P. L., 1978, 143).
36. Is ar líne ‘b’ an rainn seo a fhaighimid an chopail, ‘is’. Is é an scéal céanna é ag rann 14.

37. ... chlanna Aodha Buidhe : sleachta Aodha Buidhe Uí Néill, nó Ó Néill Buidhe, ar dhóibh a tiomsaíodh an leabhar ina bhfuil an duan seo Uí Rodaighe, RIA 24 P 33, 239 (Ó Donnchadha, T., BÁC, 1931).

38. a n-ionghuire : ingaire *DIL* arbh ionann agus ‘cumhdach.’ Ainm briathartha an bhriathair ‘in-gair’.

39. iarua : ‘Brian’ a bhí ar a gharathair mór is léir ar dhuan Pheadair Uí Mhaol Chonaire, ‘Díol toile caoinmheas Cormaic’ (Ó Raghallaigh, T., 1938, 401) :

xv

Cormac mhac Airt Óig gan oil
mhic Seaáin mhic Briain bhronntoigh
a luadh do leathadh ’sgach leath
ceathrar dar dhual an t-eineach.

40. na bhfádh : Is aisteach mar ghinideach iolra é seo ar ainmfhocal i-tamhain. Bhí an líne ‘tinghealta **fáth** nó filíodh’ ag Tadhg Dall Ó hUiginn (Knott, E., 1922, 133, 6d). Ghrinnigh Osborn Bergin claonadh an fhocail leis an gconsan leathan -th/dh (Bergin, O., 1938, 16).

41. ’s na bhfilidh : Gin. iolra eile, ar ainmfhocal d-tamhain sa chás seo.

42. a leannáin Leasa Luirc : Fear sprice an duain, Cormac Ó Néill, mar leannán ag Éirinn. Lios Luirc is ea Éire.

43. lé : léighe ag *Dinn* agus is ionann ‘léighe’ agus ‘cion,’ fábhar,’ nó ‘meas.’ Tosaíodh ar ghluais a chur leis an bhfocal seo, ach níor críochnaíodh í. Féach nóta 45.

44. ar char gcomairce : 1 cor o, m. Later also cur, car cora, cura, cara. *Vn.* of foceird. 12 *contract*, ‘Irish equivalent of the *stipulatio* of Roman law, the solemn verbal contract’, Críth Gabl. p. 81 ... 3 *surety, guarantor.. DIL*

45. Gluais nach bhfuil bailchríoch léi : lé .i. ga...

.....

Béarla ar ‘Tugas tuile tromghráidh duit’

1

I gave a heavy torrent of love to you,
o Cormac, son of Art Óg,
great is the tribulation my heart causes me
for your young, angelic, royal countenance.

2

I allow my love for you to go from me
to the end of the eternal world.
simple is the charter that you hear,
o heir of Art and Úghaine.

3

You have in your time,
o Cormac, descendant of Conn Céadchathach,
my love, my desire, my spirit,
o generous flower of the vine.

4

Because I filled with love,
I was of the opinion
that the pleasant sacred tree which was sited there
was of the tribe of the Tuatha Dé Danann.

5

It appeared to me, o victorious friend,
that you were Lughaidh Lámhfhada
who had come with sweet falsehoods
from the flocked pastures of the Land of Promise.

6

It appeared to me on another occasion
that you are Sanbh the charmer,
or Fionnbharr of the compassionate tribes,
or Síodhmhall of the spears of light.

7

On the third occasion I thought,
o fine noble worthy prince,
of bold and daring Aongus
with the fine mistletoe which beguiles women.

8

My mind turned yet awhile
to Adhbhartach mac Ioldhathain,
that he might have beguiled from me my love,
when he became you through magic.

9

If it's definite that you are not one of them,
of the Tuatha Dé Danann that I have mentioned,
they have spread their magic cloak over you,
you true Hector of the land of Cormac.

10

The best of art, mystery of trick,
a magic spell of love, a knowledge of pleasure,
they have taught to your dear features,
o generous noble son of Art Aoinfhear.

11

O true heir of modest Niall,
o eminent ingenious child,
since the hostages of Ireland are rightly yours,
o brave Ó Néill, o Cormac,

12

o descendant of Seán, o hunting hawk,
o lion of the fort of royal Cearmna,
o herdbull, o ocean flood,
o sword of strong enemies,

13

o fierce warrior of Clann Aodha Buí,
your natural grant is to protect them,
[with] all of Banbha going into your house, (i.e. submitting)
o brave faultless griffin.

14

O great-grandson of Brian from the banks of the Bann,
the noble families love you,
you are called the jewel of saintly clerics,
(you are) the single desire of philosophers and poets.

15

O lover of Ireland, I send
my blessing to you, o Cormac,
and take me with affection, in time of need,
in a guarantee of protection.

(ii)

Binn le neach a mholadh féin

TCD H. 6. 15., 310 v.

Ó Raghallaigh, T., *Ar Aghaidh*, M. F. 1931.

Tadhg Ó Rodaighe a chum.

Cheap Tadhg Ó Rodaighe an duan seo ‘Binn le neach a mholadh féin’ mar rún buíochais ar dhán a bhí seolta ag a dhochtúir féin chuige scathamh roimhe. Ní beag an méid eolais a léiríonn Tadhg sa duan seo ar an gcur amach a bhí aige ar lámhscríbhinní an Fhéineachais, eolas a cheadaigh dó dalladh gluaiseanna a chur le duanta ar nós ‘Fuair Breifne a díol do shaoghland’, mar shampla. ‘Le saothar mór’ a rinne sé an obair sin (TCD H. 6. 15, 265).

Is amhlaidh a sheol Seán Ballach mac Froinsias, mhic Sheáin Bhallaigh Uí Dhuibhgeannáin dán molta, darb ainm ‘Beannacht uaim ó rún croidhe’, TCDH. 6. 15., 297 v., chuig Tadhg Ó Rodaighe sular cheap seisean, Tadhg, an dán seo. Tá an chéad dán díobh, ‘Beannacht uaim ó rún croidhe’ agus an freagra a tháinig ina dhiaidh, ‘Binn le neach a mholadh féin’, sa lámhscríbhinn chéanna seo ó láimh Mhuiris Uí Nuabha (TCD H. 6. 15., 297 v. & 309 v. - 310 v.). Amuigh achar maith sa lámhscríbhinn atá an freagra a tháinig ó Thadhg Ó Rodaighe agus an ghluais bheag mhínithe a ghabhann leis. Is spéisiúil gur fhág Muiris Ó Nuabha dhá bhearna sa nóta gairid a chuir sé leis an bhfreagra. Bhí na bearnaí seo fágtha ag Ó Nuabha le huimhir leathanaigh a líonadh ar ball. Cibé cén deifir a bhí air, níor líon sé iad. Nuair a scríobh sé an ‘freagra’ seo, atá idir lámha anois againn, isteach ar an lámhscríbhinn, níor fhill sé an deich leathanach ar ais le heolas na mbearnaí a aimsiú dó féin agus iad a líonadh.

Pagina .i. san leathanach gheubha tú litir *agus* dán *Sheáin Bhallaigh Uí Dhuibhgeannáin chum Taidhg Uí Rodaighe*. So romhat freagra *Thaidhg air*. Ní raibh *an freagra agum* an uair do scríobhadh dán *Sheáin*.

(TCD H. 6. 15., 309 v.).

Nuair nach raibh i gceist ach a dhul siar breis bheag is deich nduilleog, mar is mar sin a bhí, go dtí lch. 297 v., is féidir go raibh céad chuid na lámhscríbhinne imithe uaidh faoi am scríofa leathanaigh 309. Is cosúil nach bhfuair sé an deis lena líonadh arís ina dhiaidh sin.

Níorbh fhile ar chor ar bith é an Seán Ballach Ó Duibhgeanáin a chum an dán molta ar Thadhg, go fiú is go mbraitear cineál de mhagadh ar a iarracht filíochta féin a bheith ar

bun ag Seán. Is léir laigí an dáin úd, ‘Beannacht uaim ó rún croidhe,’ ar bun easpa uama, easpa siollaí ar an líne agus nithe eile go leor, gan trácht ar an neamhaird a tugadh ar an gcomhardadh. Tuigfear as freagra Thaidhg Uí Rodaighe anseo air, ‘Binn le neach a mholadh féin,’ gur dhochtúir leighis an Seán Ballach seo, tharla gur dhírigh Tadhg trí rann dá chuid ar an gceird sin, rann 10, 12 agus 13. Tuigimid go raibh babhta tinnis ar Thadhg, Mí Márta na bliana 1696. Tugadh an tuairisc sin air :

‘ar mbeith do Thaidhg Ó Rodaighe róithing ina chosaibh re gout. 1 Marta. 1696.’

(TCD H. 6. 1.5, 296 v.; féach duan IX thíos).

Is féidir gur tuairim an ama sin, Earrach na bliana 1696, a cumadh an dá dhán, ‘Beannacht uaim ó rún croidhe’ agus an freagra seo air , ‘Binn le neach a mholadh féin’.

Luann Tadhg slua le háireamh de chuid na fabhalscéalaíochta. Níorbh iad na pearsana seo amháin a bhí ar bithghuardal in intinn Thaidhg Uí Rodaighe, ach tagraíonn sé do théacsanna go leor anuas tríd an duan. Maíonn sé go humhal, nach dtagadh ciall an téacs leis in achan chás. Dar leis :

9

....

gí léighim dar liom ar beirt,

ní léighim gan omhan éigeirt. (TCD H. 6. 15., 310).

Chuirfeadh áireamh Thaidhg ar na tráchtas dlí agus eile anseo thíos, rann 7 - 9 go háirithe, cuid den litir a sheol sé chuig Edward Llwyd sa bhliain 1700 i gcuimhne do dhuine. Luaigh sé go sonrath sa litir sin, ‘the law or lawyers’ dialect, the abstractive, and separate dialects, the bookes of our Law, being 30 in number ...’ (Todd, J. H., 1846, 123). Is fearr iad a shóláthar uaidh seo síos de réir áireamh an duain féin, idir phearsana na fabhalscéalaíochta agus thráchtas dlí, thoghla, agallmha is mar sin síos :

Eochaidh (rann 6a) :

Eochaidh Éigeas mac Ailealla mhic Eirc, an fear céanna agus údar Amhra Cholm Cille, (Eochaidh) Dallán Forgaill, ceann filí Éireann ag Mórdháil Droma Ceat, de réir an Chéitinnigh :

‘Is é fá hardollamh i nÉirinn an tráth soin Eochaidh Éigeas mac Oiliolla mic Eirc, agus is ris a deirthí Dallán Forgaill, ...’

(Dinneen, P., 1908b, 94).

Ní aontaíonn Daithí Ó hÓgáin (London 1991, 149) ná údair eile leis an tuairim sin faoi Eochaidh (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 29). Is cosúil gurbh é Eochaidh mac Colla, fear eile, an Dallán Forgaill. Is é Eocho Rígéices an Dallán Forgaill ‘do-rigni reigne Coluim-cilli’ de réir Leabhair Leacáin (O’Brien, M. A., 1976, 407). Dá réir sin, is féidir gurb é Eocho Rígéices mac Oengusa, ‘mhic Dhalláin, meic Dubthaig meic Miannaig meic Lugdach’ an té a bhí i gceist (ibid.).

Fíthiol (r.6a) :

Áirithe i measc ‘príomh-ughdair’ ‘ré linn na Págántachta ... do bhí ris an seanchus ó aimsir go haimsir ...’ (Dinneen, P., 1908b, 32). ‘Is ré linn Chormaic do mhair Fitheal, agus is é fá haird-bhritheamh dó’ (Dinneen, P., 1908a, 338). Ba é Fíthal a thug Senbhríathra nó Senráite Fíthail dúinn. Tá fáil ar leagan idirlín an téacs anois faoin teideal ‘Seanráite Sean-Ghaeilge’ i rannóg Sean-Ghaeilge an tsuímh ‘Gaeilge ar an ghréasán’ (<http://members.home.net/donncha1/>). Tharla iomrall aithne idir Fíthiol agus Flann Fína mac Ossu nó Aldfrith mac Ossu, rí Nortumbair a mhair 685 - 705 AD. Tharla an t-iomrall seo i ngeall ar chuid de Shenbríathra Fíthail a bheith ar aon dul le Bríathra Flainn Fína (Kelly, F., 1991, 285). ‘..a legendary judge amongst the ancient Irish’ (Ó Corráin, D. & Maguire, F., 1981, 104).

Flaithe (r. 6a) :

Flaitrí mac Fíthil, ní foláir. Chuir sé isteach ar phost an ardhbheithimh ar síothlú a athar (Dinneen, P., 1908b, 338).

Adhna (r. 6b) :

Athair Néidhe, fear de na ‘príomh-ughdair do bhí ris an seanchus’ (ibid. 32, 34). Athair Néidhe, údar na luathré (Ó Raghallaigh, T., 1938, 587). Luadh Adhna mar ollamh agus athair Nede in ‘Immacallam in dá thuarad’ (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 24).

Roighne (r. 6b) :

D’fhéadfadh aon duine de bheirt a bheith i gceist. Raigne Roscadhach mac Augaine Móir? Is féidir gur dósan a ceapadh ‘A meic áin Augaine’ agus ‘A mhic Ugaine co sach’ (Mulchrone/Fitzpatrick/Pearson, 1958).

Raighne Roisclethan mac Finn? Luaitear é seacht n-uaire in Agallamh na Seanórach (Ní Shéaghda, N., 1945, iii, 227; & *Celt* an idirlín, alt 278, líne 3700 m. sh.).

Tá logainm Maigh Raighne i gCo. Chill Chainnigh (Dinneen, P., 1914, 429).

'Mag Ragni' agus 'Roighne' atá ag Hogan air agus 'Roigne and Domnach Mór Raigni, Óenach Raigne at b[arony] of Kells, c[ounty] of Kilk.' (Hogan, E., 1910, 565).

Fircheirtne (r. 6b) :

Áiríodh Feircheirtne File ar dhuine de na príomhúdair sheanchais (Dinneen, P., 1908b, 34). Áiríodh Feircheirtne mar fhile Chon Raoi mhic Dháire freisin (Dinneen, P., 1908a, 226; Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 24). Luadh gurbh é a cheap Uraiceacht na nÉigeas (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 17 & 283).

Bhain sé díoltas as bás Con Roí nuair a rug ar Bhláthnaid agus a chaith léim na haille léi (Ó hÓgáin, D., 1991, 141, 199, 200).

Gruibhne (r. 6c) :

Giall a saoradh ó na Laighin le Conall Corc. Thug sé aghaidh ar Albain agus tharrtháil sé Conall ar na Cruithin trí ghiota oghaim a thuiscint agus a athrú (ibid., 105).

Aithirne (r. 6c) :

Luaitear Aithirne Amhnas agus Feargus File mac Aithirne i measc na bpríomhúdar le seanchas (Dinneen, P., 1908 b, 34).

File in Ultaibh ba ea Athairne a d'éiligh leathshúil mar dhuais ar rí a bhí caoch (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 26).

Tá scéal beag faoi darb ainm 'Aigidecht Aithirni' i gcló ag Kuno Meyer in *Ériu* vii, (1914), 2 - 9. Leagan eile de mar 'immaccallam Athirne fri Aimirgin' ag Rudolf Thurneysen in *Ériu* vii, 196 -199. Rianaítear ginealach 'Aithirne meic Fhachtna meic Athlo meic Aengusa Beldeirg meic Firilead meic Glais meic Rosa meic Rudraidi' i measc Sí Ír (O'Brien, M. A., 1976, 274).

Craiftine (r. 6d) :

Craiftine Cruitime, 'oirfidech do bhí fán am soin i n-Éirinn' - le linn Labhradha Loingsigh (Dinneen, P., 1908a, 164).

Cruitime a luaitear in Orgain Denna Ríg (le Fircheirtne thuas) (Ó hÓgáin, D., 1991, 200). Mhill Craiftine Cormac Conn Loingeas le barr oilc ag 'b[ruiden] dá choca .. in iarthar Mide' as Cormac a bhean, Sceanbh a hainm, a mhealladh

uaidh roimhe sin (ibid., 120; www.ucc.ie/locus/LETTERB.html). Leigheas sé Labhraidh Maon Loingseach (ibid. 268).

Seanchán (r. 6d) :

Meastar gurb ionann Senchán Torpéist agus Senchán mac Uarchride as Áraidh, is é sin, tuaisceart Tiobraid Árann. ‘Do *Thaicraige arad*’ é ‘*Senchán mac Úarchride*’ (O’Brien, M. A., 1976, 386). Scríobh an ‘Cocangab Már,’ tráchtas ginealaigh. Ní mhaireann ach giotaí de. Áiríodh Seanchán mar cheannaire na bhfilí in éineacht le Dallán Forgaill nuair a dhíbir Fir Éireann iad (Dinneen, P., 1908b, 80).

Senchán, nó Senchán Torpéist, an file ar foilsíodh *Táin Bó Cuailnge* dó (Ó hÓgáin, D., 1991, 83, 385). Ba é ceann na bhfilí sa scéal *Tromdámh Guaire* (ibid. 26, 99).

Morann (r. 8a) :

Breitheamh sa luathré ab ea Morann mac Maoín. ‘Ceirt-bhreitheamh a raibh an Iodh Morainn aige’ (Ó Raghallaigh, T., 1938, 593). Is amhlaidh go dteannadh an Iodh ar mhúineál Mhorainn i gcás ainbhreith a thabhairt anuas aige. Ba mhac é le *Cairpre Cattchenn*, rí Éireann (O’Brien, M. A., 1976, 121; cf. Kelly, F., 1976 & Kelly, F., 1991, 284, aguisín. 2, uimh. 1).

Cormac (r. 8b) :

Cormac mac Airt, rí réamhstaire na hÉireann (Ó Corráin, D. & Maguire, F., 1981, 60). Luaite anseo faoin Teagasc a leagtar air.

Easculaip (r. 12c) :

Aesculapius, Dia Gréagach an leighis (Ó Raghallaigh, T., 1938, 590).

Apoll (r. 13a) :

Apollo, dia Gréagach an cheoil agus na filíochta (ibid., 587). Glactar leis gurbh ionann Apollo agus ‘Maponos’ de réir inscríbhinní ré ársa na mBreatnach (Ó hÓgáin, D., 1991, 38). Is ionann arís, ar ndóigh, ‘Maponos’ agus ‘Mabon’ fhabhalscéalaíocht na Breatnaise agus arís, Mac ind Óic againn féin ar Bhrú na Bóinne.

Uraiceapt nó Ur/Aircheacht :

D’fhéadfadh leabhar gramadaí nó leabhar dlí éigin a bheith i gceist, ‘Auraicept na nÉces’, nó ‘Uraicecht na Ríar’, nó trácht éigin mar sin (Calder, G., [1917] 1995, xxii-xxiii). Rangú ar aicmí sóisialta ar nós flatha agus easpaig a mbíodh

áireamh saoirse leo, agus draoithe agus gaibhne a mbíodh daoirse d'áireamh orthu is ea an Uraicecht Becc (Williams/Ní Muiríosa, 1979, 21). An 'small primer' a tugadh uirthi as Leabhar Bhaile an Mhóta in *Laws*, V, lch. 335 a, foilsithe ag D. A. Binchy in *Ériu* 18, 1958. Tá aistriú agus trácht ar an Uraicecht Becc, in *PRIA*, XXXVI, section c, no. 16, 1923, 265 - 316. 'The primer of the stipulations' a thugtar ar Uraicecht na Ríar, téacs a phléanna grádanna na bhfilí (Kelly, F., 1991, 268, uimhir 13). Tá 'Uraicecht na Ríar' curtha in eagar agus aistrithe ag an Ollamh Liam Breatnach, *Early Irish Law Series*, iml. 2, 1987, xii + 189.

Móirceapt :

Is dócha gur 'móircheacht' dlí a bhí i gceist ag Tadhg Ó Rodaighe leis an tagairt seo do 'Moircheapt' aige. B'fhéidir gurbh ionann an Móirceapt seo agus 'Muirbretha' (cf. Kelly, F., 1991, 276, uimhir 53).

Breatha Neimhidh :

'Breatha neimh' atá sa ls. Is ionann 'neimh' agus 'uasal' nó 'saor.' cf. neimed, ii, b :

'is that of a person (or class of persons) possessing legal status or privileges; according to Mac Neill, Law or Status 273 n. i, a generic term for every person having the franchise of the Féini (but the word seems to be sometimes employed collectively of an entire class); used with much latitude of application.....' *DIL*

Tá 'The first third of Bretha Nemed Toísech' i gcló ag Liam Breatnach (*Ériu* 40, 1989, 1 - 40) agus 'Canon law and secular in early Ireland : the significance of Bretha Nemed' (Peritia 3, 1984, 439 - 49).

Luann Kelly 'Bretha Nemed toísech 'the first Bretha Nemed' agus 'Bretha Nemed déidenach 'the last Bretha Nemed' (Kelly, F., 1991, 268, 269). Míníonn sé fosta go bhfeidhmnítí an uimhir iolra mar uimhir uatha (ibid., 268).

Curtha in eagar ag le D. A. Binchy as ls. TCD H. 2. 15b agus nótaí curtha leis, móide gluais as ls. TCD H. 3. 18., ls. a thug mar theideal air 'a bretha neimhe deidhinach so' (*Ériu* 17, 1955, 4 - 6).

Féach Gwynn, E. J., in *Ériu* xiii, 1942, 1 - 60, 'An Old-Irish tract on the privileges and responsibilities of Poets.'

Udhacht Morainn :

Dréacht seanfhocal is ea Audacht, nó Auraicept, nó Tecosc Morainn. Rinne Muiris Ó Gormáin cóip d'Udhacht Morainn sa ls. TCD 1391 = H. 5. 19, lgh. 83 - 96. Tá roinnt mhaith ábhair i láimh Thaidhg Uí Rodaighe é féin sa ls.

chéanna, TCD H. 5. 19, 77 & 139 - 178. Breitheamh miotaiseolaíoch ba ea Morann mac Maoin. ‘Ceirt-bhreitheamh a raibh an Iodh Morainn aige.’ (Ó Raghallaigh, T., 1938, 593). Is amhlaidh a theannadh an Iodh ar mhúineál Mhorainn i gcás ainbhreith a thabhairt anuas aige.

Féach (Kelly, F., 1976 & Kelly, F., 1991, 284, appx. 2, uimhir 1).

Trecheng Breth Féne :

Is é ‘tréigeann breatha’ an leagan a thug Tadhg dúinn. Is é mo mheas féin go raibh an tráchtas ‘Trecheng Breth Féne’ i gceist aige. Dúradh faoin tráchtas gur ‘triad of judgements of the Irish a late O. Ir. (probably 9th c.).’ (Kelly, F., 1991, 284, uimhir 3). Táid luaite freisin mar ‘Trecheng Brethi Féne,’ (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 84). Tá fáil orthu ar an suíomh idirlín ‘Trecheng Breth Féne’ bunaithe ar leabhar Kuno Meyer ‘The Triads of Ireland’, .i. iml. 13 an Todd Lecture Series, RIA. 252 trecheng atá ann. Is féidir teacht air tríd an suíomh idirlín *Focal an Lae* (<http://www.lincolnu.edu/~focal/docs/triads/triads.html>).

Teagasc Rígh Chormaic :

Teagasc a chum Cormac dá mhac, Cairbre Lithfeachair (Dinneen, P., 1908a, 304). Rinne Muiris Ó Gormáin cóip de Theagasc Chormaic le hais ábhar eile i láimh Thaidhg Uí Rodaigh féin, sa ls. TCD (1391 =) H. 5. 19., 97 - 132. Ábhar fealsúnta é seo ar nós Tecosc Morainn a thagann go díreach roimhe sa lámhscríbhinn chéanna, TCD 1391, lgh. 83 - 96.. Meastar gur cumadh é roimh 850 AD (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 40).

In eagar ag Kuno Meyer sa *Todd Lecture Series XV* agus ar fáil faoin teideal ‘The Instructions of Cormac mac Airt’, BÁC 1909.

Tá trácht ag Fergus Kelly ar an téacs (1991, 284, uimhir 2).

Agallmha na Suadh :

Tugadh an teideal ‘Etach Agallmha an Dá Shuadh’ sa lámhscríbhinn RIA 23 D 5, lch. 297, agus an nóta leis : ‘Ex libris Thadei Roddij’. Ní thugtar an t-agallamh féin leis áfach. Níl ann ach an teideal.

Luann *DIL* ‘Imacallam in Da Thuaraid’ (faoi ‘tuar³’). Is amhlaidh le bás Adhnae a tharla iomaíocht idir a mhac siúd, Nede/Neidhe anoir as Albain, agus Ferchertne, file cruthanta, i dtaobh chomharbacht na filíochta (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 13, 24, 34).

Toghail Chathrach Mhaoil Mhilscothaigh :

Tá tábhacht ar leith leis an scéal seo (= ‘Orgain Cathrach Mail Milscothaigh’) as an léiriú a thugann sé dúinn ar an scéalaíocht féin (Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 44 - 45).

Níor fhoilsigh Tomás Ó Raghallaigh rann deiridh an duain, an rann dar tús ‘Bean gan éadach ós í is ait’ ar chúis éigin ba léir dó féin. Is féidir gur mheas Ó Raghallaigh nach raibh an duan seo sách ‘glan’ le foilsíú mar a fuair sé roimhe sa lámhscríbhinn é. Thug sé fogha faoi lochtanna na litríochta, dar leis, i gcás eile :

‘I sruth litridheachta gach tíre, is dóigh gur thuit dambaí salachair isteach ó am go am, agus sa nGaedhilg shéathluigh corr-dhamba den tsamhailsin i bhfad ó chéile isteach freisin.’ (Ó Raghallaigh, T., 1938, 294)

Chiorraigh sé giotáí as duan de chuid Thaidhg Uí Ruairc, ‘Beir beannacht uaim tair hais’ agus d’fhág sinn ag machnamh leis an tagairt seo :

‘... go deimhin tá an oiread sin pleidhceála ar siubhal ag an bhfile i gcuid de na rannta agus **nár chuireas isteach chor ar bith iad** - ní cailleamhaint mhór don litridheacht iad fhágáil as.’ (ibid.).

Ní raibh i gceist ach breoiteacht farraige sa chás deiridh sin.

Binn le neach a mholadh féin

TCD H. 6. 15., 309 v.

.....

Pagina .i. san leathanach gheubha tú litir *agus* dán Sheaxain Bhallaigh
Uí Dhuibhgeannáin chum Taidhg Uí Rodaighe. So romhat freagra Thaidhg air.
Ní raibh an freagra agum an uair do scríobhadh dán Sheaxain.

Binn

310 r.

1

Binn le neach a mholadh féin,
le saobh meanman, le héigéill,
le huail dhíomhaoín, is le baois,
is suaill *nach* díombuaidh dhíomhaoín.

2

Mise *mar gach* baoth mearaigh,
binn liom bréaga an róstaraiigh,
gí¹ thuigim féin *nach dom* féin
is *dleacht*² a bheag don chaithréim.

65

3

Ní mé an Taidhg dob aithne dhamh,
más fíor a n-abair *Seaxan*.
Is *rachta* rabhra³ a d'athraigh mé.
Ceart a radha *nach* mé mise.

70

4

Fear aenshúl idir dhallaibh,
bídh faoi mheas *mar ruíndhearcnaigh*.⁴
Is mé an fear aenshúl *nach* maith
a réasún foirfe fosaidh.

75

5

Éag na suadh, is críche Fáil,
gan chead *na ndruidh theacht* a mórdháil,
gan feise fromhtha a gClár Breagh,
gan treise fuinn ag Clainn Míleadh,

80

6

gan Eochaidh,⁵ Fíthiol,⁶ Flaithre,⁷
Adhna,⁸ Roighne,⁹ Fircheirtne,¹⁰
gan Gruibhne,¹¹ ná Athairne¹² án,
gan Craiftine,¹³ ná Seanchán.¹⁴

7	Do thug (mo nuar) fo mo smacht, foicheapt ¹⁵ ina Uraiceapt ¹⁶ , Móircheapt, ¹⁷ na Breatha Neimhidh ¹⁸ a los mo racha mínghthigh.	85
8	Udhacht Morain, ¹⁹ Tréigeann Breatha, ²⁰ Teagasc Rígh Chormaic ²¹ ardflatha, gí ²² shlíim go léighim uile, ní léighim gan mhearbhúile.	90
9	Agallmha na Suadh, ²³ 's Toghail Chathrach áin Mhaoil Miollscothaigh; ²⁴ gí léighim dar liom ar beirt, ní léighim gan omhan éigeirt.	95
10	Dursan ²⁵ liom Fodhla mar sin, gan liaigh leighis ár n-ainbhfis, ná dúil leis go lá an luain, ár súil le hádh is díombuaidh.	100
11	Síligh Seán mar an tradhna gur geal a ghrádh éagrutha, ²⁶ gur físidh, flaith, gur file, gur síothghuádh, ²⁷ gur ceannbhíle.	
12	Ní cóir aithne dhochtúir shéimh d'ionnrachadh ná do thoibhéim;	105
	mar 310 v.	
	mar Easculaip ²⁸ mhic Gaein áin, aithne Sheáin Uí Dhuibhgeannáin.	
13	Mac Apoill ²⁹ liaigh gach othair, Dia gach luibhe tréanshochair, is tú caoin is balsum gach luit, 's tú maoin is anum gach eoluis. ³⁰	110

14³¹

Bean *gan éadach*, ós í is ait
le *gach* dae d'aicme shean-Airt,
fuagruim, a Sheáin, *gach*³² tan,
duitse le rún is d'Eogan.

115

binn. 7ra. Eogan .i. mac Beag Sheáin.
.....

Foinse : TCD H. 6. 15., 309 v.

An Mheadaracht

Ógláchas ar dheibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$

Cuibheas déanach sách gann.

Cuibheas inmheánach, roinnt, sa chomhad : 1 c/d **huail** : **suaill**; 3c/d **rabhra**: **radha**,
mé : mé; 4 c/d **aenshúl** : **réasún** agus mar sin de.

Tá cúig rann a bhfuil fíoruaim san ardrinn.

Léamh na lámhscríbhinne

(Teideal :)

san, tu, Et. romhad, *air*, *uair*.

1b: *sáobh*, *héccéill*; 1c: *húail*, *dhiomhaoín*, *baois*; 1d: *súail*, *diombuaidh* *dhíomhaoín*.
2b: *bréuga*, *rósaraigh*; 2c: *gi*, 2d: *chaitheim*. 3a: *dhamh*; 3b: *fior*; 3c: *d'aithruigh*. 4a:
dhalluibh; 4b: *ruindhearcnuigh*; 4d: *resún fhoirfe fhosaidh*. 5a: *Éug*, *Súad*; 5b: *cead*,
mórdhail, *cclár*, 5d: *Mílidh*; 6a: *fithiol flaithe*; 6c: *na*; 6d: *na*. 7a: *núair*; 7b: *foicheapt*,
8a: *Udhacht*, *treicceann*; 8b: *Chormuic*; 8c: *gi*; 8d: *leighim*. 9a: *Agallmha*, *as*; 9b:
chathrach; 9c: *gi*, *leighim*; 9d: *leighim*, *omhan*, *éceirt*. 10b: *líaign*, *ar nainbhfis*; 10c:
na, *lúain*; 10d: *hágh*, *diombúaidh*. 11b: *aghradh éccrutha* (os cionn na líne: .i. *gan*
cruth, *ut craos sine forma*); 11c: *fífigh*; 11d: *síothgúidh*. 12b: *dionnrachadh na*; 12c:
mhic gaéin. 13a: *Mic*, *líaign*; 13b: *Día*, *tréunshochair*; 13c: *stú caoín*, *as*; 13d: *stú maoín*
as anum, *eóluis*. 14a: *ósí as*; 14b: *daicme shean Airt*; 14c: *fúagruim*; 14d: *as deogan*.

Nótaí

1. Séimhíodh an chéad chonsan i ndiaidh an chónaise ‘gí’ anseo ar chúis éigin agus rinne amhlaidh ag 8c thíos.

2. Ní hionann is róchlaonadh an lae inniu, luíonn ainmfhocal in áit na rangabhála : is dleacht (dom) 2d, in áit ‘is dlite (dom)’. cf.

‘míle seacht gcéd sa cúig dég

dleacht dúinn an chéim do choimhead’.

(Mac Domhnaill, An tAth., 1955, 33, líne 104).

3. Is féidir gur ‘rachta ramhra’ nó ‘rachta reabhraidh’ (*Dinn*, reabhradh = siamsa) a bhí i gceist le ‘rachta rabhra’, 3c.

4. Séimhítear déadaigh: aonshúl, 4a, ruindhearcaigh, 4b, aonshúl, 4c. Shamhlófaí go furusta ‘grinn,’ ‘chruinn,’ le céad mhír an chumaisc seo, ach is é ‘ruindhearcaigh’ atá sa lámhscríbhinn, rud ab ionann agus ‘rindhearcaigh’.

5. Eochaidh : Eocho Rígeices.

6. Fíthiol : Ard-Bhreitheimh.

7. Flaithre : Mac Fíthil.

8. Adhna : Athair Néidhe.

9. Roighne : Mac Augaine Móir nó Raighne Roisclethan mac Finn.

10. Fircheirtne : File agus príomhúdair sheanchais.

11. Gruibhne : Giall.

12. Aithirne : file.

13. Craiftine : Cruitire.

14. S(e)anchán nó Senchán Torpéist : File.

15. Mheasfaí gur ‘foicheapt’ nó ‘foicheacht’ dlí a bheadh i gceist anseo ó chumasc an dá mhír : fo+ceacht. Caithfear iad seo a leanas a mheá freisin áfach.

foiche = dochar, foiche Dé = ‘act, visitation of God.’ *DIL*

foich(e) =al. an adultery. *Dinn*

foich = adultery. fuicheacht, id(ental). *Dinn*

fuich(e) = cuckold.(one of seven unfit to bear witness). *DIL*

fuichecht = lechery or fornication. adultery. *DIL*

Is féidir gur imeartas focail atá ar bun ag Tadhg leis an bhfocal ‘foicheacht,’ líne 7b, a chiallaíonn ‘luí le bean nó fear na comharsan.’ Is sin le rá, go measann Tadhg go ndeachaidh a shúil thar a cheard nuair a shíl sé an dlí a tharraingt air féin mar ábhar spéise.

16. Uraiceapt nó Ur/Aircheacht : Mar atá luaite thuas le réamhrá an dáin seo, d’fhéadfadh leabhar gramadaí nó leabhar dlí éigin a bheith i gceist.

17. Móirceapt : Móircheacht nó Muirbretha.

18. *Breatha Neimhidh* : Dlí na saor.
19. Udhacht Morainn: Dréacht seanfhocal.
20. Trecheng Brethi Féne.
21. Cormaic : Athair Chairbre Lithfeachair.
22. Séimhíodh an chéad chonsan i ndiaidh an chónaisc ‘gí’ anseo mar a tharla ag 2c thuas.
23. Aighneas faoi ollúnnacht na filíochta Éireann.
24. Scéal a cheap príomhéigeas Gael, Aireard/Iorard mac Coise, d’ardrí Éireann, ba ea Toghail Chathrach Mhaoil Mhilscothaigh (Ó hÓgáin, D., 1991, 417 - 419).
25. dursan : codarsnacht ‘sursan,’ dirsan = mí-ádh, brón nó tubaiste. *DIL*
26. Gluais le ‘éagrutha’ sa lámhscríbhinn anseo : .i.gan cruth, ut craos sine forma.
27. Is é ‘síodhaidhe’ an focal is gaire i gcosúlacht dó, dar liom.
D’fhéadfadh cumasc bunaithe ar ‘sith-’ = ‘fada’ nó ar ‘sid’ 1 nó 2 mar réimír agus ‘guide’ a bheith i gceist, ach ní dhéanfadh aon leagan díobh sin (guí fhada nó, guí shí, nó guí shíochánta) an chiall dhearfach a theastaíonn anseo.
28. Easculaip : Aesculapius.
29. Apoll : Apollo.
30. Is dócha gur feidhmiú déchiallach atá ar bun ag Tadhg anseo le ‘maoin gach eolais’ .i. gach fear de Mhuintir Eolais, nó deisceart Liatroma an lae inniu
31. Is cleasach mar a chuir sé ‘beannacht’ in iúl : Bean gan éadach = bean nocht = beannacht. Is é seo an rann a chronaigh Pádhraig P. Ó Ciardha (1978-79, 271, nóta 11) a bheith ar iarraidh as an leabhar *Filí agus Filidheacht Chonnacht* (Ó Raghallaigh, T., 1938, xvi - xix).
32. ‘gach’ atá ag an ls., seachas ‘nach’, (ar eagla na míthuisceana ó chuntas eile).

.....

Béarla ar ‘Binn le neach a mholadh féin.’

Gluais : Pagina id est. on page you shall find the poem and letter of Seán Ballach Ó Duibhgeannáin to Tadhg Ó Rodaighe. Here is Tadhg’s answer to him. I did not have the answer [to hand] when Seán’s poem was written.

1

Sweet to one’s [own ear] is their being praised,
with false notions, with idiocy,
with aimless pride, with foolishness,
it is almost an unprofitable drawback.

2

I like every other misled fool,
sweeten to the exaggerator's falsehoods,
while yet I realise that I myself am not one
who has earned a taste of triumph.

3

I'm not the Tadhg that I knew,
if what Seán says is true.
Fits of delight (?) have changed me.
It's true to say that I am not me!

4

The one-eyed among the blind,
is admired as being sharp-sighted.
I am such a one-eyed man
whose sound and proper reason is not good.

5

It is the demise of the wise ones, and of Ireland
that the learned are not permitted to convene en mass,
that there is not a tested parliament in Ireland,
that the Sons of Ireland have little land,

6

[that there is] no Eochaidh, no Fíthiol, no Flaithe,
no Adhna, no Roighne, no Fircheirtne,
no Gruíbhne, nor noble Athairne,
no Craiftine, nor Seanchán.

7

I mastered, alas,
taking a minor lesson for the Primary Lesson (of privileges),
Major Law, the Judgements of the Noble-Classes,
by sheer dint of my interpretation.

8

Morann's Declaration, the Brehon Triads,
the Testimony of King Cormac the high prince,
whilst I imagine to read them all,
it is not without confusion that I read them.

9

The Colloquy of the Wise Men, and the Sacking
of the noble city of Maol Miollscothach,
whilst I read them all expediently,
I don't read them without terror of being wrong.

10

I find it sad that Ireland is like that,
with no surgeon to heal our ignorance,
nor an expectation of such till judgement day
our hope for luck is a disappointment.

11

Seán, like the cornrake, feels
that the love object he can't see is beautiful,
that he is a visionary, a prince, a poet,
an otherworld creature, a stout leader.

12

The good name of a gentle doctor
should not be impugned or reproached,
as Aesculapius son of noble Gaein,
is the reputation of Seán Ó Duibhgeannáin.

13

The son of Apollo, leech of all the ailing,
the God of every highly advantageous herb,
you are the healing and the balm of every wound,
and the wealth and soul of all knowledge [in this district].

14

As a naked woman [= a blessing, greeting] is found appealing to wvery one
of the ancient race of Art,
I send one to your notice Seán,
with love each time and also to Eoghan.

Sweet. etc. Eoghan i. e. the young son of Seán.

**Duanta a mholann Tadhg mac Gearóid
Uí Rodaighe agus a mhuintir**

(iii)

Beannacht uaim ó rún croidhe

TCD H. 6. 15, 297 v.;

Ó Raghallaigh, T., *Ar Aghaidh*, M. F. 1931.

Seán Ballach Ó Duibhgeannáin a chum.

Is é a ainm iomlán fhile an dáin seo, Seán Ballach mac Froinsias mhic Sheáin Bhallaigh Uí Dhuibhgeannáin (TCD 1419, 297 v.). Dála an scéil, is leis an litir ‘F’ a scríobhadh ainm a athar, Froinsias, gan a shéimhiú in aon tuiseal, ná níor cuireadh ‘P’ leis sa tuiseal ainmneach. Mar seo a leanas a scríobh Pól Breathnach faoi agus a bhreac a ghinealach :

Here follows the pedigree of a kinsman of Cúcoigríche, Seaán Ballach, who addressed a poem to Tadhg O Rodaighe ‘Beannacht uaim ó rún chroidhe.’ It is taken from an RIA manuscript which was written in their school and the genealogical section bears the signatures of Philip and Mathgamhain O Duibhgennáin and the date 1644.

Genealach Muinntire Duibhgennáin Bhaile	
Choilleadh Fobhair	
Seaán Ballach (living 1644?)	
<i>mac</i> Ciothruaidh	<i>mhic</i> Augustín
<i>mhic</i> Mhaghnuasa	<i>mhic</i> Philip na hInnse Died 1384
<i>mhic</i> Mhaoilechluinn	<i>mhic</i> Lúcáis Ancaire Died 1340
<i>mhic</i> Mhaghnuasa	<i>mhic</i> Phóil an Fhíona
<i>mhic</i> Dhealbhaoith	<i>mhic</i> Naomhaic
<i>mhic</i> Mhaghnuasa Died 1452	<i>mhic</i> Dhuibhginn
<i>mhic</i> Mhaoilechluinn Ruaidh	<i>mhic</i> Thadhgáin [MS D.i.3]

(Walsh, P., 1947, 4).

Caithfear a rá nach bhfuil an chraobh sin iomlán. Níl údar an dáin atá idir lámha againn anois le feiceáil ann. Iomrall a tharla don Athair Pól Breathnach, rud ab annamh leis, i ngeall ar an ainm céanna, Seán Ballach, a bheith ar an athair mór is bhí ar an ngarmhac. Is ar líne Uí Dhuibhgeannáin Choilleadh Fobhair, nó Chaiseal Fobhair/Castlefore an lae inniu i nDeisceart Liatroma, a rianaítear an chéad Seán Ballach Ó Duibhgeannáin, mar atá thuas ag Pól Breathnach agus mar aguisín cúil-leabhair (ibid.

4 & aguisín 1). Tig linn dhá nó trí ghlúin eile a chur leis an gcaobh freisin as dhá fhoinsé eolais :

- (i) an freagra, nó an dán a thug Tadhg Ó Rodaighe (TCD 1419, 310 r.; féach dán uimhir II) ar Sheán Ballach, is é sin, an dán ‘Binn le neach a mholadh féin’;
- (ii) an dán seo atá idir lámha anois.

Le dul i mbun soiléiriú an scéil, ní miste dhá nóta a thabhairt mórán i ndiaidh a chéile :

- (A) Fúagraim a Sheáin, *gach* tan,
duitse le rún, is d’Eoghan.

D’Eoghan. Binn. *et cetera*.

Eoghan *eadhon mac Beag Sheáin*.

(TCD 1419, 310 v.; dán II).

Má áirimid an réamhrá dhá bhearna a thug Muiris Ó Nuabha duilleog amháin roimh nóta A sa lámhscríbhinn (lch. 309 v.), atá le tús dáin II thuas, tuigimid gurbh é Seán Ballach mac Froinsias *mhic Sheáin Bhallaigh* Uí Dhuibhgeannáin ainm iomlán an fhir gur sprioc an dáin é sa chás seo thuas faoi nóta A.

- (B) *Beannacht*, et litir *Seáin Bhallaigh* uí *Duibhgeannáin*, *mhic* Froinsias,
mhic Sheáin Bhallaigh (TCD 1419, 297 v.; dán III).

Is soiléire anois an Seán Ballach áirithe a cheap an dán atá idir lámha againn. Ní miste dhá ní a tharraingt le chéile mar sin. Is é eireaball na líne sin Mhuintir Dhuibhgeannáin Choilleadh Fobhair mar a roinn Is. RIA D. 1. 3. linn í, móide an bhreis soláthair ó lámhscríbhinn TCD 1419 :

Eoghan (TCD 1419, 310 v.; dán II)

mac Seáin Bhallaigh, (ibid. 309 v. & 310 v.)

mhic Froinsias, (ibid. 297 v.; dán III)

mhic Sheáin Bhallaigh, (RIA D. 1. 3 & TCD 1419, 297 v.; dán III)

mhic Ciothruaidh, mhic Mhaghna, srl. (RIA D. 1. 3).

Ní raibh an bheirt Tadhg Ó Rodaighe, Tadhg mac Gearóid agus Tadhg mac Taidhg, dealaithe óna chéile ach an oiread ag an Athair Breathnach tráth scríofa an ailt seo a leanas :

The Trinity College MS. H. 6. 15. contains three poems to Tadhg O Roddy by three members of the O Duigenan family, viz. : ‘Beannacht uaim ó rún

chroidhe' (A blessing from me from my heart's core) by Seán Ballach O Duigenan, Ferghal Muimhneach's poem 'Maith tráth do thoigheacht a Thaidhg' (Good is thy coming then, Tadhg) and portion of one by Cúgoigeríche O Duigenan (the Annalist) beginning 'Aoinsciath cosnaimh na ccell' (The one protecting shield of the churches). The genealogies of Seán Ballach and Ferghal have already been given. (Walsh, P., 1947, 8 - 9).

Pléim gné seo na beirte Tadhg Ó Rodaighe áit eile sa tráchtas seo agus ní bhaineann siad le ceist na beirte Seán Ballach Ó Duibhgeannáin ach sa méid seo a leanas. Measaim gur chuidigh iomrall seo na beirte Tadhg Ó Rodaighe leis an míthapa a bhaint as Pól Breathnach, sárúdar, i dtaobh na beirte Seán Ballach Ó Duibhgeannáin.

Ní file thar mholadh beirte é Seán Ballach mac Froinsias agus sin é an t-údar gur thugas 'fear cumhtha an dáin' air thuas, seachas 'file.' Feicfear thíos faisnéis a cheirde leighis, ach chomh maith le sin, feictear laigí an dáin thíos ar bhonn easpa uama, easpa siollaí ar an líne agus nithe eile a áireofar thíos gan trácht ar an neamhaird a tugadh, is léir, ar an gcomhardadh.

Níl aon dáta leis an dán seo 'Beannacht uaim ó rún croidhe,' ach tharla gurb é dán Pheadair Uí Mhaoil Chonaire 'Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg' a tháinig roimhe ar lch. 296 v. na lámhscríbhinne gur cúrsaí easláinte Thaidhg a bhí chun tosaigh tús Márta na bliana 1696 nuair a bhí air an gúta air. Is féidir go bhfuil an dá dhán, ceann sin Pheadair agus an ceann seo anois, 'Beannacht uaim ó rún croidhe,' sách comhaimseartha lena chéile. Luaitear cás eile tinnis sa teaghlach mí Meithimh na bliana 1704 A.D. ar lch. 307 r. na lámhscríbhinne seo. Ceapadh ag an am go raibh deirfiúr Thaidhg, Elís, tar éis bhás a fháil den ghalar breac.

Chuir an tAthair John Brady nóta le halt an Athar Breathnach ar 'The learned family of O Duigenan' inar tagraíodh do Eugenius Duigenan medicus, Tullius Duigenan, Joannes Duigenanus medicus approbatus Ardaghadensis, Tullius Duigenan pastor de Killtagorke, rector de Killsgery, Bernardin Duigenan, pastor de Cloone (Walsh, P., 1947, 11 - 12). Bhíodar sin go léir ag tacú le Christopher O Ferail, O. P. le haghaidh suí easpaig Fhairche Ardachaidh a bhaint amach Mí Feabhra na bliana 1677. Is féidir gurbh é Seán Ballach againne an dara duine díobh sin ar luadh an post 'medicus' leo, Joannes. Ní féidir a rá faoin gcéad duine acu, Eugenius, arbh é Eoghan, mac 'beag' Sheáin é. Ní dócha go dtabharfaí 'beag' ar dhuine a bheadh ina dhochtúir oilte. Is léir ar fhreagra Thaidhg Uí Rodaighe air, 'Binn le neach a mholadh féin' a tugadh roimh seo, macallaa cheirde, is é sin, gur dhochtúir leighis a bhí ann :

Ní cóir aithne dhochtúir shéimh
d'ionnrachadh ná do thoibhéim,
mar Easculaip mhic Gáein áin
aithne Sheáin Uí Dhuibhgeannáin

Mhic Apoill liaigh gach othair,
Dia gach luibhe tréansochair,
is tú caoin is balsam gach luit,
is tú maoin is anam gach Eoluis. (TCD 1419, 310 r.; dán II)

D'ainneoin gur dhochtúir a bhain le filíocht é Seán Ballach, d'fhéadfaí a shamhlú gur bhain sé feidhm maith go leor as eolas ar shaothar Chéitinn, Foras Feasa ar Éirinn, mar ábhar aige dá dhán. Luann sé an Uraiceacht, Magh Seanáir, Greacus, Laitín, (Gaoidheal) mac Eathóir, Sáileith agus Aimhirgin Glúingheal sa dán gairid seo. Bainid go léir leis idir théacs, logainm agus phearsana le scéal thús na dteangacha agus 'tor na Baibiolóine' mar a ríomhann FFÉ dúinn (Dinneen, P., 1908 a, 1, 4, 6, 10).

Tagraíodh do na leabhair éagsúla faoin dán a cíoradh roimhe seo go díreach, 'Binn le neach a mholadh féin'. Is dócha gurbh é Auraicept na nÉces a bheadh i gceist le Tadhg Ó Rodaighe a mholadh mar fhile agus mar fhear teanga. Tá a mhacalla le brath ar litir Thaidhg chuig Edward Llwyd sa bhliain 1700, ach ní áiríonn Tadhg na cineálacha Gaeilge ina litir san aon ord amháin le hAuraicept na nÉces agus fairis sin, tá 'abstractive [Irish]' as alt aige, is léir (Comharthaím uimhreacha ord na hAuraicept idir lúibíní le cuntas Thaidhg) :

Auraicept na nÉces	Litir Thaidhg Uí Rodaighe
<p>'... comad acco a n-aenur nobeth, conad airi sin conairneacht doibh in berla tobaidhi cona fortormaigib .i. berla Feni agus iarmberla agus a mberla n-edarscartha eter agus berla na filed asa n-acailit each dib ... & a ngnathberla fogni do cach o ilcenela.'</p> <p>(Calder, G., 1995, 16).</p>	<p>'... Also the Irish being the most difficult and copious language in the world, having five dialects, viz., the common Irish, (5) the poetic, (4) the law or lawyers' dialect, (1) the abstractive, and separative dialects, (3) each of them'</p> <p>(Todd, J. H., 1846, 123).</p>

Cruthaíonn an méid sin, is dóigh liom, gur léigh Tadhg a chuntas ar na cineálacha Gaeilge as Foras Feasa ar Éirinn an Chéitinnigh, mar gurbh é an chaoi chéanna sin a thuig Seathrún scéal an ‘Auricept’ é féin mar a bhfuil ‘in berla tobaidhi’ tugtha aige san áireamh cineálacha mar ‘Béarla Teibidhe’ in áit a bheith ag tagairt do theanga chuimsitheach, nó ‘tobaidhi’ na Gaeilge :

‘Is ann sin tug Féinius fá deara ar Ghaedheal an Ghaedhealg do chur i n-eagar is i n-ordughadh do réir mar atá sí ’n-a cúig codaibh, mar atá Béarla na Féine, Béarla na bhFileadh, Béarla an Eadarscartha, Béarla **Teibidhe** is Gnáithbhéarla agus a hainmniughadh go cinnte uaidh féin,’ (Dinneen, P., 1908 a, 10).

Dá mhéad luí léinn sprioc an dáin seo, Tadhg Ó Rodaighe, leis na leabhair ar chuma ar bith, níor mar fhile ó cheart a scríobh Seán Ballach Ó Duibhgeannáin chuige. Is mó mar dhochtúir a bhfuil urraim dá othar aige atá sé a scríobh dáin dá chara is dá chomharsa go díreach le haoibh a chur air siúd, Tadhg Ó Rodaighe. Is é is dóichí gur thuig sé mar dhochtúir go rímhaith nach bhféadfaí mórán eile a dhéanamh dá othar, tharla an tseanaois mhór ar Thadhg.

Maíonn Seán acmhainn éagsúlacht ábhair léinn a bheith ar a chumas ag Tadhg : an stair (2c), an dlí (2d), an Ghréigis agus an Laidin (3c), an Ghaeilge (4b) agus an Eabhrais (4c). Tuigimid go raibh cuimse Béarla aige chomh maith, tharla gurbh é Tadhg a scríobh cuntas Béarla ar Chontae Liatroma do ‘*William Sheridan Lord Bishop of Kilmore & Ardagh*’ (Logan, J., 1971, 331). Ba é Tadhg a scríobh litir fhada Bhéarla chuig Edward Llwyd freisin agus é amach in earr a shaoil (Todd, J. H., 1846, 122). Is spéisiúil nár measadh, is cosúil, cumas Béarla a bheith ina ábhar inmholta ag Gaeil na linne sin.

.....

Beannacht, et litir Sheáin Bhallaigh Uí Dhuibhgean[n]áin, *mhic Froinsias mhic Sheáin Bhallaigh*.

1

Beannacht uaim ó rún croídhe,
go Tadhg róieolach¹ Ó Rodoíghe,
saoi shuaimhneach i ngaois *nach gann*,
cearchaill teagaisc na n-anbhann. 120

2

Léitheoir *grinn*, scríbhneoir snasta,
feallsamhain, is file furasta,
an staraídhe binnbhriathrach *beacht*,
Ardmhaighistir san Uraicept.²

3

Measaim go bhfaigheadh cáil, 125
dá mbeith ag Magh Seanáir,³
i nGréigis 's sa Laidion chaoin,
nach bhfuair Greacus,⁴ ná Laitín.⁵

4

Ní bheith fós *gan* tóir
an Ghaoidhealg ag Aonmhac⁶ Eathóir, 130
ná an Eabhra⁷ a bhfód fo leith,
gan roinn ag oidhre Sáileith.⁸

5

Ní áirim, *nach* mbeith *ach* seal,
Aimhirgin 'na ollamh Glúingheal,⁹
-- dá maireadh Tadhg re na linn -- 135
ag macaibh bile in Éirinn.

6

Ní bhfuil *neach* thuaidh ná *theas*
sháireoghadh é sa tseanchas,
ná *neach* eile thall ná abhus,
orra nach príomhárus. 140

7

Mo chuimhne féin arís dá ghar,
madh áil leis cuimhne a bhráthar,
sa *treas* uair bíodh *gan* sprocht,
anois go Tadhg, mo bheannoicht.

Beannacht. et cetera.

Foinse : Ls. TCD H. 6. 15., 297 v.

Teideal : Tugtha thuas.

An Mheadaracht

Ógláchas ar deibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$ ach is iomaí áit a gcaithfear an líon siollaí a laghdú: 1b Rodaíge le dhá shiolla. Mar a chéile: 2b feallsamhain, 2c staraídhe. Trí shiolla: 2d ardmhaighistir.

Cuibheas déanach : Go maith, d'ainneoin guagacht 'chaoín/Laitín' (3c/d)

Cuibheas inmheánach : Ar iarraidh.

Uaim : Buille ann as agus í ar iarraidh ar fad i rann 3.

Léamh na Lámhscríbhíne

..... *uí Duíbhgeanáin, Sheanbhallaigh.*

1 a úaim; 1 b roieólach; 1 c saoi shuaimhniach ingaois; 1 d *teagaisg na nanbhfhann*; 2 a Leightheoir, *scriobhneóir snasda*; 2 b fallsamhain, forusda; 2 c an sdarúidhe binbhriatrach; 2 d Uraiccheapt; 3 a *Measum*, *bhfuigheadh*; 3 b da, (*os cionn na líne : eadhon mar ar cuireadh na teangtha a neagar.*), Seanair; 3 c ingréigis is sa laidion; 3 d *greacus*, na laitín; 4 b *ghaoidhealg*, (*os cionn na líne : Gaoidiol mhic Eathóir; -agus 'ó' fada ann -*), Eathoir; 4 c na an *eabhra* a; 4 d roind, oighre; 5 a *acht*; 5 b Aimirgín na; 5 d inéirind; 6 a thuath, na; 6 b tshaireoghadh, san tseanchus; 6 c na, éile, na; 6 d *prímárius*; 7 a da.

Beannacht. et cetera.

Nótaí

1. róieolach : An ghnáithimirt focail ar ainm na treibhe. Feidhmníonn Tadhg an t-ainmfhocal 'Eolus' ina fhreagra féin ar Sheán Ballach dar teideal, 'Binn le neach a mholadh féin'.

2. Uraiceapt : 'Uraicecht na Ríar', 'Uraicecht Becc', nó 'Auraicept na nÉces.' Rinneadh trácht ar na huraiceachtanna seo faoi dhán uimhir I, 'Binn le neach a mholadh féin'.

3. Magh Seanáir : Tá gluais os cionn na líne seo, 3b, a chuidíonn leis an léitheoir :

eadhon mar ar cuireadh na teangtha a neagar.

Tagraíonn Seathrún Céitinn san Fhoras Feasa don mhá seo :

‘Chuiris Féinius scola ’n-a suidhe ré múnadh na n-ilbhéarladh ar Maigh Seanáir san gcathraigh da ngairmeann *Cín Dhroma Sneachta* Eathéna, amhail adeir an file san rann-so síos :

I Maigh Seanáir, iars an dtor,
ro tionóileadh an chéadscol,
i gcathair Eathéna,
do fhoghluim na n-ilbhéarla. (Dinneen, P., 1908 a, 6).

Luaitear ‘machaire i dtír Shionár’ i Leabhar Geineasais, 11.2 agus ‘Báibil’ mar theideal ar an gcaibidil. Baineann an chaibidil leis an Tiarna a bheith ag déanamh ‘cíor thuathail de theangacha an domhain go léir ansiúd’ (Ó Fiannachta, P. eag., 1981, 19).

4. nach bhfuair Greacus : Is cosúil gurb é atá i gceist, an té as ar baisteadh teanga na Gréigise. ‘Gaedheal mac Eathóir de shliocht Gomer ón nGréig’ ba é an duine a chéad-dréachtaigh an Ghréigis de réir FFÉ (Dinneen, P., 1098 a, 6, & 8).

5. ná Laitín : An té as ar baisteadh teanga na Laidine, ach arís, is é Caoi Caoinbhreathach ón Iudea, nó Iar mac Neama a ‘scríobh i gcranntáibhlibh aibghitre ..’ teanga na Laidine, de réir FFÉ (ibid.).

Maireann blaisín de chuid Laidin Thaidhg Uí Rodaighe sa ls. seo TCD 1419, 270 r.

Tugtar tuilleadh samplaí de chuid Laidin Thaidhg sa ls. TCD 1419 : 273 r, 296 v, 307 r, 310 v, 311 r; agus sna lsí. RIA 23 L 34, 155, agus RIA 24 P 25, 73 r.

6. Aonmhac : Tá gluais os cionn na líne ag ‘Aonmhac Eathoir’ :

Gaoidiol *mhic* (sic) Eathóir (TCD 1419, 297 v.).

Bhain teoiric na mórthábhachta le teangacha go leor seachas an Ghaeilge, an Arabais, an Eabhrais Chlusaiceach agus an tSainscritis ina measc (Crystal, D., 1989, 7). Leag J. G. Becanus (1518 - ’72) amach go raibh an Ghearmáinis ní ba uaisle ná gach teanga eile, tharla gurbh í a labhair Adhamh i bParthas (ibid.). Níor cuireadh isteach uirthi ar aon bhealach i ndiaidh eachtra na Báibile cionn is nár ghlac na Cimbrigh, an seantreabh Gearmáineach, lámh i dtógáil an túir (ibid.). Is amhlaidh, dar le Becanus, a dheonaigh Dia an seantiomna a aistriú as an tSean-Ghearmáinis, nach maireann, go dtí an Eabhrais (ibid.).

Níor thaise don Ghaeilge é, bhain tábhacht léi. De réir an scéil, ba é Gaedheal Glas mac Eathóir a chuir an Ghaeilge ‘i n-eagar is i n-ordughadh’ i ndiaidh mearadh Thúr na Báibile (Dinneen, P., 1908 a, 10).

7. an Eabhra : An Eabhrais. De réir an scéil ag nóta 5 thuas, bhí Eabhrais ag deartháir cliamhain Thaidhg Uí Rodaighe, is é sin, Donnchadh Mac Con Mara. Ba é meas an dochtúra Ó Duibhgeannáin sa dán seo, ní foláir, go raibh an-chumas Eabhraise ag Tadhg. Tacaíonn tuairim an dochtúra Ó Duibhgeannáin linn, ar bhealach, glacadh le cumas Thaidhg mar a tuairiscíodh sna teangacha thuasluaite faoi nótaí 4 & 5.

8. Sáileith: Óna mhac, Éibhear, a sloinneadh teanga na hEabhraise de réir an scéil :
'Gidheadh do an sí ag Éibhear mac Sáile agus ag a threibh ionnus gur hainmnigheadh uaidh í; mar go dtugadar Eabhra uirre ó Éibhear.'

(Dinneen, P., 1908 a, 2).

9. Aimhirgin Ghlúingheal : Aimhirghin Glúingheal mac Míleadh, a rugadh san Éigipt (Dinneen, P., 1908 a, 46). Ainmníonn Seathrún Céitinn é mar dhuine de na príomhúdair :

'phríomhúdair do bhí leis an seanchas gan leatrom do dhéanamh ar neach seach a chéile d'uaislibh Éireann.' (Dinneen, P., 1914, 32).

Ba é Aimhirgin an file a dúirt briocht na gabhála, 'Am gaeth i mmuir' agus é ag teacht i dtír in Éirinn an chéad lá in Inbhear Colpa (Henry, P. L., 1978, 44).

.....

Béarla ar

'Beannacht uaim ó rún croidhe.'

1

A blessing from my heart's core
to the very erudite Tadhg Ó Rodaighe,
a pleasant philosopher of vast wisdom,
a beam of learning to the enfeebled.

2

A sharp reader, a polished writer,
a philosopher and poet with ease,
the accurate mellifluous historian,
a real master in the laws relating to social station.

3

I believe that he would attain fame
were he to be on the plain of Shinar,
in Greek and lovely Latin,
which neither Greacus nor Laitín obtained.

4

The Irish Language would not be left unsought
by [Gaidheal] the only son of Eathóir,
nor would Hebrew be set aside
as sole possession of the offspring of Sáileith.

5

Not to mention, that Aimhirghin Glúingheal
would be just a while as chief poet
-- were Tadhg to live at the same time (as him) --
to the distinguished sons of Éire.

6

There is not one north or south
who would best him in history,
nor is there any one here or there
to whom he is not their mainstay.

7

My own memory calls him again,
if he wishes to remember his kinsman,
on the third occasion let it be without dejection,
hence to Tadhg, my blessing!

A blessing, et cetera.

(iv)

Niamhadh na huaisle an eagna

TCD H. 6. 15., 273 = H;

(& RIA C vi I, 28) = C;

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 351.

Peadar Ó Maoil Chhonaire,

mac Fir Feasa mhic Lochluind cecinit.

Tá riar nach beag duanta de chuid an fhile seo Peadar Ó Maoil Chhonaire síos tríd an lámscríbhinn seo, TCD H. 6. 15. Chum sé glac mhaith duanta do Thadhg Ó Rodaighe agus dá mhuintir:

- lch. 273, ‘Niamhadh na huaisle an eagna’, 52 rann do Thadhg agus dúnadh 4 rann dá bhean, Fionnghuala ‘A niamhadh in uaisle gan oil’,
- lch. 296 v. ‘Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg’, 15 rann do Thadhg (móide ‘Inghion Donnchaidh an ghlóir ghlé’, 2 rann dá bhean, Fionnghuala),
- lch. 297 v. ‘A mhic Gearóid an ghlóir ghloin’, 4 rann mar éileamh ar Thadhg,
- lch. 300 v. ‘In ainm Chríost an ceangal so’, 18 rann d’iníon dearthár Fhionnghuala a oileadh tigh Thaidhg Uí Rodaighe.

Is é an duan seo ‘Niamhadh na huaisle an eagna’ an ceann is faide a cumadh le Tadhg Ó Rodaighe a mhóradh. Is cosúil gur mheas Peadar gurb é féin file oidhreacha Thaidhg Uí Rodaighe. Bhí sé ag leagan amach go raibh ‘spré nuachair’ ag dul dó in am amháin mar a fheicimid faoi thrácht eile thíos leis an duan ‘A mhic Gearóid an ghlóir ghloin’.

Cheap Peadar mac Fir Feasa Uí Mhaoil Chhonaire duan molta eile atá cosúil le ‘Niamhadh na huaisle an eagna’ in ómós do Chormac Ó Néill, feisire Aontroma chun Pairlimint na bliana 1689 AD. ‘Díol toile caoinmheas Cormaic’ is céad líne dó agus tá sé ar leathanach 225 na lámhscríbhinne RIA 24 P 33, lámhscríbhinn a cuireadh i gcló faoin ainm ‘Leabhar Cloinne Aodha Bhuidhe’. Tá cosúlacht sa dá dhuan a chum Peadar don bheirt, Cormac Ó Néill agus Tadhg Ó Rodaighe, sa méid go rianaítear an bheirt siar gach díreach ar a gcrabha ginealaigh mórán mar a chéile. Tá scór go leith rann i gceist i gcás an duain mholta do Thadhg thíos (rainn 12 - 42) agus ocht rann déag a rianaíonn crabh Cormaic (rainn 15 - 32). Chum Tadhg Ó Rodaighe é féin duan molta, uimhir an tráchtais seo, don fheisire céanna, Cormac Ó Néill.

Níorbh é an duan molta úd do Chormac Ó Néill an chuid de shaothar Pheadair Uí Mhaoil Chonaire ba mhó cosúlacht leis an duan seo thíos do Thadhg Ó Rodaighe. Is amhlaidh gur cheap Peadar duan den ainm céanna ‘Niamhadh na huaisle an eagna’ do Bhrian mac Conchobhair mhic Bhriain Mhig Uidhir chomh maith leis an duan seo do Thadhg Ó Rodaighe. Is é an duan ceanann céanna é a fhad le rann 12. Athraíonn an duan ina dhiaidh sin, ach r. 12, línte c agus d, r. 13 línte c agus d, r. 15, línte c agus d, is mar a chéile iad sa dá dhuan. Is éagsúil ar fad lena chéile na rainn ina dhiaidh sin, idir rann 16 agus rann 42. Is ionann r. 42 línte c agus d, i. e. an comhad, sa duan abhus, le comhad r. 37 an duain do Bhrian Mag Uidhir. Tá cúig rann sa dá dhuan go díreach mar a chéile arís in eireaball na hoibre. Níl ach tuairim is dosaen focal sna rainn sin nach dtagann lena macasamhail sa dara duan.

Cosúlacht an dá dhuan ‘Niamhadh na huaisle an eagna’ :

Do Thadhg Ó Rodaighe	Do Bhrian Mag Uidhir
Comhad r. 42	Comhad r. 37
rann 43	rann 38
r. 44	r. 39
r. 45	r. 40
r. 48	r. 41
r. 49	r. 42

Níl ach 45 rann in iomlán an duain, ‘Niamhadh na huaisle an eagna’, do Bhrian Mag Uidhir, ach 52 rann atá sa duan seo, ‘Niamhadh na huaisle an eagna’, do Thadhg Ó Rodaighe. Beirim an chodarsna léamha thíos a fhad le rann 12 agus na codarsnaí eile isteach as duan molta Bhriain Mhig Uidhir mar atá sa chlár thuas.

Seacht nglúin roimh a linn féin, bhí fear de shinsir Pheadair Uí Mhaoil Chonaire ag saothrú do shin-sin-sin-seanathair Thaidhg Uí Rodaighe. Ba é sin-sin-sin-seanuncal Pheadair mhic Fhir Fheasa, mhic Lochlainn Uí Mhaoil Conaire an té a nuachóirigh Leabhar Chaillín, is é sin, Muirghius mac Páidín Uí Mhaoil Chonaire de réir an Athar Pól Breathnach (Walsh, P., 1947, 53). Ba don chomharba i bhFiodhnach sa bhliain 1516 A.D., Tadhg mac Taidhg, mhic Uilliam Uí Rodaighe, a rinne Muirghius mac Páidín Uí Mhaoil Chonaire an ‘núachorúgadh’ ar ‘sein-Leabhar Caillin’ (Hennessy, W. M. & Kelly, D. H., 1875, 392). Is cosúil go raibh aithne ag an dá theaghlach ar a chéile leis na cianta.

Is í craobh Pheadair suas mar seo a leanas go dtí Páidín, athair an té a nuachóirigh Leabhair Chaillín, Muirghius, agus tugaim craobh Thaidhg mhic Gearóid lena hais sin suas go dtí comharba cóirithe an tseanleabhair :

Peadar mac Fir Feasa, <i>mhic Lochlainn</i> , <i>mhic Sheáin Ruaidh</i> , <i>mhic Lochlainn</i> , <i>mhic Phaidín Uí Mhaoil Chonaire</i> (Walsh, P., 1947, duilleachán breise le Colm Ó Lochlainn).	Tadhg mac Ghearóid Óig, <i>mhic Thaidhg</i> , <i>mhic Gearóid</i> , <i>mhic Thaidhg</i> , comharba 1516 AD <i>mhic Thaidhg Uí Rodaighe</i> (H. 6. 15, 274 - 275).
--	---

Is spéisiúilide an duan an cuntas fada ginealaigh seo ann agus tuilleadh.

Tharla iomrall sa duan seo do Thadhg a d'fhág bearna i seoladh rainn 15. Ní féidir linn an bhearna a líonadh le haon ní as an leagan eile. Líonadh an bhearna sin sa leagan a cheap Peadar do Bhrian Mag Uidhir le '*Mhic Feidhlim ba mordha méin, mhic Phadrúic sheamrach sháor réidh*', seoladh a thagraíonn do Shíol gColla, ar ndóigh (ibid., 29). Tharla bearna sa leagan do Mhag Uidhir áfach, mar fágadh seoladh ar lár ar rann 22 sa duan úd (ibid.).

Scríobhadh an lámhscríbhinn C vi I don Chaptaen 'Brian mac Conchabhair Modartha Méguidir .i. Máguidhir Fhearmanach' sa bhliain 1718 (RIA Cat. 2697). Tá tuairisc na féile ar fhear seo Shíol gColla :

This Brian Méguidhir further invited all the scholars of the surrounding territory to assist in collectiong Gaelic books and in bringing them to Cnoc Ninne, where he made liberal provision for the scribes whom he engaged to copy all the material he succeeded in obtaining (RIA Cat. 2697 - 2698).

Is cosúil nár leasc le Peadar Ó Maoil Chonaire tacú leis an athchúrsáil.

.....

Peadar Ó Maoil Chonaire mac Fir Feasa mhic Lochluind *cecinit*.

1

Niamhadh na huaisle an eagna, 145
 tearc caoimhthíoch coimhfhreagra
 de chrú Gaoidhiol thuaidh nó theas
 maoidhiomh do chuaidh ó choimeas.

2

An eagna 's an uaisle ghlan, 150
 gibé corp thrá 'na dtiochar,
 gan doghraing móraidh a mhéin,
 an fhoghlaim óraidh iadséin.

3

Gach com ina dtilltior so,
 uaisle, *inntleacht*, is eagna,

céim

lch. 274

céim cosmhail gan chroibhneart slóigh, 155
 cosnaidh oirbheart is onóir.

4

Aithnidh do chách, cúis ro clos,
 na hairghidhse cia iomchras,
 san uairse ar gcomhrainn go ceart,
 foghlaim, uaisle, agus oirbheart. 160

5

An t-einióch 'na n-aice *sin*,
 gibé ga mbí is dáil deighfhir,
 gan sníomh, *gan* tolg-ghoimh go te,
 gníomh do ardaigh a uaisle.

6

Atá ag aoinfhear d'iúl scoile, 165
 de rathchloinn réidh Rudhraighe,
 feidhil *gan* dorbhghráin is glé,
 orláimh einigh is uaisle.

7

Táinic óg do fhréimh Rosa, 170
 d'fhior uasail Fhearghasa,
 scaith *gan* lot d'oirbhiort nó d'*ainm*,
 do ghlac d'oighriocht a n-abraim.

- 8
Do-bhéar dhósan dál do dhligh,
seanchas¹ miadhach go Mílidh,
mar is dual dá fhréimh roimhe,
a luadh san réim ríoghroidhe. 175
- 9
I ndán is dúthchas d'ollamh
seanchas saor na sárchuradh,
go beacht gan teadhmgomh gach tan,
do dhealbhadh go ceart comhthram. 180
- 10
Cuirfead romham dá réir soin,
seanchas oirdhirc an uasail,
do dhealbhadh i nduain mar so,
stuaigh gan mhearbhal an macso.
- 11
Mairfidh na dhiaidh, dearbhta sin, 185
seanchas coimhcheart a chinidh,
fréimh gan tár as toghtha treabh,
i ndán chomtha don chaoimhfhear.
- 12
Tadhg Ua Rodaighe an rúin ghloin
mhac Gearóid² mhic Thaidhg³ thréanmhoir, 190
géag leanas mar chló gach céim,
is dó bheanas mo bhuaínréim;
- 13
Meic Gearóid ba mórdha méin,
m[e]ic T[h]aidhg an aignidh iúlréidh,
dhá
lch. 275
dhá phailm chéille gan chogal, 195
ainm na féile fuaradar;
- 14
Mheic T[h]aidhg,⁴ mhic Uilliam⁵ áin
mhic M[h]atha⁶ nár ob armghráin,
mhic Ruibeáird⁷ an rúin fhortail,
mhic Sheáin⁸ fhéil arrachtaigh; 200

.....

.....

caomhthoigh ba frosghlan re fáidh,
laochraidh do chosnaigh cíostáin;

16

Mheic Lúcaís¹⁰ laochdha 's gach cath,
mar luaidhios Leabhar Ultach,
laoch neamhchas i neart san ágh,
na sheanchas go ceart comhlán;

205

17

Mheic Éile ghríobhdha 's gach goil,
mheic Giolla na Naomh neartmhair,
mheic Éigniugh ághmhair 's gach moigh,
mheic Giolla Mhuire mhiadhaigh,

210

18

- do fuaidh re sreathbhladh na séigh,
ceathrar do chuaidh i gcaithréim -
mheic Giolla Bhearaigh bhuaidhaigh,
mheic Dhomhnaill dhíl dheaghdhuanaigh,

19

Mheic Aodha an aignidh nár ghann
- craobha caidridh na gcaomhchlann -
mheic Mhaoil Mhichíl úir uasaíl,
mheic M[h]aoil Mhuire dhaghdhuasaigh,

215

20

Mheic Giolla Íosa gan oil,
mheic M[h]aoil Mhichíl Mheadhraigh,
in oirbhiort ógh-ghlan san ágh,
do mhóradh toirbhiort tromdhámh,

220

21

Mheic Feichín ba fraochdha gleic,
mheic M[h]aoil Íosa áin oirdheirc,
mheic Giolla Chríost ghroigheach ghlé,
nár dhíosc oiniuch ná uaisle,

225

22

Mheic Gormghaíl nár fhaomh éanolc,
mheic M[h]anacháin¹¹ na mórthréadthore
- dís do choimhleán clú de shíor,
do foighreadh i gerú ceirtríogh -

230

23

Mheic Ardghail áithiosaiigh shéimh,
mheic Alaxandair airmghéir,

mhic

lch. 276

mheic M[h]aoil Eoin fhinn gan falaidh
- treoin do chinn tar churadhaibh -

24

Mheic Rodaighe na ruag mear,
ó bhfuil sloinneadh na sáirfhear
laoch raith fa tréine 's gach teagh,
do chaith re féile a bhfuairsion,

235

25

Mheic Náradaigh na nós n-úr,
mheic F[h]ailleadh nár fhaomh olcrún,
mheic Onchon¹² nár chlaon do cheart,
craobh go mborradh 's go mbuain-neart.

240

26

Días¹³ dearbhráthar dároile,
Néidhe is Failleadh¹⁴ foirglidhe,
úrchlann Onchon iad gan acht,
dá mborrfadh, tiad i dtábhacht.

245

27

Ó Néidhe¹⁵ na ngníomh ngalach,
táinic tréintreabh Fearghalach,¹⁶
fian do róthál comhlann cleath,
Ragnall¹⁷ is Lóchán¹⁸ léidmheach.

250

28

Fillfead ar Onchoin gan on,
mheic Fionnlogha na bhfíorghal
- tréin do gach cuire ba cuim,
dhá dhéir aille¹⁹ den iorchlainn -

29

Mheic F[h]innfir, mheic Cumsgrach chóir,
mheic Éachta, mheic Eirc armóir,
mheic Earcdháil, mheic D[h]uibh fa dil
- tuir go gceartrádh an chuingidh -

255

30	Mheic M[h]eadh Ruaidh mhóir mhic Nearta, mheic Áithiosach fhoirnearta, mheic Éachta, mheic Uisleann úir, cuisle séanta gach saobhrúin;	260
31	Mheic B[h]éarra, mheic B[h]eidhbhe thailc, mheic Luighdhíoch lánmhac <i>Connhaic</i> , ²⁰ laoch do thuair <i>gairm gan</i> ghoradh, fuair ainm agus adhmholadh;	265
32	Mheic Oirbsion ²¹ mháir fhéil uasail, mheic Eitionóim órdhuasaigh, mheic S[h]éaghdha, mheic Roighne an raith, mheic Aithrean iúil ardmhaith	270
33	- dos glan ba gaoth <i>in</i> gach gloinn, laoch do chosnadh <i>gach comhlonn</i> - d.d.d.d.	mheic lch. 277
	mheic Allta agh gach ollaimh, mheic Oghamhain úrbhronnaidh,	
34	Mheic F[h]íodhchuire nár chlaon ciall, craobh rob shreathghloine sáirmhian, mheic ²² D[h]iúilbh, mheic Éanna fhosuigh, mheic Céadghuine chathlasuigh,	275
35	Mheic M[h]ochta nár scáth re scoil, lochta níor ghnáth 'na ghníomhaibh, mheic M[h]easamain mheanmaigh mhir, mheic Mhogha-Taoth an tuairgnigh,	280
36	Mheic <i>Connhaic</i> , ceap an chuire, oirdhirc ceart a chaomhchloinne, mheic Fearguis Féinnidh gan oil, do chuir áirchíos ar Albain.	285

- 37
 Raithghin ro ba daith mar dhos,
 flaith ós na flaithibh *Feargus*,
 mheic Rosa na ruag ngonta,
 mheic Rudhraighe ríoghmholta 290
- 38
 - dhá chruthchrann *gan* choir toile,
 ó bhfuil rathchlann Rudhroighe -
 mheic S[h]ithriog, mheic D[h]uibh dheadbhdha,
 mheic F[h]omhóir áin infheadhma,
- 39
 Mheic S[h]íorlaimh, mheic F[h]inn na bhfleadh 295
 - cinn *gach* gníomhraidh san ngaisgeadh -
 mheic Bhrátha na mbreath n-órdha,
 mheic Labhradha lánchródha,
- 40
 Mheic Cairbre fa tréan tachair,
 séan a airgne ar *Ultachaibh*, 300
 mheic Ollamhain an chlúidh chlothaigh,
 mheic fhír-Fhiachaidh Fhionscothaigh,
- 41
 Mheic Séadna Airt *gan* omhan,
 mheic Airtrí na n-ardchuradh
 - dhá fhlaith i ngach rian ad-re,²³ 305
 a maith is *cian* ar cuimhne -
- 42
 Mheic Éibhric, mheic Éibhir dhíl,
 mheic Íor mheasda, mheic Mhílíd,
 flaith theasdghráidh, *prímhghin gan* chol,
 Mílíd *Easpáinn an* t-uasal. 310
- 43
 An seanchas snadhmthar linne,
 ó Thadhg go hÍor oirdhⁿidhe,
 go hÁdhamh *urus* a chur,
forus lánghlan a luadhal.

tré
 lch. 278

- 44
Trí *gach* athair ór fhás Tadhg, 315
ní nár dó, d'íúil gan fodhard,
draig choimthe *gan* chleith suasán,
a bheith foirbhte fíoruasal.
- 45
Atá sé mar is dú dó, 320
ceart a n-uaisle 's a n-*eagna*,
gan tolg, *gan* chinnteacht, *gan* chrioth,
in inntleacht ard san einíoch.
- 46
Athaoi go follus fiadhnach,²⁴
fromhtha feasach fáithchiallach,
i dteangthaibh na dtrí ríoghacht,²⁵ 325
sna teanchair bhí i mbuainchríonnacht.
- 47
Maith an déanamh ar dhuine,
tréanghlór Thaidhg an teangnuighe,
gan doghraing toile go te,
's gan foghlaim oile d'aithne. 330
- 48
Ní mairg tír ina dtarla
óg an aigniughdardha,
clúghlac ár ndeaghfhóid nach docht,
úrmhac Gearóid sa ghníomhghart.
- 49
Fírthearc athair ó'r fhás Tadhg, 335
suas go Mílidh na mórcholg,
nár bh fhíorchú, nó gríbh goile,
de ríoghchrú Ír oirdnidhe.
- 50
Tuillsighir²⁶ do sciamh scolta,
nó Siosoro suaithionta, 340
nó Scótus *gan* tolg teasta,
Tadhg i gcórtus cruaidhcheasta.
- 51
Curio consul nár dís,
Cáto²⁷ ard-iuidisinsis,
téalach a bhfreagra *gur* lean,
fréamhach a n-*eagna* eision. 345

52

Dá mbeith gan raithshliocht Rosa,
do thocht san úr uasalsa,
cnuaisleomhan *gach* laoi²⁸ is léir,
d'uaisleobhadh a aoi eiséin.

350

Niamhadh na huaisle. 7c.

53

A niamhadh in uaisle *gan* oil
fua[i]r Fionnghuala inghion Donnchaidh.
stuaigh mhaordha i gcéill is i gceartrath
an tséimh aobhdha oirbhiorta[ach].

síol

lgh. 279

54

Síol Aodha²⁹, Síol gCéin³⁰, crú Cais³¹,
ar dteacht tríthi, tuar sonais,
bean gan tolg-ghoimh go ngnúis nglé,
cúis ro-ardaigh a huaisle.

355

55

Maith a méin is a *meanma* ghrinn,
maith a huaisle is a hinntinn,
bé *gan* chalg, *gan* chaidridh, *gan* choir,
mar Thadhg³² an aignidh uasaíl.

360

56

Banua Mheic *Con Mara* Mhóir³³,
flaith thoghtha d'ainm is d'onóir,
laoch roghasta is réidh buadha,
séimh forusta Fionnghuala. *et cetera.*

365

A niamhadh. *et cetera.*

.i. Fionnghuala Nic *Con Mara inghean* Dhonnchaidh, mhic Seáin Riabhaigh,
mhic Sheáin na nGeimhleach, is aroile.

.....

Foinsí: TCD H. 6. 15., 273 (= H) agus RIA C vi I, 28 (= C).

Teideal: Mar a tugadh thuas.

An Mheadaracht

Deibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$

An Cuibheas Déanach : Rinn is ardrinn gona gcomhardadh slán is coitianta, ach go hannamh: 7c/d: ainm : abraim; 26a/b: dároile : foirglidhe.

Cuibheas inmheánach sa chomhad : Is iondúil comhardadh inmheánach faoi dhó sa comhad.

An Uaim : Níl ach roinnt línte gan uaim. 3a, 39a, 42c agus 51c.

Léamh na Lámhscríbhíne

TCD H. 6. 15., 273 = H;

RIA C vi I, 28 = C.

ó Mulchonaire C Ó Maolchonaire H, Firfeasa H;

1a *an neagna* C; 1b : *tearc caoímhtheach* do *goimhfhreagra* C *ccoimhfhreagra* H; 1c: do *chru* C *gaidhiol* C/H, no C/H, 1d : *maoidhain* H, *chuaidh* o C, *choimeas* C/H; 2a: *eagna* sa C, *sanH*, *nuaisle* C; 2b: *ge be* C *gibe* H, *trá* *tiothar* C; 2c: *doghraing* C, *amhéin* C/H; 2d: *iadsein* C *iaidséin* H; 3a: *com* *ina* *ttiltir* C *tilltior* so H; 3b: *inntleacht* C/H; is *eagna* H; 3d: *cosnaidh* C/H; 4b: *airgidhse* C; 4c: *uairsi* C, *ccomhrainn* C/H; 4d: *foghluim* C, *agus oirbheart* C; 5a: *Án* C *teimioch* na *naice* C/H; 5b: *gibe* C/H, as C/H *dal* C; 5c: *tolg ghoimh* C/H; 5d: do *ardaidh* C *árdaigh* H; 5d: *úaisle* H; 6a: *diul* C, *diúl* H, *sgoile* C/H; 6b: do *rathchloin* na *colluidhe* C, 6c: *as* C/H; 6d: *oirleimh* C/H; 7a: *Tainic* C/H; 7b: *dfíorfhuil* C *dfhior* H, *uaisuil deaghmholta* C; 7c: *sgaith* C/H, *gan locht* C, *doirbhiort* C *doirbhiort* H, no *dainm* C/H; 7d: *anaibraim* C an *abraim* H; 8a: *dhosan* H; 8c: *as* C/H *dúal* da 2 (sic) C; *aluadh* C, *rioghruidhe* C; 9a: *A dán* C, as C/H *duthchas* C *dollamh* C/H; 9b: *sáor* C, *sár churaidh* C; 9d: *ceart comhthrom* C *ceartcomhtram*H; 10 a: *Cuirfid* C, da C/H; 9b: *oirdhirc* C *oirrdhirt* H; 10c: *anduin* C *indúain* H; 10d: *sduaigh* C/H *mhearbhal* C;

11a: *na*; 11b: *comhcheart* C, *achinidh*; 11c: *freimh*, as C/H; 11d: *andán* C *indán* H *chomtha* C;

12a: *ua*; 12b: *mhac*; 12c: *géglenas*(*gluais* : 2 *leanas*); 12d: *as do*; *bhúainréim*; 13a: *mórdha*; 13b: *mic Taidhg*; 13c: *dá pailm cheille*; 14a: *Taidhg*; 14b: *Matha*; 14c: *mhc Ruibird*; 14d: *mc Seán*; 15a: *caomhthoigh bá*; 16a: *sgach*; 16b: *Ulltach*; 16c: *ineart*; 16d: *na*; 17a: *ghríobhdha*, *sgach*; 17b: *Giollananaom*; 17c: *agmhair* *sgach moigh*; 17d: *giollamhuire*; 18a: do *fuaidh*, *seig*; 18b: a *ccaithréim*; 18d: *dhomhnaill*; 19a: *aodha*; 19b: *ccaomhchland*; 19c: *Mhaoilmhichil*; 19d: *Maoilmhuire*; 20a: *Giollaíosa*; 20b: *Maoilmhichil mheadhraigh*; 20c: *óghghlan*;

21a: Feichín, gleic; 21b: maoilíosa; 21c: Giollachríost; 21d: dhíosg, na; 22a: éunolc; 22b: ná, mórthrédthorc; 22c: do; 22d: i ccrú; 23a: mheic, sheimh; 23c: Maoileoin; 23d: tar; 24a: mheic; 24c: sgach; 25a: Naradhaigh, núr; 25b: failleadh náir; 25c: chláon; 25d: sgo mbuainneart; 26b: failleadh; 26c: urchlann, íad; 26c: da, ttábhacht; 27a: O Neidhe, ngníomh; 27b: tainic treintreabh; 27c: Fíán, róthal; 27d: Ragnall, Locán; 28b: fionnlogha; 28c: cuim; 28d: Aille; 29a: Finnfir; 29b: ehta; 29c: eardhail, Duibh, dil; 29d: cceartrádh; 30a: mhoir; 30c: ehta;

31a: Bérra; 31c: thúair; 32a: mhair feil; 32b: eitionóim; 32c: Séaghdha; 32d: aithrean iúilárdmhaith; 33a: dós, bá gaoth an; 34a: fiodhchuire, cíall; 34b: cráobh, sáirmhían; 34c: Mhic q Duilbh, eonna; 34d: cédghuine; 35b: na; 35d: túairgnigh; 36b: oirrdhirc; 36c: Fearguis Feinnidh; 36d: Albain; 37a: roba; 37b: ós; 37c: rúag; 37d: rioghmholta; 38a: dha; 38b: Rudhroighe; 38c: Síthriog, Duibh dhealbhdha; 38d: Fomhóir; 39a: Síorlaimh, Finn; 39c: nórdha; 39d: Labhradha; 40b: sén, Ulltachaibh; 40c: ollamhain; 40d: fhírfhiachaidh;

41a: Sédna; 41b: nárdechuradh; 41c: Dha flaith an, adre; 41d: amaith as, coimhne; 42c: flaith H theasdghráidh C37c; 42d: Easbain C37d tuasal H túasal C37d; 43b: ó H o bhriain sa[*dh*] go Milidhe C38b; 43c: hádhamh H hadhamh C38c; urrus achuir C38c; abudhal C38d; 44a: Tre C39a; Taidhg H Brian C39a; 44b: teacht C39b, fhodhard H na ro ndeig C39b; dnaiicc coimh C39c, 44c: súasán H shúasain C39c; bheith foirbhe fíor úasal C39d; 45a: ata H Ata se C40a, as H dúa dhó C40a; sa neagna C40b; cionnteacht C40b; 45d: árd C40d/H sa nionach C40d; 46c: tteangthaibh, ttrí rioghacht; 46d: theanchair bhi imbuainchríonnacht; 47b: trénglór; 47d: sgan, daithne; 48a: ttárla C41a/H; 48b an naiccnigh ughdardha C41b; 48c: cludhghlac C41c ar C41c/H; 48d: ur mhac Conchobhair C41d gearóid H, ghníomhghairt C41d ghníomhghart H; 49a: or C42a/H, Brian C42a Taidhg H; 49b: súas C42b/H, Milidh C42b/H na C42b no H; ngeal sgiath C42b; 49c: nar bhfíorchú C42c nár bhfíorchú H no grihb C42c/H; 49d: do shíorchrú C42d Ríoghchrú H, ríogh oireadha C42d oirdnidhe/.i. uasal H; 50a: tuillsigir; 50b: no Chiosoro suaith ionta; 50c: no; 50d: iccortus; 51a: nar dis; 51b: árd; 52c: 2 Télach abhfreagra; 52d: an eagna; 52a: Da; 52c: Cnúaisleomhan, as léir; 52d: duais leobhadh; 2 telach .i. scaoibhi.

53b : fionnghuala; 53c : sduaigh, íceill sa cceartrath; 53d : tseimh; 54a : síol ccéin, cru; 54b : tteacht; 54c : tolgghoimh, ngnúisnglé; 54d : ró ardaigh; 55a : as meanma; 55b : sa hinntinn ; 55c : bé, calg, caidridh; 55d : thadhg; 56 a : Banúa mheic Conmara mhóir. 56b : dainm is donóir. 56c : róghasda as reidh; 56d : forusda, 7ra.

Aniamhadh. 7c.

.i. Ní Chonmara inghean Dhonnchaidh mhic Seáin riabhaigh mhic Seáin na ngeimhlioch 7c.

Nótaí

1. Tosnaíonn an seanchas seo le hainm Thaidhg, rann 12a.
2. Bhásaigh Gearóid Óg Ó Rodaighe, athair Thaidhg, mí Lúnasa na bliana 1680. Cheap Seán Ó Duinnín duan deibhí, 'Truagh an mhaidhmsi ar mhaicne hÍr', ina ómós (TCD H. 6. 15., 292 v. - 293 v.). Féach duan uimhir vi an tráchtais seo.
3. Luadh Teige oge O Roddechan le roinnt eile dá mhuintir as 'Fynaugh' i bhfiánt na bliana 1585 AD. (de Búrca, É., 1994, uimh. 4786).
4. D'éag Tadhg mac Uilliam 'áin' Uí Rodhaighe, comharba Chaillín sa bhliain 1497 AD. (Walsh, P., 1947, 60).
5. Fágaim 'áin' agus aidiachtaí den chineál sin le cuid de na daoine seo a dhealú óna chéile. Tadhg 'tréanmhar' is ea sampla eile de.
6. Bhásaigh Matha mac Roibeard Uí Rodaighe, comharba Chaillín sa bhliain 1447 AD. (ibid. 53).
7. D'éag Roibeard mac Seáin Uí Rodaighe, comharba Chaillín, sa bhliain 1428 AD. (ibid.). Tá an t-ainm seo gan 'r' mar 'Roibed' sa dá ls. RIA 23 Q 10, 45 agus Maigh Nuad C 74 j, 29.
8. Bhásaigh Seán mac Lúcaís Uí Rodaighe, comharba Chaillín, sa bhliain 1377 AD. (Walsh, P., 1947, 52).
9. Measaim gur fágadh dhá líne ar lár anseo, nó murab ea, fágadh comhad rainn 14 ar lár. Bhain an t-iomrall le barr leathanaigh na lámhscríbhinne, is cosúil, tharla go raibh ceannlitreacha ag tús na línte : Mheic Thaidhg agus : Meic Ruibird. Tugtar faoi deara gur nós leis an bhfile, Peadar Ó Maoil Chonaire, rainn na coda seo den duan a thosú amhlaidh. Aon rann déag a thosaítear mar sin, Mheic , ó rann 13 anuas go dtí rann 25. Tá sleachta eile den chineál céanna aige níos faide amach sa duan, gan trácht ar an déanamh céanna rainn, go háirithe maidir leis an tús Mheic/Meic/Mic le líne 'a' an tseolta, sa duan molta dá chuid dar teideal 'Díol toile caoinmheas Cormaic.' Tá an duan sin i gcló sa leabhar *Filí agus Filidheacht Chonnacht* (Ó Raghallaigh, T., 1937, 401 - 403). Níl éinne ar lár, mar sin. Is é an chaoi ar réitigh Ó Raghallaigh guagacht na línte nuair a chuir sé an duan seo i gcló, sé líne a chnapadh in aon rann, mar atá, rann xix aige (ibid. 355).
10. Níl an ginealach iontaofa as seo suas, mar is léir ó Lúcas suas de réir na bhfoinsí éagsúla :

Lúcás mac eile, *mhic* gilla na naomh, *mhic* eile, *mhic* giolla na naomh, *mhic* Eignigh, *mhic* gilla muire (RIA E iv 4, 21).

Lúcás mac Gilla na naomh, *mhic* Eile, *mhic* Giolla na Naomh, *mhic* Eignigh, *mhic* Giolla muire (RIA 23 Q 10, 45).

Lucás mac Eile, *mhic* Giolla náomh, *mhic* Eignigh, *mhic* Giolla muire.....

(Maigh Nuad C 74 j, 29).

Ba fhear de mhuintir Rodaighe an comharba a d'éag sa bhliain 1331 (Walsh, P., 1947, 50). Gilla na naemh Mac Cele a bhí air (ibid.). Os rud é go bhfuil leaganacha difriúla sa ghinealach ag an bpointe seo, is leor a rá gur dheartháir nó uncail do Lúcas ab ea an Gilla na naemh Mac Cele seo, nó 'Giolla na Naomh mac Éile' ó cheart.

11. 'Gilla Manchain *eadhon* Caillinech' a deir cuid de na foinsí ginealaigh linn (RIA E iv 4, 21, RIA 23 Q 10, 45 agus Maigh Nuad C 74 j, 29).

12. Scarann craobha ginealaigh ag an bpointe seo. Is ó Luachán mac Onchon, a shíolraigh Cineál Luacháin. Ba iad Mag Dhorchaidh príomhshliocht an chineáil sin :

Orchad o fuilid meg Orchada (Hennessy/Kelly, 1875, 388).

Tá trácht orthu anuas go dtí 1403.9 in Annála Connacht nuair a maraíodh 'deodflaith Ceneoil Luachain.' (Freeman, A. M., 1983). Ón gcineál céanna ba ea a shíolraigh Ó Maoil Mhoichéirghe, comharba Dhroim Oirbhealaigh :

Maelmocherghi, o fuilit muintir Maelmocherghi (Hennessy/Kelly, 1875, 388).

Ba dhuine díobh Cathal mac Seoinin *meic* Sheain *Uí* Maoilmocherghi a luadh in Annála Connacht faoin mbliain 1536(.11) (Freeman, A. M., 1983).

13. Is ait go ndeirtear 'dias' mar gurb é 'TRI meic Onchon ...' an tús atá le Genealach Conmaicni Réin i Leabhar Caillín (Hennessy/Kelly, 1875, 384).

14. 'faileadh', tuis. ginide agus 'faillidh' atá i lámhscríbhinn TCD H. 6. 15., 276, nó rann 26b agus 27b anseo. Is é 'fillid' an tuiséal ginide atá i lámhscríbhinn an Acadaimh, RIA 23 Q 10, 45, agus is é an ginideach sin atá i Leabhar Caillín féin (ibid., 392).

15. Shíolraigh Clann Fhearmhaighe, seansliocht réamh-Ruarcach nach maireann, i dtuaisceart Liatroma tríd an Néidhe seo (ibid. 386; Mac an Ghallóglaigh, 1988, 545).

16. Príomhshliocht Mhuintir Anghaile (Ó Fearghail/Farrell) atá i gceist (Hennessy/Kelly, 1875, 384, 385).

17. Ceapshinsear mhuintir Bhibhsigh nó Chlann Mhig Raghnaill/Grenell/Reynolds atá i gceist (ibid.).

18. Is ionann Lóchán agus Luachán, ceapshinsear Chineáil Luacháin (op. cit. nóta 12;). Thug Cineál Luacháin an sloinne Mag Dhorchaidh > Mc Gourty/Dorcey/Darcy dúinn (Logan, P., 1958, 77).

19. dhá dhéir aille: '(drop of a cliff). epithet for a hero' a deir *DIL* linn.

Ciallaíonn sé fíorghlaine agus fíorfhoirfeacht. Tá leagan de mar seo a leanas ag Tadhg Dall Ó hUiginn (iml. i 23.18) :

Ní aorfuinn, níorbh aortha dhamh,
déar aille d'fhuil na n-iarladh,
planda do phór chéibhfhiann Chuinn
ar ór nÉirionn ní aorfuinn. (Knott, E., 1922, 171).

20. Ceapshinsir Chonmhaicne trí chéile. Tá nóta ar chúig 'Conmhaicne Connacht' sa ls. seo (TCDH. 6. 15, 259). An leathanach ina dhiaidh, 260, tugtar cúig rann orthu.

21. Oirbisiu Mór. Is uaidh a sloinneadh Loch Coirib de réir an dinnseanchais. 'so called from Orbsen Mac Allod, one of the Dannann nation.....' (O Flaharty, R./Hardiman, J., 1846, 20; Ó hÓgáin, D., 1991, 288).

22. Tá an litir 'q' scríofa idir an dá fhocal, Mheic Duilbh. Barr an leathanaigh in airde scaoiltear an q mar seo :

qou pro duilbhre nó doirbhre. ut est libro ultoniae.

23. ad-re : sroicheann, ionnsuigheann (Ó Raghallaigh, T., 1928, 536).

at-reig Subj. pres. 3 s. adré (sé) Pret. and perf. 3 s. at-re note also : atra ... at-re .. adre. In various extended applications appeared arises, occurs, happensmatures, srl. *DIL*

24. fiadhnach : feiceálach. Is dóigh go bhfuil Fiodhnach i gceist ag an bhfile chomh maith. Is é sin, go bhfuil caighdeán áirithe cáile i gceist leis an logainm féin.

25. Is cosúil gurb iad Éire, Alba agus Sasana na 'trí ríoghacht' a bheadh ar intinn an fhile.

26. Tuillsighir do ... nó ..? Is féidir gur samhlaíodh 'Foillsighir dó' bunaithe ar 'Foillsigid', nó 'Tuillsighir dó' bunaithe ar 'do-slí'? Is féidir gur léadh 'T' in áit 'F'. Is aisteach Siosoro, = **Tullius Cicero**, luaite ar an líne faoi, ach nach léann an dá líne anois mar a léadh in am amháin?

27. Tugtar 'Cuid do Comharleacuibh Chato' ar leathanaigh 181 - 185 de ls. RIA 23 L 34. Is cuid den bhunlámhscríbhinn cheannann chéanna an ls. sin agus lámhscríbhinn TCDH. 6. 15. Scaradh lena chéile an dá chuid agus trian eile nár aimsigh mé go fóill. Ba é Muiris Ó Nuabha/Maurice Newby an scríobhaí.

28. laoi : tuis. gin. ar 'lá'.

29. Síol Aodha : Luann Edmund Hogan sé dhream den ainm Síol Aodha. 's. aeda; the Macnamaras of Clare' atá i gceist ní foláir :

óir is ó dhuine d'ár bh'ainm Cúmara ráidhtear Clann Mhic Conmara riu; agus is é is sloinneadh cinnte dhóibh Síol Aodha, (Comyn, D., 1902, 28).

Ba de **Shíol Aodha** an Seán na nGeimhleach seo :

Seaain na ngeimhlioch, *mac Con mara, mhic Mathghamhna, mhic Aodha, mhic Philip, mhic Con mara, mhic Lochluinn, mhic Meiccon, mhic Lochluinn. ...* (ibid. 311).

30. Síol gCéin :

An treas mac d’Oilill ar a dtáinig sliocht *eadhon* Cian. Is ar sliocht an Chéin sin atá Ó Cearbhaill agus Ó Meachair, Ó hEadhra agus Ó Gadhra agus Ó Cathasaigh agus Ó Conchubhair Ciannachta. (Dinneen, P., 1908a, 276).

Is spéisiúil seanurú an neodair le ‘Síol’ sa chás seo, ‘Síol gCéin,’ ach an t-urú a bheith gann i gcás ‘Shíol (n)Aodha.’ Is féidir gur rian na cainte is údar le ceann den dá iompar. Scríobh seanTomás Ó Maille ar an bhfocal :

Tá, measaim, an focal **síol** imthighthe as an gcaint ach ambáin sa sloinneadh sin. Ach dhá mbeadh na sean-Ghaedhilgeoirí maithe beo i gCo. Shligigh agus i gCondae Fhear Manach bheadh Síol gCéin acu ar mhuintir Eaghra agus Síol gColla ar Chlainn Mhag Uidhir.’ (Ó Máille, T., 1936, 14).

Faoi Chlann Dálaigh/Síol Dálaigh i Maigh Eo a bhí an trácht aige.

31. crú Cais : Ba den Dáil gCais iad Síol Aodha, ag nóta 29 thuas :

..agus is ó Chaisin mac Chais, mic Chonaill eachluaith do shíol Eibhir tángadar, amhail léaghtar i gcraoibh-sgaoileadh Dhál gCais.

(Comyn, D., 1902, 28).

Beagnach dhá scór glúin roimh Dhonnchadh, athair Fhionnghuala, atá Cas ar an nginealach. (TCD H. 6. 15., 311).

Ba ‘Déis Tuaiscirt’ iad an Dál gCais i bhfad siar (Ó Corráin, D., 1980, 7).

32. Tadhg : a fear céile, Tadhg Ó Rodaighe.

33. Mheic Con Mhara mhóir : Ní fheicim an aidiacht ‘mór’ le héinne den ainm baiste Cú Mhara, sa ghinealach. Tá Cú Mheadha a raibh an ‘mór’ leis :

mhic Con mheadha mhóir, ceap Shíol aodha uile, *mhic* Seaain, *mhic* Meiccon, *mhic* Lochluinn, *mhic* Con mheadha, *mhic* Neill, *mhic* Conmara, *mhic* Domhnuill, *mhic* Con mara, a quo an sloinneadh (TCD H. 6. 15., 111).

Ó tharla Mac Con Mara Fionn in iarthar an Chláir, Mac Con Mara Riabhach in oirthear an Chláir, tá an chosúlacht ar an scéal gur leis an sloinne féin a bhí an ‘Mór’ sa chás seo.

.....

Béarla ar : 'Niamhadh na huaisle an eagna'

Peadar Ó Maoil Chonaire,
son of Fear Feasa, son of Lochlann cc.

1

Wisdom is the shining lustre of nobility;
few and far between are such bedfellows
among the Gael both north or south,
a claim which has fallen into disrepute.

2

Wisdom and perfect nobility
within whichever human they may occur,
enhance without any difficulty the disposition thereof,
learning adorns them.

3

Every body in which they occur,
nobility, intellect and wisdom,
a fitting step, unaided by the wresting power of multitudes,
earns a positive deed and honour.

4

Everyone knows, it's told,
whosoever has these traits,
at present, of equal proportions,
learning, nobility and good deed.

5

Honour also,
whosoever should possess it is a meet gentleman,
is serene, and without a sudden temper,
something which ennobles him.

6

One known to the fraternity of scholars,
one of the successful ready race of Rudhraighe,
a constant without badness, obviously,
has control of honour and nobility.

7

A youth of the seed of Ros,
a noble man from Feargus,
a blossom faultless to good deed and name,
has come to accept as an inheritance that of which I speak.

8

I shall give to him, as is legally proper,
a venerable history back to Míl,
as is due to his kin before him,
mention in the regnal list.

9

In a poem it is befitting that a chief poet,
should describe with due respect
accurately and entirely without a hint of badness ever,
the noble history of the great warriors.

10

I shall therefore set before me
to set forth in a poem like this,
the eminent history of the noble one,
an unerring stalwart is this gentleman.

11

In his wake will remain, definitely,
the fine history of his forebears,
lines without blemish, of choicest tribe,
in a handsome poem for the gentleman.

12

Tadhg Ó Rodaighe of the pure mind,
son of Gearóid (who was the) son of Tadhg the mighty,
a following comprehensive genealogy in wrting,
my continuing list pertains to him;

13

son of Gearóid of proud countenance,
(who was the) son of Tadhg of the fast discerning mind,
(two beams of undefiled sense
who obtained the fame for generosity;)

14

son of Tadhg, son of pleasant Uilliam,
who was the son of Matha who never refused a fierce battle,
who was the son of Robert of the strong mind,
who was the son of generous and fierce Seán.

15

.....
.....
followers, as abundently cleansed by a prophet,
heroes who earned tribute,

16

who was of the son of Lúcas, heroic in all battles,
as mentioned in the Leabhar Ultach,
a hero steady in strenght of triumph,
properly mentioned in historical account,

17

who was the son of griffon-like Éile in all strife,
who was the son of strong Giolla na Naomh,
Who was the son of Éigneach, valiant on every battlefield,
who was the son of venerable Giolla Muire

18

- numbered in the widespread fame of the heroes,
four who went into the list of triumphs -
son of victorious Giolla Bearaigh,
who was the son of the beloved finely poetic Domhnall,

19

who was the son of Aodh of the complete intellect
- cherished branches of the fine peoples -
the son of the noble Maoil Mhichil,
son of the bountiful Maol Muire,

20

who was the son of Giolla Íosa without blemish,
son of merry Maol Míchil,
of fully clean deed in the fray,
one who admired serving large bardic retinues,

21

who was the son of Féichín, ferocious in battle,
son of noble and illustrious Maol Íosa,
son of the bright Giolla Críost who was rich in horses,
who never lessened honour or nobility,

22

who was the son of Gormghal who never permitted a wrong,
son of Manachán of the large-herded boars,
- two who always both followed the path of fame,
and who were honed in the royal blood -

23

who was the son of the fine successful Ardghal,
son of Alexander of the sharp weapons,
son of fairhaired and spiteless Maol Eoin
- strong men who surpassed warriors -

24

who was the son of the Rodaighe of the fast attacks,
from which the great men take their surname,
a successful warrior, strongest in all households,
he gave generously all that was given to him.

25

He was the son of Náradhach of the new ways,
son of Failleadh who would not allow any evil intent,
son of Onchú who never strayed from propriety,
a family of growth and eternal strenght.

26

Two brothers to one another,
Néidhe and the choice Failleadh,
the noble sons of Onchú undoubtedly,
become important, were they to increase (in number).

27

From Néidhe of the warlike deeds,
descend the strong Ó Fearghail,
soldiers who gave spear combat abundantly,
Ragnall and strong Lóchán.

28

I shall return to faultless Onchú,
son of Fionnlugh of the true valorous deeds
- stalwarts who were a centre to every band,
two heroes of the kin-group -

29

son of Finnfhair, son of Cumscair the just,
son of Éacht, son of the golden-armed Earc,
son of Eardhál, son of Dubh who was beloved
- leaders with the warrior's approval -

30

son of great Meadh Ruadh, son of Neart,
son of violent Áithiosu,
son of Éacht, son of youthful Uisle,
warm denier of all misguidance,

31

son of Béarra, son of staunch Beidhbhe,
son of Luighde, the sound son of Conmhac,
a warrior who indicated title immediately,
who obtained fame and praise,

32

son of the great generous and noble Orbisiu,
son of gold-giver Eitionóm,
son of Séaghdha, son of successful Roighne,
son of Aithre of supreme knowledge

33

- a clean poet (of the fifth degree), wise in every strife,
a warrior who defended every combat -
son of Allta, stag of every wise man,
son of Oghamhán of the noble presents.

34

son of Fiodhchur whose sense was not perverse,
a scion who rippled with the highest aspirations,
son of Dolbh, son of steady Éanna,
son of the battle-bright Céadghoin,

35

son of Mocht who didn't leave study,(?)
faults in his deeds weren't the norm,
son of quick-spirited Measaman,
son of the pounding Mogha-Taoth,

36

son of Conmhac, the troop-leader,
the true lustre of his fine people,
son of the faultless Fearghus Féinnidh,
who subdued Alba.

37

A great one who was as swift as a poet,
a prince of princes, Fearghus,
son of the Ros of the sharp onsets,
son of the highly praised Rudhraighe

38

- two shapely trunks without a sinful thought,
from whom descend the successful Clann Rudhraighe -
son of Sitric, son of shapely Dubh,
son of noble battle-worthy Fomhór,

39

son of Síorlámh, son of Fionn of the feasts
- leaders of all actions in the fighting -
son of Bráth of the great judgements,
son of fullblooded Labhradh,

40

son of Cairbre whose contention was strong,
his slaughter of the Ulaidh was an omen,
son of Ollamhan of the great fame,
son of true wine-flowered Fiachu,

41

son of fearless Séadna Art,
son of Airtrí of the great champions
- two princes who attain in every line,
long is their decency remembered -

42

son of Éibhreach, son of beloved Éibhear,
son of esteemed Íor, son of Míl,
a prince of life-long love, prime offspring without impediment,
of Míl from Spain, the nobleman.

43

The history which is drawn up by me
from Tadhg to the inaugurated Ír,
it's easy to relate it to Adam;
such work (?) is a perfect institution.

44

Through every ancestor from whom Tadhg descends,
it's no shame for him and I say this,
a blazing dragon, without concealment,
to be successful and truly noble.

45

He is his natural self,
proper in nobility and proper in the mind,
flawless, generous, steady,
in higher intellect and in honour.

46

You are obviously (an) attested (Fenagh man),
proven, knowing, and reasoning,
in the languages of the three kingdoms,
and in the smiths tongs which were ever-wise.

47

It is good for one,
the strong voice of Tadhg the linguist,
warmly and effortlessly
and without reference to any other learning.

48

It's no loss to the country in which happened to be
the youth of the authoritative thoughtful one,
the famed-hand of our fine land who is not strict,
the youthful son of Gearóid in the ploughfield.

49

Hard to find among Tadhg's forefathers,
right up to furious Míl,
one who was not a true warrior or a griffin of valour,
of the royal blood of the inaugurated Ír.

50

'Tulliuscicero' of a scholarly appearance,
or as the well known Cicero,
or Scotus with a faultless indenture,
Tadhg when under intense scrutiny,

51

A consular Curio of considerable size,
a Cató the Supreme Justice,
so that he followed the release of their answer,
he is rooted in their wisdom.(?)

52

Had the successful sept of Ros not
come to this noble soil
- it is obvious every day that he is an awesome gatherer -
his learning would enoble (the place).

The shining mark of nobility, et cetera.

53

Her brightening in faultless nobility
Donnchadh's daughter, Fionnghuala, obtained;
a majestic stalwart in sense and in proper success,
is the pleasant gracious beauty.

54

Descending from Aodh, from Cian, from the people of Cas,
as she does, is a prophecy of happiness;
a woman of bright countenance, slow to anger,
something which greatly enriched her nobility.

55

Good is her demeanour and jovial spirit,
good is her nobility and sense,
a temperless single sinless woman,
she is like Tadhg of the noble outlook.

56

Pleasant and sound is Fionnghuala,
a female descendant of great Mac Con Mara,
(who was) a choice prince in name and in honour,
(and) an ever ready warrior of ready victory.

Her brightening. et cetera.

That is, Fionnghuala Nic Con Mara, the daughter of Donnchadh, son of Seán Riabhach, son of Seán na nGeimhleach et cetera.

(v)

A fhir thaistil chríche Cuinn

TCD H. 6. 15., 279, 290-292

Ó Raghallaigh, Tomás, *Ar Aghaidh*, D. F. 1931

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 361

Pádraig Óg Mac an Bhaird *cecinit.*

Níl ach blúirí beaga eolais againn i dtaobh an fhile seo, Pádraig Óg Mac an Bhaird. B'athair Fhearghail Óig Mhic an Bhaird é agus ba mhac Phádrúig Chaim Mhic an Bhaird é de réir an údair, Pól Breathnach :

There was another Fearghal Óg Mac an Bhaird, who was son of Pádrúig Óg, son of Pádrúig Cam. This second Fearghal Óg lived in the latter half of the seventeenth century. His father Pádrúig Óg was also a poet

(Walsh, P., 1938, 155).

Chum fear ar aon sloinne le Pádraig Óg, Diarmuid mac Laoisigh Mhic an Bhaird, duan molta darb ainm 'Fíorchrádh d'Éirinn turus Taidhg', do Thadhg Ó Rodaighe sa bhliain 1689 AD. (TCD H. 6. 15., 298 r.; Féach duan ix thíos). Bhain Diarmuid le Contae an Dúin (ibid.).

Cé nach bhfuil aon easpa tráchtá ar Thadhg Ó Rodaighe féin amach sa duan thíos, caitear aon rann déag le gnéithe dúlra ar fad. Cuireann sé seo leis an saothar. Luaitear srutha, abha, uisce, beacha, léanta, baile Fíodhnaigh féin, má agus feadha, doire, foraois, seilg oiseanna/fianna agus an sliabh (r. 4 - r. 14). Ní leasc liom aird a tharraingt ar aon rann amháin díobh, rann 7, a chuirfeadh i gcuimhne do dhuine cinn eile mar é a chuaigh roimhe :

Diúlaid na **beacha** beaga,
asta cuacha claoimheda,
go líonaid a leastair dar linn,
iar n-eachtraibh n-íogmhair n-innill.

Mheabhródh sé níos mó gné na seanlitríochta a bheir blaisín den ábhar céanna dúinn :

Daith **bech** buide a úaim i n-úaim,
ní súaill a uide la gréin;
fó for foluth sa mag már,
dag a dál, comol 'na chéir

(Greene, D./O Connor, F., 1990, 206).

Is é is dóichí gur gnáthmholadh taobh tíre atá i rann Phádraig Óig thuas. Míníodh dúinn gurbh éalú an anama as an gcolainn a bhí i gceist sa seanrann. (Carney, J., 1969, 12). Thig linn a shamhlú ar son na filíochta, más ea, go bhféadfadh cléir na filíochta agus a gnuasach eolais in áit na meala a bheith i gceist ag Pádraig Óg Mac an Bhaire leis. Ní éagsúil leis an méid sin atá rann de chuid Éamoinn Uí Chaiside agus Tadhg Ó Rodaighe a bheith dá mholadh aige sa dán 'Cá dream is fearr ná sliocht Ír' (TCD H. 6. 15., 300 r.) :

4

Iomaí *dream ar* a sliocht soin,
nach síltear le gach *seanchaidh*,
de shíol **mínbheach** gach maighe,
díobh go díreach Rodaighe. (dán xii thíos).

Tadhg a bheith siúlach le theacht ar an eolas a bheadh i gceist le 'mínbheach gach maighe'. Tugadh '**beach** an eolais' air sa dán 'Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg' (dán ix thíos, 15b.).

.....

A fhir thaistil chríche Cuinn

Ich. 279

Pádraig Óg Mac an Bhaire *cecinit*.

1

A fhir thaistil chríche Cuinn,
do-chí gach n-oirear n-áluinn,
d'iath inmheasta na magh mais,
cá fiadh 's inteasta d'fhágbhais?

370

2

Ó do shírios thuaithe is theas,
do cheist d'fhuascladh is oircheas,
i bhfunn treodach na ngort nglas,
óir *sum'* eolach gan amhras.

- 3
- Fiodhnach Mhuighe rathmhair Réin, 375
 an chathair rianghlan roiréidh,
 purt saorród 'nna[r] sámhe sinn,
 aonfhód is áille d'Éirinn.
- 4
- Álainn na srotha séimhe, 380
 ' shníos a maighe mínréidhe,
 sreabha lán d' ghéisibh geala,
 go séisibh án oireadha.²
- 5
- Lór de shiansa cealgtha cáigh, 385
 gabháil a breac 's a bradáin,
 's a bheith ag seilg ndobhrán ndonn,
 os leirg fhonnbhán a habhann.³
- 6
- Tá faoi bhrughaibh a beara, 390
 scotha fionna fírgheala,
 go gcriobhair uaine le a n-ucht
 d' bhiorair fuaighte le fothlucht.
- diúlaid
 lch. 290⁴
- 7
- Diúlaid na beacha beaga,
 asta cuacha claoimheala,
 go líonaid a leastair dar linn,
 iar n-eachtraibh íogmhair innill.
- 8
- Iomdha goirmléanta glana 395
 le ciu[m]saibh na ciúnabha,
 treabh go mbladh 's bláthmhaire briocht,
 is magh clárbhuidhe cruithníoht.
- 9
- Baile na ród gclothach gcruidh, 400
 is ionad maiseach marcshluaigh,
 urus béim éarma is each,
 go haerdha le féin[n] Fiodhnach.

10
Le taobhaibh magh maiseach mór
atá ag flaith na bhfionnród,
feadha barrlag ó thoradh throm, 405
sreatha callghlan is abhall.

11
Áluinn gach doire darach,
d'fhás i bhFiodhnach ollbhladhach,
ní hól c gach crann dear[s]cnach donn,
de mheasradh a torc taobhthrom. 410

12
Foraois thofa an fiodh fós,
don tséigh is uasal ardnós,
go mbeir, a éin, go lúthm[h]ar lais,
i gcéin ón choill gclúthmhar gcollg[h]lais.

13
Is iomdha faoi fhosca' a dos 415
ailbhín⁵ fhíoralta ardos,
dá dtrascradh im learga⁶ loch,
le gasradh fhearga Fhiodhnach.

14
I bhFiodhnach úd na miodh mais,
tá tuibhe go mbriocht mbiothghlais, 420
fogas sliabh⁷ breicmhín bláith,
dá geiltír go niamh neamhnáir.

15
Fiadh mar sin, créad nár chuídhe,
don fhialf[h]ear rán Ó Roduíghe,
giolla séimh is bláithgheal bossa, 425
sáirfhear de [fh]réimh ríoghRossa.

16
Eagna, goil, gart, is gliocus,
clú, ágh agus ionnracus,
ag leanmhain a-riamh le rath,
do thriath fhearamhail Fhiod[h]nach. 430

Ó Rodaighe
lch. 291

17

Ó Rodaighe clúthach caithmheach,
flaith forasta⁸ buanmhaiseach,
' bhíodh go buan ag bréideadh bocht,
is ag éideadh truagh tarnocht.

18

Leannán fhileadh fhóid Banbha, 435
leannán curadh cathchalma,
leannán triath chaomhchláir Chuinn,
is banbh⁹ fial saorbhan séaghainn.

19

Is amhlaidh a chaitheamh a chrodh, 440
i mbiatachas 's i mbronnadh,
iost n-aoidhigh go lánfhoradh lais,
gnáththoradh ar iocht Fheargais.

20

Gach fear díobh i ndiaidh a-raile, 445
d'aicme roifhéil Rodaighe,
ag cur a anma 's a chlúidh gan cheilt,
faoi mhagh Banbha n-úir n-óirdheirc.

21

Dob iomdha den fhine mheanmnach, 450
Brian, is Tadhg, is Toirrdhealbhadh,¹⁰
ag cosnamh clúidh seanróid¹¹ a sean,
is Gearóid búidh braighdgheal.

22

Do chuala díobh sin trí Taidhg,¹²
do rug an bás, buan a bhiothmhairg,
is níor theastaigh a scéala soin;
a dteasta gan mhéala ar marthoin.

23

An treas Tadhg, ní cian ód' chear, 455
ar gcur a anma os gort Gaoidheal,
's do chuir seal i gceist go cruinn,
a theist ar lear i Lon[d]ainn.

24

Do-chiú anois Tadhg don teach 460
ó Fhiodhnach na ngort ngreadhach,
fear nach gcló¹³ saoirmhéin na sean,
's do lean aoinréim a n-aigheadh.

25
Tadhg gruaidhghlan *mhic* Gearóid Óig,
mhic Thaidhg mhiadhaigh *mhic* Ghearóid,
do *lean eang* na *sinnsear suairc*, 465
an *binnfhear seang* na saorchuairt.

26
Do thionnluigh *Triath* na n-Uile,
do Thadhg réidh Ó Rodaighe,
stuaigh ghroidheach is léire *gan locht*,
d'oineach tréighe, agus *tábhacht*. 470

Mar
lch. 292

27
Mar chuir Tadhg so *tuilleadh* lais,
níor fhág puinn dhá cheird dhúchais,
a ainm os Éirinn *gur* chuir,
an phailm chéibhfhinn mhór mhiochuir.

28
Lomlán a lios de *leabhraibh*, 475
de chrotaibh 's de *chaoimhthreabhaibh*,
de bhorduibh 's bláthdhuinne *briocht*,
's de chornuibh is lánúille *líomhthacht*.

29
Bi ... 'na thigh *nach* luaidhthior feall,
ól fleadha, imirt fithcheall, 480
is miodh dá dháil go *suairc* faoi seach,
ar dháimh *gach* suadh san saoirtheach.

30
Do-ní fós Tadhg an toighe,
gach file saor, gach scolaighe,
's gach troimchliar mar thuile ag *teacht*, 485
do choimhriar uile an aoinfheacht.

31
Cé iomdha a *gceasta* cruaidhe
's a gcomhaid chadad *chaomhuaimthe*,
ní bhí *siolla* cruaidh dá gceird
ar an ngiolla go *ngruaidh ngrísde*. 490

32

Do mheabhraigh sé go glan grinn,
gach aon aiceacht an Éirinn,
ní bhfuil béarla foilche fair,
'na scéala doirche diamhair.

33

Gaoidheal glan nach léigh lochta, 495
Tadhg na ráite Rhetorca,
maith an file, fearr a fallsa,
an bile seang súlmhallsa.

34

Mo ghean ar tighearna is tír,
dá ngéilleann an dunn dreachmhín, 500
faoi bhrú Banbha is líonmhar do lil
clú síolmhar anma aoinfhir.

A fhir. *et cetera.*

.....

An Mheadarach

Ógláchas ar Deibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$ Baineadh siolla de roinnt línte, 1d, 3c, 4b, mar shampla. Tá barraíocht siollaí ar roinnt línte eile nach furasta a leigheas, 10c, 12d mar shampla.

Cuibheas Déanach : Rinn agus Ardrinn, línte a/b, c/d, ag comhardadh mar ghnás síos tríd: Cuinn : áluinn; mais : d'fhágbhais. Tá roinnt mar iad seo a leanas a bhfuil comhardadh briste acu: rann 5 sa seoladh , cáigh : bradáin; rann 7 sa seoladh , beaga : claoimheala; rann 31 sa seoladh , cruaidhe : chaomhuaimthe; agus sa chomhad, gcéird : ngrísde;

Cuibheas Inmheánach : Dhá fhocal líne c ag comhardadh le péire ar líne d don chuid is mó tríd an duan, m. sh. : 1c/d d'iath : fiadh (comhardadh briste); inmheasta : inteasta; 2c/d funn : sum; treodach : eolach; 3c/d saor-ród : aonfhód; sáimhe : áille (briste); 4c/d lán : n-án; ghéisibh : séisibh; srl.

Fíoruaim is coitianta amach go dtí rann 21, cé nach riachtanas é. Fíoruaim a thagann chun cinn arís idir rann 31 agus rann 33. 1a chríche Cuind, 1b n-oirear n-áluinn; 1c d'iath inmheasta, magh mais; 1d inteasta d'fhágbhais, srl.

Léamh na Lámhscríbhinne

Pattraic Óg Mac an Bhaird cecinit.

1a Cuind; 1b noirear náluind, 1c d'íath ionmheasda; 1d ca fíadh, ionteasda dfágbhais?
2a shírios; 2b cheisd dfuasgladh; 2c a bfunn; 3a Fíodhnach mhuighe; 3b roiréidh; 3d áonfhód is aiaille d'eirind; 4a A luinn; 4d nán noireadha; 5a Lór do shíansa; 5b gabhail, sa bradá; 5c sa bheith; 6a Ata fa; 6b sgotha; 6c ccriobhior úaine re anucht; 6d fúaighte re; 7b cúacha cláoinmheaca; 7c líonuid, lind; 7d neachtraibh níogmhair ninnill;
8a guirmléunta; 8b re, cíuinabha; 8c blathmhuire; 9a ródclóthach ccrúaidh; 9b ionadh maisioch; 9c éurma as; 9d la féin fíodhnach; 10a La, maisioch; 10b ata; 10d abholl;
11a A luinn; 11b dfás ibhFíodhnach; 11d do; 12a Foraois; 12b árdnós; 12c lais; 12d a ccéin, cclúthmhar ccollglaisn; 13a fó fhasgadh; 13b árdos; 13c da ttrasgadh; 13d re, fheardha fhíodhnach; 14a A bhFíodhnach; 14c slíabh breicmín; 14d da; gealtír; 15a Fíadh; nar; 15b ó; 15d do réimh rioghrossa; 16a Eugna; 16c aríamh ré ; 16d triath, fhíodhnach; (ceann thíos an leathanaigh :) Ó Roduighe; (sa chúinne thuas : 291) 17a O Roduighe, caithmhíoch; 17b forasda bhuanmhaisíoch; 17c breideadh; 17d tármocht;
18a Leannan, banba, 18b leannan; 18c leannan tríath chaomhchlaír; 18d banbfhial sáorbhan séghuinn; 19b a mbiatachas sa mbronnadh; 19c iosd naoidhigh, lán fhoradh lais; 19d gnaththoradh, fheargais; 20a dhiobh andiaidh aroile; 20b daicme, Rodoighe; 20c ceilt; 20d fa, banbha nuir nóirdheirc;
21a don nfhine; 21b taidhg; 21c asean; 21d buidh;
22a chúalaigh diobhsin tri taidhg; 22b /búan a bhíothmhairg); 22c theasda, sgéula; 22d tteasda, mhéula air; 23a Am, cían; 23b ccur, gaoidheal; 23c sdo, a cceisd; 23d theisd air lear a Lúnaind; 24a Do chiu; 24b fhíodhnach; 24c ccló sáoirmhéin; 24d sdo, áoinréim a naigneadh; 25a grúaidhghlan, oig; 25b gearóid; 25d binnfear; 26a thionnluig triath na nuile; 26b thadhg , ó Roduighe; 26c sdúaigh; 26d dineach; tabhocht; 27a tadhgsa tuilleadh; 27b dhúthcais; 27c Eirinn; 27d cheibhfhinn; 28a do; 28b do chrotaibh sdo chaoimhthrealbhaibh; 28c do bhórduibh sbláthdhuinne; 28d sdo chornnuibh, lanuille;
29a Bi [Spás bán anseo]; 29b fithcheall; 29c dhail, fá; 29d air, súagh, sáoirtheach; 30b sáor, sgoloighe; 30c sgach troimchlíar; 30d do choimríar, an áoinfheacht;
31a Gé, cceasda; 31b sa ccomhaid, chaomhúaímthe; 31c ccéird; 31d air, ngrúaidh; 32b aonaiceacht a Neirind; 32c Béurla; 32d sgeula; 33d sulmhallsa; 34a ghéan airtighearnnais tír; 34b da ngeillonn; 34c fo, banbhais; 34d siolmhar.

A fhir. *et cetera.*

Nótaí

1. Ba chuid suntais go reicfí foirm phearsanta na Copaile, céad phearsa uimhir uatha, am > um, deireadh an seachtú aois déag. Ní dócha gur ‘óir ’s um’ a bheadh anseo. Bheadh an chopail faoi dhó sa mhéid sin. D’fhágfadh sé sin gurb é briathar na Laidine ‘sum’, ‘tá mé’, atá ann.
2. ‘go séisibh nán noireadha’ a scríobh Muiris Ó Nuabha, ach níl aon mhíniú agam ar urú sa Tabharthach iolra mar sin. Ní dócha gur iomrall súile a bheadh ann, anuas ó líne 1b mar a raibh ‘gach noirear náluind’ i gceart aige mar chuspóir.
3. Is in abhantrach na hÉirne atá an taobh tíre seo, bíodh nach bhfuil an tSionainn ach breis bheag is deich míle siar as Fiodhnach. Is í an Abhainn Bhuí aduaidh as Sliabh an Iarainn an abhainn is mó ar na gaobhair. Ní hionann sin agus Abhainn Bhuí Bhaile na gCléireach a shníonn anoir le Loch Ailline as Sliabh an Iarainn. Ballinamore and Ballyconnell Canal a thugtar ar an réim uisce céanna inniu agus í snaidhmthe le haibhneacha eile ó 1860 AD i leith. Is iomaí sruthán a chothódh madra uisce san áit agus a bhféadfaí abhainn a thabhairt air. Luaitear an abhainn bheag a shníonn trí Fhiodhnach in Annála Connacht faoin mbliain 1251(.11) :

Cith mor do *ferthain* la feili poil *agus Petair*, cur imthig ethur mortimchall in baili uli hi Cill Moir na Sinna, *agus* co melfed mulenn arin sruth do bi on Stuaig co hAth na Fathchi hi Fidnacha isin lo cetna fria re na hEsparta do rad hisin tempall mor. (Freeman, A. M., 1983).

‘The Fenagh River’ nó ‘the river at Fenagh’ a thugann muintir na linne seo uirthi. Ó thuaidh a shníonn sí as Loch Fiodhnaigh agus sceitheann a cuid le Loch Réin. Deirtear liom go bhfuil de théagar cothabháil do bharchú inti.
4. Lch. 290 a scríobhadh in iomrall ar lch. 280. Leanadh den uimhríocht iomraill as sin síos. Is léir ar ábhar fiadhúlra an dá rann, 6 agus 7, nár fágadh aon ní ar lár. As lch. 294 suas scríobhadh ar dhá thaobh na duilleoige, recto agus verso.
5. ailbhín: ... (dimin. of alam)m. *small flock* ... *DIL* Níl míniú ar an séimhiú anseo seachas an chomhuaim a shlánú.
6. Chuirfeadh rainn 5 agus 6 cathú ort glacadh le ‘im leirg a loch’ ag deireadh na líne anseo, 13 c. Comhardadh le ‘fhearga’ 13 d, a chuirfeadh stuaim ort ina dhiaidh sin.
7. Sliabh an Iarainn an t-aon sliabh amháin a chruthaíonn é féin gan stró os cionn cheantar seo na droimlinne.
8. flaith forasta : cf. Nach ben fhorusta do-bere? (Greene, D., 1975, 3).
9. Banbh : Is cosúil ar athreic an fhocail ‘leannán’ ar thús gach líne eile an rainn gurb é an chiall ‘ace of hearts’ atá i gceist leis an bhfocal ‘banbh’ anseo (*Dinneen*, 1970, 77 & Ó Dónaill, N., 1977, 84).
10. D’éag Brian Ó Rodaighe sa bhliain 1532, fear a d’oibir ar Leabhar Chaillín lena bheirt deartháireacha, Uilliam Óg agus Tadhg, clann mhac Taidhg, mhic Uilliam ‘áin.’

(Freeman, A. M., 1983). .D'fhéadfadh sé gur mhac dearthár an Bhriain sin an Brian Buidhe a bhí ar an bhfód thart faoin mbliain 1585 AD mar luadh Brian boy O Roddechan i bhFiant Eilise uimhir 4786 agus luadh mar a chéile ann Teige oge O Roddechan, 'of the same,' (Fynaugh) (de Búrca, É., 1994, iml. 2, 715). D'fhéadfadh ceachtar den bheirt Bhriain a bheith i gceist. Níl a fhios agam cérbh é an Toirdhealbhadh a luadh ar aon líne leo.

11. 'seanróid' a scríobhadh mar réamhchéile comhardaidh ag '(Gea)róid', ach is féidir ar an mbun céille agus comhardaidh gur 'seanfóid' a bhí i gceist an chéad lá : **seanfóid : Gearóid.**

12. 'trí Taidhg' : Taidhg Óg a thugtaí ar 'an treas Taidhg,' fear a luaitear thíos ag 23 a, tharla gur Taidhg (mac Briain Bhuí) a bhí ar a athair. Beirt chol seisir ba ea a athair siúd, Taidhg mac Briain Buidhe, agus athair mór Thaidhg mhic Ghearóid, is é sin, Taidhg eile fós! An bheirt chol seisir seo darbh ainm Taidhg a d'fhág gur bhaist file an duain seo 'an treas Taidhg' ar fhear seo rainn 23. Tá duan molta ina ómós, trácht ghairid agus trí rann molta ar leathanaigh 303 v. - 304 r. na lámhscríbhinne seo. Pléadh le scéal an treas Taidhg thuas sa chaibidil tosaigh. Mar achoimre, is féidir gurbh iad na trí Thaidhg :

- (i) Taidhg mac Gearóid, mhic Thaidhg, mhic Thaidhg, mhic Uilliam áin;'
 - (ii) Taidhg mac Briain Bhuidhe, mhic Uilliam Óig, mhic Uilliam 'áin;'
 - (iii) Taidhg mac Taidhg, mhic Bhriain Bhuidhe, mhic Uilliam Óig, mhic Uilliam 'áin.'
- Is é an fear deiridh an treas Taidhg, nó Taidhg mac Taidhg.

13. nach gló : nach gcuireann cló ar (mhian a mhuintire).

Briathar séanais de chuid Aicme A III ag Thurneysen :

A third class is made up of verbs with vocalic auslaut in the root syllable (hiatus verbs); ... **cló(a)id** 'subdues'; (Thurneysen, R., 1980, 352).

Clód u, m. Earlier cloud. ... (a) *act of turning (back, aside), returning, retreating* ... (b) *acht of converting* ... (c) *act of changing, exchanging* *DIL*

.....

Béarla ar : A fhir thaistil chríche Cuinn

1

O traveller of the Land of Conn,
who sees every beautiful border,
of the estimable land of the magnificent plains,
what mortal land have you left?

2

As I have searched north and south,
it is proper to answer your question,
in the cattled land of the green fields,
as I am knowledgable indeed.

3

Fiodhnach of prosperous Maigh Réin
is the even citadel of clear ways,
an abode of noble roads wherein we are most at ease,
the singular sod is the most beautiful in Ireland.

4

Beautiful are the placid streams,
which flow through its fine plains,
streams full of bright swans,
with fine elegant strains.

5

Enough sport to beguile all
is catching its trout and its salmon,
and to be hunting brown otters,
above the land-white bank of its river.

6

There are around the banks of its water,
really bright white flowers,
of watercress woven with brooklime,
with green woodcock up to their chest.

7

The small bees suck from them
cups of dripping honey,
and thereby fill their sacks, as I see it,
after ingenious subtle journeys,

8

There are many clean green meadows
by the banks of the quiet river;
a dwelling of fame whose beauty is most renowned,
and a flat golden plain of wheat.

9

The homestead of the famed firm roads,
is a decorous place for horse riders,
movement of swingle-tree and horses is, with ease,
driven merrily by the warrior band of Fiodhnach.

10

By the sides of large lovely plains,
which the prince of the bright roads owns,
(are) trees topheavy with fruit,
lines of clean hazel and apple(trees).

11

Beautiful is every oak grove,
which grew in famous Fiodhnach;
all the brown acorn abounding trees are very fine,
as mast for her fat swine.

12

A choice forest is the wood (of Fiodhnach) still,
for the hawk of ways most noble;
may you, my friend, fly with him,
away from the cozy green hazel wood.

13

There are many truly wild herds of tall deer
in the shelter of its bushes
which are slain around the slopes of lakes
by the vibrant youths of Fiodhnach.

14

In this Fiodhnach of the magnificent meads,
there are bright evergreen reeds;
close is a smooth marginally-fertile mountain
to its fallow land of proud appearance.

15

How would such land, therefore, not be fit for
the generous noble Ó Rodaighe,
a fine man whose palms are white,
a great man of royal Rosa descent.

16

Wisdom, valour, magnanimity, and cleverness,
fame, bravery, and honesty,
and success too, are always adhering to
the manly prince of Fiodhnach.

17

The famous, generous Ó Rodaighe,
a mature ever-magnificent prince,
who continually clothed the poor,
and fitted out naked wretches.

18

Lover of the poets of Banbha's soil,
lover of couragous battle-warriors,
lover of the princes of Conn's fine plains,
and the generous ace of hearts to the noble ladies.

19

He gives away his wealth just so,
by providing of food and in present giving,
free lodgings with full facilities from him,
is the end result of Feargusian kindness.

20

Every man of them, one after the other,
of the exceedingly generous sept of Rodaighe,
broadcasting his name and his fame,
over the fresh noble plain of Banbha.

21

There was many of the spirited race,
a Brian, a Tadhg, and a Toirrdhealbhach,
defending the old title of the rood of their ancestors,
and many a placid radiant-bridled Gearóid.

22

I have heard of three of the name Tadhg among them,
whom death has stolen, alas eternal,
their fame has not died,
their testament lives on without grieving.

23

The third Tadhg passed away just a short while ago,
after his name being broadcast above others in Ireland
and he probed the question acutely for a while,
of his title overseas in London.

24

I now see Tadhg coming for the house,
from Fiodhnach of the horse filled fields,
a man who does not stray from the noble mien of his ancestors,
and who has followed the same way of their wisdom.

25

Radiant-faced Tadhg, son of Young Gearóid,
son of venerable Tadhg, son of Gearóid;
who has followed the track of his pleasant ancestors,
the eloquent slender man of the noble courts.

26

The Prince of the Universe has bestowed
on easy going Tadhg Ó Rodaighe,
a horse-loving noble who cannot be faulted
as regards oineach.

27

The way this Tadhg has added still more,
he didn't leave any of his native trade,
so that he has broadcast his name over Ireland,
the decent bright-haired tall stalwart.

28

His house is entirely full of books,
of harps and of fine artifacts,
of brownflowered shining tables
and of goblets eagerly polished.

29

There [is] in his house wherein wrong is not mentioned,
abundance of drinking, chess-playing,
mead being served with pleasantries in turn,
upon all fraternity of the learned in the noble house.

30

Tadhg the host, furthermore,
serves all together,
every noble poet, every scholar
and every burdensome poet/company coming like a flood.

31

Though many are their difficult questions
and their finely alliterated delimited closing couplets,
not a syllable of their craft shall
be difficult to the man of the fired complexion.

32

He memorised accurately in whole,
every single teaching in Ireland;
there is no language in his proximity him hidden
as a dark obscure matter.

33

A Gael who doesn't read mistakes,
is Tadhg of the spoken Rhetorics;
the poet's good is the better for its deliberation, (?)
this slender sacred tree of the lingering eye.

34

My love to the lord in the land,
to which yields the fine freckled brown [bull];
in the womb of plentiful Banbha fell,
the fruitful fame of the name of one man.

(vi)

Truagh an mhaidhmsi ar mhaicne hÍr

TCD H. 6. 15., 292 - 293 v.

Ó Ciardha, Pádraic P., 1977-78, 272-276

Seán Ó Duinnín a chum.

Is marbhna an duan deibhí seo a cheap an file Seán Ó Duinnín, d'athair Thaidhg Uí Rodaighe. Bhásaigh Gearóid Óg, is é sin athair Thaidhg, an dara lá de mhí Lúnasa na bliana 1680, is cosúil ar línte 20a/b agus 21a/b mar a dtugtar an dáta.

Cé go bhfuil sliocht Duinníneach in oirdheisceart Shligigh an lá inniu, níl de dheimhniú againn gurbh as Connachta féin an file seo ach tuairisc Éadbhaird Uí Raghallaigh faoin mbliain 1680 i dtaca le 'John O Duinin' :

... a Conaght poet lived at this period. He was the author of an elegy on the death of Gearoid, or Garrett, son of Teige O' Rody ...

(O Reilly, E., 1970, excix).

Ní dócha gur bhain sé le filí na Blanan i gCorcaigh. Bhí Tadhg Ó Duinnín, file agus saoi seanchais Dhonnchaidh Mhic Carthaigh, Iarla Chlann Carthaigh, comhaimseartha le Tadhg Ó Rodaighe (Caerwyn Williams, J. E. & Ní Mhuiríosa, M., 1979, 286). Caithfear cuimhneamh freisin go raibh Muintir Dhuinnín fairsing go leor ó dheas, cuid acu i dTuamhumhain de réir Edward Mac Lysaght (1982, 81). Cuimhnimis lena chois sin, gurbh as Tuamhumhain bean Taidhg Uí Rodaighe, Fionnghuala Nic Con Mara.

Níl aon teideal leis na trí rann deiridh thíos ná ní feasach sinn, ar an gcéad amharc, cé a chum. Tá an chuma orthu sa lámhscríbhinn nach mbaineann siad leis an duan 'Truagh an mhaidhmsi ar mhaicne hÍr'. Tá nóta dhá líne rompu agus a chosúlacht air gurbh aon alt amháin ab ea an nóta sin agus na trí rann sin seo in éineacht. Glacadh leis gurbh amhlaidh a bhí nuair a cuireadh eagar orthu cheana faoin ainm 'Oidhre Ghearóid Dia dá dhíon' (Ó Ciardha, P., 1977-78, 276). Is léir, áfach, nach bailí an tuairim sin. Gluais a bhí sa dá líne, gluais a cuireadh ar an bhfocal 'comhfhoibeas' (sic) sa duan 'Truagh an mhaidhmsi ar Mhaicne hÍr' a breacadh go díreach roimhe seo ar an lámhscríbhinn (TCD H. 6. 15, lgh. 292, 293 r, 293 v.). Is í an ghluais cúpla líne roimh rann 23 thíos atá i gceist. Scarann an ghluais an dán beag seo le ceann an Duinnínigh roimhe. Tá 'comhfhoibeas', seachas 'comhfhorbas', sa duan úd roimhe agus an uimhir 2 scríofa os a chionn ar líne d, rann 18 (ibid.). Scríobhadh an uimhir 2 ina dhiaidh sin arís os cionn na líne agus an focal 'comhthigearnas' leis. Is cinnte gur

ghluais leis an bhfocal ‘comhthigearnas’ is ea an dá líne ghluaise úd. Ar eagla na míthuisceana, is é ‘comhorba’, seachas ‘comhfhoibeas’, an focal atá sa ghluais féin.

Is féidir mar sin, gur ‘rannta iarchomairc’, nó ‘Duty Quatrains’, a chum Seán Ó Duinnín do mhac an duine mhairbh atá againn anseo (Ó Háinle, C., 1991, 83 - 98; Carney, J., 1958, 18). Is é sin, beannacht ar Thadhg Ó Rodaighe.

.....

Seán Ó Duinnín *cecinit*.

1

Truagh an mhaidhmsi ar mhaicne hÍr,¹
ar n-éag uainn i ngach éintír,
gan teann slóigh eachtrann² orra, 505
near[t]chlann dár chóir comhadha.

2

Oireacht³ Ír na n-iorghal dte,
mo léansa cor an chuaine⁴,
ag téarnódh gach tráth as goimh
cách faoi éanbhrón dá n-easboidh. 510

3

Ó thángadar trá tar lear,
bhádar lorg Ír mhic Mhíleadh,

pór
lch.293 r.⁵

pór frosghlan feidhil ba teann,
ag cosnamh einigh Éireann,

4

ag coimhéad uaisle is anma, 515
ag óradh iúil ealadhna,
bhádar úirshliocht Ír mar so,
an chlúidhcheap mín ba mórdha.

5

Gur éagsad uile, mo chreach,
an síol suaitheanta soichleach, 520
bhaoi féile 's gach ball faoi bhuaidh,
tréidhe⁶ na gclann ón gCruobhruaidh.

- 6
- Aon dá n-uaislibh, fíor-olc linn,
do éag⁷ trá, truagh an bhreisim,
mar gach duine dhíobh mar so,
cuire nár chríon ba cumhra. 525
- 7
- Ua Uí Rodaighe an rúin réidh,
d'úirshliocht ÍR uasail eiséin,
an tsaoi mheasta léir gan lot,⁸
ba seasta séimh an saormhac. 530
- 8
- Gearóid Óg, ba hógh oineach⁹
an tsaoi shearcach shochroidheach,
roinimh a bhás 's gach bealach,
an cás doiligh déidheanach.
- 9
- A éagsan is taom truaighe, 535
fíorghaol curadh Craobhruaidhe,
scoith gan lo[ch]t deaghdhóigh, ba dluigh
don bhocht dhearóil 's don deorúigh.
- 10
- Fíonfhuil Ruarcach trá do thil,¹⁰
is fuil oirbheartach Uidhir, 540
a miotal gach tann 's a dtoil,
do tiocadh ann gan easboidh.
- 11
- Éag an uasail tug tacha,¹¹
ar fud achaidh¹² Fhiodhnacha,
(beobhrasach go mbrígh, ba glé) 545
's do Thír Eolasach¹³ uile.
- 12
- Baoi croidhe cobhsaigh cumhra,
maithfeach, miochar, muintearrtha,
's bheith riamh gan mhíomhódh 'na mhóid,¹⁴
ag an bhfial ghríobhghlan Gearóid. 550
- 13
- Níor choigil maitheas molta,
níor ghrádhaiigh seó¹⁵ saoghalta,
bhaoi caoin, soirbhghlic, séimh um-ne,¹⁶
do réir oirbhirt is uaisle.

14	Níor dhearc aoinneach 'na aghaidh, nach dtug don ghrinn ¹⁷ gheanamhail,	555
	(splanc gan mhímheas, mhuígh go gcéill) a thoil go díleas dóisín,	splanc lch. 293 v.
15	Maith gan uail is aobhdhacht réidh, do thiodhlaic Críost dó is deighmhéin, fíorghart ¹⁸ ba foigse do thlacht, críonnacht, tuiipse agus tábhacht.	560
16	Deaghua ¹⁹ Thaidhg nár chruaidh croidhe, Gearóid gríobhdha Ua Rodaighe, a bhás tug saobhainfe a sín, ar fud chaomhfhairche Chaillín.	565
17	Ar uaisle a n-aicme 's a síl, do thogh an ceartnaomh Caillín, ²⁰ gan timheal ó chéill chroidhe, an cineadh réidh Rodaighe.	570
18	Níorbh fhearr an díol ar dhuine (dár chinn do fhréimh Rudhruighe, slógh ro-ardbhras gráidh go ngean,) ²¹ comhorbas áigh ná airsean.	
19	Ceart an chaomhnaoimh dá mba lais, do chaithfeadh Gearóid gníomhthais, an túr raith ba réil 's gach modh, i maith, i méin, 's i moladh.	575
20	[Míle] ²² sé chéad bliadhain go beacht, is ceithre fichid fírcheart, ó thocht Chríost Ríneamh gach róid, gur dhíosc an gríbhfhéar Gearóid,	580

21

don bhliadhain *seo* bhós *gan* on,
an dara lá léir d’Fhómhar,
fial gan ghairglí goimh ’na chion, 585
gur ghoir an tAirdrí *airsion*.

22

Ár mbeannacht ris ó rún toile,
an t-uasal d’fhuil Rudhraighe,
úirfhear na ngnás i ngníomh buan,
a bhás fai-ríor, is róthruagh. 590

Truagh an mhaidhmsi. *et cetera*.

²³comhorba .i. coimhthighearna nó comhoighre. ut in libro Conacie, comh[o]rba Cuinn Céadchathaigh vocat Toirrdhealbhach Mór Ó Conchobhair / vide Udhacht Mhorainn.

23

Oidhre Ghearóid Dia dá dhíon,
Tadhg óg²⁴ nár adhair d’ainbhfíor
's gach ród as grinnbheartach glan
an t-óg inntleachtach uasal.

24

Méin mhórdha, intinn fhortail 595
tug²⁵ Críost cuid dá chumhachtaibh
d’Ó Rodaighe bhúidh go mbladh,
gadaighe rúin na ríoghghan.

25

Gastacht, gliocas, gníomh foirfe
is fuascladh ceast gcruadhoirche 600
gan laige *gan* cheas, *gan* choir
aige agus feas gach focail.

....²⁶ *et cetera*

.....

Foinse : TCDH. 6. 15., 292 - 293 v.

Teideal : Seán ó Duinnin. *cecinit*.

An Mheadarach

Ógláchas ar deibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$ Brúchtann an líon siollaí thall is abhus, 20a, 22a mar shampla.

Cuibheas déanach : Is iondúil comhardadh slán idir rinn agus ardrinn. Is ceadmhach **orra** : comhadha (1c/d) mar gur idir ghutaí iad agus gcéill : dóiséin (14c/d) arís mar gheall ar fhad na ngutaí rompu (Knott, E., 1935, 5).

Cuibheas inmheánach : Ba leor leis an bhfile comhardadh briste, ‘cht’ le ‘p’, ag 4c/d mar shampla amháin, áit a bhfuil ‘úirshleacht’ agus ‘chlúidhcheap’ chun a chéile :

4

bhádár úirshleacht **ÍR** mar so,
an chlúidhcheap **mín** ba mhórdha.

Uaim : I gcás líne 6a, ‘aon dá n-uaislibh, fíorolc linn’, is dóigh gur mar ‘n-uaislibh, fíor-olc’ is fearr a léamh agus ar líne 22 d : a bhás fairíor is róthruagh, is é is dóigh gur fearr ‘fá-ríor’, ní a réitíonn a chuibheas le ‘gníomh’ ar 22c.

Fíoruaim ar fad anuas.

Léamh na lámhscríbhinne

Sean ó Duinnín *cecinit*.

1b ar nég; 1c eachtronn; 1d nearchlann dár ; 2a Uirrhíocht ÍR na niorghal tte; 2b chúaine; 2c ag térnodh, trúthas; 2d fá énbhrón da neasboigh; 3a Ó thangadar thrá tar; 3b bádar, Miliodh; 3d Eiriond; 4c badaruirshliocht ; 4d an chluidhcheap, bá; 5a uile, mo; 5b suaithionta soichlioch; 5c baoí, sgach, fa búaidh; 5d tréighe, cclann, ccaobhruaidh; 6a Aón da núaislibh fíorolc; 6b do éug thrá trúagh, bhreisim; 6c dhíobh; 6d chríon bá; 7a Ua uí Rodaighe, rúinréidh; 7b dúirshliocht; 7c an mheasda, locht; 7d séasda, sáormhac; 8a Gearóid óg ba hógh (gluais os cionn na líne : .i. glan .nó. iomlán) einíoch; 8c róinimh, sgach; 8d déidhionach; 9a A égsan as táom trúaighe; 9b fíorgháol churadh; 9c sgaith, lot deaghdhoigh; dlúigh; 9d dheiróil sdon deóruigh; 10a Rúarcach thrá; 10b oirbhiortach; 10c sa ttoil; 10d do tiocadh; 11a Ég; ‘easbaigh’ mar ghluais idir líne, os cionn an fhocail ‘tacha’; 11b ar fhud Achaigh. Fhíodhnacha; 11c beóbhbrasach, mbrígh, gle; 11d sdo thír eolasach; 12a Baoi; 12b maithfhíoch, miochar muinntiordha; 12c sbeith, míomhodh na mhóidh; 12d anbhíal ghriobhghlan; 13a coigil maithios; 13b nír, seó saoghalta; 13c baoí cáoin; 14a Nír, áoinneach na aghaigh; 14c sblange, múidh, ccéill; 14d dílios doiséin; 15b Criost do; 15c fíorghart, foicsi; 15d crionnacht tuigsi, tabhacht; 16a

Taidhg cruaidh *croídhe*; 16b *griobhdha* úa Rodoíghe; 16c a *sín*; 16d *chaobhfhairche* Caillín; 17a *sá síl*; 17b *Cailláin*; 17c *teimhioll*, *cheill croidhe*; 17d *ciniodh*, *Rodáighe*; 18a *Nír bfearr*; 18b *chin*, *fhreimh Rudhraíge*; 18c *slógh roárbhras*; 18d *comhfhoibus* aigh na *airsion*; (Gluais os cionn na líne leis an uimhir 2 : ‘*comhthigearnas*.’ Is cinnte nach é an focal ‘*comhfhorbus*’ atá sa ls.) 19a *an chaomhnaomh da madh*; 19b *do caithfhiodh gearóid gníomhthais*; 19c *tur*, *bá*, *sgach*; 19d *imaith*, *imín*, *sa*; 20a *chéud*; 29b *fichit*; 20d *dhíosg*, *gribhfear*; 21a *bhliadhainsi bhós*; 21b *dfoghmhar*; 21c *fíal*, *na*; 21d *tairdrí airsion*; 22a *ris ó rún*; 22b *túasal dfuil Rúdhraíge*; 22c *ingníomhbúan*; 22d *fárior as róthruágh*; *mhaidhmsi. et cetera*.

no, comhrba, céad chathaigh,. mór ó, udhacht.

23a *Oighre*, *día dha*, 23c *sgach*, *as*, *glann*, 23d *tóg inntleachtach úasal*; 24a *inntinn*, 24b *Criost*, *da chomhachtaibh*, 24c *do Rodaighe Bhúidh*, 24d *gadaíge*; 25a *Gasdacht*, *gníomh foirfí*, 25b *fuasgladh ceasd ccruadhhoirchi*; 25d *fios. et cetera*

Nótaí

1. Rianaíodh Muintir Rodaighe siar trí Mhuintir Eolais an Chonmhaicne chuig Chlanna Rudhraighe, .i. Sliocht Ír.
2. ‘teann slóigh eachtronn’ : Ní fios cérbh iad.
3. Uirrhíocht ÍR : Cealaíodh an dara ‘r’ le ponc os a chionn. Is soiléir an lámhscríbhinn agus níl aon amhras faoi, rud a thugann ‘uiríocht’. Is gairid ‘oireacht’, seachas ‘oidhreach’, nó arís, ‘úirshliocht’ mar atá thíos uaidh sa dán ag 4c agus 7b.
4. Líne 2b, ‘cór an chúaine’ atá sa lámhscríbhinn amhail is gur io-tamhan tuiseal ginide é, ‘cuaine’, ach is baininsneach focal an lae inniu, *cuan/cuain. FGB & Dinneen*.
Cuan 1, a-tamhan baininsneach ar dtús, o-tamhan firinsneach ar ball. *DIL*
5. Is ag an bpointe seo a tosaíodh ar dhá thaobh na duilleoige a bhreacadh agus uimhríodh an lámhscríbhinn dá réir as seo amach le huimhir ar an dá thaobh.
6. Tréighe : tréide *DIL*.
7. do éag: dhá shiolla leis an gcomhaireamh siollaí a shlánú.
8. ‘Locht’ atá ar an ls. ach is é ‘lot’ a chomhardaíonn le ‘saormhac.’
9. Shamhlófaí gur ‘ógh’ na haidiachta atá roimhe. Ní éileofaí ginideach an ainmfhocail dá barr. Is cosúil áfach, go bhfeidhmíonn ‘einiach’ na lámhscríbhinne, seachas ‘eineachúil’, mar aidiacht. Is féidir sa chás sin gurbh í an aidiacht *ennac* a bhí i gceist, o-a tamhan (< Lat. *innoc(u)us* or *innoc(e)n)s* *innocent, sinless, harmless, guiltless*) *DIL* Is féidir gur ‘ógh’ an t-ainmfhocal atá againn anseo mar sin. Tá gluais os cionn na líne ag an bpointe seo : .i. *glan .nó. iomlán*.

10. do thil : tilid i (a) *fills, occupies* (b) *controls, rules ...* do thil clár na cruinne cé *DIL*

11. ‘tacha’ le gluais os a cionn : *easbaidh*.

12. Tá ‘achadh’ an-choitianta mar logainm sa cheantar seo (O Connor, P. *An Atlas of Irish Placenames*, 2001, léarscáil 2). Ceantar, pobal, cúige, nó tír a d’fhéadfadh a bheith i gceist ag brath ar an gcomhthéacs.

13. ‘thír eolasach’ na lse. Ní ‘eolgaiseach’ atá i gceist . Níor gan chúis a tugadh é seo ar an áit, tharla gur den Mhuintir Eolais iad Clann Bhibhsigh (Mag Raghnaill), Muintir Chearbhalláin (Ó Maoil Mhiadhaigh & Mac Giolla Ghuala). Ag Ó Dubhagáin, líne 672 (Carney, J., 1943) :

‘Mág Raghnoill, cluintir anois,
ar Muintir n-admhoill nEólois.’

Ba chol seisir do Raghnaill mac Muridaich, an Mailmiadaig mac Duibdara ónar sloinneadh Uí Mhaoil Mhiadhaigh . Nuair a maraíodh Duarcán mac Maelmhiadhaigh ‘Ua h-Eolusa’ sa bhliain 1066 A.D. (O’Donovan, J. *ARÉ BÁC* 1851) ba thaoiseach ar Mhuintir Eolais é. Céad bliain ina dhiaidh sin bhí Muintir Mhaoil Mhiadhaigh chun tosaigh fós óir maraíodh beirt díobh, taoisigh ar Mhuintir Eolais, Conchobhar agus Raghnaill 1167 agus 1169. In am Uí Dhubhagáin , bhí athrú ar an scéal is léir ar an líne thuas, ‘Mág Raghnoill, cluintir anois.’

14. ‘mhóidh’ atá sa ls. Lomas-sa an ‘d’ lena tharraingt dá ardrinn.

15. ‘seó saoghalta.’ Is lámhscríbhinn sách glan í. Níl aon amhras faoin litriú agus mar sin, ní ‘séad’ saoghalta’ atá i gceist ag an scríobhaí.

16. um-ne : Seolann *DIL* sinn sa chás seo go dtí ‘amne,’ arbh ionann agus ‘amein’, ach um-ne a éilíonn an mheadaracht.

17. ‘don ghrinn’ : Aidiacht substantaithe anseo?

18. gart ... *generosity, hospitality ... DIL*

19. ‘Deaghua’ : Is í líne Ghearóid Óig :

Gearóid Óg mac Taidhg, mhic Ghearóid, mhic Thaidhg, mhic Thaidhg, mhic Uilliam áin, mhic Mhatha, srl. Sa chéill is cúinge den ainmfhocal, bheadh leagan amach an fhile, Sheáin Uí Dhuinnín, mícheart. Níl aon chosúlacht ar an lámhscríbhinn ach oiread a thabharfadh le fios gur ‘dearbhua’ a bhí i gceist, amhail is dá mbeadh an file ag cuimhneamh ar an dearbhfhine, is é sin, ar an muintir a shíolraigh ó Thaidhg mac Thaidhg, sin-seanathair Ghearóid. Ní miste glacadh leis mar sin gurb í an chiall is leithne focal a bhí ar intinn an fhile, sin, nó nach raibh a fhios aige i gceart cérbh é athair mór Ghearóid.

20. ‘Rodachae, imorro, is do ro tidhnaic Adhamnan abduine Fidnacha do gres, oculus da shil co Brath,’ a scríobhadh i Leabhar Caillín mar thagairt do cheapshinsir mhuintir Rodaighe. A mhacalla siúd is bun leis an rann seo, is dóigh.

‘do thogh an ceartnaomh Caillín,
.... an cineadh réidh Rodaighe.’

21. Línte ‘a’ agus ‘d’ is ea croí ábhair an rainn seo, ach gur líonadh isteach eatarthu na línte ‘b’ agus ‘c.’

22. Níl an focal ‘míle’ sa lámhscríbhinn, ach tá ‘míle’ in easnamh sa tsuim blianta ‘ó thocht Chríost’ le teacht ar an uimhir 1680. Níl ach sé shiolla ar an líne gan an focal ‘míle’. Is í an fhadhb go bhfagfadh ‘míle’ siolla sa bhreis ar an líne mura mbeifí leis an ‘dh’ san fhocal ‘bliaidhain’ a chealú agus guta fada ‘í’ a chúiteamh i leaba dhá shiolla an déoghair ‘iai’? Is é is dóichí áfach, go gcealófaí an guta gearr ‘e’ san fhocal ‘míle’, cé nach bhfuil guta ina dhiaidh chuige sin ach an oiread, lena bhá.

23. Scríobhadh an ghluais seo ag ceann thíos an duain. Is ag tagairt do rann 18, líne ‘d’ atá, ní foláir. Chuir Thurneysen eagar ar ‘Morands Furstenspiegel’ in ZCP xi, lgh. 56 - 106. Luaitear an focal ‘chomarbbu’ ann, lch. 85, alt 38 : ‘ do-llega a chlanda agus a chomarbbu, fo-fera mór n-uilcc sund, fo shecht sechtdiabhl do secht diabul do-fechar tall.’

24. Ní Tadhg ‘Óg’ a thugtaí air ach Tadhg ‘mac Gearóid.’ Fear eile ba ea an Tadhg Óg acu. Gnáthaidiacht atá anseo againn.

25. Tug Críost ... : Is spéisiúil foirm lom an bhriathair.

26. Tá duilleog na lámhscríbhinne gearrtha aníos ón mbun anseo, ach is féidir *et cetera* a léamh.

.....

Béarla ar

‘Truagh an mhaidhm seo ar mhaicne Ír.’

1

Alas this rout on the sons of Ír,
having died on us in every country,
without the solid support of foreigners about them,
strong offspring to whom should be given gifts.

2

The assembly of Íor of the hot battles,
my grief the circumstance of the pack [of warriors],
always recovering from a wound,
everyone equally saddened by their absence.

3

From when they came, indeed, across the sea,
the line of Íor mac Míleadh,
the clean liberal enduring seed, which was solid,
were defending Ireland's honour,

4

guarding nobility and [good] name,
adorning art's knowledge,
the noble sept of Íor were like this,
the famous stock, which was majestic.

5

Until they all died, alas,
that notable, benign progeny,
generosity was triumphant in all quarters
traits of the families from the Craobh Ruadh.

6

One of their noblemen, to our great regret,
died indeed, sad the loss,
every one of them like this,
a troop that didn't age, that was sweet,

7

Ó Rodaighe's grandson of the easy disposition,
of the noble aristocratic sept of Íor,
the clear sensible faultless philosopher,
consistently pleasant was the noble youth.

8

An impeccable person was Gearóid Óg,
the kind, loving philosopher,
his death was a poison everywhere,
this last distressing bereavement.

9

His death is an upwelling of pity,
a true relative of the Red Branch warriors,
a choice faultless fine comfort, was the norm
to the destitute poor and the exile.

10

The wine blood of Ó Ruairc, indeed, occupied,
and the pre-eminent blood of the Mag Uidhir,
their properties always and their will,
used course through his veins a-plenty.

11

The death of the noble man caused a deficiency
throughout the territory of Fiodhnach,
and throughout all of the Mag Raghnaill lands;
he was certainly lively and strong.

12

The generous, griffon-clean Gearóid.
a forgiving, tender, friendly,
steady pleasant heart,
and had a way always had sincerity in his word,

13

He didn't keep prized possessions,
he didn't like material ostentation,
he was gentle, affable, mild, indeed(?),
as befitting excellence and nobility.

14

None who looked upon his face,
who didn't give to the obvious loved one,
their liking, loyally, to him,
(a smile in high esteem, broke sensibly).

15

Goodness without pride and a calm delight,
Christ presented to him, and goodwill,
a true generosity which was nearest to goodliness,
wisdom, understanding, and substance.

16

The good descendant of Tadhg whose heart was not hard,
the griffon-like Gearóid Ó Rodaighe,
his death has caused a whirlwind in the weather
throughout the pleasant diocese of Caillín.

17

By the nobility of their class and their pedigree,
the righteous saint Caillín chose,
without a flaw in truthful sense,
the calm race of Ó Rodaighe.

18

No person who descended from the line of Rudhraighe,
beloved group most high in status,
was more entitled
to a prosperous comharbacht than he.

19

Were the right of the fine saint his,
gentle Gearóid would spend it,
the evident successful leader in every manner
in decency, in disposition, and in praise.

20

One thousand six hundred years exactly,
and four score in truth correct,
from the coming of Christ, heavenly-King of every road,
until the griffon-man Gearóid expired,

21

to this year still without flaw,
the woeful second day of Autumn,
a generous one without a rough dash of badness in his love,
until the High-King called him.

22

A blessing goes to him out of true affection,
the noble of the blood of Rudhraighe,
the noble man of the habits lasting in action,
his death, alas, is a great pity.

Sad is this rout. *et cetera.*

23

May the Lord protect the heir of Gearóid,
young Tadhg who did not adhere to falsehood
in every way is discerning in good deed,
the noble intellectual youth.

24

A majestic demeanour, a powerful mind,
Christ has given some of his powers
to the gentle famed Ó Rodaighe,
one who steals the hearts of royal ladies.

25

Smartness, ingenuity, mature deed
and the ability to solve hard obscure questions
vigourously, fearlessly, faultlessly,
has he and the knowledge of every word.

.... *et cetera*

(vii)

Barr orchra ar Fhréimh Rosa

TCD H. 6. 15., 294 r.

Ó Raghallaigh, Tomás, 1938, 367.

.....

Is ceart an dá dhuan, ‘Barr orchra ar Fhréimh Rosa,’ agus ‘Barr orchra Aicme Rosa,’ a léamh le hais a chéile cé nár cuireadh an dara duan acu i gcló riamh. Tagaid san ord sin, i ndiaidh a chéile, ar an lámhscríbhinn de chuid Ollscoil na Tríonóide, H. 6. 15. agus is mar aonad a phléitear leo. Ar lch. 294 r. na lámhscríbhinne sin atá ‘Barr orchra ar Fhréimh Rosa’ agus ar lch. 295 r. na lámhscríbhinne céanna atá ‘Barr orchra Aicme Rosa.’ Cuireadh réamhrá roimh an gcéad cheann ar lch. 294 r. Is é tús an réamhrá : ‘Ar gcur Taidhg Uí Rodaighe as a thigh.’ Críochnaíodh an chéad dán ‘Barr orchra ar Fhréimh Rosa’ ar bhun lgh. 294 v. Ar bharr leathanaigh 295 r. ina dhiaidh sin, tugadh trácht láir, idir an dá dhuan, dar tús ‘Níor chian iar ndealbhadh an dána sin don tsaoreagnuighe úghdarrdha réimhráidhte.’ Míníonn an trácht sin gur leasaíodh ‘an dán céanna mar so.’ Scaoiltear linn ansin an dara dán ‘Barr orchra Aicme Rosa.’ Cuireadh clabhsúr dar tús : ‘Táinic chum an chomhthionóil chéanna’ le deireadh an dara duan ar bhun lgh. 296 r. Chríochnaigh an clabhsúr ar lch. 296 v. Is féidir cuid fhreagrach na lámhscríbhinne a léiriú mar seo :

lch. 294 r. : An Réamhrá

lch. 294 r. -- 294 v. : An dán, Barr orchra ar Fhréimh Rosa

lch. 295 r. : An trácht láir / réamhrá an dara duan

lch. 295 r. -- 296 r. : An dán, Barr orchra Aicme Rosa

lch. 296 r. -- 296 v. : An clabhsúr

Is san ord céanna sin a ghlacfar leo anseo thíos.

Shílfeá ar réamhrá an chéad dán vii thíos gur leasc leis an bhfile go n-aithneofaí é, rud a chomharthaíonn géarchéim shochaí na linne sin. Tagraítear dó sa réamhrá mar ‘**duine uasal** áiridhe airdintleacht ioldánach.’ In áit eile ar an lámhscríbhinn chéanna, mar aguisín le trí rann agus amhrán darb ainm ‘An chraobh uaim don tsaoi seo,’ scríobhadh an méid seo i ndiaidh na beannachta, nó na ‘rannta iarchomhaire’ :

‘A leighthóir na hiar, et na biodh súil agad le fíorceart ina lé ceapuiracht dána ó **dhuine úasal**, madh bhionn feuch ca bhfuighe tú é, glac an chéudfaidh mhaith, et is lór sin. nó deain fein dán ceart don iomlán.’

(TCD H. 6. 15., 304 v.)

Ba é Séafaidh Ó Ruairc an ‘duine úasal’ sa chás áirithe sin, an té a cheap ‘An chraobh uaim don saoi seo’ mar bhronntanas uaidh do Thadhg Ó Rodaighe :

‘Pronntanas na bliadhna nuaidhe ó Sheaffruigh ó Ruairc, *mhic Thoirrdhealbhaigh mhic Fheidhlim* chum Taidhg uí Roduíghe, *mhic Ghearoid. anno Domini 1702*’ (ibid., 304 r.).

Ní féidir linn a rá anois as an méid sin gurbh é Séafraidh Ó Ruairc an té a chum ‘Barr orchra ar Fhréimh Rosa.’ D’fhéadfaí a shamhlú gur thuig an file laige an dán ógláchais ar dheibhí seo i leaba an dáin ina dhiaidh, agus nach mbeadh sé sásta maíomh as an saothar lagmhaith dá dheasca sin. Cuimhnímis a ghoilliúnaí a bhí Séafraidh Ó Ruairc faoi aguisín an dána eile ar lch. 304 r. mar atá tugtha anseo anois díreach, ‘Pronntanas na bliadhna nuaidhe ó Sheaffruigh ó Ruairc.’ Ar aon chaoi, cuireadh anbharr maise ar an dara duan, ‘Barr orchra Aicme Rosa,’ le teann uama agus comhardaidh. Is deibhí an duan sin. Ní hionann sin go léir is rá gur cuireadh lena shoiléire áfach!

Samhlaítear dom gurbh ionann an Lt. Geoffrey O’Rorke a gaireadh in éineacht le Tadhg Ó Rodaighe ina ball de choimisiún Rí Shéamas do Liatroim sa bhliain 1689 agus an Séafraidh Ó Ruairc a tháinig faoi thrácht anois againn. Ní bheifí ag súil áfach, go ndéanfaí tagairt dó 13 bliana ina dhiaidh sin mar a dhéantar sna gluaiseanna seo thíos mar : ‘an t-óigfhear so,’ nó, ‘... an ioldánaicch óig so.’

Chuirfeadh na gluaiseanna nó an réamhrá is araile a chuaigh leis an dara duan, go háirithe an clabhsúr, saothar Thaidhg Uí Rodaighe féin i gcuimhne do dhuine. Ba nós le Tadhg, mar shampla, gluaiseanna a chur le cuid mhaith dá dtáinig os a chomhair. Mhol an tOllamh Tomás Ó Raghallaigh tuiscint Taidhg ar an nGaeilge as gluais a chuir sé leis an duan ‘Fuair Bréifne a díol de shaoghlan.’ ‘Et ’s é Tadhg Ó Rodaighe do chuir an t-orkann nó an ghluais so air uile, beagnach as leabhruibh oile le saothar mór’ mar a thug Tadhg é féin ar an obair (ls. TCD H. 6. 15, 265). Scríobh Ó Raghallaigh faoi Thadhg sa leabhar *Filí agus Filidheacht Chonnacht* :

‘Ar aon nós chuir sé gluais le dán a chum Seán Mac Tórna Uí Mhaoilchonaire agus marach go raibh eolas maith aige ar Ghaedhilg ní bheadh sé i riocht sin a dhéanamh.’
(Ó Raghallaigh, T., 1938, 351)

Is cinnte, áfach, nach mbeadh Tadhg chomh místuama le dán molta dó féin a cheapadh ar mhaithe le teagasc. Má seoladh dán molta chuige arbh fhéidir a shlachtú go héasca, cá bhfios nach dtapódh sé an deis sin agus an dán a leasú go ciúin. Chuige sin, mar chosaint ar shlachtú a chur ar dhán a mholta féin, theastódh an fuíollach gluaise gona blas cianársaíochta. Tugtar faoi deara gur luaigh Tadhg Ó Rodaighe ceathrar a

luaitear sa trácht láir in aon rann dá chuid féin ceapadóireachta sa duan ‘Binn le neach a mholadh féin’ (TCD H. 6. 15., 309r.):

6
gan Eochaidh, Fíthiol, Flaithre,
Adhna, Roighne, Fircheirtne,
gan **Gruibhne**, ná **Athairne** án,
gan Craiftine, ná Seanchán. (dán II an tráchais seo)

Ní móide áfach go ndéanfadh éinne a leithéid de mhístuaim agus dán molta a chumadh dó féin ar neamhchead d’aon chathú a spreagfaí ann le linn dó a bheith ag cur caoi ar dhán ógláchais. Is ait, dála an scéil, nár roghnaigh an tOllamh Ó Raghallaigh an t-athleagan le foilsíú in ionad an chinn ba laige comhardadh, ‘Barr orchra ar Fhréimh Rosa’ a clóbhuaileadh sa leabhar *Filí agus Filidheacht Chonnacht* (Ó Raghallaigh, T., 1938, 367 - 370).

Rithfeadh sé leat freisin, ó tharla an dá dhán den aon bhunús aidhme le hais a chéile, ceann díobh lag lúbach agus an t-athdhán faoi aon bharr maise, gurbh fhéidir go mbídís in úsáid, tráth dá raibh, mar eiseamláirí d’olc na ceapadóireachta ba cheart a sheachaint agus den mhaith ba cheart a shantú mar mheanmharc caighdeán filíochta. Luaitear sa trácht láir freisin, an tinfeadh úd nárbh fhurasta a cheapadh a bheith ag séideadh faoin bhfile :

‘Táinic chum an chomhthionóil chéanna d’incosc an ioldánaigh óig spiorad
Eochaidh Echbhéil, airdéigis a hAlbuin, spiorad Mananáin,’
(TCD H. 6. 15., 296 r.).

Spreagfadh tagairt mar sin cuimhne ar chomhthéacs scoile filíochta, chomh maith le tionól ‘spiorad bithbheo’ ‘Adhna mhic Uithir’, ‘Néidhe mac Adhna’, ‘dhá phríomhfhile Éireann,’ ‘Fircheirtne file’, ‘Athairne ardollamh’, agus ‘Lughaidh Lámhfhada’. Cuimhnímis go raibh scoil filí cruinn thart ar Thadhg Ó Rodaighe i ndeireadh a ré lámh le Fiodhnach, in Achadh na Croise, filí go bhféadfaí a rá gurbh iad a tharraing buille deiridh an dáin díriú. D’fhág Éamonn Ó Caiside, go háirithe, cur síos paiteanta againn ar thionchar na scoile air féin sa duan ‘Mó ná mionca triall go Tadhg’ :

Eisean (=Tadhg) ag fuascladh na gceast
’na bhreitheamh cheart in gach cás,
dul dá shaighidh liom níor lease,
uch gan mé ina measc go brách!

(ibid., 309 r., rann 17)

.....

.....

Ar gcur Taidhg Uí Rodaighe as a thigh, a rinne sé i gCarraig an tSleabháin, agus iar gceannach na háite go mistéartha, míbhéasach gan a fhios do Thadhg, do chuir duine uasal áiridhe ardintleachtach ioldánach air ar ghoill an míghníomh agus buaireamh Thaidhg an dán so inár ndiaidh, chuige mar nuallghubha. Ní bhfuil sa chúige mórán is foghlamtha ann gach uile aiste léinn ná an t-óigfhear so, is nár fhoghlaim rud ar bith d'aistí an dána, cé gur fhoghlaim céad aiste is doilghe agus is cruaidhe, is atá an chéadfaidh ina buinne thuile sléibhe ar snídheadh ó lánsrutha ilsreabhacha a inntleachta, agus a fhoghlama. Bliain an Tiarna 1694 a rinneadh an cleas ar Thadhg.

.....

So an dán.

1

Barr orchra ar Fhréimh¹ Rosa,
 ler milleadh méin a macnosa,
 aicme mhóirfhial na sleagh sean, 605
 a róiphian leam is dursan.

2

Iomdha curaigh do Shíol Róigh,
 gasradh na meirgeadh maothshróil,
 ro dhíosc do rannaibh lann,
 ag díon measa na hÉireann. 610

3

Táinic dhíobh a-riamh dhe sin,
 Uaithnighe gríobhda an ghaisgigh,
 urmhór na críche fó a smacht,
 ní hé amháin a n-athardhacht.

4

Níor fionnadh ariamh go gabháil Gall 615
 leonadh laoch na ngormlann,
 ná iompúdh conáigh catha
 a n-aghaidh sleachta an ardfhlatha.

5

Tréimhse fhada iar sin dóibh,
 iarsma curadh na gcleas cóir, 620
 as cosnamh seanchríche Cuinn,
 re slógh² n-imshníomhach n-eachtruinn,

6

do claidheadh (gá dtám de)
re toil neamhnáir an toice
slógh Eamhna na n-arm dte,
ní huathadh dar damhna tuirse. 625

Do
lch. 294 v.

7

Do scaoileadh drong dhíbh tar sá[i]l,
cuid don Fhrainc, cuid don Easpáin,
fine neamhthláith darb umhal racht,
nár dhua³ anmhain faoi ansmacht. 630

8

Aon Oisín tar éis na bhFian,
mac Gearóid, an fhlaith fhírfhial,
mac do chosain oineach Eamhna,
Tadhg tamhain na fíneamhna.

9

Triath Fiodhnach na n-each slim,
an Tadhg taitheamhach so a luaidhim,
do chonghaibh gach ré faoi seach
clú nár bhéad do Chonmhaicneach. 635

10

B'iomdha léitheoir leabhar ndúr
's lucht seanma téad go taighiúr
is fichleoir d'imreadh maoin
i mbriughin luchtmhair an mhacaoimh. 640

11

B'iomdha file go n-eagna ghlain,
b'iomdha éigse agus ollamhain
's breitheamh bríghmhar breathach
sa mhúr síthgheal sróldathach. 645

12

B'iomdha deoraí is duine bocht,
b'iomdha geocach taobhlom tarnocht,
is dílleachta⁴ lagáigh lom
sa bhruigh conáigh dá altrom. 650

13

Mar lean Tadhg an aignigh réidh
an aicme ór fhás a gcaithréim,
dob' éigin dó fós a leanmhain
sa chuid eile dá gcinneamhnaibh.

14

Do díbreadh Tadhg (fáth mo sceoil) 655
ó a theaghdais sholasta shiodhnmhóir
gur fágadh an dún dathghlan donn
fás gan fíon, gan foirionn.

15

Mochean tír⁵ dqr thriall an fear,
mochean a hiath 's a hinbhear, 660
mochean gach neach lénaib áil
dul, a Thaidhg, id' chomhdháil.

16

Gabhaisge agam, 'aos dána,
's a lucht fromhtha gacha headhladhna;
leanaisge Tadhg re a ais, 665
ní sámh a bheith 'na éagm[h]ais.

17

Cuimhne⁶ t'fhorus, a Thaidhg -
ná goilleadh ort dod' nuachailg;
fada gach drong ded' fhine,
ag Danair faoi ainbhfine. 670

Barr eachtra.
níor

.....

Foinse : TCD H. 6. 15., 294 r. - 294 v.

Teideal : Réamhrá mar a tugadh thuas agus 'So an dán.'

An Mheadaracht

Ógláchas ar dheibhí, $7^x + 7^{x+1}$ ach an-luaineacht siollaí ón gcéad rann amach mar a bhfuil sé shiolla 1a, ocht siolla 1b, sé shiolla 2c, naoi siolla 4a, sé shiolla 4b agus mar sin de.

Cuibheas Déanach : rinn is ardrinn is coitianta ach comhardadh briste chomh maith:
1c/d, 2c/d, 10a/b, 11c/d, 14c/d.

Cuibheas Inmheánach : Ar iarraidh ar fad seachas rann 1c/d mar a bhfuil : **mhóirfhial**
na sleagh; **róiphian leam**.

Léamh na Lámhscríbhíne

(Réamhrá an duain :)

uí, do righne se a í ccarruige, tsleabhain, *et iar cceannach*, go misdéurtha, míbhéusach gan fhios, thadhg do cuir, áiridhe airdinntleachtach ioldhánach *air ar ghoill an migniomh*, agus, thaidhg an dánso an ar, nuallghubha. san chuigeadh morán, foghlumtha ann gach aisde leighinn, ina an tóigfhearso, fhoghluim, daisdeadhuibh, gé, fhoghluim, aisde, *et is crúaidhe*, as ata, chéudfaidh na, snídheadh ó lántsrothaibh ilshreabhthacha a inntleachta, *et a fhoghluma. anno domine. 1694. do, air thadhg.*

1a Bárr, phréimh, 1c móirfhial, sen, 1d róiphían, dúrsan; 2a shíol Róigh, 2b meirgeadh, 2d heireann; 3a Tainic, 3b griobhda, 3d nathardhacht; 4a Nior, gabhail gall, 4c na, conáigh, 4d a naghaidh, árdfhatha; 5a Treimhsi, 5b na ccleas, 5c as, sean chríche, 5d slógh nimshniomhach neachtruinn; 6a (ga ttám dhe,) 6b (nea mhnáir an toice) 6c slógh, na narm tte; 7a sgaoileadh, dhibh, 7b frainc, 7c dárb, 7d nar dhúil anmhuin fo; 8a oisín, eis na bhfían, 8c choisoin oiníoch, 8d tadhg tamhuin, fhineamhna; 9a na neach, 9b tadhg, luaidhim, 9c chonghuibh, fa, 9d nar bhéd, *Conmhaicneach*; 10a Biomdha leighthóir, (10b : líne dheiridh an rainn .i. 10d, scríofa anseo i dtosach agus í cealaithe le poncanna. Líne 10b scríofa isteach os a cionn.) 10b slucht, téd, 10c fithchleóir dimreadh, 10d a mbruighin lucht mhoir; 11a Biomdha, neagna ghloin, 11b biomdha eighsi agus ollamhoin, 11c sbreitheamh, 11d san múr, srolladhathach; 12a Biomdha deoruighe, 12b biomdha, tarnocht, 12c dílleachta, 12d san mbruigh conáigh da; 13a Mur, tadhg, aignigh, 13b fhas a ccaithréim, 13c do, leamhuin, 13d san gcuid oile da ccinneamhuibh; 14a díbreadh, fath, sgeoil, 14b theaghdais sholusda, 14c fágbhadh, 14d fas, foirfiond; 15a thríall, 15b sa, 15c lé nabáil, 15d thaidhg, chómhdháil; 16a Gabhuighe agum, 16b sa, gach a, 16d na fhéugmais; 17a thforus, thaidhg, 17b na, nuadhchailg, 17d danair fá; Barr *eachtra*.

Nótaí

1. Is fearr ‘f’ ná ‘p’ na lámhscríbhíne anseo cúrsaí uama de. Fhréimh **Rosa**.
2. Slógh n-imshníomhach n-eachtruinn : Ní mé cén slua a bheadh i gceist anseo.
3. Is fearr a fheileann ‘dhual’ anseo. ‘dúil’ atá sa lámhscríbhinn.
4. dílleachta : Macasamhail Mháire Nic Con Mara, iníon Mhathghamhna Mhic Con Mara a bheadh i gceist ag an bhfile. Tá scéal Mháire le ríomh sa duan ‘In ainm Chríost an ceangal so,’ a chum Peadar Ó Maol Conaire, TCD H. 6. 15., 300 v., dán xiii an tráchtais seo. Tógadh iigh Thaidhg Uí Rodaighe í go dtí gur phós sí.
5. tír : Tharla go luaitear ‘inbhear’ sa chéad líne eile, i seoladh rainn 15, mheasfá gur file i Liatroim a bhí ag trácht ar an gClár, más inbhear farraige a bhí i gceist. Is inbhear suntasach farraige é Inbhear na Sionainne, ar ndóigh. Bhain suntas ar leith le himeacht Thaidhg Uí Rodaighe go Tuamhain sa mhéid gur síleadh é a bheith básaithe agus cheap Diarmuid mac Laoighseach Mhic an Bhaird an marbhna ‘Fíorchrá d’Éirinn turas Thaidhg’ ina ómós. Cúpla duilleog amach sa lámhscríbhinn seo (TCD H. 6. 15., 296 r.) atá an marbhna agus réamhrá leis a mhíníonn cúlra an scéil :

‘Ar ndul do Thaidhg Ó Rodaighe go Contae an Chláir agus dá mhuintir an dara bliain den chogadh, Anno Domini 1689, do haithrisíodh go coiteann a bhás faoi íochtar Chonnacht agus (cé go raibh beo i bhfad ina dhiaidh sin)’

(dán xi thíos).

Más é Inber/Inbhear (= machaire inír) a bhí i gceist áfach, d’fhéadfadh an scéal a bheith droim ar ais. Shamhlófaí sa chás sin gurbh fhile i dTuamhain a bhí ag trácht ar Liatroim leis an tagairt ‘Mo chean tír dár thriall an fear.’ Achadh na Croise, Co. Liatroma, a d’fhéadfadh a bheith i gceist sa chás sin. D’fhill Taidhg Ó Rodaighe as Tuamhain sa bhliain 1692, is cosúil, tráth a tháinig Máire Nic Con Mara a chónaí ina theach (ibid., 301 v.), sin, nó d’fhill sé idir 1694 agus an bhliain 1696, tráth ar theastaigh Donnchadh Mac Con Mara, (ibid., 311 v.) athair a mhná, ina theach ag Achadh na Croise. B’fhéidir gurbh í Máire Nic Con Mara agus baill eile de theaghlach a mhná, Fionnghuala Nic Con Mara, atá i gceist sa chomhad 15 c/d againn thíos :

mo chean **gach neach lénab áil**

dul, a Thaidhg, **id’ chomhdháil**.

6. Tá mé ag cur suas do fhoirm na lámhscríbhíne mar a bhfuil ainmfhocal in ionad an bhriathair, sa Mhodh Ordaitheach, dara pearsa. Ordú a theastaíonn anseo.

.....

Béarla ar

'Barr orchra ar Fhréimh Rosa.'

1

A massive perishing on the line of Ros,
by which their demeanor of sportiveness was ruined,
the very generous race of the old spears,
their great pain is woeful to me.

2

Many a champion of the seed of Róch,
youths of the soft-silken banners,
killed by blade-points,
protecting the wealth of Ireland.

3

It always came from them,
griffon-like valorous pillars,
that most of the country was under their control,
not just their patrimony.

4

Not until the coming of the Gall was there found
a wounding of the heroes of the blueblades,
nor a reversing of battle-prosperity
against the progeny of the high-prince.

5

A long time after that (were they)
the remnants of the champions of the just practices,
from protecting the old land of Conn,
against the troublesome foreign host,

6

defeated (in short),
by the shameless will of chance
was the host of Eamhna of the warm arms,
not few are those for whom it is a cause of sorrow.

7

A group of them was sent abroad,
some to France, some to Spain,
a strong people who know passion ,
whose nature was not to stay under tyranny.

8

A singular Oisín after the Fianna,
the truly generous lord, son of Gearóid,
a youth who defended the honour of Eamhain,
Tadhg trunk of the vine.

9

The Prince of Fiodhnach of the sleek steeds,
this affable Tadhg whom I mention,
kept each time in turn
a reputation which wasn't of shame to a Conmhaicne man.

10

Many was the reader of difficult books,
and plaintive player of strings,
and chess player who used to gamble wealth,
in the youth's populous palace.

11

Many was the poet with clean wisdom,
many is the muse and master-poet
and lively discerning judge
in the bright enchanted satin-coloured house.

12

Many was the vagrant and the poor man,
many was the bare stark-naked parasite
and destitute unlucky orphan
in the wealthy mansion being fostered.

13

The way the placidly minded Tadhg
followed the class from which sprang their triumph;
he had also to follow them
in the other elements of their destiny.

14

Tadhg was evicted, hence my tale,
from his bright and extensive house
so that the brown brilliant fort was left
empty without wine or people.

15

Hail the land to which the man has journeyed,
hail to its meadow and its inlet,
hail to all with who wish to
go, o Tadhg, into your company.

16

Excuse me, poets
and practitioners of every art;
follow along beside Tadhg,
it is disconcerting to be without him.

17

The memory of your background, Tadhg -
let not this new injustice affect you;
every group of your race has for a long time been
persecuted by the foreigner.

(viii)

Barr orchra Aicme Rosa

TCD H. 6. 15, 295 r.

.....

Is mó d'athchóiriú é an duan seo ar 'Barr orchra ar Fhréimh Rosa', a bhfuil réamhrá roimhe sa lámhscríbhinn freisin, ná duan as féin. Is léir an méid sin ar an dá réamhrá agus go deimhin, ar an dá theideal, Barr orchra ar Fhréimh Rosa' agus Barr orchra Aicme Rosa' (TCD H. 6. 15., 294 r. & 295 r.). Chonaiceamar an chéad réamhrá roimh an gcéad duan 'Barr orchra ar Fhréimh Rosa' (dán vii). Tabharfad an dara réamhrá, nó an míniú láir le bheith níos cruinne, ní a tháinig i lár baill, roimh an dara duan seo thíos, 'Barr orchra Aicme Rosa.' Tabharfar leis, amach i ndeireadh gach uile shórt, clabhsúr próis leis an duan seo, 'Barr orchra Aicme Rosa.'

Is foirfe i bhfad Éireann an dara duan ná 'Barr orchra ar Fhréimh Rosa' a tháinig roimhe. Ógláchas ar dheibhí ba ea an chéad cheann mar a raibh an comhardadh inmheánach ríghann. Dán deibhí is ea 'Barr orchra Aicme Rosa' mar a bhfuil an comhardadh inmheánach slán slachtmhar. Tá uaim go barra bachaill san athdhán, 'Barr orchra Aicme Rosa'. Thairis sin, cuireadh ceithre cinn go leith de rainn bhreise leis an athdhán, síos tríd. Is iad rann 3, 9, 11 agus 12 na cinn bhreise. An dá líne de rann 19, is iarsma é sin, ní foláir, de leathrann 12 an chéad duain. Cuireadh dhá rann bheannachta arís, nó rannta iarchomhairc, ina dhiaidh ar fad le Fionnghuala Níc Con Mara, bean Thaidhg Uí Rodaighe, nó 'Iníon Donnchaidh ... Mhic Con Mara' (r. 23a/b). Luífeadh rainn an dá dhuan lena chéile mar seo a leanas ó thaobh cosúlachta agus is fiú iad a mheas amhlaidh. Tá uimhreacha rann 'Barr orchra ar Fhréimh Rosa' ar chlé agus tugtar uimhreacha an mhéid sin de rainn an duain, 'Barr orchra Aicme Rosa' a fhreagraíonn dóibh ar dheis :

Barr orchra ar Fhréimh Rosa

Barr orchra Aicme Rosa

1	1
2	2
3	4
4	5
5	6
6	7
7	8
8	10
9	13
10	14

11	15
12	16
13	17
14	18
15	19
16	20
17	21

Tugtar an trácht láir i dtosach.

.....

TCD H. 6. 15, 295 r.

Níor chian iar ndeabhadh an dána *sin* don tsaoreagnaí údartha réamhráite, *gan cheart* dána go hiomlán, de réir rialach foirglí na healaíne (mar a dúras) níor chian a *deirim* go dtáinic spiorad bithbheo Adhna mhic Uithir, agus a mhic Néidhe, dhá phríomhfhile Éireann, agus Fhircheirtne fhileadh, mhic Aongusa Bhéildheirg, mhic Firfhileadh, mhic Ghlais, mhic Rosa Ruaidh mhic Rudhraighe, Gruibhne, éigis, et creachdhúile a hAlbain, Athairne ardollaimh, mhic Fachtna Fháthaigh, mhic Rosa, mhic Rudhruidhe, agus spiorad an tseanioldánaigh féin, eadhon, Luighdhidh Lámhfhada, mhic Céin, mhic Dhiain Chéachta, mhic Easaírg Bhric, mhic Néid, mhic Iondai, mhic Alldai, mhic Tháit, mhic Thabairn, mhic Éanna, mhic Bháit, mhic Iobhath, mhic Bheothaidh, mhic Iarbhanéil Fháthaigh, mhic Neimhinn, mhic Adhnamain, mhic Phaimp, mhic Shera, mhic Shrú, mhic Easrú, mhic Bhrámint, mhic Aithechta, mhic Mhágóg, mhic Iaphet, mhic Naoi mhac Laimiach et cetera do theagasc an ioldánaigh óig seo in aistí gach dána, gur leasaigh an dán céanna mar so.

1

Barr orchra Aicme Rosa,¹
dar chlaio[igh] méin a maitheasa,
cine róichian na ngal nglan,
a móirphian damh is dursan.

2

Iomdha curadh de Chrú Róigh,²
gasraidh na meirgeadh maothshróil,
mo nuar do ro dhíosc do gach dreim,³
a Chríost, is truagh a dtitim.

675

3
Mo bhrón a gconách catha,
pór *príomhraith* an ardfhlatha, 680
gach crann *cumhraighe* cnuasaigh,
Clann *Rudhraighe*⁴ ró-uasail.

4
Gach rígh táinig dá dtreibh *sin*,
uathneadha *gríobhdha* an ghaisicigh,
cumhdach Éireann do bhíodh air, 685
re sníomh céimeann do chosain.

5
Níor fionnadh riamh go gabháil gall
gur leonadh laoch na ngormlann

's gur
lch. 295 v.

's gur luigh líon eachtronn orra
neartclann nár chríon comhadha. 690

6
Seal fada ba buan a mbann
d'*aimhneoin* ain-neart na n-eachtrann
ag coimhead cheirt na tíre
gan uiréad⁵ neirt nuaidh-líne.

7
Do claidheadh (gá dtáimid de) 695
go *neamhnáir* toil a toice,
slógh fír-*Eamhna*⁶ son mar so,
*rinnealbha*⁷ na n-arm n-órtha.

8
Do scaoilíodh (donas don dáimh)
iad ó hÉirinn go hEaspáinn, 700
fian dhian ar fhoghlaigh *gan* acht
nár mhian anmhain faoi *annsmacht*.

9
Do fhan cuid díbh (dáil as tocht)
d'fhéachain an bhfuighdís *fortacht*
gan dul re cloinn⁸ Gaoidhil Ghlais,⁹ 705
saoirfhir i gcuing *gach* cadhais.

10
D'fhan mar Oisín d'éis na bhFian,¹⁰
mac Gearóid, an fhlaith fhírfhial,
fíormhaith d'Éirinn anmhain do,
comhrait¹¹ tréinghinn¹² gach teanga. 710

11
Eolas Éirionn ar a iocht,¹³
fuair sé go sona d'aicíocht
is einíoch d'fhaire gach am ,
bleidheach¹⁴ glaine gan gafann.

12
Feirde an chríoch anmhain innte 715
do Thadhg an iú[i]l innillte,
ag comhdha¹⁵ ar imdhigh¹⁶ 's ar fhan,
comhla dinghin¹⁷ na heagna.

13
Triath Fiodhnacha, flaith nach slim,
an Tadhg tréitheachsa luaidhim, 720
d'fhair an stiúr úr go haireach,
iúl is clúdha na gComhhaicneach.

14
B'iomdha léaghthóir leabhar nglan
's lucht seanma téad go tlachtmhar
's cearrbhach do imreadh gan oil 725
'na t[h]eaghlach fíngheal fosaidh.

15
B'iomdha file gasta glan,
b'iomdha éigeas is ollamh
's caoinbhean go n-úr¹⁸ go haireach
'na dhún daoineach dea -aithneach; 730

b'iomdha deoraí
lch. 296 r.

16
b'iomdha deoraí 's duine bocht,
b'iomá lag taobhlom tarnocht,
dílleachta¹⁹ gan treoir 'na thaigh
is treo[i]n fhírshleachta f[i]achai gh.²⁰

17
Mar lean Tadhg an aignigh réidh,
an aicme ó'r fhás i gcaithréim;
éigean dó diall le a reamhuín
nó do triall re toilmheanmain. 735

18
Do díbreadh ²¹fós (fáth mo ghlóir)
Tadhg ó theaghdhais an tromshlóigh,
cúis ar bás a ghníomh don ghleann,²²
fás gan fíon is gan foireann. 740

19
.....
.....
mo chion neach mar chló dá cháil
nó gach meath dó 's gach dioghbháil.

20
Gabhaidh²³ agam, a aos féigh²⁴
's a lucht phrofa gach fírscéil,
leanaidh Tadhg sa teagh i dtá,²⁵
nach gann seadh²⁷ isin samhlá.²⁷ 745

21
A dhún dathghlan d'fhágbháil dó,
mairg do chonairc don churso,
teagh mar bhláth toghtha gach tann,
do chách is orchra an t-anbharr. 750
barr orchra *et cetera*.

22
A dearmad ní dleaghtear dhín,
séitche²⁸ Thaidhg an aoibhfhoilt mhín,
baincheann²⁹ cothaighe bocht,
cuan socraighe na mbeannacht. 755

23
Iníon Dhonnchaidh nár thuill béim,
Mhic Con Mara na mbrigh mínréidh,
ní fríth do Thadhg³⁰ faoi chláir amuigh
a dhiongmhála mná ach Nuadhlaigh. 760

A dhearmad *et cetera*.

Tháinig chun an chomhthionóil chéanna d'incosc an ioldánaigh óig spiorad
Eochaidh Echbhéil, airdéigis a hAlbuin, spiorad Mhanannáin, mhic Eallóit,

mhic Ealathain, mhic Dhealbhoith, mhic Néid, mhic Ion dai, mhic Alldai, mhic Tháit, ut Supra ó thír tairngaire, agus spiorad gach airdfhile, ollaimh agus eolaí
ar
296 v.

ar cheana, gur ionchoisceadar, agus lánthe gascadar é, go fothuisceanach fírealaíonta in aistí na huile dána gona, iar bhforbadh gach eoluis dó mar sin, do leasaigh, do réimnigh, do chéimnigh, do mhéadaigh, do scag, do ghlan, do rialaigh, agus do lánchóirigh an dán céanna mar súd. Ne quisquam Ajaiem possit, superare, nisi Ajax. Is é ainm an dána anois, Dallán duine faoi phort píobaireacht Uí Choigligh dá thiarna eadhon, d'Ó Dochartaigh quandam, an t-am ba Ghaeil Gaeil. sistim Ochtobris 10/1715.

.....

Foinse : TCD H. 6. 15., 295 r. - 296 v.

Teideal : Scríobhadh teideal ar an leathanach roimhe, 294 v, ach go mbreathnaíonn sé cosúil le 'Barr Eachtra' nó 'Barr Eachra' in áit 'Barr orchra'.

An Mheadaracht

Deibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$ seachas 2c, 5a agus na rannta iarchomhairc, r. 22, 23.

Cuibheas déanach : comhardadh don chuid is mó idir rinn agus airdrinn, ach ní slán i gcónaí é: 1a/b **Rosa** : maitheasa; 2c/d **dreim** : dtitim; 12 c/d, **ghan** : heagna; 13c/d **haireach** : Conmhaicneach;

Cuibheas inmheánach : comhardadh slán faoi dhó ar líne c/d, don chuid is mó, ach nach slán i gcónaí é: 1 c/d cioníodh **róichian** : móirphian

Uaim : Fíoruaim agus seasta agus uaim ar gach líne, ach ar iarraidh ar 4c, 17a agus sna rannta iarchomhairc, 22 -23 (ach go bhfuil fíoruaim ar 22a).

Léamh na Lámhscríbhíne

(ar an trácht láir :)

tsaoreagnuighe úghdarrdha reimraidhte; gan ceart dana; do réir riaghlach foirghlidhe na headadhna (mar a dubhrus) níor chían a deirim go dtáinic spioraid bithbheo Adhna mhic Uithir, et a mhic Neidhe da príomhfile Eireann, et fhircheirtne fileadh mhic Aongusa bheidheirg, mhic firfhileadh, mhic Glais, mhic Rossa ruaidh mhic Rudhraidhe,

Gruibhne, eigis, *et creacdhuille a hAlbain. Athairne árdollaimh, mhic factna fáthaigh, mhic Rossa, mhic Rudhruidhe, Et spiorad an tsean iolldhánaigh féin, eadhon, Luighdhidh Lámhfhada, mhic Céin, mhic Diainceachta, mhic Eas airgbhric, mhic Néid, mhic Ion dai, mhic All dai, mhic Tait, mhic Tabairn, mhic Eanna, mhic Baait, mhic Iobhaith, mhic Beothaidh, mhic Iarbhanéil fáthaigh, mhic Neimhinn, mhic Adhnamain, mhic Paimp, mhic Sera, mhic srú, mhic Easrú, mhic Brámint, mhic Aithechta, mhic Mágóg, mhic Iaphet, mhic naoi mac Laimiach. et cetera do teagasc an iolldánaiche óig fo in aisdaibh gach a dána, gur leas saigh an dán céanna mar so.*

Léamh na Lámhscríbhinne

(ar an duan :)

1 b chlaóí mein, 1 c cioníodh roichían na ngal nglan, 1 d móirphian dhamh is dursan; 2 a Iomdha curadh, 2 b maothshroill, 2 c mo núar do rodhiosc do, 2 d as truagh attíim; 3 a a cconách, 3 b príomhraith, árdfhatha, 3 c cnúasaigh, 3 d róuasail; 4 a Rígh, da ttreibh, 4 b uaitheadha, ghaisgigh, 4 c Eirionn do, 4 d re sniomh ceimionn do; 5 a gabhail, 5 c sgur; 6 a búan, 6 b daimhdheóin ainneart na neachtrond, 6 c ag coimhéad cheirt na tíre, 6 d uiréd neirt nuaidhlíne; 7 a (ga ttamaid de.), 7 c fíreamhna son mar so, 7 d narm nótha; 8 a daimh, 8 b hEirinn go heaspáinn, 8 c dhían, ar fhoghlaigh gan acht, 8 d fo annsmacht, 9 a dál as tocht, 9 b dféagain, bhfuigdis furtacht, 9 c dol re cloinn gaoidhil ghlais, 9 d a ccuing gach cadhais; 10 a Dfan, deis, mac Gearóid an fhlaith fhírfhial, 10 c dEirinn anmhain do, 10 d comhrait (os cionn na líne : .i. soithach comhdaigh) treingh nn, teangtha; 11 a Éirionn ar a iocht, 11 c dfaire, am, 12 b an iúl innilte, 12 c comhdha, os cionn na líne : (.i. comhdach), sar; 12 d dinghin; 13 b tadhg, sa, 13 c dfaír, sdiúr, hairioch, 13 d Ccomhhaichnioch; 14 a Biomdha, 14 b slucht, téd, 14 c scearrbhach, 14 d na; 15 a Biomdha, gasda, 15 b biomdha éiccios, 15 c scaoinbhean gon úr, hairioch, 15 d na, daoíneach deaghaithnioch; 16 a Biomdha deóraigh sduine, 16 b biomdha, tárr nocht, 16 c dilliochta, treóir na thoigh, 16 d treón; 17 b ór, i ccaithréim, 17 c eigion, 17 d nó no triaall ré; 18 a (fath, ghloir), 18 b tromshloigh, 18 c or bás, 18 d as, foirionn. 19 d no, sgach dioghbhail; 20 a agum a aos, os cionn na líne : (.i. eolus), feigh, 20 b sa, fírsgéil, 20 c læmaigh Tadhg san teag i dtá, 20 d seadh, os cionn na líne : (brigh nó Nært) isin samhla, os cionn na líne : (.i. lá samraidh) 21 a Adún, dfágbhail do, 21 c bhilath, tann, 21 d chach as, tanbhairr, os cionn na líne : (2. chach) 22 a Adearmad, dleaghtar dhín, 22 c bainchean cothuighe, 22 d cúan, mbeanacht; 23 a Inghion Donchuidh 23 b mhic Con mhara, mbrighmínmréidh, 23 c fríth, thadhg fá chlairamuigh, 23 d Nuadhlaigh;

Léamh na Lámhscríbhinne

(ar an gclabhsúr :)

Tainic chum, *céanna* dincosc (os cionn na líne : eadhon do mhúnadh) an iolldhánaiche, *Eochuidh* echbhéil, a halbuin, Mananain, *mhic* Dealbhoith, *mhic* iondai, *mhic* alldai, *mhic* Táit, ut *Supra* ó thir tairrgaire, *et*, *áirdfilidh*, *Ollaimh et Eolaíge*, ioncoisgeadar, *et* láinthe gascadar, go fothiogach firealadhanta a aisteadhuibh na huile dhána. gona iar bforbad (os cionn na líne : eadhon ccriocnughadh) gacha heoluis dó mar sin, do mheudaigh, so sgag, *et* do lánchoirig an dán *ceanna* mar súd. Ne quisquam Ajaiem pofsit, Superare, nifi Ajax Asé, Dullán duine faoi Phurt piobuiriocht uí chuigle, dhá thighearna *eadon*, do Dhocharthaigh quandam, an tan ba gaeidhil gaoidhil. sistim. *octobris* 10/1715.

Nótaí

1. Rosa Ruadh nó Ruadh Rófheasa, pearsa réamhstairiúil (Ó hÓgáin, D., 1991, 195, 377). Mac le Rudhraige óna raibh Clanna Rudhraige, de réir seanchais na réamhstaire (Dinneen, P., 1908 a, 240). Luaitear i nginealaigh go leor é (O'Brien, M. A., 1976, 726).

2. Róch (ró+ech) ainm a mhná, .i. ainm bhean Rosa Ruaidh, agus Fergus mac **Róigh** ba mhac dóibh :

<i>'Fergus dano fodeisin iarna mathair mac do Roich</i>	
<i>ingin Echach</i>	<i>meic Loga Luaithe</i>
<i>meic Carpri</i>	<i>meic Ceithnenn Caiss</i>
<i>meic Lugdach</i>	<i>meic Danann Deirg'</i>

(ibid. 281).

'..... Roch Rioghfhoda inghean Ruaidh Mic Dheirg Dathfola asi ro ail Feargus agus as uaithe ro hainmnigheadh Feargus Mac Roich ris; no go madh i Roch inghean Daire Dhoimhthigh a mhathair'.... (Dinneen, P., 1914, 428).

'Fearghus mac Róich ... According to this tradition, his mother had the unlikely name, for a woman, of 'Róch'.' (Ó hÓgáin, D., 1991, 195).

Tharraing an t-ainm *céanna* éiginnteacht nach beag sa scéal i leagan na lámhscríbhinní féin :

'LL. La. which add : no Fergus mac Róigh mic Rosa mic ...' (O'Brien, M. A., 1976, 282).

3. dreim : Caitheadh leis an bhfocal ‘dream’ mar bhaininsneach, tuis. tabh., d’fhonn comhardaidh.

4. An Rudhraighe céanna a luadh ag nóta 1 thuas. Rianaíodh Conmhaicne Mhá Réin (agus Conmhaicne eile Chonnacht) siar ar Chlanna Rudhraighe ag Seaán Mór Ó Dubhagáin agus sna ginealaigh :

‘Muintear Eóluis

Triallom, gurab triall leasa,

ar cuairt go Cloinn Fhearghosa,

gusan droing athlaimh oile,

go Cloinn rathmhoir Rudhraighe’ (Carney, J., 1943, 25).

5. ‘airét’ *DIL* = dúil mhór; ‘Oiréad’ an Duinnínigh.

6. Eamhain Macha láimh le hArd Mhacha.

7. rinnealbha : rinndealbhat?

8. ‘Cloinn’ tuis. áinsíoch ar ‘re’ agus in aon chomhardadh le ‘gcuing.’

9. Gan dul ‘Ghaoidhil Ghlais,’ : Gan dul thar sáile le sliocht Ghaoidhil Ghlais, ach an fód a sheasamh anseo i nÉirinn.

10. Téama an ama sin is ea go samhlaítear caomhnóir na hoidhreachta mar Oisín i ndiaidh na Féinne : ‘Ní mhaireann acht aon de na saothibh céadna,

Seán Ó Gadhra, atá gan éitir

Mar Oisín liath i ndiaidh na Féinne.’

(Mac Domhnaill, An tAth., 1955, 18).

11. Comhrais = soitheach, de réir gluaise os cionn na líne.

12. Treingh()nn = cumhdaigh, de réir gluaise.

13. Iocht = 1 icht = clemency, at the mercy of, *DIL*.

14. Bleidhíoch = bleide firinsneach, ‘drinking cup, goblet’; Bleidech o-a-tamhan, ‘abounding in cups, festive’ *DIL*; Ainmfhocal anseo, áfach.

Bleidhe ‘goblet’ (Ó Dónaill, N., 1977).

15. Comhdha = cumhdach, de réir gluaise os a chionn : .i. comhdach

16. imdhigh : ls. imghóidh?

17. Comhla d’inghin : ‘dinghin’ na lámhscríbhinne, léitear mar ‘d’inghin’ mar thréoir éigin do ‘imghóidh’ mar chéile comhardaidh ar an líne roimhe, 12c.

18. Úr : ... the oil in wool before carding (Dinneen, P., 1927).

19. Dílleachta. Ní miste tagairt do Mháire Nic Con Mara, iníon Mhathúna, a luaitear amach sa lámhscríbhinn seo (TCD H. 6. 15., 301 v.) :

‘Do bhí an Mháire ní Con mhara i tteach Thaidhg Uí Rodaíge ó aois a hocht mbliadhan, anno Domini 1692 gur pósadh ann í, anno 1701. Fionnghuala ní Chonmhara, deirbhshiur a hathar, bean Taidhg roimhraidhte’ (dán xiii an tráchtas seo).

20. Arbh é cleamhnaithe Thaidhg a bhí i gceist anseo? D'éag Donncha mac Sheáin Bhuí, athair Fhionnghuala, in Achadh na Croise, Fiodhnach, 1696 A. D. de réir na lse. seo (ibid., 311 v.).

21. Is tagairt é seo don díshealbhú a rinneadh ar Thadhg ag Carraig an tSleabháin, Carrickslavan an lae inniu, :

'agus iar cceannach na háite go misdéurtha, míbhéusach gan fhios do Thadhg' (ibid., 294 r.).

Ba é an eachtra seo ba bhun leis an duan 'Barr orchra ar Fhréimh Rosa.' Comhartha ghéarchéim na linne, ní foláir, sa mhéid nach dtugtar ainm údair leis an duan.

22. Ní feasach mé cén gleann a bheadh i gceist.

23. Gabhaidh : Modh Ord. 2 p. iol. = gabhaigí.

24. Féigh : 'eolas', de réir gluaise os a chionn.

25. 'i dtá' : foirm spleách an bhriathair a bheadh againn sa lá inniu leis an tuis. tabh. áite.

26. Seadh : 'brigh, nó neart', de réir gluaise os a chionn ar an lámhscríbhinn.

Sed, seg m. .. *strength, vigour* ... *DIL*

27. Samh+lá : 'lá samhraidh', de réir gluaise os a chionn.

28. Séitche : séitig ... Later *ns.* séitig ... *wife, consort* .. *DIL*

29. Bain+cion nó bain+ceann? 'bainchean' atá ar an lámhscríbhinn.

30. Is féidir gur ag tagairt do chleamhnas atá an dá líne 23 c/d.

Is féidir go bhfuil an focal 'clár' déchiallach agus go raibh Co. an Cláir i gceist chomh maith le réim leathan tíre.

.....
Béarla ar 'Barr orchra Aicme Rosa'

1

A massive perishing on the race of Ros,
which has overcome their good desire,
the ancient race of the clear valours,
their great pain is woe to me.

2

Many a champion of the tribe of Róch,
youths of the soft-silken banners
were cut off from every group, alas
O Christ, their fall is such a pity.

3

The result of their battle saddens me,
the prime successful breed of the high lord,
each fruitful fragrant tree,
the truly-noble Clann Rudhraighe.

4

Every king who came of their tribe,
were griffon-like supports of arms,
the protection of Ireland rested on him,
through winding march he defended.

5

Never, until the conquest of the Gall,
was it found until the warrior of the blue blades was wounded
and that numerous foreigners oppressed them,
a powerful family, whose protections were not weak.

6

For a long period their bond remained intact,
despite the tyranny of the foreigners,
over-seeing the country's right,
without envy of the strength of a new generation.

7

Defeated, (in short)
shamelessly, it is fortune's wish,
the host of true Eamhnians, in such manner,
point-shaped of the golden arms.

8

They were banished (woe to the fraternity)
from Ireland to Spain,
the swift soldiery on a conditionless campaign
who didn't wish to remain under the yoke.

9

Some of them stayed (a circumstance which is sad)
to see if they might obtain help,
not going with children of Gael Glas,
noblemen bound by everything venerable.

10

Like Oisín after the Fianna,
stayed the son of Gearóid the generous prince,
great for Ireland that he stayed,
the strong vault of every language.

11

Happily he obtained it from his environment,
(to have) the knowledge of Ireland in his charge
and to care for honour always,
a glass goblet without henbane.

12

The country is the better for his staying here,
Tadhg of the ready knowledge,
protecting those who left and those who stayed,
door-leaf to the daughter of wisdom.

13

The prince of Fiodhnach, not a weak lord,
this talented Tadhg whom I mention,
he manned the noble rudder carefully,
the knowledge and the good name of the Conmhaicne.

14

Many was the reader of good books
and musicians of string who play well
and cardplayer who played fairly
in his bright steady hospitable household.

15

Many was the clever swift poet,
many was the professor and sage
and pretty woman carefully carding
in his populous friendly fort,

16

many the wanderer and poor person,
many the weak person, bare and naked,
many the helpless orphan in his house
and the debtor's offspring aplenty.

17

The way Tadhg of the sound mind followed
the people from whom he grew in triumph,
he must stick to following them,
or to try to settle his mind.

18

Tadhg was evicted (hence I proclaim)
from the house of the large company,
this was a deadly blow to the glen,
an emptiness without wine and without people.

19

.....
.....
hail to him in the mould of his quality,
or all demise to him and all damage.

20

Pardon me, o people of knowledge,
and testers of all true tales,
let you follow Tadhg into the house where he is,
which is not wanting in strength on a summer's day.

21

Alas for he who, at this time,
saw him leaving his clean colourful fort,
a house like a choice flower every time,
to all, it is a massive perishing.

A massive perishing *et cetera*.

22

To forget the wife of the pleasant fine-haired Tadhg
is not in our book,
female head in nourishing the poor,
the company which ensures the blessings.

23

Daughter of Donncha who earned no reproach,
Mac Con Mara of the fine level brays,
there was not found for Tadhg on the face of the earth,
any match but (Fion)Nuadhlaigh.

To forget it. etc.

(ix)

Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg

TCD H. 6. 15, 296 v.;

McAdoo, H. R., 1939, 162-164;

iarchomharc: Ó Ciardha, Pádhraic P., 1977-78, 276.

Peadar Ó Maoil Chonaire a chum.

Scríobhadh ainm an fhile sa nóta gairid ag tús an duain. Peadar mac Fir Fheasa mhic Lochluind Uí Mhaoil Chonaire a tugadh ar an bhfile a chum ‘Niamhadh na huaisle an eagna,’ duan eile a mhol Tadhg Ó Rodaighe. Scríobhadh an duan 52 rann sin ar leathanaigh 273 - 278 na lámhscríbhinne TCD H. 6. 15. agus ceithre rann iarchomhairc ina dhiaidh sin (dán iv an tráchtais seo). Níl ach deich leathanach idir an bheirt acu, i ndáiríre, mar nár uimhríodh an lámhscríbhinn i gceart. Ar a dhroim sin, ba é Peadar Ó Maoil Chonaire, mac Fir Feasa, mhic Lochluind a tugadh ar an té a cheap an duan ‘In ainm Chríost an ceangalso’ ar lgh. 300 r. - 301 r. na lámhscríbhinne seo, TCD H. 6. 15 (dán xiii an tráchtais seo). Iníon chleamhnaí Thaidhg Uí Rodaighe ba í an Mháire sin.

Ní foláir, mar sin, gurbh é Peadar mac Fir Feasa, mhic Lochluind Uí Mhaoil Chonaire an Peadar céanna Ó Maoil Chonaire, fear cumtha an duain seo atá idir lámha againn anois ‘Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg.’

Is iomaí duan molta do Thaidhg a mbíonn rann nó dhó ina dhiaidh ag moladh Fionnghuala Nic Con Mara, bean chéile Thaidhg Uí Rodaighe. Ní taise don duan seo é. Is léir gur beannacht an fhile, Pheadair Uí Mhaoil Chonaire, atá i gceist leis an dá rann dar tús ‘Inghean Donnchaidh an ghlóir ghlé.’ Is dhá rann iarchomhairc, nó dhá rann dúthrachta iad, ar an duan fada ‘Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg’, gan aon amhras.

Is í an Laidin *lorica* is bun le ‘lúireach’ na Gaeilge, ach ba mhinic an lúireach á ‘fháisceadh’ mar chosaint in éadan an chathaithe agus an tinnis :

Figuratively of divine protection against temptation, sickness et cetera

(DIL)

Is mar chosaint roimh imeacht ar aistear é ‘Lúireach Pádraig’ a deir Daithí Ó hUaithe linn :

It is an eighth-century composition, intended for use as a charm before a journey, and is in the old rhythmical style.

.. A breastplate is something that is bound on, and the opening word *atom-riug* means 'I gird myself'. Many years ago Ascoli pointed out that *atom-riug* could also mean 'I arise', and most translators since then have been led astray by this suggestion. But the older interpretation is better, both literally and metaphorically. (Greene, D. & O Connor, F., 1990, 27)

Chíor Gearóid Mac Eoin an *lúireach* < *Lorica* go mion san alt 'Invocation of the Forces of Nature in the *Loricae*' (Mac Eoin, G. S., 1962, 212 - 217). Is éard a bhí sna *loricae*, dar leis, urnaithe de chuid luathré na Gaeilge, nó 'early Irish prayers', a scríobhadh mar rainn nó mar phrós a raibh buille rithime leis. Ba é an foinse urnaithe den chineál seo go léir, dar leis, litir Naomh Pól chuig na hEifisigh 6 : 10-17 agus a litir chuig na Teasalónaigh 5 : 8.

' Cuirigí iomaibh cathéide Dé chun bheith in ann seasamh in aghaidh chealga an diabhail. Gabhaigí cathéide Dé chugaibh, dá bhrí sin, i dtreo nuair a thiocfaidh lá an oilc, go bhféadfaidh sibh an fód a sheasamh, agus go mbeidh sibh fós in bhur seasamh tar éis daoibh an cath a bhaint ar an iomlán. Seasaigí go daingean, dá bhrí sin, agus an fhírinne fáiscithe faoi bhur gcoim agaibh mar chrios, an fhíréantacht mar **lúireach** ar bhur n-ucht agus fonn leata dea-scéal na síochána mar bhróga ar bhur gcosa agaibh. Gabhaigí chugaibh i gcónaí an creideamh mar sciath lena bhféadfaidh sibh gach diúracán dearg de chuid an namhad mhallaithe a mhúchadh. Glacaigí an slánú mar chlogad agus briathar Dé mar chlaíomh ón Spiorad.' (Eifisigh 6 : 11-17)

Feistean cogaidh arís a moladh, gona *lúireach* arís, do na Teasalónaigh :

'Ach ós den lá sinne, fanaimis ar ár gciall; cuirimis umainn an creideamh agus an grá mar **lúireach** agus dóchas ár slánaithe mar chafarr.'

(Teasalónaigh 5 : 8)

Míníonn Mac Eoin gurbh é leagan amach Naoimh Pól gur mórán mar a chéile saol an duine agus cogadh :

'.. he [Naomh Pól] compares the life of man to a war and encourages the Christian to put on the breastplate of justice. The shield, the helmet, and the sword represent the other virtues. (Mac Eoin, G. S., 1962, 212)

Tá cúig roinn sa *lorica* de réir Mhic Eoin :

I

- (a) Invocation of the Trinity.
- (b) Invocation of God as Creator.
- (c) Invocation of God as *Unitas*.
- (d) Invocation of Christ.
- (e) Invocation of archangels and angels.
- (f) Invocation of the different categories of saints : patriarchs, prophets, apostles, martyrs, confessors, virgins etc.
- (g) Invocation of the elements or the forces of nature.

II

List of the parts of the body with prayers for the protection of each.

III

List of situations or postures (e.g. lying, sitting, standing) in which protection is asked for.

IV

List of dangers against which protection is asked.

V

- (a) Prayer that the protection asked for should lead to eternal salvation.
- (b) Prayer of a general nature.
- (c) Repetition of one of the above themes or similar matter.

(ibid.)

Is féidir a rá go gcuimsíonn an lúireach, atá idir lámha againn anseo, an chuid is mó de na gnéithe sin. Oireann rann 1(b - d) an duain thíos faoi roinn IV Mhic Eoin, cuirim i gcás :

1

....

ar at, ar lot, ar lánmhairg,

ar éacht 'na n-aimsior, ar on,

ar chainnsior créacht dá gciorbhadh (TCD H. 6. 15., 296 v.).

Roinn nach gcuimsítear ach ar éigean, is ea III mar nach bhfuil againn dá freagairt ach 'Dia dá dhídean gach seal'. Freagraíonn 'Lúireach Chríost fá chosa Thaidhg' go maith do roinn I de chuid Mhic Eoin, mar go ngairtear ar Chríost, ar an Tríonóid, ar Mhuire ar 'na hoird ainglige' agus mar sin de. Ní ghairtear ar an dúlra sa lúireach seo, áfach,

gné I (g) ag Mac Eoin, nó ‘the forces of nature’. Bhain tábhacht leis an rann sin, dar le Seán Ó Duinn agus é ag trácht ar Achainí na nDúl :

B’fhéidir gurb é seo ceann de na míreanna is conspóidí sna lúireacha toisc gur cheap Plummer go raibh baint aici le hadhradh na ndúl (Ó Duinn, S., 1990, 64).

Is féidir gurbh é an chuimhne ar chumhdach Thaidhg le miotal na lúirí an rud a thug ar an bhfile cuimhneamh ar an meafar eile ag rann 12 mar a samhlaítear Tadhg ina ‘cuire gan mheang ’na mhíotal’, cuire lán (= ‘coire’, corcán na linne seo) a raibh ‘eolas Eorpa ar a íocht’, dar leis, i rann 7.

Samhlaítear ina ‘beach an eolais arrachtaigh’ é i rann 15b thíos. Féach freisin réamhrá le dán v thuas, ‘A fhir thaistil chríche Cuinn’ agus rann 7. Is deas an meafar é seo, is a rá go mbeadh Tadhg ag saothrú ar nós na beiche, sin, agus go bhfuil oireas aduain ag baint le haimsiú an eolais, mar a bhíonn i gceist le haimsiú ionad lusanna agus an stiúradh diamhrach a dhéanfaidh an treoraí, an bheach úd a thabharfas stiúir don tsaithe oibríthe lena saigheadú sa tseilg amach as an gcoirceog.

Is spéisiúil go dtagraíonn an file le mórtas d’ainm gallda nua an cheantair le linn dó a bheith ag moladh Thaidhg mar ‘.. an laoi chseo Liathdroma’ (H. 6. 16., 297 r., rann 11). B’fhéidir gurb é atá sa tagairt seo, aitheantas do chuid de shaothar Thaidhg Uí Rodaighe. Is é an chaoi gurbh é Tadhg a scríobh cuntas ar Chontae Liatroma sa bhliain 1683 do William Molyneux (Logan, J., 1971, 318 - 331). Céad bliain go díreach roimh an gcuntas céanna, is ea a céadcheapadh ‘The county of Leirim limited and appointed’, Meán Fómhair na bliana 1583 (Hardiman, J., 1846, 346). ‘O Rourk’s Country’ a tugadh i dteanga an Bhéarla féin ar mhórán an ceantar céanna go dtí sin (ibid.).

.....

TCD H. 6. 15., 296 v.

Peadar Ó Maoil Chonaire cecinit ar mbeith do Thadhg Ó Rodaighe róthinn ina chosaibh le gout. 1 Mí Márta 1696.

1

Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg,
ar at, ar lot, ar lánmhairg,
ar éacht na n-aimsior, ar on,
ar chainnsior créacht dá gciorbhadh.

2
An tAthair oirirc nach lag, 765
An Mac mórdha, 's a Spiorad
Naomh *neartmhar* a-nosa,
faoim' laogh *ceartghlan* cumhrasa.

3
Re leigheas lán gan bhine, 770
go dtí¹ na hoird ainglighe,
go ceolmhar dá chlí mar so,
ar seoladh na dtrí dtriathso.

4
Muire Ógh máthair an Mhic, 775
go dtí le leigheas láinghlic,
gníomh róimhithidh² don tuir the,
d'fhóirithin air san uairse.

5
Ós trí leagha agus éinliaigh ibh, 780
a Thriúirsa a tá in aoimhidh,³
dár ngrás gabhaidh ag an gcur,
a chás glanaidh ón ngalur.

6
Ó Rodaighe na ngníomh nglé,
a mheas ba mhór an truaighe,
bheith gan treoir gan treisi dó,
seise⁴ eoil [i]san amsa.

7
Do lorg Ír ba tuar tacha, 785
leomhan feasach Fiodhnacha,
a sholas do sódh⁵ 's gach eing,
ba mhór an donas d'Éirinn.

Ní
lch. 297 r.

8
Ní dá mhaith ba mheasa liom, 790
ciorrbhadh a choirp go coitcheann,
ach eolas Eorpa⁶ ar a iocht,
beodhos⁷ seolta in gach saoidheacht.

9

A chiall mheasta, a fhoghlaim án,
's a ghlór *gan* saobh *gan* seachrán,
in gach crích a sódh *mar* sin,
ba mhór an díth do dhaoinibh. 795

10

Dá mbeith *gan* d'fhoghlaim aige,
Tadhg oirirc an t-iúl-oide,
ach a ghlór gléaghlan um ne,⁸
ba mhór an *déanamh* duine. 800

11

Críost dá *gcumhdach* 'na gcuma,
cosa an laoi chse Liathdroma
gan olc na coire dá gcrádh,
's a chorp uile go hiomlán.

12

Gach naomh gan olc, *gach* easpol,
gach bannaomh gan buaineascar,
ag guidhe ar a cheann *gan* chol,
cuire⁹ *gan meang* 'na miotal. 805

13

Íosa dá gcaomhna ar *gach* mairg,
cosa agus lámha laoch-Thaidhg,
gníomh olc do *gach* cuire a gcrádh,
's a chorp uile go hiomlán. 810

14

Ba mheasa d'ógbhaidh Éireann,
Tadhg feasach 's gach fírléigheann
a ghlóradh¹⁰ guaisnimh ón gcois,
ná mórán d'uaislibh 's d'*eaglais*. 815

15

Ós d'fhíorlorg an ÍR fhortail,
beach an eolais¹¹ arrachtaigh,
Dia dá dhídean *gach* seal,
líggeal *gan* tár *gan* teimheal. 820

Luirioch. Críost *et cetera*.

16¹²

Inghean Donnchaidh an ghlóir ghlé,
nár fhaighe crádh a croidhe,
bean as míonacla 'na móid,
faoi mhac gníomhmholta Ghearóid.

Fuil Éimhir Fhinn na nduanrann,
atá timpeall Fhionnghualann,¹³
stiúir is seasta i *ngach* siansrath,
an chiúin chneasta choinsiasach.

Inghean *etcetera*.

.....

Foinse : Ls. TCD H. 6. 15., 296 v. - 297 r.

Teideal : Mar atá thuas.

An Mheadaracht

Deibhí an aiste, $7^x + 7^{x+1}$ ach tá siolla sa bhreis nó siolla in easnamh ar roinnt línte, 5a, 5b, 15c.

Cuibheas Déanach : Is comhardadh slán a dhéanann rinn agus ardrinn lena chéile i gcroílár an dáin, r. 1 - 15.

Cuibheas Inmheánach : Is iondúil dhá fhocal ag comardadh go inmheánach sa chomhad, ach go bhfuil leathcheann ar iarraidh ar 3c/d, 10c/d, 11c/d, 14c/d, 15c/d 16c/d. Is bocht an sampla comhad rainn 13 nach bhfuil mórán difríochta idir é agus comhad rainn 11 a chuaigh go gairid roimhe. Is spéisiúil, fós féin, an caitheamh aonfhocail idir na trí rann, i gcás difríocht sanais na bhfocal ‘coire’ 11 c, ‘cuire’ 12 d, agus ‘cuire’ 13 c, ach go háirithe.

11

gan olc, 'na **coire** dá gcrádh,
sa **chorp uile** go hiomlán.

12

ag **guidhe** ar a **cheann** gan chol,
cuire gan **mheang** 'na mhiotal.

13

gníomh olc do **gach cuire** a gcrádh,
sa **chorp uile** go hiomlán.

Uaim : Bíonn uaim faoi dhó ar an líne síos tríd. Níl sí ar iarraidh ach ar na línte 7 d agus 13 a. Féachadh le réamhfhocal a uamadh sa dara ceann díobh sin, líne 7 d :
'donas **d**'Éirinn.'

Nótaí

1. go dtí : 3ú p. u. u. Modh Foshuite an bhriathair ticc. Measaim gur ‘aibhle duadha’ is ea an dá rann, 2 is 3, agus gurb é seo an briathar a ghabhann leo.
2. róimhithigh : *DIL* O.Ir. mithich; mithig .. Occas. mithid, mithe in late MSS.
3. aoimhídh : ‘naoimhídh’ na lámhscríbhíne, *DIL* mid 1, (= ‘míodh/méá’ an deoch); mid 2, (= ‘míadh’ a chiallaíodh oineach); med (a-tamhan, = ‘meadh/meá’ a chiallaigh scálaí meáchain). Ó thaobh na céille is é ‘míadh’ = oineach is fearr a réitíonn, measaim. Maireann sa sloinne i Muintir Eolais, ‘Ó Maoil Mhiadhaigh.’
4. seise : Tá ‘*eadhon* companach’ os a chionn.
5. shódh : Tá ‘*eadhon* muchadh’ [= múchadh] mar ghluais os a chionn. Féach *DIL* sóid (b) *turns, changes, overthrows* agus féach soud *Vn.* of soid. Later also soad, sód, .. srl (*ibid.*) Tugann an briathar seo le fios go bhfeilfeadh ‘solas’ ar an líne seo thairis ‘solás’ na lámhscríbhíne, focal a chomharthaíonn le ‘donas’ na líne ‘d’ ina dhiaidh.
6. *Eolus* Eorpa : Is dóigh gur chumas Thaidhg Uí Rodaighe le teangacha eile atá i gceist agus leis an léann go ginearálta.
7. beodhos : Glacaim leis an gciall ‘beo+file’ an iarraidh seo (*DIL* dos 2). Ní féidir a rá go cinnte an ‘dos’ mar phlanda (*DIL* dos1), nó arbh é ‘dos’ mar fhíle bhí ar intinn fhear ceaptha an duain féin anseo. I gcás amhrais eile ‘chlí’ ar líne 3 c thuas mar a raibh déchiall eile ar ‘fhíle,’ b’fhearr a d’fheil ‘taobh clí’ (*DIL* clí 1) seachas aicme áirithe file (*DIL* clí2), chonacthas dom.
8. um ne : Ní ‘uime’ atá i gceist. Feicim an focal ‘umne’ mar rinn líne c, rann 13, sa duan ‘Truagh an mhaidhm seo ar Mhaicne ÍR’ a thosaigh ocht leathanach roimhe seo.

13

Níor choigil maitheas molta,
níor ghrádháigh seó saoghalta,
bhaoi caoin, soirbhghlic séimh **um-ne**,
do réir oirbhirt is uaisle. (TCD H. 6. 15, 292)

Seolann *DIL* sinn sa chás seo go dtí ‘amne,’ arbh ionann agus ‘amein.’

9. cuire : Is meafar é seo lenar shamhlaigh an file Tadhg a bheith ina fhoinsé chothaithe an eolais.
10. ghlóradh : Níl cuidiú againn an iarraidh seo ó *DIL*. Is fiú amharc ar ‘glúracán’ (= numbness) ag an Duinníneach agus ‘glúraisneach’ dheisceart Thír Chonaill. ‘Codladh glúraisneach’ (= pins and needles) (Wagner, H., 1979, 335). ‘Gliúrascnach’ (= creaking of bones) agus ‘Gliúscán’ (= Stiff-legged person)’ atá ag Ó Dónaill. Is doiligh an rann seo a bharráíocht ar bhun na comhréire. Tá ‘a bheith ag glóradh’ nó rud mar é de dhíth, dar liom, leis an gciall a shlánú.
11. beach an eolais :

'Fig. in phr. : b. éoluis, b. éoil *guiding bee* beach éoluis na héigsi Aodh / do chuir sí a haire d'éntaobh / ... fírbheach éoil na healadhan Lbranach ... an énbheach eoil (of the Virgin Mary) Aithd. D.63.24 *DIL*

12. Níor chuir H. R. McAdoo an dá rann iarchomhaire seo i gcló in *Éigse* 1.

13. Fhionnghualann : gúala n-tamhan, baininsneach,tuis. ginide : delgnach gualann. *DIL*

Léamh na Lámhscríbhinne

Peadair ó *Maolchonaire*, Thaidhg ó Rodaíge róithing, re. Mí Mharta. 1a Lúiríoch, fa, thaidhg; 1 c écht, (cealaithe le spotaí : *ar a*) na naimsiór; 1 d crécht da cciorbhadh; 2 a tathair, oirirc; 2 b mac, sa; 2 c a nása; 2 d fam; 3 a leighios, bhíne; 3 b ttí, huird Ainglige; 3 c da; 3 d ttri ttriathso; 4 a mathair,; 4 b ttí, leighios; 4 c gníomh roimhithigh; 4 d dfoirithin *ar*; 5 a Os *tri*, einliaigh; 5b athriuirsa ata a naoimhéidh; 5 c ccur; 6 a ngníomh ngle (gluais os cionn 'ngle' : 'eadhon oirdhc'; gan an dara 'r' a bheith comharthaithe); 6 b ba mor, trúaighe; 6 c treóir, treisi dhó; 6 d seisi (gluais os a chionn : *eadhon* companach); 7 a ÍR, túar; 7 b fiodhnacha; 7 c sholás, shódh (gluais os a chionn : *eadhon* muchadh) sgach éing; 7 d mór, dEirind; 8 a da, *lean*; 8 b chuirp, coitchiond; 8 c acht, eorpa; 8 d seólta; 9 a mheasda, án (gluais os a chionn : *breagha*); 9 b sa; 9 c an gach, sodh *mur*; 9 d mór, dhaóinibh; 10 a Da mbeith, dfoghlaim; 10 b oirrdhearc; 10 c acht, gléughlan; 10 d mór; 11 a Críost da ccumhdach na ccuma; 11 b laoichsi liathdroma; 11 c na, da ccrádh; 11 d sa; 12 b buaineasgar; 12 c guídhe; 12 d meang na; 13 a da ccaomhna; 13 b agus lamha laochthaidhg; 13 c gníomh, a ccrádh; 13 d sa; 14 a Measa, dógbhaidh Eirionn; 14 b sgach firléighionn; 14 c a ghlórradh, on ccois; 14 d na morán duaislibh, *deaglais*; 15 a Os dffíorlorg; 15 c dha dhidhíon; 15 d téimhioll; Luiríoch. Críost *et cetera*. 16 a Inghion, ghle, 16 b fhaghaidh, croídhe, 16c as, na, 16d gearóid; 17 a fhinn, ndúanrann, 17 b ata tiomchíol fhionnghualan, 17 c sdiúir as seasda *an gach*, 17 d chneasda chóinsiasach. *inghion et cetera*.

.....
Béarla ar 'Lúireach Chríost fá chosaibh Thaidhg'

1

May Christ's loricae be around Tadhg's feet,
against swelling, damage, severe woe,
against slaying by times, against blemish,
against cancer of wounds diminishing them.

2

May the strong and eminent Father,
the majestic Son and his Holy
Ghost strong now,
be around this, my fragrant darling entirely.

3

With a complete cure leaving no harm,
may the angelic orders come,
musically to his side like this,
having been sent by these three princes.

4

May the Virgin Mary, mother of the Son,
come with a clever complete cure,
a most timely deed for the warm hero,
to help him in this hour.

5

As you are three physicians in one physician,
O Trinity who are of equal honour,
for my sake go and attend the wound,
cleanse his case of the disease.

6

Ó Rodaighe of the bright deeds,
it would be a great pity to consider,
his being without direction or strength,
the companion of knowledge at this time.

7

Of the line of Ír, it was a portent of extremity,
the knowledgeable lion of Fiodhnach,
his light being quenched everywhere
would be a great loss to Éire.

8

It was not for his sake,
his body being racked generally, that hurt me most,
but that the learning of Europe was in his care,
a wise poet skilled in every wisdom.

9

That his measured sense, his elegant learning,
and his straight direct voice
in every district should be smothered in such manner,
would be a great loss for people.

10

Were he to have no more learning,
- eminent Tadhg, the knowledge teacher, -
than his bright-clean voice (thus?),
he would still be a mighty man.

11

May Christ protect them in their appearance,
the feet of this Liatroim hero
so that the badness of flaw may not torture them
and all of his body entirely,

12

Every faultless saint, every apostle
every female saint in eternal perfection,
praying wholeheartedly on his behalf,
the cauldron without blemish in its metal.

13

(May) Jesus preserve them from every woe,
the feet and the hands of Tadhg the hero,
a deed which hurts every group, their being tortured
and his whole body entirely.

14

It hurt Ireland's youth greater that
Tadhg who is knowledgeable in every proper learning
should be benumbed by dangerous poison from the foot -
than many of the nobility and clergy.

15

As he descends from the true strong offspring of well-known Ír,
this potent guiding bee,
May God protect him always,
the bright stone without shame or shadow.

Christ's. Protection *etc.*

16

Daughter of Donnchadh of the clear voice,
may she not get distress of her heart,
a woman so minutely fine in her vow,
over the deed-praised son of Gearóid.

17

The offspring of Éimhear Fionn of the poetic quatrains
are around Fionnghuala,
the most constant of helms in every swath of storm,
the conscientious and mild quiet one.

Daughter *etc.*